An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath
Ollscoil Domhanda na hÉireann

# TUARASCÁIL AN UACHTARÁIN

## MEÁN FÓMHAIR 2020 – LÚNASA 2021





# TUARASCÁIL AN UACHTARÁIN

An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath
Ollscoil na hÉireann, Baile Átha Cliath

Meán Fómhair 2020 – Lúnasa 2021

Le cur faoi bhráid Údarás Rialaithe an Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, Ollscoil na hÉireann, Baile Átha Cliath ag a chruinniú ar an 16 Nollaig 2021.

ISBN: 978-1-910963-52-4

# CLÁR ÁBHAR


002 Forléargas ón Ollamh Andrew J Deeks, Uachtarán UCD

011 Freagairt na hOllscoile ar COVID-19

019 UCD in Uimhreacha

024 Oideachas agus Eispéireas na Mac Léinn

036 Taighde, Nuálaíocht agus Tionchar

060 Rannpháirtíocht Dhomhanda

064 Comhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú

069 Airgeadas agus Forbairt Caipitil

078 Acmhainní Daonna, SIRC agus Cúrsaí Dlí

082 Coláiste na nEalaíon agus na nDaonnachtaí UCD

086 An Coláiste Gnó UCD

090 Coláiste na hInnealtóireachta agus na hAiltireachta UCD

094 Coláiste na nEolaíochtaí Talmhaíochta agus Sláinte UCD

098 Coláiste na hEolaíochta UCD

102 Coláiste na nEolaíochtaí Sóisialta agus an Dlí UCD

106 Gradaim Ollscoile

109 Coinní

110 Baill Foirne ar Scor

# FORLÉARGAS ÓN UACHTARÁN




Is mór agam an t-ochtú tuarascáil seo a chur i láthair mar Uachtarán an Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath. Sa tuarascáil seo, dírítear aird ar an rath mór agus ar na héachtaí móra a baineadh amach ar fud na hOllscoile i mbliana.

Arís i mbliana, b'éigean dúinn leanúint linn ag oibriú thart ar an athrú leanúnach atá ann mar thoradh na paindéime. Tá mé thar a bheith bródúil ar fad as baill phobal UCD, agus is mar gheall ar a gcuid solúbthachta agus a gcumas athruithe a bhainistiú i rith na paindéime go rabhamar in ann leanúnachas maidir le soláthar teagaisc, foghlama agus taighde a chur ar fáil. Gabhaim buíochas leo go léir as an tiomantas, neart agus teacht aniar a léirigh siad le linn bhliain neamhghnách eile na hOllscoile.

Mar thoradh ar iarrachtaí ar fud an domhain, faomhadh vacsaín in aghaidh COVID-19, agus de thairbhe dháileadh forleathan na vacsaíne athosclaíodh an tsochaí i gcaitheamh na bliana. Bhí taighdeoirí UCD chun tosaigh i bhforbairt agus dáileadh na vacsaíne agus bhí ról ríthábhachtach acu i dtionchar na paindéime a bhainistiú – is féidir leat tuilleadh a léamh faoi fhreagairt na hOllscoile ar an bpaindéim sa chéad chaibidil eile den tuarascáil seo. Mar gheall ar an rath a bhain le dáileadh na vacsaíne in Éirinn, baineadh cuid de na srianta le linn 2021 agus mar thoradh air seo osclaíodh agus atosaíodh gnéithe áirithe den saol arís i míonna an tsamhraidh.

I mí Mheán Fómhair 2020, rinneadh ullmhúcháin fhorleathana d'fhilleadh iomlán ar an gcampas do na mic léinn, agus don fhoireann teagaisc agus do na baill foirne chomh maith. Ar an drochuair, toisc go raibh dianghlasáil eile ann cuireadh siar an filleadh ar an gcampas agus leanamar orainn leis an teagasc agus foghlaim chumaisc dár mic léinn. Anois agus sinn ag súil le ráithe nua i mí Mheán Fómhair 2021 agus ag leanúint lenár n-ullmhúcháin, táimid ag súil le beatha a fheiceáil thart ar an gcampas álainn seo arís.

### Réidh don Todhchaí

Le linn na bliana, leagamar béim ar dheis chun bogadh ar aghaidh níos tapúla le hÁisitheoir 4 de Straitéis na hOllscoile 2020-2024: Réidh don Todhchaí – 'Córais agus seirbhísí d'ardleibhéal a chur i bhfeidhm chun tacú lenár bhfeidhmiú' – ná lena rabhamar ag súil i dtosach báire. Tabharfaidh na réitigh atá molta deis ar leith dúinn bheith mar eiseamláir d'athrú ó bhonn go soláthar digiteach i dtimpeallacht ardoideachais de réir na sprice atá leagtha amach inár straitéis. Beidh athrú i gceist leis na réitigh, agus beidh comhghleacaithe ar fud na hOllscoile in ann cur leis an athrú ó bhonn ar sholáthar ár seirbhísí agus ag an am céanna a gcuid forbartha gairme féin a fheabhsú.

Trí chomhairliúchán le pobal forleathan UCD, tá téamaí agus réimsí comhchoiteanna le haghaidh breathnaithe aimsithe againn. D'oibríomar le foireann sainchomhairleoirí ó PA Consulting chun réitigh iomlánaíocha a aimsiú a thabharfaidh aghaidh ar riachtanais ár mac léinn, na foirne teagaisc agus na mball foirne. Leathnaíodh Grúpa Stiúrtha Áisitheoir 4 chun gach ball d'Fhoireann Bainistíochta na hOllscoile a chur san áireamh.

Mar gheall ar an bpaindéim, b'éigean dúinn seirbhísí ó chian a sholáthar agus dul i ngleic le córais TF ag luas nárbh fhéidir samhlú nuair

// Mar thoradh ar iarrachtaí ar fud an domhain, faomhadh vacsaín in aghaidh COVID-19, agus de thairbhe dháileadh forleathan na vacsaíne athosclaíodh an tsochaí i gcaitheamh na bliana. Bhí taighdeoirí UCD chun tosaigh i bhforbairt agus i ndáileadh na vacsaíne //

a scríobhamar an straitéis. De bharr eispéireas na paindéime, méadaíodh suim i gcleachtais oibre atá solúbtha agus i bhféidearthachtaí bheith ag obair ón mbaile a choinneáil. Táimid ag iarraidh oibriú amach cé acu na gnéithe dearfacha a bhaineann le hobair chumaisc is féidir a choinneáil gan tionchar diúltach a imirt ar eispéireas fuinniúil an champais do mhic léinn, don fhoireann teagaisc agus do bhaill foirne ná ar éifeachtúlacht agus éifeachtacht ár gcuid seirbhísí.

Cinnteofar sa phleanáil don todhchaí atá á déanamh againn go ndéanfaimid na cleachtais éifeachtúla agus éifeachtacha oibre a choinneáil agus go mbainfimid leas as ceachtanna na tréimhse seo chun treochlár a dhéanamh don athrú ó bhonn sa soláthar digiteach atá beartaithe sa Straitéis.

Ar go leor bealaí, chabhraigh dúshláin na paindéime linn na ceithre théama straitéiseacha atá againn a dhaingniú de réir a chéile sna cleachtais oibre againn. Cuireadh moill ar an gcur chuige struchtúrtha a léiríomar sa doiciméad Straitéise chun na téamaí a dhaingniú mar gur dhíríomar ár gcuid iarrachtaí ar fad ar bhainistíocht na géarchéime. Cé go bhfuilimid fós, a bheag nó a mhór, ag dul i ngleic leis an ngéarchéim, tapóimid an deis le daoine a aithint agus struchtúir a chur in áit chun tacú le cur chuige níos foirmeálta do na téamaí straitéiseacha.

## Rialachas

Chríochnaigh an tOllamh Joe Carthy an dara téarma mar Phríomhoide an Choláiste do Choláiste na hEolaíochta UCD ar an 31 Lúnasa 2021. Ba mhaith liom aitheantas a thabhairt don mhéid a rinne sé mar Phríomhoide an Choláiste agus mar bhall d'Fhoireann Bainistíochta na hOllscoile agus gabhaim buíochas leis as an bhfís, tiomantas, críonnacht agus comhbhá a léirigh sé sna deich mbliana a chaith sé sa ról.

D'aontaigh an tÚdarás Ceannais an tOllamh Jeremy Simpson a cheapadh le bheith mar chomharba ar an Ollamh Carthy mar Phríomhoide ar Choláiste na hEolaíochta UCD le héifeacht ón 1 Meán Fómhair 2021. Déanaim comhghairdeas leis an Ollamh Simpson maidir lena cheapachán agus táim ag súil le bheith ag obair leis ina ról nua.

Cheap an tÚdarás Rialaithe an tOllamh Sarah Prescott arís do ról Phríomhoide an Choláiste do Choláiste na nEalaíon agus na nDaonnachtaí UCD don dara téarma cúig bliana dar tosach an 1 Meán Fómhair 2021. Déanaim comhghairdeas leis an Ollamh Prescott as a hathcheapachán.

I mí na Samhna, rinne an tÚdarás Rialaithe moltaí a fhaomhadh maidir le ballraíocht na Comhairle Acadúla a leasú, agus ballraíocht comhairle laghdaithe agus níos simplí i gceist, chomh maith le cuótaí maidir le hinscne, sciar níos mó de bhaill atá tofa agus toghcháin leictreonacha.


## Rangú

Don dara bliain as a chéile, tá feabhas tagtha ar áit UCD in QS World University Rankings, nuair a bhog an ollscoil ocht gcéim níos airde go 177. Is é an clú acadúil an mhéadracht aonair is mó tionchar ag 40% agus is é seo an táscaire ba mhó a dtáinig feabhas air do UCD agus é ag bogadh 12 áit níos airde.

Ainmníodh UCD i measc na n-ollscoileanna is fearr ar fud an domhain i 38 ábhar in QS World University Rankings by Subject. Bhí an áit ab fhearr a bhaineamar amach i dTréidliacht, atá tar éis ardú naoi n-áit bliain i ndiaidh bliana chun an 23ú áit sa domhan a bhaint amach agus b'é seo an clár ab airde in Éirinn sa rangú i mbliana. I measc an chéad 50 ábhar freisin, bhí trí ábhar eile, agus ocht n-ábhar rangaithe sna 100 is airde de réir QS.

**23ú**

áit sa domhan don Tréidliacht in QS World University Rankings



Áiteanna cónaithe nua mhic léinn UCD.

Tá UCD ag barr an liosta arís agus í sa chéad áit in Éirinn sa rangú US News & World Report's Best Global University Rankings. Tá UCD sa 226ú áit ar domhan agus sa 97ú áit san Eoraip anois – ardú cúig áit ó rangú na bliana seo caite.

Bhain UCD an 22ú áit amach in Times Higher Education Impact Rankings, ardú 12 áit i gcomparáid le tagarmharc ollscoileanna 2020 in aghaidh Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe.

Choinníomar an chéad áit in Éirinn ó thaobh infhostaitheachta céimithe in QS World University Graduate Employability Rankings, an-mholadh ar rath ár gcéimithe agus ar chaighdeán an oideachais a chuirimid ar fáil.

## Airgeadas

Don bhliain dar críoch an 30 Meán Fómhair 2021, tá an Ollscoil ag súil le barrachas oibriúcháin a ghiniúint a bheidh idir €15 mhilliún agus €20 milliún ar a gníomhaíochtaí comhdhlúite. Baineadh amach an t-olltoradh ionchais fabhrach seo don bhliain, atá i gcomparáid le barrachas oibriúcháin comhdhlúite don bhliain roimhe de €7.8 milliún, i dtosca an-deacra de dheasca dhrochthionchar na paindéime COVID-19 (tháinig laghdú ar shruthanna ioncaim ó áiteanna cónaithe mic léinn agus ó ghnó mar gheall ar dhúnadh saoráidí do chuid den bhliain).

Measaimid go bhfuil costas COVID-19 do UCD thart ar €30 milliún thar an dá bhliain airgeadais dheireanacha. Ba ghá roinnt bearta nach raibh a leithéidí ann roimhe a ghlacadh chun caiteachas a bhainistiú agus iarmhéideanna airgid a chosaint nuair a chuaigh an Ollscoil faoi dhianghlasáil. Ba chóir go gcinntítear leis na bearta maolaitheacha seo go bhfuil cúrsaí airgid na hOllscoile láidir go leor chun drochthionchar

// D'úsáideamar cistiú rialtais chun tacú le mic léinn in go leor bealaí agus leanamar linn ag soláthar ár gcuid seirbhísí, ag pleanáil don bhliain acadúil agus ag cur fáilte roimh mhic léinn nua chuig UCD //


Costais mheasta de **€30m** mar gheall ar COVID-19 thar an dá bhliain airgeadais dheireanacha

sa bhreis ón bpaindéim a mhaolú agus, cé go bhfuil éiginnteacht shuntasach ann faoi fhoinsí ioncaim lasmuigh den Státchiste, áitíonn an Ollscoil gur féidir léi leanúint ar aghaidh lena cuid oibríochtaí sa timpeallacht eacnamaíochta luaineach atá ann faoi láthair.

## Oideachas

Agus sinn ag breathnú siar ar an soláthar oideachais agus ar eispéireas na mac léinn le linn na bliana seo a chuaigh thart agus na dúshláin a tháinig chun cinn leis an bpaindéim do chách go pearsanta agus go gairmiúil araon, is féidir linn a bheith thar a bheith bródúil as a bhfuil bainte amach againn. Chuireamar eispéireas oideachais ar fáil dár mic léinn a thug deis dóibh dul chun cinn a dhéanamh lena gcuid staidéir agus céim a bhaint amach i dtréimhse nach raibh neart earnálacha eile in ann seirbhís a chur ar fáil.

D'úsáideamar cistiú rialtais chun tacú le mic léinn in go leor bealaí agus leanamar linn ag soláthar ár gcuid seirbhísí, ag pleanáil don bhliain acadúil agus ag cur fáilte roimh mhic léinn nua chuig UCD. Ina theannta sin, d'oibríomar go seasta chun tionscnaimh nua a fhorbairt agus d'fhorbair ár mic léinn, an fhoireann teagaisc agus na baill foirne scileanna nua le bheith ag obair i gcomhthéacs éiginnte a bhíodh ag síorathrú. Ba dhúshlán casta é ranganna a chur sa chlár ama agus a sceidealú mar gheall ar threoirlínte sláinte poiblí agus cinntí an rialtais a bhí ag athrú. Chonaiceamar méadú 16% i gcéadroghanna CAO agus pointí do gach céim UCD, in ainneoin na rudaí seo a leanas: cur isteach ar an bpróiseas Ardteistiméireachta, cur chuige nua do ghráid ríofa agus éiginnteacht maidir le filleadh ar an gcampas. D'oibríomar go rathúil leis an Údarás um Ard-Oideachas ar áiteanna sa bhreis a chur ar fáil chun freastal ar an éileamh agus chonaiceamar méadú suntasach i líon na mac léinn a roghnaigh cúrsaí iarchéime múinte. Tháinig méadú faoi dhó ar líon na n-iarratasóirí ón AE, agus tugadh tacaíocht den scoth dóibh tríd an bpróiseas iarratais.




Tionchar COVID-19 de réir Inscne – I mí an Mhárta 2021, chun ceiliúradh a dhéanamh ar Lá Idirnáisiúnta na mBan, tháinig Frances Fitzgerald FPE inár gcuideachta chun plé a dhéanamh ar a tuarascáil do Pharlaimint na hEorpa 'The gender perspective in the COVID-19 crisis and post-crisis period' leis an Ollamh Ursula Barry, Ollamh le Staidéir Inscní ag an Ionad um Inscne, Feimineachais agus Gnéasachtaí ag UCD.



Léaráid ealaíontóra ar Champas na Todhchaí UCD.

## Taighde

Cláraíodh dámhachtainí taighde arna gcistiú go seachtrach ar luach €131.9 milliún le linn 2020/21. I measc na ndámhachtainí seo bhí Ard-Dheontas ón gComhairle Eorpach um Thaighde a fuair an tOllamh Kathleen James-Chakraborty, Scoil Stair na hEalaíne agus an Pholasaí Chultúrtha UCD agus Institiúid don Léann Daonna UCD, agus cistiú an dara céim don Ionad Taighde iCRAG le haghaidh Geo-eolaíochtaí Feidhmeacha de chuid Fhondúireacht Eolaíochta Éireann, agus an tOllamh Murray Hitzman, Scoil na nDomhaneolaíochtaí UCD i gceannas air.

Tréimhse an-suimiúil atá ann maidir le taighde agus nuálaíocht, mar tá dúshláin agus deiseanna ag gabháil le hathruithe iarphaindéime, athruithe geopholaitiúla agus tionchar an athraithe aeráide agus an digitithe, go hidirnáisiúnta agus go háitiúil.

## Forbairt Campais

Táimid i mbun €1 bhilliún a infheistiú i gcampas Belfield. Cuirfidh sé seo saoráidí den chéad scoth ar fáil do mhic léinn, don fhoireann teagaisc agus do na baill foirne. Mar a tharla le formhór na ngníomhaíochtaí ar champas ar fud na hOllscoile, bhí tionchar mór ag COVID-19 ar fhorbairt an champais agus ar oibriú an eastáit i rith na bliana acadúla 2020/21. Mar gheall ar dhianghlasáil an rialtais bhí láithreáin tógála dúnta ar feadh tréimhsí fada sa bhliain, rud a raibh tionchar aige ar roinnt tionscadal agus a chuir moill orthu.

In ainneoin seo, rinneadh dul chun cinn suntasach maidir le haistriú na cóiríochta cónaithí laistigh de Chéim 1 den Mháistirphlean Cónaithe i mbliana. Leis seo, cuireadh 924 seomra leapa en suite breise ar fáil do thús na bliana acadúla 2021/22.

Sa Mháistirphlean do Champas na Todhchaí, cuirtear fís i láthair maidir le forbairt a dhéanamh ar chuid mhór den Cheantar Saintréithe Oideachais, Taighde agus Nuálaíochta atá in aice leis an bpríomhbhealach isteach chuig Campas Belfield. Áirítear leis an tionscadal dhá fhoirgneamh nua a chur ar fáil, Ionad na Cruthaitheachta agus an tIonad um Fhoghlaim na Todhchaí, chomh maith le feabhsúcháin mhóra ar thírdhreach, bonneagar comaitéireachta agus an ríocht phoiblí.

Tá gach toiliú pleanála don tionscadal faighte ag UCD i rith na bliana seo caite, agus cuireadh tús le hoibreacha cumasaithe chun na láithreáin a ghlanadh agus a ullmhú do na foirgnimh a bheidh ann, páirceáil a athlonnú, agus leagan amach na mbóithre agus seirbhísí faoin talamh a athrú, nasc le córas téimh Cheantar Belfield san áireamh.

## Rannpháirtíocht Dhomhanda

D'éirigh níos fearr in 2020 le rannpháirtíocht san earcaíocht do mhic léinn idirnáisiúnta ná mar a bhíothas ag súil leis, agus chuir an rannpháirtíocht réigiúnach láidir leis seo trínár nIonaid Ar Fud na Cruinne sa tSín, sa Mhalaeis, san India, in Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha agus i SAM. Léirigh UCD teacht aniar iontach agus mic léinn idirnáisiúnta á mealladh le rannpháirtíocht fhíorúil agus ábhair dhigitithe in úsáid chun naisc a chothú le mic léinn ionchasacha.

Éacht suntasach do UCD san oideachas trasnáisiúnta ba é oscailt dhá choláiste chomhpháirteacha nua sa tSín. Leis an dá fhiontar nua seo, Coláiste Idirnáisiúnta Iompair Chang'an-Bhaile Átha Cliath in Ollscoil Chang'an (CDIC), Xi'an agus Coláiste Idirnáisiúnta Eolaíochtaí Beatha agus Teicneolaíochta Guangzhou-Bhaile Átha Cliath in Ollscoil Talmhaíochta na Síne Theas (GDIC), Guangzhou, chomh maith le Coláiste Idirnáisiúnta Bhéising-Bhaile Átha Cliath in Ollscoil Teicneolaíochta Bhéising (BDIC), a bunaíodh in 2012, tá UCD ar an t-aon Ollscoil go hidirnáisiúnta atá ag oibriú i dtrí choláiste chomhpháirteacha idirnáisiúnta sa tSín. Léiríonn sé seo stádas UCD mar Ollscoil Dhomhanda i ndáiríre agus ár gcuid saineolais san oideachas trasnáisiúnta.

## Comhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú

Tréimhse dhúshlánach do chách ab í an phaindéim agus is dócha go raibh deacrachtaí ar leith ag na grúpaí sin atá faoi chosaint i gcomhréir le reachtaíocht agus lenár bpolasaithe ar bhonn comhionannais. I ngeall ar chur chuige ionchuimsitheach agus solúbtha tá sé ar a gcumas dár Scoileanna agus Aonaid tacú le mic léinn agus le fostaithe le linn na tréimhse seo. Chinntigh athbhreithnithe le linn na bliana ar Straitéis agus polasaí gur chuir polasaithe um Chomhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú le spriocanna straitéis na hOllscoile, ag déanamh cinnte de ag an am céanna go raibh glacadh leo.

## Belfield 50

I dteannta le hurraitheoir an tionscadail, an tOllamh Orla Feely, Leas-Uachtarán um Thaighde, Nuálaíocht agus Tionchar, rinne mé an clár Belfield 50 a sheoladh i mí Mheán Fómhair. Cé nár éirigh le roinnt pleananna uaillmhianacha sa tionscadal de dheasca na paindéime, rinneadh ceiliúradh cuí ar 50 bliain de UCD ag an gcampas Belfield trí réimse áiseanna ar líne. Cuirtear síos ar an bhforbairt uaillmhianach de chuid UCD ar an gcampas iontach seo leis an gceiliúradh seo do na glúnta de mhic léinn, den fhoireann teagaisc agus de bhaill foirne a chuir a n-anam sa champas thar 50 bliain; ;e taispeántas amlíne atá ar líne agus le feiceáil taobh istigh agus taobh amuigh ar an mbunurlár íochtarach den phríomhbhialann; leabhar – Making Belfield, arna fhoilsiú ag UCD Press; taispeántas grianghrafadóireachta Conveying Space le Daniel Holfeld; agus gearrscannán, Shaping Belfield.

## Rannpháirtíocht an Phobail

Tharraing paindéim COVID-19 aird ar an gcur chuige teagmhálach atá ag pobal UCD agus baill den phobal ag dul i ngleic le fadhbanna an tsaoil, trí thaighde le rannpháirtíocht an phobail, teagasc agus obair dheonach. Ar feadh 2020/21, lean UCD sa Phobal ar aghaidh ag nascadh le heagraíochtaí atá bunaithe sa phobal. Leagadh béim ar an rannpháirtíocht i gcomhar a chéile atá ar siúl ar fud na hOllscoile agus níos faide ar shiúl, cuireadh comhghleacaithe agus mic léinn i dteagmháil leis an bpobal níos leithne agus rinneadh a n-imeachtaí suaitheanta bliantúla a éascú.

I measc na mbuaicphointí a bhí ann in 2020/21 seoladh Tuarascáil Rannpháirtíochta Pobail UCD 2019/20. Sa tuarascáil, déantar taifead den mhéid atá déanta ag ár gcomhghleacaithe, mic léinn agus céimithe, san ollscoil agus taobh amuigh di, leagtar béim air agus déantar é a cheiliúradh. Is féidir féachaint ar an tuarascáil ar shuíomh gréasáin UCD sa Phobal.

Rinneadh Hope Fest, féile bhliantúil UCD na folláine le haghaidh daoine gan dídean, a mhionathrú agus cuireadh i láthair ar líne í ar an Lá Domhanda do Dhaoine gan Dídean, an 10 Deireadh Fómhair 2020. Eagraíodh an t-imeacht i gcomhar le Dublin Lions Club agus Clann Shíomóin Bhaile Átha Cliath; cuireadh bia te ar fáil do bhreis agus 350 daoine gan dídean chomh maith le gníomhaíochtaí folláine, taispeánadh físeán ina raibh teachtaireachtaí misniúla agus reáchtáladh ceol beo ó cheoltóirí mór le rá agus Scoláirí Córúla UCD.

Tharla achainí bhliantúil do phacáistí cúraim Chlann Shíomóin Bhaile Átha Cliath i mí na Nollag, i gcomhar le Coláiste Pobail na Toirbhearta, Tír an Iúir mar chuid dá chlár óige um oibriú go deonach *Localise*. A bhuíochas le cineáltas fhoireann teagaisc, ball foirne agus mic léinn UCD, bailíodh agus dáileadh breis agus 300 dearbhán le haghaidh earraí riachtanacha agus éadaí do dhaoine a chodlaíonn amuigh ar fud Bhaile Átha Cliath.

Bunaíodh líonra gafa sa phobal nua um fhoghlaim agus theagasc (Líonra CELT UCD) chun cabhair a thabhairt do chomhghleacaithe a bhfuil suim acu i dtacaíocht a thabhairt do mhic léinn agus eagraíochtaí pobail chun foghlaim ó thaithí a chéile, agus ag an am céanna an bhearna idir an fhoghlaim acadúil agus an saol mar atá sa tsochaí a shárú, agus iad ag tógáil ar eochairsprioc amháin de chuid Straitéis UCD 'Réidh don Todhchaí' chun 'cur lenár gcuid rannpháirtíochta go háitiúil, go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta'.

## Comhpháirtíochtaí Straitéiseacha Móra

Chuaigh comhpháirtíochtaí straitéiseacha móra ó neart go neart fós agus d'éirigh go suntasach leo i mbliain ina raibh dúshláin nach bhfacamar riamh roimhe seo. Agus comhpháirtíochtaí atá ann faoi láthair agus atá ar na bacáin in Éirinn agus go hidirnáisiúnta á gcothú againn, is ríthábhachtach iad na caidrimh seo chun cur ar ár gcumas ár dtionchar agus ábharthacht sa tsochaí a uasmhéadú. Os rud é gur UCD atá sa chéad áit in Éirinn in QS World University Graduate Employability Rankings, léiríonn sé go bhfuil 'UCD ag déanamh níos mó chun caidrimh le fostóirí a chothú'.
I measc mhór-chomhpháirtíochtaí straitéiseacha UCD tá: AIB, Bristol-Myers Squibb, Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin,




Theresa O'Leary, UCD sa Phobal le mic léinn ó Choláiste Pobail na Toirbhearta, Tír an Iúir.



UCD In Conversation – 'UCD and the COVID-19 Vaccine' – chualamar ón Dr Cillian De Gascun, an tOllamh Teresa Lambe, an tOllamh Karina Butler agus an tOllamh Cecily Kelleher ar a bheith chun cinn sa troid in aghaidh an víris mharfaigh seo agus dul chun cinn suntasach a dhéanamh sna réimsí seo a leanas: forbairt agus trialacha na vacsaíne, tástáil saotharlainne, éabhlóid víreasach agus imdhíonadh.

Genuity Science, ICON plc, Intel, Mainstream Renewable Power, Microsoft, Origin Enterprises plc, PwC, A&L Goodbody agus Teagasc.

I mí Mheán Fómhair, bhuail mé leis an Dr Colin Hunt, POF Ghrúpa AIB, agus a chomhghleacaithe sinsearacha. Mar chuid dár gcomhpháirtíocht fhada, bunaíodh Ollúnacht AIB san Eacnamaíocht Iompraíochta agus tugadh tacaíocht d'Institiúid Fuinnimh UCD, NovaUCD agus comhoibriú taighde san anailísíocht sonraí agus cibearshlándáil.

Fógraíodh torthaí Cholún 3 de Shruth Nuálaíochta agus Aclaíochta sna Tionscnaimh Caipitil Daonna i mí Dheireadh Fómhair. Bhí an-luachair orm go bhfuair UCD thart ar €23 milliún thar sé mholadh rathúla, rud a bhí mar thoradh ar chomhoibriú suntasach idir UCD, institiúidí ardoideachais go náisiúnta, Cumann Ollscoileanna Éireann, an tÚdarás um Ard-Oideachas agus ár gcomhpháirtithe straitéiseacha.

Tháinig an tAire Simon Harris TD le chéile leis an Ollamh Colin Scott, Príomhoide, Coláiste na nEolaíochtaí Sóisialta agus an Dlí, UCD; Caspar Klynge, Leas-Uachtarán, Microsoft; agus Cathriona Hallahan, Stiúrthóir Bainistíochta Éireann, Microsoft chun an chéad Chlár Acadúil Polasaí Dhigitigh in Éirinn a oscailt go hoifigiúil. Tá cúrsaí teastais agus máistreachta sa chlár chun acmhainneacht polasaí dhigitigh a thógáil san earnáil phoiblí agus san earnáil phríobháideach ar fud an Aontais Eorpaigh. Chomh maith leis sin, chomhoibrigh Microsoft agus UCD d'fhonn ceardlann a óstáil, Digital Sovereignty and Digital Citizenship, an spreagaitheasc le Dragos Tudorache, Coiste um an Intleacht Shaorga de chuid Pharlaimint na hEorpa.

Bhí Eamonn Sinnott, Bainisteoir Ginearálta, Intel Ireland agus mé féin i gceannas ar an gcúigiú Searmanas Bronnta Scoláireachta bliantúil Intel-UCD, agus bhronnamar scoláireachtaí ar 12 mhac léinn thar barr. Gabhaimid buíochas ó chroí le Intel as a infheistíocht shuntasach in Ionad nua UCD na Cruthaitheachta agus a thacaíocht do Chláirseach Léasair Intel nua do chlár UCD Explore. Curtha i láthair go poiblí den chéad uair ag Féile UCD is féidir le leanbh ar bith, beag beann ar a chumas, úsáid a bhaint as an gcláirseach álainn seo atá déanta ag an ealaíontóir Tom Freer agus ina léirítear sineirge idir an eolaíocht agus na healaíona.

Bhuail mé le Philomena Poole, Príomhfheidhmeannach, Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin i mí an Mhárta agus ghabh mé buíochas léi as an gcomhoibriú leanúnach idir UCD agus an Chomhairle thar na blianta, agus thapaigh mé an deis chun gach rath a ghuí uirthi agus í ag dul ar scor.

D'oscail mé an chéad Idirphlé Aeráide Bhaile Átha Cliath, comhdháil fhíorúil dhomhanda cheannródaíoch, ag UCD, a d'fhiosraigh bealaí chun astaíochtaí neodracha ó thaobh carbóin a ghéarú. I measc na spreagchainteoirí bhí: Toscaire Speisialta SAM John Kerry a tháinig le chéile le ceannairí náisiúnta agus idirnáisiúnta ó rialtas, tionsclaíocht agus an saol acadúil. Gabhaim buíochas ó chroí le cách a raibh baint acu leis, go háirithe an Dr Eddie O'Connor, cathaoirleach an imeachta agus Pat Cox, iar-uachtarán Pharlaimint na hEorpa, as a bhfís, a gcomhoibriú agus a gcomhpháirtíocht le UCD.

Cuireadh tús leis an dara céim den chomhpháirtíocht idir ICON and UCD agus tacaíocht shuntasach do Champas na Todhchaí UCD agus comhoibriú leis an gColáiste Gnó UCD mar thoradh air, rud a éascaíonn forbairt buanna laistigh de ICON.

Leanann an chomhpháirtíocht seacht mbliana idir PwC agus UCD ar aghaidh, rud a léiríonn infheistíocht shuntasach agus a éascaíonn comhoibriú agus tacaíocht leanúnach d'Ionad Uí Mhórdha don Ghnó UCD.

Bhuail mé leis an Ollamh Gerry Boyle, Stiúrthóir Teagasc, agus rinneamar athbhreithniú ar an gcomhpháirtíocht idir na heagraíochtaí agus ghuigh mé gach rath air agus é ag dul ar scor. Táim ag súil le bheith ag obair lena chomharba, an tOllamh Frank O'Mara.

Tháinig an Grúpa Stiúrtha Consus le chéile, an tOllamh Orla Feely agus Sean Coyle, POF an Ghrúpa, Origin Enterprises san áireamh, chun athbhreithniú a dhéanamh ar an gcomhpháirtíocht chomhoibríoch seo. Leanann foirne taighde ildisciplíneacha UCD, i dteannta le Origin, ar aghaidh ag dul i ngleic le hinbhuanaitheacht bairr, rud atá ina mórdhúshlán domhanda.

I measc na bhforbairtí eile a bhain le comhpháirtíocht, chuir an tOllamh Liam Kennedy, Institiúid Clinton UCD agus Donie O'Sullivan, iriseoir CNN agus céimí UCD, tús leis an gclár nua MA san Iriseoireacht agus i nGnóthaí Idirnáisiúnta, atá creidiúnaithe ag UCD agus curtha i láthair i gcomhpháirt le hAcadamh CNN, agus a chuireann comhoibriú díreach le tionscal na nuachta agus na cleachtais is fearr san iriseoireacht agus sa léiriúchán ilardáin ar fáil.

## Ceangal lenár gCéimithe ar Fud an Domhain

Tá líonra domhanda céimithe UCD go fóill ar cheann de na láidreachtaí is mó atá ag an Ollscoil, agus tá 297,000 céimí againn anois i 184 tír, agus 47 craobh dhomhanda.

In ainneoin na ndeacrachtaí a tháinig chun cinn mar gheall ar an bpaindéim atá fós linn, bhí an rannpháirtíocht lenár gcéimithe fós láidir agus ní b'fhearr ná mar a mheasamar a bheadh. In 2020/21 thug ár bhfoireann um Chaidreamh le Céimithe faoi deara go raibh méadú 40% ann i soláthar imeachtaí, agus rannpháirtíocht ann le breis agus 50,000 de chéimithe, tacadóirí agus cairde ar fud an domhain, méadú 9,000 ar 2019/20. Tá méadú le feiceáil fós ar an ngníomhaíocht lenár bpobail ar líne, Líonra Céimithe UCD agus cainéil na meán sóisialta san áireamh. Áirítear leis seo méadú 66% ar rannpháirtíocht ar chainéal Chéimithe




YouTube UCD in 2020/21, áit arbh fhéidir le céimithe agus cairde imeachtaí a fheiceáil nach bhfaca siad ag an am.

I measc bhuaicphointí na bliana maidir le himeachtaí bhí an tsraith UCD: *In Conversation*, a mheall lucht féachana ó bhreis agus 65 tír. Bhí an-tóir ar an tsraith de chainteanna agus cuir i láthair maidir le tógáil gairme *What It Takes* i mbliana, agus ar shraith cheithre pháirt de cheardlanna airgeadais, *Money Talks,* inar ghlac saineolaithe airgeadais páirt a roinn eolas, léargais agus comhairle ar choigilteas, árachas sláinte, morgáistí agus infheistíochtaí. Mheall *UCD Women in Leadership* an líon ba mhó de rannpháirtithe ina stair sé bliana agus reáchtáladh lá de chiorcail mheantóireachta chun am luachmhar duine le duine a chur ar fáil le ceannairí spreagúla ónár bpobal céimithe. Mar chuid de shearmanas ar líne do *Ghradaim Céimithe UCD 2020* rinneadh ceiliúradh ar éachtaí iontacha naoi gcéimí a léiríonn na luachanna atá mar bhunchlocha na hOllscoile: ionracas, feabhas, comhghleacaíocht, rannpháirtíocht, cruthaitheacht agus éagsúlacht. Ar na mallaibh, bhí bród orainn *Ceiliúradh agus Teacht le Chéile Iubhaile Órga agus Diamaint* athshamhalta ar líne a reáchtáil do Ranganna 1961 agus 1971.

Seoladh an t-eagrán ba dhéanaí dár n-iris do chéimithe, *UCD Connections,* i mí Meán Fómhair 2021. Agus an téama Domhan Sláintiúil a Thógáil á leanúint, ceann dár gceithre théama straitéiseacha, bhí píosaí san iris ar *The Healthy World Agenda* ó 12 chéimí agus acadóir, an Dr Mike Ryan agus an Dr Tony Holohan ina measc. Taispeántar san iris *UCD Connections* na láidreachtaí agus an éagsúlacht a bhaineann lenár gcuid céimithe ar fud an domhain, agus breis agus 300 céimí luaite inti. Cuireadh an iris amach leis The Irish Times agus The Sunday Business Post, agus cuireadh sa phost í do chéimithe ar leith ar fud an domhain freisin.

I mí na Bealtaine 2021, chuir an dara *Festival@Home* UCD clár uaillmhianach i láthair ina raibh breis agus 100 imeacht fíorúil arna soláthar ag pobal UCD, acadóirí den chéad scoth, comhpháirtithe agus céimithe mór le rá, lena n-áirítear Neil Jordan, Shelly McNamara, Frank McDonald, Madeleine Keane, Kevin O'Sullivan, Olivia O'Leary, Derek Tynan agus Jessica Traynor. Bhí an tsraith nua-sheolta *Global Perspectives* ar siúl sa choicís roimh Fhéile na bliana seo. Idirphlé a bhí i gceist leis an tsraith d'ocht gclár seo agus céimithe UCD, acadóirí agus cairde ar fud an domhain ag labhairt go bríomhar faoi thopaicí suimiúla dár bpobal domhanda UCD agus do mhic léinn ionchasacha. I measc na n-áiteanna a bhí i gceist bhí Ceanada, an Gearmáin, an RA, SAM, an Astráil, an India, an Fhrainc agus an tSín.

Tá Clár Domhanda na nAmbasadóirí ar Céimithe Iad, a seoladh anuraidh, i ndiaidh nasc a dhéanamh idir beagnach 250 ambasadóir ar céimithe iad agus mic léinn nua. Leanann ár Líonra Céimithe ar líne de bheith ag fás, le beagnach 10,500 ball, agus tógáil croí atá ann le feiceáil gur thug breis agus 5,450 oibrí deonach tacaíocht dár mic léinn agus dár bpobal UCD. Cuireann ár saorálaithe ar céimithe iad go mór le heispéireas ár mac léinn ar go leor bealaí, ag tabhairt a gcuid fuinnimh agus saineolais go fial d'fhonn tacaíocht a thabhairt dóibh siúd atá ag teacht ina ndiaidh. Gabhaim buíochas lenár saorálaithe ar fud an domhain atá chomh fial sin lena gcuid ama, as a dtiomantas, dea-thoil agus tacaíocht.

## Bronnadh Daonchairdiúil

Lean an tacaíocht dhaonchairdiúil láidir a bhíonn ag UCD ar feadh 2020/21 agus tá mé an-bhuíoch as an bhflaithiúlacht leanúnach a léiríonn ár gcuid céimithe, ár gcomhpháirtithe corparáideacha agus ár gcairde i lár éiginnteacht na paindéime atá fós linn. Mar gheall ar a gcuid tacaíochta agus tiomantais, d'éirigh linn dul chun cinn a dhéanamh lenár gcuid oibre mar phobal acadúil agus ardchaighdeán ár gcuid oideachais agus taighde a choinneáil i gcónaí. Tacaíonn an bronnadh daonchairdiúil le heispéireas oideachais den scoth a chur ar fáil dár mic léinn. Cuireann sé acmhainní ríthábhachtacha ar fáil do UCD chun ollúnachtaí acadúla a bhunú, talamh nua a bhriseadh le




Ón tsraith a bhfuil an-éileamh uirthi: What it Takes... to Network like a Pro – tugann Siobhán McKenna, Ceann an Chomhionannais, na hÉagsúlachta agus an Chuimsithe ag an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí agus an Dr Martin Russell, Comhairleoir ag an Institiúid Líonraithe, leideanna praiticiúla ar líonrú níos éifeachtaí a dhéanamh.

Óg, Dubh, Éireannach (ó chlé go deas): Tháinig Nana Nubi (céimí, léachtóir agus údar), JYellowL (céimí agus ceoltóir), Aghogho Okpara (fochéimí sa bhliain dheireanach, scríbhneoir agus blagálaí) agus Bashir Otukoya (iarrthóir PhD agus acadóir) inár gcuideachta chun plé beo, bríomhar agus léirsteanach a bheith againn a d'fhiosraigh dearcthaí ar an saol in Éirinn do dhaoine ó phobail óga, Dhubh-Éireannacha.




taighde agus nuálaíocht, agus bonneagar agus saoráidí den chéad scoth a fhorbairt ar fud ár gcampas.

Tá tacaíocht atá dílis agus flaithiúil á tabhairt riamh anall ag ár gcéimithe agus ár dtabharthóirí do mhic léinn UCD. Trí bhronnadh bliantúil, Cistí Tacaíochta an Choláiste agus bealaí eile, cabhraíonn siad linn comhionannas rochtana agus deise, agus eispéireas oideachais ar leith a chur ar fáil dár mic léinn. In 2020/21, de thairbhe an bhronnta dhaonchairdiúil, bhíomar in ann seirbhísí comhairleoireachta agus tacaíochtaí airgeadais sa bhreis a sholáthar do mhic léinn a raibh deacrachtaí acu dul i ngleic le drochiarmhairtí eacnamaíochta agus mothúchánacha na paindéime. Gan tacaíocht ár ndeontóirí, ní bheadh go leor dár mic léinn in ann na constaicí a bhaineann le míbhuntáiste a shárú. Bíonn cúnamh ríthábhachtach ann dóibh in am an ghátair agus, mar sin, tugtar spreagadh dóibh agus cuirtear ar a gcumas oibriú le neart agus tiomantas maidir lena gcuid físeanna agus spriocanna a bhaint amach. Ba mhian liom buíochas a ghabhail lenár gcéimithe agus lenár gcairde a thacaigh lenár mic léinn go leanúnach ó thús na paindéime.

Cuirtear cistiú ríthábhachtach do chláir cheannródaíocha taighde de chuid UCD ar fáil chomh maith tríd an ndaonchairdeas, agus gabhaim buíochas ó chroí le gach duine a thacaigh le Ciste um Thaighde Ceannródaíoch UCD in 2020/21. Cuireadh an ciste seo ar bun chun freastal ar riachtanais phráinneacha ár gcuid taighdeoirí agus iad ag baint úsáid as a gcuid saineolais le dul i ngleic leis na dúshláin éagsúla agus chasta a tháinig chun cinn i rith na paindéime, idir COVID-19 a thuiscint agus a chóireáil agus samhlacha nua gnó a fhorbairt chun tacú le téarnamh geilleagrach na hÉireann. Beidh an Ciste um Thaighde Ceannródaíoch fós ina bhealach ríthábhachtach do bhronnadh daonchairdiúil chun tacú le taighde bunathraitheach ag UCD. Cinnteofar leis go mbeidh fáil ag ár gcuid taighdeoirí ar na hacmhainní atá de dhíth orthu le freagairt thapa a thabhairt ar na dúshláin agus na deiseanna a thiocfaidh chun cinn amach romhainn.

Tá flaithiúlacht ár dtabharthóirí le feiceáil fud fad an champais, sna saoráidí spóirt den scoth atá againn, inár gcláir acadúla iontacha agus sna foirgnimh nua-aimseartha a dearadh ar mhaithe le hoideachas agus taighde sa 21ú haois. Mar gheall ar an daonchairdeas, cuirtear pleananna uaillmhianacha d'fhorbairt an champais ar ár gcumas fós. Buíochas le flaithiúlacht leanúnach agus fís na ndeontóirí daonchairdiúla, tá dul chun cinn suntasach á dhéanamh againn maidir le Coláiste na hEolaíochta UCD a athrú ó bhonn go hionad barr feabhais a bheidh chun tosaigh ar leibhéal domhanda ó thaobh an oideachais agus an taighde eolaíochta. Chomh maith leis sin, táimid ag déanamh dul chun cinn leis an tionscadal físeach Campas na Todhchaí agus tús curtha ar thírdhreachadh agus obair chumasaithe le haghaidh Ionad na Cruthaitheachta agus an Ionaid um Fhoghlaim na Todhchaí.

## Mar Fhocal Scoir

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil arís le baill foirne agus le foireann teagaisc an Choláiste as a gcuid iarrachtaí suntasacha chun dul i dtaithí ar na dúshláin a bhí ag baint leis an bpaindéim. Rinne siad cinnte de gurbh fhéidir lenár mic léinn leanúint lena n-aistear foghlama, gur leanadh ar aghaidh lenár dtaighde agus i gcásanna áirithe gur cuireadh dlús leis, gur tháinig méadú ar an rannpháirtíocht atá againn lenár gcéimithe, príomhpháirtithe leasmhara agus pobail náisiúnta agus idirnáisiúnta, gur leanadh ar aghaidh le tionscadail chaipitil agus leis an gcothabháil agus, ar an iomlán, gur leanadh ar aghaidh le gnáthghnó na hOllscoile. Táimid in áit iontach chun foghlaim ó cheachtanna na paindéime, bealaí malartacha oibre agus teagaisc san áireamh, agus ag an am céanna chun glacadh go fonnmhar leis na gníomhaíochtaí ina bhfuil teagasc duine le duine ríluachmhar, agus chun teacht amach as an am dúshlánach seo níos láidre ná mar a bhíomar riamh.

Léirigh ár gcuid mac léinn a lán foighne agus bhí siad in ann déileáil le dálaí éagsúla, agus ba mhaith liom é sin a aithint. Cé go raibh eispéireas ollscoile an-éagsúil acu ón eispéireas lena raibh siad ag súil, lean siad leis an rannpháirtíocht dhearfach agus lean siad go héifeachtach lena dturas foghlama. Is mór an chreidiúint iad dóibh féin agus do UCD.

Le tacaíocht ó phobal na hOllscoile táim ag súil le leanúint leis an obair seo; ag dul i ngleic leis na dúshláin atá romhainn agus ag cur lenár nOllscoil agus lena clú go náisiúnta agus go domhanda.



**An tOllamh Andrew J Deeks,**
Uachtarán UCD


D3

# FREAGAIRT NA hOLLSCOILE AR COVID-19




Sa Tuarascáil seo, léifidh tú faoin bhfreagairt chuimsitheach ó gach cearn den Ollscoil ar phaindéim COVID-19 atá fós linn. Bhí tionchar ag an bpaindéim ar gach aon ghné de chúrsaí na hOllscoile i rith na bliana seo chaite.

Roinnt coistí Ollscoile a bhí i mbun thionchar suntasach na paindéime a bhainistiú ar fud an champais:

## Coiste Comhairleach COVID-19 UCD

Lean UCD ar aghaidh i mbliana ag bainistiú na rioscaí a tháinig chun cinn mar gheall ar an bpaindéim don fhoireann teagaisc, do na baill foirne agus do na mic léinn. Ba dhúshlánach go háirithe an seal pleanála maidir le filleadh na mac léinn ar an gcampas i mí Mheán Fómhair 2021 don teagasc duine le duine, dúshlán a raibh iarrachtaí suntasacha de dhíth ina leith ó gach duine in UCD, go háirithe ó Oifig Sábháilteachta, Árachais, Riosca Oibriúcháin and Comhlíontachta (SIRC) UCD agus Eastáit UCD.

Bhí cruinnithe leantacha ag an gCoiste Comhairleach COVID-19, a bunaíodh in 2020 agus a bhfuil an tOllamh Aoife Ahern, Príomhoide, Coláiste na hInnealtóireachta agus na hAiltireachta UCD ina cathaoirleach air, le tacaíocht ón Dr Peter Coulahan, Stiúrthóir SIRC agus an Dr PJ Barron, Stiúrthóir Eastáit UCD, chun pleanáil a dhéanamh d'fhilleadh ar an gcampas agus chun fóram a sholáthar don choiste UCD leis an bhfreagairt a mheas. Tá ionadaíocht ar an gcoiste ón bhfoireann teagaisc, na baill foirne agus na mic léinn agus déanann sé tionchar COVID-19 ar phobal UCD a mheas agus na polasaithe atá de dhíth chun sábháilteacht gach duine a chinntiú a phlé. Oibríonn an coiste le SIRC UCD agus Eastáit UCD chun údair imní ó phobal UCD a thabhairt chun cinn agus chun freagairtí cuí a phlé.

Thug an fhoireann ag SIRC UCD freagairt iontach ar an síorathrú agus chuir baill na foirne polasaithe agus creata i bhfeidhm chun tacú le UCD i ngníomhaíochtaí a bhaineann le teagasc, taighde agus riarachán. Cé go bhfuil cuid den fhoireann ag obair ón mbaile fós, tá neart acu ar ais ar an gcampas agus bhí le tamall anuas, agus mar gheall air seo, b'éigean do SIRC treoir agus comhairle a thabhairt ar cad atá sábháilte agus cén sórt iompair ata iomchuí.

// Tá an fhoireann ag Eastáit UCD fós ag cinntiú go bhfuil trealamh sábháilte cuí agus trealamh cosanta pearsanta ar fáil ar fud UCD agus go bhfuil tacaíocht ann do na mic léinn atá ina gcónaí ar shiúl ón mbaile ag an tréimhse dheacair seo agus go bhfuil siad sábháilte //

Tá an fhoireann ag Eastáit UCD fós ag cinntiú go bhfuil trealamh sábháilte cuí agus trealamh cosanta pearsanta ar fáil ar fud UCD agus go bhfuil tacaíocht ann do na mic léinn atá ina gcónaí ar shiúl ón mbaile ag an tréimhse dheacair seo agus go bhfuil siad sábháilte. Gné thábhachtach den obair a rinne Eastáit UCD i mbliana ná seomraí ranga, léachtlanna agus saotharlanna a dhéanamh réidh do ghrúpaí móra mac léinn den chéad uair ó mhí Mhárta 2020.

Chun ullmhú, rinne Eastáit UCD iniúchtaí ar aeráil sna spásanna teagaisc uile agus rinne siad monatóireacht ar bhonn leanúnach ar chaighdeán an aeir sna spásanna teagaisc le linn na bliana.

Leanfaidh an Coiste Comhairleach de bheith ag teacht le chéile go ceann i bhfad, mar a leanfaimid de bheith ag déileáil leis na dúshláin leanúnacha a bhaineann leis an bpaindéim. Chuir sé seo fóram luachmhar plé agus aiseolais ar fáil don lucht ardbhainistíochta maidir le polasaí agus freagairtí ar an bpaindéim agus tá sé fíorthábhachtach chun filleadh sábháilte ar an gcampas a cheadú.

## Grúpa Oibre um Sheirbhísí agus Áiseanna Campais a Athoscailt

Bhí an tOllamh Jason Last, Déan na Mac Léinn UCD mar chathaoirleach ar an ngrúpa seo agus bhí an Dr PJ Barron, Stiúrthóir Seirbhísí Eastáit mar chomhchathaoirleach air. Rinne Maeve O'Connell bainistíocht ar an ngrúpa. Bunaíodh an grúpa ar dtús i mí an Mheithimh 2020 ionas go bhforbrófaí an grúpa faireacháin a bhí ann mar ghrúpa arbh fhéidir comhairle a thabhairt faoi na hullmhúcháin a bhí le déanamh maidir le filleadh sábháilte na mac léinn ar an gcampas. Le linn na bliana acadúla 2020/21, agus cianfhoghlaim ar siúl ag na mic léinn, iad ag freastal ar oideachas campasbhunaithe riachtanach agus iad ina gcónaí ar an gcampas,

## Samplaí agus Sonraí Cliniciúla COVID-19 a Chomhordú

Tá Bithbhanc Náisiúnta COVID-19 na hÉireann ina chuid riachtanach de fhreagairt na hÉireann ar an bpaindéim. Bhunaigh an Bord Taighde Sláinte é ar iarratas ón Roinn Sláinte agus déanfaidh Bithbhanc Náisiúnta COVID-19 na hÉireann a chinntiú go mbailítear samplaí COVID-19 agus sonraí cliniciúla bainteacha i mbealach atá comhordaithe agus comhoiriúnaithe, agus gur féidir le taighdeoirí an t-ábhar sin a rochtain i mbealach atá ag teacht le dea-chleachtais agus caighdeáin maidir le sábháilteacht agus cáilíocht agus le dea-chleachtais agus caighdeáin idirnáisiúnta eile. Dá bharr seo, beidh deiseanna taighde agus nuálaíochta ann chun ár dtuiscint ar COVID-19 a mhéadú, eolas a dhéanamh do straitéisí nua cóireála agus bainistíochta, torthaí sláinte a fheabhsú agus sinn a ullmhú níos fearr d'éigeandálaí atá romhainn.

Is iad an dá sprioc atá ag Bithbhanc Náisiúnta COVID-19 na hÉireann ná bailiú shamplaí agus shonraí COVID-19 amach romhainn a chomhtháthú agus iad a bheith ar fáil don taighde, agus comhtháthú na mbailiúchán de shamplaí agus sonraí COVID-19 atá ann cheana a uasmhéadú. Tabharfar toiliú do thaighde maidir le gach sampla agus leis na sonraí bainteacha laistigh de Bhithbhanc Náisiúnta COVID-19 na hÉireann. Déanfaidh Bord Rialachais maoirseacht air seo, agus foilseofar ar líne na cinntí a ghlactar chun trédhearcacht a chinntiú. Thar aon ní eile, déanann Bithbhanc Náisiúnta COVID-19 na hÉireann iarracht cothromas a aimsiú idir taighde a bhfuil an fhéidearthacht inti sláinte a lán daoine a fheabhsú agus, ag an am chéanna, cearta, dínit agus gníomhú rannpháirtithe aonair taighde a chosaint, chomh maith le muinín an phobail a chothú agus a choinneáil.

Faoi stiúir ag an Ollamh Patrick Mallon, Scoil an Leighis UCD agus a chomhghleacaí atá ina Dhochtúir Comhairleach i nGalair Thógálacha freisin, an tOllamh Colm Bergin, Ospidéal San Séamas, Baile Átha Cliath, is comhoibriú é an tionscadal thar 6 institiúid éagsúla agus 13 ospidéal, a chuimsíonn seirbhísí cliniciúla pobail, máithreachais, péidiatracha agus daoine fásta.



bhí an grúpa in ann lúbadh agus freagairt a thabhairt don phaindéim mar a bhí sí ag athrú. Chomh maith leis sin, d'fhoilsigh an grúpa treoracha do mhic léinn roimh gach ráithe.

Ina theannta sin, rinneadh sraith chuimsitheach de Cheisteanna Coitianta a chothabháil agus a nuashonrú go rialta, rud a lig don fhoireann teagaisc, do na baill foirne agus do na mic léinn fanacht ar an eolas faoi na rialacháin, na nósanna imeachta agus na prótacail a bhí ag síorathrú. Rinneadh leathanach lamairne na CCanna a athdhearadh i rith an tsamhraidh, áis chuimsitheach A-Z san áireamh, d'fhonn rochtain éasca a fháil ar an eolas is déanaí.

Bhí an fhoireann teagaisc, na mic léinn agus na baill foirne in ann teacht ar an liosta seirbhísí, áiseanna agus tacaíochtaí a bhí go fóill ar fáil ar champas, a bhí ar fáil go cianda agus, go minic, ar an dá bhealach. Bhí an grúpa mar mheicníocht arbh fhéidir le foirne a úsáid chun a gcuid buarthaí agus nuálaíochtaí a roinnt mar fhreagairt ar an ngá a bhí ann a gcuid tacaíochtaí agus seirbhísí a athdhíriú, agus chuir sé

// Rinneadh sraith ionchuimsitheach de Cheisteanna Coitianta a chothabháil agus a nuashonrú go rialta, rud a lig don fhoireann teagaisc, do na baill foirne agus do na mic léinn fanacht ar an eolas faoi na rialacháin, na nósanna imeachta agus na prótacail a bhí ag síorathrú //

## Ionfhabhtuithe COVID-19 a rianú trí fhuíolluisce ar oileán na hÉireann

Sceitheann daoine a bhfuil ionfhabhtú COVID-19 orthu an víreas ina gcuid faecais agus is féidir é seo a aimsiú i gcamras atá ag dul isteach i gcórais cóireála fuíolluisce. Thug Fondúireacht Eolaíochta Éireann cistiú do thaighde roimhe seo chun teicneolaíocht a fhorbairt le monatóireacht a dhéanamh ar an víreas i gcórais cóireála uisce i mBaile Átha Cliath. Anois tá Fondúireacht Eolaíochta Éireann agus Roinn Talmhaíochta, Comhshaoil agus Gnóthaí Tuaithe Thuaisceart Éireann ag tacú le tionscadal chun an teicneolaíocht a úsáid leis an víreas a aimsiú i gcamras i dTuaisceart Éireann. Dá bharr seo, beidh taighdeoirí in ann an fíor-ráta ionfhabhtaithe d'oileán na hÉireann a mheas agus a thuairisciú agus áiteanna ar leith a bhfuil ráig iontu a aithint.

Déanfaidh an príomhthaighdeoir, an tOllamh Wim Meijer, Scoil na hEolaíochta Bithmhóilíní agus Bithleighis UCD, comhiarratasóir an tOllamh John McGrath, Ollscoil na Banríona, Béal Feirste agus a bhfoireann il-institiúideach an teicneolaíocht a aistriú go Tuaisceart Éireann sa dóigh is go mbeidh na sonraí ar líon an víris sa chamras ar fáil ansin freisin. Déanfaidh seo, i dteannta le sonraí ó chásanna COVID-19 atá ar eolas agus le samhlacha staitistiúla, an fíor-ráta ar oileán na hÉireann a mheas agus déanfaidh sé ceantair ina bhfuil ráigeanna nó ina bhfuil ráigeanna ag tosú a aithint. Inseofar dúinn tríd an tionscadal cad é an fíor-ráta ionfhabhtaithe ar oileán na hÉireann agus cuirfidh sé ar ár gcumas idirghabháil luath a dhéanamh má tá ráig áitiúil ag titim amach.

## Is é UCD an Comhordaitheoir Náisiúnta ar an gClár VACCELERATE

Tá an Coimisiún Eorpach tar éis líonra cliniciúil vacsaíne AE nua a sheoladh chun luas a chur le trialacha vacsaíní COVID-19. Beidh VACCELERATE, an tArdán Luasaire Eorpach um Thrialacha Vacsaíne Coróinvíris, ríthábhachtach ar fud na hEorpa maidir le céim 2 agus céim 3 de thrialacha vacsaíne COVID-19 a luasghéarú. Nascfaidh sé gach páirtí leasmhar a bhfuil baint acu le forbairt vacsaíní agus cuirfidh sé ardán ar fáil do dhearadh agus cur i bhfeidhm trialacha cliniciúla. Is pointe iontrála aonair mearfhreagartha é an líonra do gach páirtí leasmhar idir údaráis sláinte phoiblí agus dhearthóirí vacsaíní, chun dul i ngleic le riachtanais ar leith agus tús a chur le trialacha vacsaíne chéim 2 agus 3.

Tá baint ag 21 tír leis an líonra, Éire san áireamh. Is iad UCD agus Ollscoil Náisiúnta na hÉireann, Gaillimh, na páirtithe Éireannacha ann, agus tá siad faoi stiúir ó UCD ag an Ollamh Patrick Mallon, Stiúrthóir, Ionad um Thaighde Turgnamhach ar Óstaigh Phataigine UCD agus Scoil na Leighis UCD.

Buíochas le VACCELERATE is féidir mapáil acmhainneachta a dhéanamh ar láithreáin saotharlainne agus trialacha cliniciúla ar fud na hEorpa, chun láithreáin oiriúnacha a aimsiú do thrialacha aonair vacsaíne chéim 2 agus 3. Chomh maith le rochtain a thabhairt ar shaotharlanna agus ar thacar caighdeánaithe measúnachtaí atá riachtanach do thrialacha cliniciúla chéim 2 agus 3, tógfaidh an líonra ar acmhainneacht agus ardóidh sé caighdeáin thar an mbloc trí na cleachtais agus an oiliúint is fearr a roinnt, agus déanfaidh clárlanna d'oibrithe deonacha earcaíocht othar a éascú.



deis ar fáil don tacaíocht thrasinstitiúideach idir foirne, agus béim ar leith ar rochtain leanúnach do mhic léinn agus timpeallacht shábháilte á coinneáil don slua foirne a bhí i gceist.

### Grúpa Inmheánach um Rianú Teagmhálaithe

Bunaíodh foireann inmheánach rianaithe teagmhálaithe chun monatóireacht a dhéanamh ar chásanna de COVID-19 ar champas agus chun freagairt dóibh; bhí an tOllamh Jason Last agus an Dr Peter Coulahan i gceannas ar an bhfoireann agus tháinig siad le chéile 38 uaire sa bhliain acadúil atá imithe thart.

I rith na paindéime, iarradh ar an bhfoireann teagaisc, na baill foirne agus na mic léinn cur in iúl don Ollscoil dá mbeadh COVID-19 orthu trí ghlao a chur ar líne 24 uair an chloig. De thoradh air seo, chomh maith le heolas a thug foirne rianaithe teagmhálaithe FSS, bhí foireann SIRC UCD i dteannta le Seirbhísí Eastát in ann monatóireacht a dhéanamh ar scaipeadh an víris laistigh de phobal na hOllscoile agus daoine a threorú chuig tacaíochtaí seachtracha agus inmheánacha.

> // Ceapadh altra COVID-19 chun riachtanais tacaíochta a mheas do na mic léinn a raibh orthu fanacht taobh istigh d'áiteanna cónaithe an champais agus chun tacaíocht a thabhairt do fhreagairtí eile de chuid na hinstitiúide, mearthástáil antaigine san áireamh. Ceapadh oibrí tacaíochta don rianú teagmhálaithe inmheánach freisin a chuaigh i dteagmháil nuair a bhí gá ann //

Ceapadh altra COVID-19 chun riachtanais tacaíochta a mheas do na mic léinn a raibh orthu fanacht taobh istigh d'áiteanna cónaithe an chuid na hinstitiúide, mearthástáil antaigine san áireamh. Ceapadh oibrí tacaíochta don rianú teagmhálaithe inmheánach a chuaigh i dteagmháil arís leo siúd a raibh COVID-19 orthu le cinntiú gur cuireadh sonraí a gcuid teagmhálaithe mar aon lena ngníomhaíochtaí san Ollscoil ar aghaidh chuig FSS, agus chun idirghabhálacha eile a chur in áit chun cosc a chur ar scaipeadh an

### UniCoV – Ár gCampais a Chosaint

I dteannta le hOllscoil na hÉireann, Gaillimh, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath agus Coláiste na hOllscoile, Corcaigh, tá UCD páirteach sa staidéar cliniciúil seo chun mearthástáil éifeachtach agus córais faireachais a fhiosrú ar champais choláiste agus ollscoile. Aidhm an staidéir ná COVID-19 aisiomptómach a aithint go luath, rud a chabhróidh le hathoscailt shábháilte agus inbhuanaithe na gcampas agus na sochaí.

Déanfaidh UniCoV forbairt bhreise ar thástáil, scagthástáil agus straitéisí faireachais chun cabhrú le córais réamhrabhaidh do ghalair, agus cuirfidh sé i bhfeidhm iad, i gcomhthéacs ionfhabhtú COVID-19 in Éirinn. Déantar fiosrú sa staidéar ar indéantacht agus inghlacthacht na gcóras a bhaineann le féintuairisciú, féintástáil agus faireachais bithshamplaí agus tá mic léinn, an fhoireann teagaisc agus na baill foirne i gceist leis. Déanfaidh na torthaí eolas d'fhorbairt córas réamhrabhaidh agus cabhróidh siad le ráigeanna a chosc agus a rialú níos gasta as seo amach.



víris, amhail teagmháil a dhéanamh le cohóirt a mbainfeadh sé leo agus domhanghlanadh saoráidí a eagrú.

Rinne an grúpa freisin comhordú ar theagmháil le FSS maidir le braislí nó ráigeanna féideartha agus chabhraigh sé le gníomhaíochtaí tástála sa bhreis a chur in áit i dteannta le FSS nuair a bhí gá ann.

## Tástáil sa tSeirbhís Tagartha Náisiúnta maidir le Víris

I rith an dara leath de 2020, ba léir go raibh gá ann le hacmhainneacht tástála sa bhreis do SARS-CoV-2 laistigh den earnáil phoiblí. Buíochas leis an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, agus tacaíocht ann ó FSS freisin, bhí an tSeirbhís Tagartha Náisiúnta maidir le Víris in ann spás saotharlainne a fháil ag Campas Shaotharlann Backweston i gCill Droichid. Cuireadh tús le hobair ag Saotharlann Shatailíteach na Seirbhíse Tagartha Náisiúnta maidir le Víris ag Backweston ar an 4 Eanáir agus is í an tsaotharlann is mó atá ag dul do thástáil SARS-CoV-2, agus 55 ball foirne fostaithe inti, atá ag obair 7 lá sa tseachtain in dá fhoireann, agus acmhainneacht inti faoi láthair le breis agus 4,000 tástáil a dhéanamh sa lá.

Roghnaíodh an tSeirbhís Tagartha Náisiúnta maidir le Víris, agus í ag obair leis an Lárionad Faire um Chosaint Sláinte, mar phríomhpháirtí saotharlainne don Chlár náisiúnta faireachais maidir le géanóm iomlán SARS-CoV-2 a sheicheamhú, agus í ag cur le hacmhainn seicheamhaithe inmheánach na saotharlainne le cabhrú ó FSS, go dtí idir 1,200 agus 1,500 seicheamh sa tseachtain. Is í an tSeirbhís Tagartha Náisiúnta maidir le Víris an príomhpháirtí saotharlainne freisin don Aonad Náisiúnta Séireipidéimeolaíochta, arna chistiú ag FSS agus arna oibriú ag an Lárionad Faire um Chosaint Sláinte.

## Ionad Vacsaínithe FSS ag Halla Uí Raghallaigh UCD

D'oibrigh Coláiste na nEolaíochtaí Talmhaíochta agus Sláinte agus Gnóthaí Sláinte UCD le Grúpa Ospidéal Oirthear na hÉireann chun Ionad Vacsaínithe FSS a oscailt ag Halla Uí Raghallaigh UCD. I mí na Bealtaine 2021, dréachtaíodh comhaontú réadmhaoine le Gnóthaí Dlí UCD agus SIRC agus nuair a fuarthas comhaontú agus faomhadh ó gach páirtí, osclaíodh an tIonad Vacsaínithe i Halla Uí Raghallaigh ar an 4 Meitheamh le tacaíocht ó Eastáit UCD agus ó Dhéan na Mac Léinn, an tOllamh Jason Last.

Sa cheithre mhí d'oibriúchán san Ionad, tugadh 9,000 vacsaín sa tseachtain ann, nó 127,000 sa tréimhse iomlán. Mar fhoireann san ionad, bhí foirne cliniciúla, oibrithe deonacha, Óglaigh na hÉireann agus riarthóirí, mic léinn agus baill foirne UCD san áireamh. Tá anam curtha ag an Ionad Vacsaínithe i Halla Uí

## FoodShield: Ag cabhrú le téarnamh Earnáil Agraibhia na hÉireann

Tá earnáil talmhaíochta agus bia na hÉireann ríthábhachtach dár ngeilleagar, ár gcuid easpórtálacha san áireamh. Tagann dúshláin mhóra le COVID-19 agus leis an mBreatimeacht maidir le sábháilteacht agus caighdeán ár gcuid bia agus bia ainmhithe a dheimhniú agus d'fhéadfadh sé seo tionchar a imirt ar an gcumas atá ag Éirinn fianaise a thabhairt chun riachtanais AE a chomhlíonadh. Cabhróidh an tionscadal FoodShield, agus tacú ann ó Fhondúireacht Eolaíocht Éireann agus ó Roinn Talmhaíochta, Comhshaoil agus Gnóthaí Tuaithe Thuaisceart Éireann, le hearnáil Agraibhia na hÉireann téarnamh ó mhoilleanna agus drochthionchair a bhaineann le COVID-19 agus measúnú a dhéanamh ar na buntáistí atá ann ag leibhéal uile-oileáin.

Déanfaidh príomhthaighdeoir, an tOllamh Fiona Doohan, Scoil na Bitheolaíochta agus na hEolaíochta Comhshaoil UCD, a comhiarratasóir an tOllamh Chris Elliott, Ollscoil na Banríona, Béal Feirste agus foireann ilréimsiúil, teicneolaíochtaí digiteacha fréamhshamhla a fhorbairt, agus anailís eacnamaíoch agus idirghabhálacha polasaí féideartha mar bhonn acu. Cabhróidh sé sin le hearnáil Agraibhia na hÉireann moilleanna a laghdú agus tacú le táirgí plandaphróitéine Éireannacha trí bhrath uileláithreach, rianú, bunáitíocht bia agus Idirlíon na nEarraí.

Buíochas le FoodShield, cabhrófar le hurrúntacht, solúbthacht agus trédhearcacht ár gcuid córas bia a thógáil agus tacaíocht a thabhairt dóibh, agus téarnamh ar siúl acu ó COVID-19, agus le leas a bhaint as deiseanna nua.






## Ionaclú in aghaidh Mhífhaisnéis faoi COVID-19

Tháinig rabharta mífhaisnéise le COVID-19 ar féidir léi baint ó threoir sláinte phoiblí agus b'fhéidir fiú sábháilteacht an phobail a chur i gcontúirt. Agus daoine scoite ón bpobal agus ag brath ar na meáin shóisialta mar fhoinse nuachta, is féidir mífhaisnéis a scaipeadh go héasca. Anuas air sin, is féidir le heolas míchruinn dul i bhfeidhm ar iompar daoine agus b'fhéidir fiú an seans a ardú go dtógfaidh siad COVID-19.

Tá tionscadal ann, a dtugann an Bord Taighde Sláinte agus an Chomhairle um Thaighde in Éirinn tacaíocht dó, a fhiosraíonn na freagairtí a bhíonn ag daoine ar mhífhaisnéis faoi COVID-19 agus a fhiosraíonn réimse idirghabhálacha chun scaipeadh na mífhaisnéise a laghdú. Déanann príomhthaighdeoir an Dr Ciara Greene, Scoil na Síceolaíochta UCD agus a comhoibrí tionscadail an Dr Gillian Murphy, Scoil na Síceolaíochta Feidhmí, Coláiste na hOllscoile, Corcaigh, fiosrú ar cad chuige a nglacann daoine le mífhaisnéis faoi COVID-19 agus fiosrú ar éifeachtacht idirghabhálacha cognaíocha chun a scaipeadh a laghdú.

Is ríthábhachtach í an tuiscint ar cad chuige a gcreideann agus a roinneann daoine mífhaisnéis agus cad chuige a ngníomhaíonn siad dá réir, chun a scaipeadh a mhoilliú. Mar gheall ar na hidirghabhálacha atá á bhforbairt acu, beidh daoine in ann eolas a mheas go criticiúil agus beidh siad in ann na meáin nuachta a úsáid i mbealach níos criticiúla. Agus é seo á dhéanamh, beidh saoránaigh in ann iad féin agus a dteaghlaigh a chosaint ar chontúirtí don tsláinte phoiblí. Trí bhealaí a aithint chun scaipeadh agus tionchar na mífhaisnéise faoi COVID-19 a stopadh, beidh an taighde ag tacú le treoir sláinte phoiblí.

Raghallaigh. Mar gheall ar an Ionad, tháinig borradh ar líon na gcuairteoirí ar an gCaifé, ardaíodh feasacht faoi na saoráidí i Halla Uí Raghallaigh agus Cumann na hOllscoile araon agus ba chúis bhróid é do phobal UCD.

### Ionad um Rianú Teagmhálaithe UCD

Ba é an tIonad um Rianú Teagmhálaithe UCD, a bunaíodh i mí an Mhárta 2020, an chéad Ionad um Rianú Teagmhálaithe satailíte den Chlár Náisiúnta um Bhainistiú Teagmhálaithe agus leanadh leis an obair seo ar feadh 2020 agus sa chéad chuid de 2021. Tá an luas lenar bunaíodh é mar theist ar Uachtarán UCD, Foireann Bainistíochta na hOllscoile, Eastáit UCD, Coláiste na hEolaíochta, Coláiste na nEolaíochtaí Talmhaíochta agus Sláinte agus Scoil na Sláinte Poiblí, Fisiteiripe agus na hEolaíochta Spóirt, as a dtáinig an cheannaireacht, an saineolas agus an spreagadh. D'oibrigh an tIonad ar feadh seacht mí déag, agus chabhraigh thart ar 240 oibrí deonach lena oibríocht réidh. I mí Lúnasa 2021 bhí searmanas clabhsúir ann chun ár mbuíochas a chur in iúl dóibh siúd uile a raibh baint acu leis. Léirigh an tIonad um Rianú Teagmhálaithe UCD na gnéithe is fearr den pháirtnéireacht straitéiseach idir an Ollscoil agus gníomhaireachtaí sláinte an Stáit chun leas an phobail.

### An riosca a bhaineann le COVID-19 a bhainistiú laistigh d'Ospidéal na Tréidliachta UCD

Is acmhainn teagaisc ríthábhachtach é Ospidéal na Tréidliachta UCD do Scoil an Leighis Tréidliachta UCD, idir mhic léinn ar fochéimithe iad agus mhic léinn iarchéime, agus cuireann sé cúram cliniciúil ar fáil freisin. Bogann na fochéimithe trí shraith sealaíochta cliniciúla laistigh d'Ospidéal na Tréidliachta (nó bainte leis) le linn a mbliana dheireanaí.

Bhí sé an-dúshlánach aon riosca a bhain le COVID-19 taobh istigh an Ospidéil a mhaolú ag gach céim den phaindéim. Agus aird á tabhairt air sin, forbraíodh raon beart maolaithe agus cuireadh i bhfeidhm iad, mearthástáil dhiagnóiseach antaigine san áireamh. Ag baint úsáid as

mearthástáil dhiagnóiseach antaigine cuirtear modh ar fáil chun daoine atá aisiomptómach a aithint, agus an acmhainneacht ann laghdú suntasach a dhéanamh ar an bhféidearthacht SARS-CoV-2 a thabhairt isteach sa timpeallacht ospidéil.

Baineadh úsáid as tástáil shrathach antaigine ar dtús idir mí Aibreáin agus mí an Mheithimh 2021. Cuireadh tús lena húsáid arís ag deireadh mhí Iúil 2021 agus tá sí ar siúl ó shin, agus thart ar 2,200 tástáil déanta san am sin. Déantar tástálacha a thairiscint don fhoireann teagaisc, do na baill foirne agus do mhic léinn san ospidéal gach Luan agus Déardaoin. Rannpháirtíocht go hiomlán deonach atá ann, agus ní chuirtear brú ar aon duine chun freastal. Déantar an tástáil i mbealach monatóirithe, féinriartha. Déantar an tástáil ar fad, chomh maith leis na prótacail maidir le tástáil agus tuairisciú, le toiliú feasach na n-úsáideoirí agus iad ceadaithe ag an gcoiste um eitic taighde daonna UCD.

Léirigh suirbhé a rinneadh go raibh formhór mór na foirne teagaisc, na mball foirne agus na mac léinn sásta leis an tástáil; thuairiscigh siad go raibh siad sásta go raibh tástáil ar fáil agus dúirt a lán acu gur thug sé muinín dóibh go raibh na bearta cearta i bhfeidhm d'fhonn riosca ina dtimpeallacht oibre a laghdú.

// Baineadh úsáid as tástáil shrathach antaigine ar dtús idir mí Aibreáin agus mí an Mheithimh 2021. Cuireadh tús lena húsáid arís ag deireadh mhí Iúil 2021 agus tá sí ar siúl ó shin, agus thart ar 2,200 tástáil déanta san am sin //

## UCD Sláintiúil

Tá ballraíocht thraschampais ag an gCoiste Stiúrtha UCD Sláintiúil, agus tá an tOllamh Patricia Fitzpatrick, Scoil na Sláinte Poiblí, Fisiteiripe agus na hEolaíochta Spóirt UCD mar chathaoirleach air. Ar an bhfoireann, tá Brian Mullins, Stiúrthóir Spóirt UCD agus Maria Heffernan, Scoil na Sláinte Poiblí, Fisiteiripe agus na hEolaíochta Spóirt UCD. Lean UCD Sláintiúil ar aghaidh lena chuid oibre go fíorúil den chuid ba mhó in 2020/21.

Leanadh le deiseanna foghlama ó thaithí grádaithe in 2020/21 le haghaidh mic léinn MSc sa Chothú Cliniciúil agus Diaitéitice agus mic léinn BSc sa Spórt agus Bainistíocht Aclaíochta. Tugadh tacaíocht dóibh chun Seachtain an Bhia Fholláin, chomh maith le himeachtaí 'Well-being Your Way', a chur ar siúl ar líne, ag baint feidhm as formáidí nuálacha lena n-áirítear físeáin oideas, grafaicí eolais agus ranganna beo ar líne.

D'fhorbair UCD Sláintiúil agus Seirbhísí Mac Léinn UCD100, dúshlán fíorúil do mhic léinn 100km in 30 lá a shiúl. Breis agus 1,200 mac léinn a chláraigh, agus cruinníodh níos mó ná €23,000 le haghaidh Chumann Naomh Uinseann de Pól UCD.

Eagraíodh réimse gníomhaíochtaí d'fhoireann teagaisc agus do bhaill foirne, i dteannta le Cultúr agus Rannpháirtíocht UCD, lena n-áirítear sraith seimineár gréasáin faoi chothú, an Dúshlán UCD agus an Dúshlán Níos Fearr Le Chéile, chun gníomhaíocht coirp a spreagadh, mar aon le ranganna aclaíochta beo ar líne.



## Léiríonn staidéar domhanda feabhsú suntasach sna rátaí marthanais in othair a dtugadh Tocilizumab dóibh




Léiríodh i staidéar ar 2,000 othar a bhí go dona tinn le COVID-19 in 260 ospidéal ar fud an domhain go bhfuil dóchúlacht 99% ann go laghdófaí báis agus am caite in ionad dianchúraim le cóir leighis leis an modhnóir imdhíonachta, Tocilizumab, i gcomparáid le hothair nach bhfuair an chóir leighis.

Tagann na torthaí, a foilsíodh i NEJM (an tréimhseachán is mó léite go forleathan, is mó luaite agus an-tionchar aige mar thréimhseachán ginearálta leighis ar domhan) ó thriail REMAP-CAP, a raibh stiúir air in Éirinn ag an Ollamh Alistair Nichol, Ospidéal Ollscoile Naomh Uinseann agus Scoil an Leighis UCD agus go domhanda ag Imperial College London, Intensive Care National Audit & Research Centre sa RA, agus Ollscoil Utrecht san Eoraip.

Léirítear sna torthaí gur féidir le cúrsa amháin de chóir leighis leis an druga modhnaithe imdhíonachta seo feabhas suntasach a dhéanamh do thorthaí fhormhór na ndaoine atá go dona tinn le COVID-19 agus a bhfuil tacaíocht orgáin a fáil acu in ionaid dianchúraim. Ní léirítear fós sa triail, áfach, cad iad buntáistí Tocilizumab i gcomparáid leis na modhnóirí imdhíonacha eile. Táthar ag súil lena thuilleadh sonraí sna míonna atá romhainn.

## Ráigeanna COVID-19 a Thuiscint agus a Chosc i Monarchana Próiseála Feola

Tharla ráigeanna COVID-19 i monarchana próiseála feola in Éirinn le linn na paindéime, a bhí ina gcontúirt d'oibrithe iontu agus don tsochaí go ginearálta. Tiocfaidh eolaithe le chéile ó roinnt institiúidí faoi thionscadal nua atá faoi stiúir UCD agus cistithe ag Fondúireacht Eolaíochta Éireann chun tuiscint níos fearr a fháil ar cén fáth an bhfuil níos mó baoil sna monarchana próiseála feola go scaiptear COVID-19, agus ar conas is féidir na rioscaí a laghdú. Bainfear úsáid as na torthaí chun cosaint uaidh seo a thabhairt dúinn agus ó chontúirtí cosúil leis san am atá romhainn.

Déanfaidh Príomhthaighdeoir an tOllamh Grace Mulcahy, Scoil an Leighis Tréidliachta UCD, an tOllamh Séamus Fanning, Scoil na Sláinte Poiblí, Fisiteiripe agus na hEolaíochta Spóirt UCD, agus a bhfoireann, anailís ar an víreas i monarchana feola ag úsáid torthaí tástálacha diagnóiseacha agus athruithe i seicheamh géiniteach víris. Déanfar timpeallacht na monarchan a fhiosrú freisin sa taighde seo, lena n-áirítear teocht, bogthaise agus srutha aeir trí mhonarchana agus déanfar córas réamhrabhaidh a thástáil a dhéanann monatóireacht ar shruthanna fuíll.

Ach tuiscint a fháil ar an dóigh a scaiptear an víreas i monarchana feola agus teacht ar bhealaí le bheith ag súil le ráigeanna, beidh cabhrú ann chun na hoibrithe i monarchana feola a chosaint ar ionfhabhtú. Mar sin de, déanfar an riosca a laghdú go scaipfí an víreas taobh amuigh de na monarchana feola.

Bhí foireann an tionscadail ag comhoibriú leis an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara chun tacú le dáileadh na mearthástálacha antaigine ar an earnáil, trí oideachas agus oiliúint a chur ar fáil do na hoifigigh COVID agus do cheannairí dearbhaithe cáilíochta sna monarchana. Is údar misnigh iad na réamhthorthaí maidir le húsáid cartúis ó thástálacha dearfacha


chun seicheamhú géanómaíoch iomlán víris a dhéanamh, rud a chumasaíonn eipidéimeolaíocht mhóilíneach laistigh de mhonarchana, agus aimsiú feabhsaithe athraitheach víris. Toradh ríthábhachtach a thiocfaidh ón tionscadal ná samhaltú, clárú agus anailís costais is tairbhe ar thorthaí mearthástála antaigine laistigh de mhonarcha.




# UCD IN UIMHREACHA




Staitisticí faoi mhic léinn ar Champais in Éirinn




## Staitisticí faoi mhic léinn sna hOibríochtaí Thar Lear





## Mic léinn in Éirinn




### Miondealú ar líon na Mac Léinn Fochéime/Iarchéime





### Miondealú idir Fireann agus Baineann





### Staitisticí Foirne in Éirinn



## Mic Léinn Idirnáisiúnta UCD de réir Réigiún 2020/21




139 tír ina measc

## Líon Mhic Léinn Fochéime agus Iarchéime UCD de réir Disciplíní 2020/21

| | Fochéimí | Céimí | Iomlán |
|---|---|---|---|
| Cláir agus cáilíochtaí cineálacha | 298 | 1,458 | 1,756 |
| Oideachas | 27 | 444 | 471 |
| Ealaíona agus Daonnachtaí | 2,589 | 1,176 | 3,765 |
| Eolaíochtaí sóisialta, iriseoireacht agus faisnéis | 2,110 | 2,954 | 5,064 |
| Gnó, riarachán agus dlí | 3,413 | 1,099 | 4,512 |
| Eolaíochtaí nádúrtha, matamaitic agus staitisticí | 2,313 | 701 | 3,014 |
| Teicneolaíochtaí Faisnéise agus Cumarsáide (TCFanna) | 610 | 1,195 | 1,805 |
| Innealtóireacht, déantúsaíocht agus tógáil | 1,607 | 520 | 2,127 |
| Talmhaíocht, foraoiseacht, iascaireacht agus tréidliacht | 1,739 | 2,524 | 4,263 |
| Sláinte agus leas | 3,781 | 22 | 3,803 |
| Seirbhísí* | 133 | – | 133 |
| **Móriomlán** | **18,620** | **12,093** | **30,713** |

Déantar na figiúirí a rangú faoin Aicmiú Caighdeánach Idirnáisiúnta ar Oideachas (ISCED) faoi mar a úsáideann an Údarás um Ard-Oideachas é agus a úsáidtear ar bhonn níos leithne chun comparáid a dhéanamh idir staitisticí oideachais i dtíortha éagsúla ar bhonn sainmhíniú aonfhoirmeach atá comhaontaithe go hidirnáisiúnta.

* Cuimsítear sna seirbhísí sin cláir amhail Sábháilteacht agus Sláinte ag an Obair.

### An 20 Tír a bhfuil an líon is mó Céimithe UCD iontu*

**212,884**
(1) Poblacht na hÉireann

**15,112**
(2) Na Stáit Aontaithe

**13,676**
(3) Singeapór

**10,937**
(4) An Ríocht Aontaithe
(Sasana, Albain, An Bhreatain Bheag, Tuaisceart Éireann)

**6,627**
(5) Srí Lanca

**4,652**
(6) An tSín

**3,237**
(7) Hong Cong

**3,140**
(8) An Fhrainc

**3,125**
(9) An Ghearmáin

**2,482**
(10) An India

**2,321**
(11) An Astráil

**2,204**
(12) An Spáinn

**2,101**
(13) Ceanada

**1,424**
(13) An Iodáil

**1,011**
(15) An Mhalaeisia

**948**
(16) An Bheilg

**897**
(17) An Ísiltír


**690**
(18) An Eilvéis

**475**
(19) Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha

**419**
(20) An Ostair

* Céimithe dá bhfuil sonraí teagmhála againn

### Céadroghanna CAO



# OIDEACHAS AGUS EISPÉIREAS NA MAC LÉINN



**Réamhrá ón Chláraitheoir agus ón Leas-Uachtarán**

Bliain ar leith a bhí ann do UCD, agus dúshláin sáraithe againn trí nuálaíocht, comhoibriú agus cruthaitheacht. Cé go raibh cúrsaí chomh heisceachtúil is a bhí, chuamar i mbun nuálaíochta, d'éirigh linn bealaí úra a chruthú le bheith ag obair agus léiríomar go bhfuilimid in ann deacrachtaí a shárú agus a bheith ag comhoibriú chun ár gcúrsaí a sholáthar agus tacaíocht a thabhairt dár mic léinn. D'fhoghlaimíomar cuid mhór fúinn féin, faoinár dteacht aniar agus ár dtiomantas agus ár gcumas a bheith ag obair in am na deacrachta.

## Réamhrá

Agus sinn ag breathnú siar ar an soláthar oideachais agus ar eispéireas na mac léinn le linn na bliana acadúla 2020/21 agus ar na dúshláin a tháinig chun cinn leis an bpaindéim do chách, go pearsanta agus go gairmiúil araon, is féidir linn a bheith an-bhródúil as a bhfuil bainte amach againn. Chuireamar eispéireas oideachais ar fáil dár mic léinn a thug deis dóibh dul chun cinn a dhéanamh lena gcuid staidéir agus céim a bhaint amach i dtréimhse nach raibh neart earnálacha eile in ann seirbhís a chur ar fáil. D'úsáideamar cistiú rialtais chun tacú le mic léinn in go leor bealaí agus leanamar linn ag soláthar ár gcuid seirbhísí, ag pleanáil don bhliain acadúil agus ag cur fáilte roimh mhic léinn nua chuig UCD. Ina theannta sin, d'oibríomar go seasta chun tionscnaimh nua a fhorbairt agus d'fhorbair ár mic léinn, an fhoireann teagaisc agus na baill foirne scileanna nua le bheith ag obair i gcomhthéacs éiginnte a bhíodh ag síorathrú. Ba dhúshlán casta é ranganna a chur sa chlár ama agus a sceidealú mar gheall ar threoirlínte sláinte poiblí agus cinntí an rialtais a bhí ag athrú. Chonaiceamar méadú 16% i gcéadroghanna CAO agus pointí do gach céim UCD, in ainneoin na rudaí seo a leanas: cur isteach ar an bpróiseas Ardteistiméireachta, cur chuige nua do ghráid ríofa agus éiginnteacht maidir le filleadh ar an gcampas. D'oibríomar go rathúil leis an Údarás um Ard-Oideachas chun áiteanna sa bhreis a chur ar fáil chun freastal ar an éileamh agus chonaiceamar méadú suntasach i líon na mac léinn a roghnaigh cúrsaí iarchéime múinte. Tháinig méadú faoi dhó ar líon na n-iarratasóirí ón AE, agus tugadh tacaíocht den scoth dóibh tríd an bpróiseas iarratais.

## Pleanáil Oibríochtaí do 2020/21

Mar gheall ar an tréimhse tosaigh de COVID-19 agus na ceachtanna a bhí le foghlaim ón eispéireas sin, bhí gá le cuir chuige nua i soláthar ár gcuid seirbhísí don fhoireann teagaisc agus do mhic léinn. Leanamar orainn ag comhtháthú seirbhísí lárnacha agus ag tacú le comhghleacaithe a bhí ag obair i dtimpeallacht oibre dhúilte. Tríd an nGrúpa Cianoibre agus an Grúpa Athoscailte Campais, tháinig baill foirne ó gach cearn den champas, ó oifigí Coláiste agus Scoile, Clárlann UCD, Seirbhísí Eastáit UCD, Rochtain agus Foghlaim ar feadh an tSaoil UCD, UCD Ar Fud na Cruinne, Seirbhísí TF UCD agus AD UCD, le chéile chun cuir chuige chuíchóirithe a sholáthar dár seirbhísí. Rinneamar uasghrádú ar bhonneagar croílíonra na hOllscoile chun líonraí ardluais atá níos athléimní, sábháilte agus inscálaithe a fhorbairt ar fud na hOllscoile agus chun cinntiú go seasfaidh ár líonra TF an aimsir maidir le fás inniúlachta agus éilimh ardluais. Thugamar isteach freisin feabhsuithe córais TF chun cabhrú le hearcaíocht do mhic léinn idirnáisiúnta a chuíchóiriú, chun spriocaimsiú earcaíochta feabhsaithe a chumasú agus chun uathoibriú sa bhreis a dhéanamh ar chumarsáid.

Agus sinn ag pleanáil don bhliain acadúil 2020/21 bhí riachtanais ár mac léinn atá ag leanúint ar aghaidh linn agus na mic léinn atá ag tosú linn ar ár n-intinn agus léiríodh é sin inár ngníomhaíochtaí. Chuir ár Seirbhísí Riaracháin eispéireas clárúcháin saoráideach ar fáil do bhreis agus 33,000 mac léinn agus bhí ardleibhéil sásaimh ag mic léinn mar thoradh air seo.

// Leanamar ar aghaidh lenár ngníomhaíochtaí earcaíochta mac léinn agus an chéad Lá Oscailte Fochéime Fíorúil UCD againn agus ardú 230% i líon na rannpháirtithe i gcomparáid leis an líon a ghlac páirt an bhliain roimhe sin //

## Ionduchtú agus Laethanta Oscailte

Bhí gá ann le hathdhearadh iomlán a dhéanamh ar Ionduchtú 2020 chun fáilte thraidisiúnta a chur roimh dhaoine i mbealach nua. Trí chomhoibriú i dteannta leis an bhfoireann lárnach ionduchtaithe, an fhoireann teagaisc, Aontas na Mac Léinn UCD agus aonaid tacaíochta, cruthaíodh suíomh gréasáin nua ar líne chomh maith le modúl fíorúil chun eolas, Fáilte fhíorúil an Uachtaráin agus áiseanna digiteacha idirghníomhacha a chur ar fáil do mhic léinn. Sa mhodúl fíorúil bhí eolas ar Thacaíocht TF, Ollscoil do Chách, Ionracas Acadúil, UCD Ar Fud na Cruinne agus Tacaíochtaí Staidéir. Bhí Clár an Bhreathnóra Ghníomhaigh UCD, 'Ní Ghlacann UCD le Mí-iompar Gnéasach' (UCD says No to Sexual Misconduct), mar phríomhchuid den mhodúl, clár atá ag iarradh cultúr a chothú nach bhfuil áit ar bith ann do bhulaíocht, foréigean gnéasach nó gnéaschiapadh. Thug thart ar sé mhíle mac léinn cuairt ar an ábhar. Bhí suirbhéanna agus quizeanna leabaithe ann chun aiseolas a fháil. Chomhlánaigh breis agus 3,000 mac léinn suirbhé an Bhreathnóra Ghníomhaigh in 2020. I bhfreagraí cáilíochtúla, dúirt a lán mac léinn gur cheap siad go raibh an t-ábhar iontach úsáideach agus lán d'eolas agus iad ag tosú amach ar an ollscoil. Cuireadh imeachtaí ionduchtaithe ar líne ar siúl do mhic léinn taighde iarchéime i mí Mheán Fómhair 2020 agus i mí Feabhra 2021. Ba é an chéad bhliain a cuireadh ionduchtú ar fud na hOllscoile ar fáil do na mic léinn taighde iarchéime a bhí ag clárú i Meán Fómhair agus Eanáir. Bhí an-suim ag mic léinn sna himeachtaí seo agus chláraigh thart ar 400 dóibh. Cuireadh modúl Brightspace ar fáil ar líne dóibh siúd nárbh fhéidir freastal nó do mhic léinn ar theastaigh uathu dul ar ais chuig an seisiún ionduchtaithe níos moille.

Leanamar ar aghaidh lenár ngníomhaíochtaí earcaíochta mac léinn agus an chéad Lá Oscailte Fochéime Fíorúil UCD againn agus ardú 230% i líon na rannpháirtithe i gcomparáid leis an líon a ghlac páirt an bhliain roimhe sin. Iarrachtaí comhoibríocha Earcaíocht Mac Léinn UCD agus Phobal níos leithne UCD ba chúis le rath an Lae Oscailte. Buíochas leis an Lá Oscailte Fochéime Fíorúil UCD 2021 bhí UCD in ann fairsinge na gclár iarchéime atá ar fáil a léiriú.

## Tacaíocht Airgeadais

Fuair UCD €777,018 ón Údarás um Ard-Oideachas chun tacú le mic léinn le linn COVID-19. Rinne Rochtain agus Foghlaim ar feadh an tSaoil UCD Scéim Ríomhaire Glúine Iasachta TFC an Údaráis um Ard-Oideachais a éascú agus dáileadh beagnach 500 ríomhaire glúine ar mhic léinn UCD incháilithe. Leithdháileadh cistiú breise ar Chiste Cúnaimh na Mac Léinn agus ardaíodh tairseacha ioncaim. Mar fhreagairt ar COVID-19 rinneamar ár sainseirbhísí a oiriúnú chun tacú le riachtanais choimpléascacha ár mac léinn Rochtana trí chóras ar líne a fhorbairt, áit a mbeadh mic léinn in ann bualadh isteach le haghaidh comhairle, ag baint úsáid as ardáin fhíorúla. Cuireadh malairt roghanna ar chaidrimh duine le duine ar fáil do mhic léinn, ríomhphoist, fón agus cruinnithe Zoom san áireamh. Chomh maith leis sin, forbraíodh Seirbhís Teiripe Saothair agus Tacaíochta Foghlama chianda chun tacaíocht duine le duine a chur ar fáil do mhic léinn atá faoi mhíchumas a raibh deacrachtaí acu leis an aistriú chuig coláiste agus/nó chuig cianfhoghlaim. Rinneadh infheistiú níos mó in uirlisí Teicneolaíochta Cúnta. Na mic léinn a raibh uirlisí nach féidir iad a sholáthar go cianda de dhíth orthu, cuireadh chuig a mbaile iad tríd an bpost agus/nó




Both nua chun ríomhairí glúine a thabhairt ar iasacht le húsáid ar fud an champais.

// Fuair 142 scoláire Chothrom na Féinne dámhachtainí i mbliana – 48 mac léinn tearmainn, 93 mac léinn fochéime agus 14 mhac léinn iarchéime. Fuair 8 mac léinn Rochtana UCD eile Sparánacht 1916 de chuid an Údaráis um Ard-Oideachas, agus bronnadh Scéim Deontais NUI le haghaidh Mic Léinn atá faoi Mhíchumas (Tiomnacht O'Brien) ar 46 //

socraíodh seirbhís bhailiúcháin ar champas (nuair a bhí sé sábháilte é sin a dhéanamh). Cuireadh traenáil duine le duine ar fáil ar líne trí Zoom agus cuireadh ábhair theagaisc bhreise le chéile. Rinne baill foirne Rochtana agus Foghlaim ar feadh an tSaoil UCD seisiúin staidéir ar líne a éascú do mhic léinn chun go mbeidís in ann na scileanna riachtanacha a fháil le go n-éireofaí leis an teicneolaíocht. Fuair 142 scoláire Chothrom na Féinne dámhachtainí i mbliana – 48 mac léinn tearmainn, 93 mac léinn fochéime agus 14 mhac léinn iarchéime. Fuair 8 mac léinn Rochtana UCD eile Sparánacht 1916 de chuid an Údaráis um Ard-Oideachas, agus bronnadh Scéim Deontais NUI le haghaidh Mic Léinn atá faoi Mhíchumas (Tiomnacht O'Brien) ar 46.

Chabhraigh Comhairleoirí Mac Léinn le dhá oiread níos mó mic léinn a bhí ag lorg tacaíocht airgeadais ná 2019/20, trí Chiste Cúnaimh na Mac Léinn agus Ciste Folláine na Mac Léinn araon. Fuair beagnach 800 mac léinn cistiú ó Chiste Tacaíochta na Mac Léinn, an ciste atá dírithe ar na mic léinn sin a thagann ó theaghlaigh ar ioncam íseal. Tugann Ciste Tacaíochta na Mac Léinn tacaíocht freisin do mhic léinn pháirtaimseartha agus do thuismitheoirí aonair. Fuair 84 tuismitheoir aonair agus mac léinn páirtaimseartha san iomlán tacaíocht airgeadais, rud a d'fhág go raibh siad in ann leanúint lena gcuid staidéir.

Dháileamar thart ar €7.75 milliún de chistiú ón Údarás um Ard-Oideachas ar 616 iarchéime taighde le tacaíocht a thabhairt dóibh mar gheall ar an gcur isteach ar a gcuid staidéir. Fuair gach mac léinn ar an meán €6,000 chun íoc as síneadh ceithre mhí lena gcuid taighde. Meaitseáladh é seo le síneadh ráithe gan táille do chlárúchán.

## Ár gCláir a chur i gCrích

Lean ár bhfoireann teagaisc ar aghaidh ag obair ar chuir chuige nua don teagasc agus don dhearadh curaclaim a fhorbairt chun tacú le foghlaim a cuid mac léinn. Chomh maith leis sin, tugadh isteach áiseanna agus seimineáir ghréasáin shaincheaptha chun tacú leis an bhfoireann teagaisc a cuid scileanna i réimsí éagsúla den teagasc, foghlaim agus measúnú ar líne a fhorbairt go tapa. Chláraigh 1,093 do na seimineáir ghréasáin seo; cuireadh taifeadtaí de na seimineáir ghréasáin agus áiseanna céim ar chéim ar fáil ar shuíomh gréasáin Teagaisc agus Foghlama UCD. Tháinig ár líonra trasinstitiúideach de theicneolaithe oideachasúla le chéile gach coicís chun smaointe cleachtais a roinnt, réitigh ar líne a fhorbairt don fhoireann teagaisc maidir le hábhar a sholáthar agus a chur i láthair, tacú leis na próisis mheasúnaithe ar líne agus iad a struchtúrú agus tacú le tionscnaimh níos forleithne amhail treoirlínte Sheomra Ranga Fíorúil UCD a fhorbairt.

Chuireamar sceideal cuimsitheach cianmheasúnaithe i gcrích, ach amháin maidir le roinnt modúl cliniciúil, a tugadh duine le duine de réir threoirlínte an rialtais ag an am. Cuireadh comhairle agus treoir ar scrúduithe a dhéanamh ar líne agus ullmhúchán a dhéanamh dóibh ar fáil do mhic léinn ar leathanach gréasáin tiomnaithe ar an Measúnú, ar shuíomh gréasáin Chlárlann CÓBAC. Thacaigh Measúnú UCD leis an bhfoireann teagaisc leis na tuarascálacha measúnaithe nua a úsáid, chomh maith le próiseas faofa grád nua, agus fuair mic léinn a gcuid torthaí de réir na dtreoirlíne foilsithe. Tugadh faoi threoirthionscadal ríomhphrócadóireachta i gcomhthéacs na srianta ar scrúduithe a dhéanamh mar a rinneadh roimhe, chun cothromas, cothroime agus slándáil phróiseas measúnaithe UCD a chinntiú. Baineadh úsáid as réiteach ríomhphrócadóireachta 'Déan Taifead agus Amharc Siar' do 719 suí scrúdaithe thar raon sé mhodúl éagsúla go dtí seo, agus foghlaim shuntasach déanta trí aiseolas ón bhfoireann teagaisc, na baill foirne agus na mic léinn a raibh baint acu leis.

Ar feadh phaindéim COVID-19, chuir Líonra Gairmeacha UCD imeachtaí agus seirbhísí ar fáil ar líne agus chuir sé feabhas breise ar an soláthar trí chur i bhfeidhm Ionad Gairmeacha nua fíorúil i gcomhpháirt le Abintegro Ltd. 'Mo Ghairm' (My Career) a thugtar air seo ag UCD, agus déantar rochtain ar thacaíochtaí gairme atá ar fáil go fíorúil anois seacht lá na seachtaine, an bhliain ar fad, a chothromú mar gheall ar thabhairt isteach an ardáin chuimsithigh seo d'eolas, uirlisí, comhairle agus foghlaim. Cé go bhfuil seo fós ina thús, is ábhar misnigh é an líon mac léinn atá ag baint úsáid as, agus 16,375 logáil isteach cláraithe agus 29,290 gníomhaíocht comhlánaithe ar líne. Tá áthas orm a thuairisciú gur tugadh aitheantas náisiúnta agus idirnáisiúnta do Líonra Gairmeacha UCD i mbliana, nuair a bhain siad an chéad áit amach i nGradaim Sármhaitheasa in Infhostaitheacht de chuid Chumann na Seirbhísí Gairmeacha san Ard-Oideachas don tSeachtain um Thionchar Sóisialta, agus ó Association of Graduate Careers Advisory Services (AGCAS) an RA nuair a bhuaigh duine den fhoireann Gradam an tSár-Núíosaigh. Chuir an fhoireann próiseas piar-athbhreithnithe cáilíochta i gcrích chun a ballraíocht AGCAS a choinneáil. Chuir baill na foirne go mór freisin leis an bpríomháit a bheith ag UCD fós in Éirinn, de réir QS Graduate Employability Rankings.

Cé gur leanadh leis na srianta in aghaidh COVID-19, bhí an Leabharlann oscailte do mhic léinn, don fhoireann teagaisc agus do na baill foirne ar feadh 2020/21. B'éigean don Leabharlann dul in oiriúint go tapa d'athruithe mar gheall ar COVID-19, agus rinneadh cuir chuige nuálaíocha a fhorbairt trí sheirbhís um thagairt fhíorúil a thabhairt isteach, 'Deais Leabharlainne' a bhunú a léiríonn an fáil fíor-ama atá ar ríomhairí glúine agus ar shuíocháin, leibhéil áitíochta a ardú, agus áirithintí suíochán ar líne a bhainistiú chun tacú le spásanna staidéir sa bhreis nach spásanna sa leabharlann iad ar fud an champais.

Chuireamar tús le comhairliúchán ar fud na hOllscoile chun *Straitéis um Oideachas agus Rath na Mac Léinn 2021-25* nua a fhorbairt. D'fhorbair comhghleacaithe ó Rúnaíocht na hOllscoile cuir chuige nua chun ceardlanna a chomhordú le cinntiú go raibh tionchar ag mic léinn, ag an bhfoireann teagaisc agus ag na baill foirne ar fud phobal na hOllscoile ar an straitéis.

## An Pobal a Nascadh le Chéile

Mar gheall ar COVID-19 ní raibh roinnt mhaith dár gcumainn agus cumainn spóirt in ann filleadh ar thraenáil, cleachtadh, comórtais nó imeachtaí i rith na bliana acadúla 2020/21 ach ní dheachaigh sé seo i bhfeidhm, áfach, ar a dtiomantas bheith i dteagmháil lena mbaill agus leis an bpobal. Chruthaigh na cumainn agus na cumainn spóirt a gcuid imeachtaí fíorúla saincheaptha féin, le tacaíocht ó fhoireann

Sheirbhísí Mac Léinn UCD, agus mar thoradh air seo reáchtáladh 650 imeacht ar líne do mhic léinn ó mhí Mheán Fómhair go mí na Nollag 2020, gan trácht ar an gcuid eile den bhliain. Bhí réimse leathan imeachtaí ina measc, idir cheardlanna d'oifigigh na gcumann spóirt agus breis agus 400 ball ag freastal ar dheiseanna traenála agus forbartha, agus dhíospóireachtaí fíorúla beo leis an gcumann Liteartha agus Staire. Rinne Pictiúrlann UCD a saothar a oiriúnú trí dhul i bpáirt leis an tseirbhís síntiúis scannáin ar líne Mubi, rud a thug rochtain saor in aisce do mhic léinn ar scannáin éagsúla ealaíne agus chultúrtha ó gach cearn den domhan.

// Chruthaigh na cumainn agus na cumainn spóirt a gcuid imeachtaí fíorúla saincheaptha féin, le tacaíocht ó fhoireann Sheirbhísí Mac Léinn UCD, agus mar thoradh air seo reáchtáladh 650 imeacht ar líne do mhic léinn ó mhí Mheán Fómhair go mí na Nollag 2020 //

Lean baill de Chumann Spóirt UCD ar aghaidh ag bailiú airgid agus ag obair go deonach chun tionchar dearfach a imirt ar an bpobal. Bailíodh breis agus €37,000 do go leor carthanachtaí ar fud na tíre, lena n-áirítear Ailse Cíche na hÉireann, Cumann Ailse na hÉireann agus Fondúireacht Ospidéal na Leanaí, Sráid an Teampaill. Anuas air sin, thacaigh Seirbhísí Mac Léinn UCD i gcomhar le UCD Sláintiúil agus Naomh Uinseann de Pól UCD le 1,206 mac léinn ó Éirinn agus ó 12 thír eile Dúshlán UCD100 a dhéanamh ar líne, rud a bhailigh €23,115 do Naomh Uinseann de Pól (craobh Cumainn UCD) thar an 30 lá.

D'oibrigh pobal UCD go dian chun eispéireas na mac léinn ar champas agus soláthar an churaclaim ar líne a fheabhsú, mar atá léirithe ag rannphháirtíocht na mac léinn agus an réimse de thacaíochtaí a cuireadh ar fáil. Tá a lán acmhainní caite ag UCD ar sheasmhacht a chinntiú maidir le heispéiris churaclaim agus mheasúnaithe na mac léinn, agus ar thacaíochtaí dírithe a chur ar fáil don fhoireann teagaisc chun tacú leis an dteagasc ar líne. Léiríodh inár dtuarascálacha institiúide a d'fhiosraigh dearcadh na mac léinn le linn na bliana, go raibh lán rannphairtíochta ann ó na mic léinn agus ón bhfoireann teagaisc leis na tacaíochtaí a bhí ar fáil i gcomhthéacs an teagaisc agus na foghlama. D'éirigh go geal le formhór na mac léinn sna measúnuithe agus cúinsí thar a bheith deacair ann. Is léiriú é seo ar a gcuid oibre crua féin agus ar thiomantas gach ball den phobal UCD atá an-díograiseach ar fad agus iad ag déanamh cinnte go mbíonn eispéireas dearfach agus tairbheach ag na mic léinn.

Ní bheadh na héachtaí seo indéanta murach tiomantas, comhghleacaíocht agus dearcadh dearfach na foirne. Bhí dúshláin ann dúinn i mbliana, ach chomh maith céanna, thug an bhliain léiriú dúinn féin mar phobal, lenár bhfreagairtí, lenár dtiomantas agus lenár nuálaíocht le dul i ngleic le bliain acadúil dhúshlánach. Mar gheall ar ghiorracht na tuarascála seo, ní féidir liom cur síos a dhéanamh ar gach rud a rinneadh, ach is féidir liom blaisín a thabhairt ar na héachtaí suntasacha ar féidir linn a bheith an-bhródúil ar fad astu.



**An tOllamh Mark Rogers**
Cláraitheoir agus Leas-Uachtarán




Sa phictiúr (ó chlé go deas) ag bronnadh an tseic ar SVP tá Jason Masterson, Ceann Sheirbhísí na Mac Léinn UCD; Ceolan Mc Mullin, Iniúchóir, SVPUCD; Brian Mullins, UCD Sláintiúil; Maria Heffernan, UCD Sláintiúil; agus Dominic O'Keeffe, Stiúrthóir Sheirbhísí na Mac Léinn UCD.

## Meas a Léiriú ar Rannphháirtíocht, Páirtnéireacht agus Folláine na Mac Léinn

### Tacaíocht Faoi Stiúir na Mac Léinn le linn COVID-19

**Piarmheantóirí**

I rith na paindéime, bhí ról lárnach ag Ceannairí Rochtana UCD i gcabhrú le mic léinn fanacht i dteagmháil leis an Ollscoil agus lena gcomhpháirtithe. Sholáthair Ochtó Ceannaire Rochtana réimse leathan gníomhaíochtaí fíorúla lena n-áirítear 'Clár na nAmbasadóirí Digiteacha' a thug tacaíocht do mhic léinn maidir le scileanna litearthachta digití; 'Gach Duine Le Chéile' (All in Common), a bhí faoi stiúir mac léinn sa dara bliain agus a thóg mic léinn na chéad bhliana le chéile le haghaidh seisiún staidéir seachtainiúil bunaithe ar chláir, agus 'Do Chathaoir a Aimsiú' (Finding your Seat) – sraith físeán a d'fhorbair Ceannairí Rochtana chun cuidiú le mic léinn nua ullmhú chun filleadh ar an gcampas.

Bí ról lárnach ag piarmheantóirí a earcaíodh ó gach réimse cláir go bliantúil mar oibrithe deonacha le cuidiú le mic léinn na chéad bhliana cur fúthu i saol an champais, go háirithe le linn an ionduchtaithe. I ngnáthbhlianta cuireadh turais duine le duine thart ar an gcampas ar fáil. In 2020, le tacaíocht ó Earcaíocht Mac Léinn UCD, bhí piarmheantóirí in ann turais fhíorúla thart ar an gcampas a thairiscint agus ionsamhlúchán físe ard-dílseachta in úsáid acu. Ní hamháin gur chuir sé seo deis ar fáil do mhic léinn nua foghlaim faoi leagan amach agus feidhm an champais ach ba idirghníomhú tábhachtach grúpa é freisin a thug deis do mhic léinn aithne a chur ar a chéile agus cairdis a chothú roimh thús na foghlama. Bhí mic léinn in ann tacaíocht a fháil ó na piarmheantóirí i rith na bliana.

**Clár Ambasadóirí na Mac Léinn**

Lean Ambasadóirí Mac Léinn UCD orthu ag obair i rith na bliana agus chuir siad go mór leis na hardáin dhigiteacha éagsúla agus le codanna d'fheachtais earcaíochta UCD. Ba phríomhchuid den chlár é Turas Fíorúil UCD, a seoladh in am d'Ionduchtú mhí Mheán Fómhair 2020, agus bhain na hAmbasadóirí Mac Léinn úsáid as an ardán digiteach seo chun turais thart ar an gcampas agus tacaíocht ionduchtaithe a thabhairt d'fhochéimithe sa chéad bhliain agus do mhic léinn iarchéime mhúinte agus taighde.

Bhí na hAmbasadóirí páirteach i ngach mórimeacht earcaíochta a cuireadh ar fáil go fíorúil, lena n-áirítear Higher Options, Laethanta Oscailte na bhFochéimithe agus na nIarchéimithe, an Scoil Samhraidh agus imeachtaí iompaithe eile. Chabhraigh siad le ceisteanna a bhí ag mic léinn ionchasacha agus chuir siad eispéireas UCD i láthair. Lean siad leo freisin ar ardán Unibuddy UCD sa dóigh is go dtiocfadh le teagmháil agus comhráite a bheith ann idir comhpháirtithe thar gach réimse cláir le linn na bliana.

### Meas a Léiriú ar Ghuth na Mac Léinn


Tháinig tionscnaimh chun cinn mar gheall ar athbhreithniú i gcomhar le hAontas na Mac Léinn UCD ar ionadaíocht mac léinn, agus iad dírithe ar thacaíocht a thabhairt d'ionadaithe mac léinn le dul i ngleic lena róil go héifeachtach, agus ar a gcuid rannpháirtíochta i gcinnteoireacht na hOllscoile a neartú. Mar chuid den tionscnamh seo, tugadh isteach clár ionduchtaithe nua d'oifigigh shabóideacha Aontas na Mac Léinn i mí an Mheithimh. Tugtar comhairle phraiticiúil mhaith ann do bhaill mac léinn ar choistí ollscoile le cinntiú go mbeidh éifeacht ag guth na mac léinn.

### Córas Nua le haghaidh Achomhairc Aonair

Seoladh Nós Imeachta nua le haghaidh Achomhairc Mac Léinn i mí Mheán Fómhair trí Rannpháirtíocht, Iompar, Gearáin agus Achomhairc na Mac Léinn UCD. Cuireann sé próiseas aonair a bhfuil fáil air in áit do mhic léinn chun achomhairc fhoirmiúla a chur isteach in éadan réimse de chinntí Ollscoile.

### Comhairle do Mhic Léinn

I mí an Mhárta, ghníomhaigh Comhairleoirí Mac Léinn UCD go tapa chun a gcuid seirbhísí a chur ar fáil go fíorúil do mhic léinn. Sna laethanta agus seachtainí ag tús na chéad dianghlasála, bhí eolas agus tacaíocht de dhíth




Ranganna Aclaíochta Beoshrutha: Rang beo le Teagascóir Spóirt agus Aclaíochta UCD dár mbaill ar mic léinn iad, Aibreán 2021.

ar mhic léinn chun ceisteanna maidir lena gcuid staidéar a fhreagairt. Treoraíodh mic léinn chuig na tacaíochtaí ábhartha airgeadais chun trealamh a cheannach sa dóigh is go dtiocfadh leo leanúint lena gcuid staidéar agus coinneáil suas lena gcomhghleacaithe. De réir mar a lean an phaindéim ar aghaidh, bhí tacaíocht mhothúchánach agus shóisialta de dhíth ar na mic léinn freisin, chomh maith le tacaíocht airgeadais. Tháinig méadú ar an uaigneas agus ar an scoiteacht i measc na mac léinn sa tréimhse seo. Mar fhreagairt air seo, d'eagraigh Comhairleoirí Mac Léinn UCD teacht le chéile ranganna fíorúla, maidineacha caife fíorúla agus seisiúin fhíorúla 'buail isteach'. Bhí tóir ar mhaidineacha caife rialta a bhí eagraithe ag an gComhairleoir Mac Léinn Taighde Iarchéime, agus léirigh sonraí a bailíodh ag deireadh na bliana acadúla go raibh ardleibhéil sástachta ann maidir leis an tseirbhís a chuir aonad Comhairleachta Mac Léinn UCD ar fáil le linn na paindéime.

### Sláinte, Folláine agus Tacaíocht Mhéala

Lean foirne Comhairleoireachta agus Sláinte UCD ag obair go fíorúil agus ar an gcampas le linn na paindéime. Bhain siad leas as cistiú breise an Údaráis um Ard-Oideachas chun soláthar seirbhíse a mhéadú, lena n-áirítear méadú ar líon na mball foirne comhairliúcháin, méadú ar sholáthar páirtnéirí seachtracha comhairliúcháin agus méadú pleanáilte ar acmhainní leighis tar éis d'iomlán na mac léinn filleadh ar an gcampas. Bhí ról ríthábhachtach acu ag tabhairt tacaíocht do na mic léinn a bhí ina gcónaí sa bhaile agus ar an gcampas maidir le timpeallacht foghlama agus teagaisc shábháilte a choinneáil do chách.

Thacaigh Aonad Séiplíneachta UCD le folláine spioradálta ár mac léinn i bhfoirm gníomhaíochtaí ar líne agus ar an gcampas. Reáchtáladh seisiúin 'Siúil agus Labhair', scaradh sóisialta i bhfeidhm, nuair a bhí siad ceadaithe faoi na treoirlínte, bunaíodh balla urnaí ilchreidmheach ar líne, eagraíodh maidineacha caife fíorúla seachtainiúla, agus suiteáladh ceamara beoshruthach do leantóirí Aifrinn i measc na mac léinn, na foirne teagaisc, na mball foirne agus an phobail. Cuireadh tús le clár comhairleoireachta méala dóibh siúd a raibh cumha agus bás acu laistigh dá dteaghlach. B'ábhar mór suaimhneas é an clár nuair a chuaigh próiseas an bhróin in olcas mar gheall ar an leithlisiú agus an uaigneas a bhain le srianta COVID-19.

### Rochtain Fíorúil ar an Spórt agus Aclaíocht agus an Mol Folláine Nua

D'aistrigh Spórt agus Aclaíocht UCD go soláthar ar line agus chuir siad sraith de Ranganna Aclaíochta Fíorúla Beo ar fáil a raibh an-tóir orthu. Chláraigh breis agus 2,300 mac léinn leis na ranganna. Anuas air sin, bunaíodh Mol Folláine, agus bhí baill mac léinn in ann ranganna aclaíochta a dhéanamh agus úsáid a bhaint as áiseanna a bhain le folláin agus le sláinte mheabhrach nuair a ba mhian leo óna mbaile sábháilte compordach féin. Bhain breis agus 10,000 mac léinn úsáid as an Mol, rud a thug seans dóibh aclaíocht a dhéanamh agus teacht ar áiseanna sa bhreis amhail oidis shláintiúla, ábhair aireachais agus podchraoltaí ag an am ab oiriúnaí dá gclár ama staidéir.

### Tuairisciú Anaithnid

Aithníodh an gá le baill de Phobal na hOllscoile cásanna de bhulaíocht, ciapadh agus mí-iompar gnéasach a thuairisciú go hanaithnid agus go foirmeálta freisin trí obair an Ghrúpa Deireadh a Chur le Ciapadh agus Foréigean Gnéasach san Oideachas Tríú Leibhéal agus d'éirigh thar barr le seoladh an chórais tuairiscithe *Déan Tuairisc agus Tabhair Tacaíocht (Report and Support)* de chuid UCD in 2020. Tá an Ollscoil ag baint úsáid as na sonraí anaithnide chun gníomhaíochtaí agus tionscnaimh a chur i bhfeidhm maidir le feasacht a mhéadú agus bac a chur ar chásanna as seo amach, agus in 2021 bhí sí ar an gcéad Ollscoil in Éirinn leis na sonraí seo a fhoilsiú. D'oibrigh an fhoireann um Rannpháirtíocht, Iompar, Gearáin agus Achomhairc na Mac Léinn UCD mar chomhpháirtí i dtionscadal earnála trasinstitiúid chun uirlis atá cosúil leis a fhorbairt le bheith in úsáid in institiúidí eile, uirlis ar a dtugtar 'Speak Out'.

## Feabhas a chur chun cinn sa Teagasc agus Foghlaim

### Gradaim Teagaisc agus Foghlama na hOllscoile

D'fhreagair mic léinn UCD go díograiseach do ghairm a cuireadh amach d'ainmniúcháin do Ghradaim Teagaisc agus Foghlama UCD 2019/20 agus chuir siad 2,867 ainmniúchán isteach. Léirigh go leor mac léinn buíochas don tacaíocht bhreise a fuair siad mar gheall ar an bpaindéim ina n-ainmniúcháin. Is léiriú líon agus ábhar na n-ainmniúchán ar an éacht iontach ata bainte amach ag foireann teagaisc agus baill foirne UCD agus tionchar chomh dearfach sin acu ar bheatha go leor daoine. Comhghairdeas as éachtaí iontacha bhuaiteoirí Teagaisc agus Foghlama UCD 2019/20:

**Barr Feabhais Teagaisc**

- An Dr Anthony Cronin, Scoil na Matamaitice agus na Staitisticí UCD
- An Dr Sarah Fulham-McQuillan, Scoil Dlí Sutherland UCD
- An Dr Melinda Halasz, Scoil an Leighis UCD
- An Dr Olive Lennon, Scoil na Sláinte Poiblí, Fisiteiripe agus na hEolaíochta Spóirt UCD
- Ms Marion Maher, Scoil an Leighis UCD
- An Dr Deirdre McGillicuddy, Scoil an Oideachais UCD
- An Dr Neal Murphy, Scoil na hInnealtóireachta Meicniúla agus Ábhar UCD
- An Dr Mark Pickering, Scoil an Leighis UCD
- An Dr Catherine Redmond, Scoil an Altranais, an Chnáimhseachais agus na gCóras Sláinte UCD
- An tUas. Emmett Scanlon, Scoil na hAiltireachta, na Pleanála agus an Pholasaí Comhshaoil UCD

**Buaiteoir Éacht Thar na Bearta d'Fhoghlaim Mac Léinn**

- An Dr Lisa Padden, Rochtain agus Foghlaim ar feadh an tSaoil UCD

**Buaiteoirí Foirne**

- Foireann Dhearadh Ailtireachta VII 'Open Heart City'
- Ionad um Shábháilteacht agus Sláinte san Áit Oibre UCD

### Comhaltachtaí don Teagasc agus Forbairt Acadúil UCD

Tá a gcuid oibre críochnaithe ag dhá fhoireann Comhaltachta taighde a bunaíodh in 2018 chun taighde a dhéanamh ar na téamaí 'Teagasc agus Foghlaim Thar Chultúir' agus 'Dearadh don Fhoghlaim sa Timpeallacht Foghlama Fhíorúil'. I measc na dtorthaí óna gcuid oibre tá 'Uirlis don Fhoghlaim agus Teagasc Idirchultúrtha 101' ina bhfuil seacht gceist athmhachnamhacha le deiseanna foghlama idirchultúrtha a dhaingniú agus creatlach chun forbairt scileanna meiteachognaíocha na mac léinn a chur chun cinn trí Brightspace. Scaipfear na torthaí ar fud UCD agus tá siad ar fáil ar shuíomh gréasáin Teagaisc agus Foghlama UCD.

### Gradaim UCD do Bharr Feabhais sa Stiúrthóireacht Dochtúireachta

I mbliana, mar gheall ar an líon mór ainmniúchán agus caighdeán na n-aighneachtaí a fuarthas, fuair beirt chomhalta den fhoireann teagaisc, an tOllamh Eilish McAuliffe, Scoil an Altranais, an Chnáimhseachais agus an gCóras Sláinte UCD agus an tOllamh Benjamin Cowan, Scoil an Léinn Eolais agus Cumarsáide 'Gradam an Déin do Bharr Feabhais sa Stiúrthóireacht Dochtúireachta'.



Reáchtáil Teagasc agus Foghlaim UCD Comhdháil Foghlama Idirchultúrtha i mí na Bealtaine.

## Siompóisiam ar an bhFoghlaim Idirchultúrtha, Teagasc agus Foghlaim UCD

Reáchtáladh an cúigiú Siompóisiam bliantúil de chuid Teagaisc agus Foghlama UCD ar líne den chéad uair. Deis iontach a bhí ann le taighde, saineolas idirnáisiúnta agus eispéireas roinnte comhghleacaithe a thabhairt le chéile maidir leis an téama 'Foghlaim Idirchultúrtha'. Tugadh an spreagaitheasc beo ó Florida International University. Tháinig saineolaithe UCD agus idirnáisiúnta le chéile chun díriú ar fhoghlaim idirchultúrtha in UCD, chun foghlaim idirchultúrtha a mhíniú, agus chun cur síos a dhéanamh ar fhéiniúlacht chultúrtha agus éagsúlacht, ar an bhfáth a bhfuil tábhacht ag baint leo san oideachas agus ar an dóigh ar féidir le mic léinn leas a bhaint as foghlaim idirchultúrtha.

## An tSraith Foghlaim Feabhsaithe ag an Teicneolaíocht do Chách (TEL ALL)

Eagraítear an tsraith TEL All ag Teagasc agus Foghlaim UCD agus Seirbhísí TF UCD i gcomhpháirt le Ceannairí Coláistí agus Scoileanna Teagaisc agus Foghlama UCD agus Líonra Comhairleach na Teicneolaíochta Oideachasúla. Ba é téama na himeachta 2021 ná *Foghlaim Feabhsaithe ag Teicneolaíocht do Chách: Léargas trí Bhreathnú Siar* a bhí dírithe ar dheis a chur ar fáil do bhaill foirne teagaisc ar fud UCD a n-eispéireas teagaisc agus measúnaithe ar líne a roinnt. Ina theannta sin, cuireadh painéal mac léinn a roinn a n-eispéireas foghlama ar líne san áireamh.

## Seimineáir Ghréasáin TEL ALL

Bhí Seimineár Gréasáin 'TEL All' na bliana seo dírithe ar chúnamh a thabhairt don fhoireann teagaisc a modúil chumaisc agus ar líne don ráithe atá romhainn a ullmhú agus cur leis na tairiscintí a bhaineann leo ó Sheirbhísí TF UCD agus Teagasc agus Foghlaim UCD. Tugadh na seisiúin seo ag Teicneolaithe Oideachasúla Scoilbhunaithe a roinn a saineolas oideolaíoch agus teicneolaíoch. Cuireadh comhairle phraiticiúil ar fáil sna Seimineáir Ghréasáin ag am lóin seo agus baineadh úsáid as cásanna ó Theicneolaithe Oideachasúla.

## Seomra Ranga Fíorúil

I ndiaidh athbhreithniú a dhéanamh ar an tseirbhís Seomra Ranga le haghaidh teagaisc, roghnaíodh Zoom mar sholáthróir don bhliain acadúil 2021/22. Bhí Zoom lánchomhtháite le Brightspace, agus tá Seirbhísí TF UCD ag leanúint d'acmhainní teagaisc agus tacaíocht foghlama nuashonraithe, chomh maith le ceardlanna 'Zoom for Teaching', a thairiscint. Déantar cuntas Zoom a sholáthar do na mic léinn ar fad, rud a ligeann dóibh freastal ar léachtaí ar líne agus comhoibriú le piaraí. Uirlis inrochtaineachta ábhair atá in Ally, a seoladh i mí an Márta, a chabhraíonn le timpeallacht foghlama níos cuimsithí a thógáil agus eispéireas an mhic léinn a fheabhsú ach cuidiú a thabhairt do mhic léinn rialú iomlán a ghlacadh ar ábhar an chúrsa maidir le hinúsáidteacht, inrochtaineacht agus cáilíocht. Beidh Ally mar chuidiú le cuspóir na hOllscoile i dtaca le hOllscoil do Chách chomh maith leis na prionsabail maidir le Dearadh Uilíoch don teagasc agus foghlaim, ag cur roghanna malartacha ar fáil do na mic léinn chun a gcuid ábhar foghlama a fháil.

## Tionscnamh Nua maidir le Comhairle Acadúil

Tá rochtain ag mic léinn UCD ar réimse seirbhísí comhairle agus tacaíochta. D'ainneoin sin, d'aithníomar bearna i bpolasaí maidir le soláthar comhairle acadúil ar bhonn foirmiúil. Bunaíodh an tionscnamh seo chun creat institiúideach a fhorbairt le haghaidh comhairle acadúil a chur ar fáil i gcomhar le mic léinn agus i gcomhairle leis an bpobal níos leithne UCD. Táthar ag súil le go mbeidh an creat sách solúbtha le forbairt córas comhairle acadúla saincheaptha in UCD a éascú, agus comhthéacsanna comhairle,

cohóirt mac léinn agus riachtanais smachta éagsúla á léiriú. Tar éis iarratas a rinne Foghlaim agus Teagasc UCD, tá an tionscnamh cistithe ag €475,000 ón Údarás um Ard-Oideachas tríd an bhFóram Náisiúnta um Fheabhsú Múinteoireachta agus Foghlama.

### Forbairt Ghairmiúil sa Teagasc Ollscoile

Tá méadú ag teacht ar líon bhaill foirne teagaisc UCD atá ag clárú le Cláir Teagaisc agus Foghlama Ollscoile UCD chun forbairt a dhéanamh ar a gcuid teagaisc. Tá trí chlár chreidiúnaithe ar fáil, rud a ligeann do rannpháirtithe clár a roghnú atá oiriúnach dóibh ag brath ar na dualgais oibre agus phearsanta atá acu. In 2020/21 aistríodh na cláir ar líne agus tugadh tacaíocht agus forbairt an-tábhachtach don fhoireann teagaisc maidir le teagasc, foghlaim agus measúnú éifeachtach ar líne a dhearadh. Bhí 69 céimí ann ó na Cláir Ghairmiúla i mbliana.

## Eispéireas na Mac Léinn Iarchéime a Fheabhsú

### Tacaíocht agus Forbairt le haghaidh Stiúrthóirí Taighde


Bogadh an clár um Thacaíocht agus Forbairt le haghaidh Stiúrthóirí Taighde ar line i mbliana; chuir UCD seacht gceardlann ar fáil agus chuir Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath agus Coláiste Ríoga na Máinlia in Éirinn ceardlanna breise ar fáil freisin. I measc na dtopaicí a clúdaíodh bhí bunphrionsabail na stiúrthóireachta taighde, an t-iarrthóir 'ceart' a mhealladh agus do bhealach a dhéanamh trí stíleanna agus ceannaireacht sa stiúrthóireacht. Ghlac 367 stiúrthóir páirt sa chlár, bhí 52 ar an meán ag gach ceardlann, agus breis agus 90 ag roinnt seisiún, agus bhain 18 stiúrthóir deimhniúchán amach. I measc na n-aoichainteoirí bhí an tOllamh Bob Harris, Leas-Uachtarán Acadúil ar Oideachas Dochtúireachta ag Karolinska Institute agus Hugh Kearns, Ollscoil Flinders, atá ina cheannaire sa réimse forbartha mac léinn agus stiúrthóra.

### Forbairt Scileanna le haghaidh Mac Léinn Taighde Dochtúireachta

Tháinig méadú ar líon na gceardlann ar líne ar Scileanna Inaistrithe do mhic léinn taighde iarchéime i mbliana. Tá réimse níos leithne de thopaicí clúdaithe sna ceardlanna anois, lena n-áirítear PhD@UCD, bainistíocht tionscadail, tráchtas a scríobh, comhoibriú le do stiúrthóir, folláine agus an dóigh le gach aon tairbhe a bhaint as do phlean um thaighde agus um fhorbairt ghairmiúil.

Cuireadh an Grodchúrsa Tráchtais, dian-tionscnamh 3 lá ar an dóigh le tráchtas a scríobh, ar fáil trí huaire i mbliana. Go dtí seo, ghlac breis agus 100 mac léinn dochtúireachta páirt sa tionscadal, a d'fhorbair an Dr Peta Freestone, Ollscoil Napier.



// Seoladh suíomh gréasáin nua le haghaidh Staidéir Iarchéime UCD ag tús 2021, agus eispéireas úsáideora de chuid céimithe, stiúrthóirí agus baill foirne gairmiúla chun tosaigh. Tá gnéithe áirithe ar an suíomh gréasáin amhail treochlár mic léinn taighde agus tairseacha faisnéise tiomnaithe do pháirtithe leasmhara ar céimithe iad in UCD agus lasmuigh de //

Mar chuid dár dtiomantas do mhic léinn taighde, spreagadh iad lena dtaighde a chur i láthair i 'Thesis in 3' agus 'Visualise Your Thesis'. Cuireadh isteach líon iarratas ar an gcomórtas 'Thesis in 3' i mbliana nach bhfacthas roimhe agus bhain an buaiteoir áit amach sa chomórtas domhanda F21.

### Mic Léinn Taighde Iarchéime – Ceangail a Chothú i rith Covid-19

Tugadh isteach tionscnaimh chun tacú le mic léinn, nuachtlitreacha míosúla ón Déan Staidéir Iarchéime UCD agus 'Seisiúin ceisteanna agus freagraí leis an Déan' ina measc. Ghlac Staidéir Iarchéime UCD páirt freisin in Aointe Cois Tine faoi stiúir Líonra Gairmeacha UCD, agus rinneadh plé ar ábhair ina raibh suim ar leith, amhail úsáid éifeachtach a bhaint as an bplean um thaighde agus um fhorbairt ghairmiúil.

### Suíomh Gréasáin Nua na Staidéar Iarchéime

Seoladh suíomh gréasáin nua le haghaidh Staidéir Iarchéime UCD ag tús 2021, agus eispéireas úsáideora de chuid céimithe, stiúrthóirí agus baill foirne gairmiúla chun tosaigh. Tá gnéithe áirithe ar an suíomh gréasáin amhail treochlár mic léinn taighde agus tairseacha faisnéise tiomnaithe do pháirtithe leasmhara ar céimithe iad in UCD agus lasmuigh de.

### Bord um Rialachas Taighde Iarchéime Nua

Tháinig Bord um Rialachas Taighde Iarchéime i bhfeidhm i Meán Fómhair 2020 mar thoradh ar an gcinneadh ón gComhairle Acadúil, i Feabhra 2020, rialachas na gclár taighde iarchéime san Ollscoil a chomhdhlúthú. Ar chúraimí an Bhoird tá rialachas ar chláir, dearbhú cáilíochta, bainistíocht chinntí na mac léinn agus straitéis a fhorbairt maidir le clár taighde iarchéime in UCD. Beidh ionadaithe ó na Coláistí agus ó chuallacht na mac léinn ina gcomhaltaí den Bhord. Thosaigh an Bord agus an fhoireann tacaíochta a bhaineann leis ag feidhmiú le linn na paindéime COVID-19. Rinne siad acmhainní a fhorbairt le cur ar chumas ball foirne idirghníomhú go cianda leis an mBord san aimsir dhúshlánach, lena n-áirítear soláthar teagmhálacha tacaíochta tiomnaithe, seisiúin 'buail isteach' agus treoraithe. Le linn na paindéime thug an Bord treoirlínte athbhreithnithe isteach freisin le haghaidh Viva Voces fíorúil agus Tráchtais mar Bhailiúchán Páipéar.

## Dearbhú Cáilíochta agus Barr Feabhais Rialachais a Chur Chun Cinn

### Athbhreithniú Institiúideach

I rith 2020/21 rinne an Coiste Stiúrtha um Cháilíocht Institiúideach a Fheabhsú monatóireacht ar chur i bhfeidhm an Phlean um Cháilíocht Institiúideach a Fheabhsú, a cuireadh faoi bhráid Dhearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann (QQI) i mí an Mheithimh 2020 agus ina raibh achoimre ar fhreagairt na hOllscoile do gach moladh de chuid na Foirne Athbhreithnithe. Mar a leagadh béim air i dtuarascáil na bliana anuraidh, léirigh cur chuige UCD maidir leis na moltaí a chur i bhfeidhm ár gcroíluachanna, is iad sin feabhas, cruthaitheacht, ionracas, comhghleacaíocht, rannpháirtíocht agus éagsúlacht. I mí an Mheithimh 2021, d'fhaomh Údarás Rialaithe UCD an Plean um Fheabhsú Cáilíochta Institiúidí a Chur Chun Cinn a thug nuashonrú bliana ar chur i bhfeidhm na moltaí. Cuireadh an Plean um Fheabhsú Cáilíochta a Chur Chun Cinn faoi bhráid Dhearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann (QQI) i mí Iúil 2021. D'aithin Coiste Stiúrtha UCD 18 moladh san iomlán agus 50 gníomhaíocht bainteach, agus ocht gcinn neadaithe taobh istigh de Straitéis um Oideachas agus Rath na Mac Léinn UCD. Críochnaíodh 36% de na gníomhaíochtaí seo roimh mhí an Mheithimh 2021 agus tá na cinn eile idir lámha agus amlínte aontaithe dóibh. Cuirfear tuarascáil chuig Údarás Rialaithe UCD go bliantúil.

### Comhlíonadh Reachtaíochta agus Creatlacha Seachtracha Dearbhaithe Cáilíochta agus Rannpháirtíocht leo

Chuir UCD a Tuarascáil Bhliantúil um Cháilíocht faoi bhráid Dhearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann i mí an Mhárta 2021, ina raibh mionsonraithe ar chórais cháilíochta inmheánacha na hOllscoile agus ar a bhforbairt, chomh maith le tuairisciú ar chur i bhfeidhm cáilíochta, forbairtí agus feabhsuithe don tréimhse thuairiscithe 2019/20. Rinneadh leasú ar an gcreatlach do 2021 agus cuireadh Cás-Staidéir leis. Chuir UCD trí chás-staidéar isteach – Clinicí 'Buail Isteach' don Bhord Taighde Iarchéime; Eispéireas Ionduchtaithe na Mac Léinn Fochéimithe le linn na Paindéime COVID-19 a Choinneáil agus a Fheabhsú; agus Athbhreithnithe ar Cháilíocht Aonaid a Sholáthar go Cianda.

Mar chuid den rannpháirtíocht i bhforbairt gníomhaíochtaí agus polasaithe Dhearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann i rith 2020/21 bhí comhpháirteachas earnála agus institiúideach i dtaca le Prótacal Dhearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann ar 'Towards Principles for Accreditation and other Professional Engagements' (I dTreo Prionsabal le hAghaidh Creidiúnaithe agus Rannpháirtíochtaí Gairmiúla eile), an t-athbhreithniú de réir téamaí ar Athbhreithnithe Institiúideacha Dhearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann Cinnte, anailís de réir téamaí ar Thuarascálacha um Cheadú agus Athbhreithniú Tuarascálacha, agus an Páipéar Uaine ar Cháilíochtaí agus Clár Cáilíochtaí Éireann. Lean UCD lena hionadaíocht ar an Líonra Náisiúnta um Ionracas Acadúil agus le cur chuige earnála chun tacaíocht a thabhairt do chultúr ionracais acadúil.

### Athbhreithnithe Cáilíochta

Le linn 2020/21 tharla cuairteanna ar an láthair chun cáilíocht a athbhreithniú i dTeagasc agus Foghlaim UCD, Scoil na Socheolaíochta UCD, Scoil na Talmhaíochta agus na hEolaíochta Bia UCD, Scoil na hInnealtóireachta Leictrí agus Leictreonaí UCD, agus Scoil na Sláinte Poiblí, Fisiteiripe agus na hEolaíochta Spóirt UCD. Tugadh na cuairteanna seo go cianda agus thug siad deis ár gcur chuige maidir le cuairteanna ar an láthair agus rannpháirtíocht páirtithe leasmhara a athbhreithniú. Chomh maith leis sin, rinne siad cinnte de go gcomhlíonann an Ollscoil ceanglais a bhaineann le riachtanais reachtaíochta, Croíthreoirlínte Reachtúla Dhearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann, ceanglais Rialachais UCD agus an Polasaí maidir le Dearbhú Cáilíochta agus Feabhsú Cáilíochta, agus Caighdeáin agus Treoirlínte Eorpacha. I ngeall ar thionchar COVID-19 agus athbhreithnithe curtha ar atráth bhí gá ann athbhreithniú a dhéanamh ar ár sceideal reatha seacht mbliana maidir le hathbhreithniú cáilíochta a críochnaíodh i mí Eanáir 2021.

Le linn na bliana tuairiscithe thosaigh dhá scoil déag, nó lean siad ar aghaidh, le hullmhúcháin i gcomhair a n-athbhreithnithe cáilíochta agus cuairteanna ar an láthair dá gcuid sceideal le haghaidh ráithe 1 agus 2 na bliana acadúla 2021/22. Leanadh den fhaireachán leanúnach ar phleananna maidir le feabhsú cáilíochta, ag coimeád i gcuimhne acmhainní agus gníomhaíocht leanúnach gach aonaid. Tosaíodh ar Phleananna um Fheabhsú Cáilíochta a ailíniú leis an bpleanáil bhliantúil agus leis an timthriall pleanála cúig bliana le haghaidh scoileanna agus aonad in 2021, rud a chumasóidh tuairisciú ar chur chun feidhme mholtaí an ghrúpa athbhreithnithe.

Cuireadh tús le tionscadal comhpháirteach comhoibríoch i mí na Bealtaine 2021 idir Oifig Cáilíochta UCD agus Taighde UCD chun Straitéis Taighde UCD agus méadracht laistigh de phróisis cháilíochta na hOllscoile a fhorbairt agus a chomhtháthú, agus ba cheart dó a bheith críochnaithe san Fhómhair 2021. Áiritheofar leis sin athbhreithniú ar na méadrachtaí taighde reatha, gníomhaíocht agus polasaithe taighde reatha a fheabhsú agus a chomhtháthú sa phróiseas athbhreithnithe (treoir, teimpléad SAR, cuairt ar an láthair) agus tuarascálacha an ghrúpa athbhreithnithe.

## Comhairle Acadúil UCD

Faoi stiúir Rúnaíocht na hOllscoile UCD cruthaíodh Comhairle Acadúil nua a bhfuil éagsúlacht shuntasacht ag baint léi laistigh de UCD. Leagadh síos prionsabail threoracha maidir le comhdhéanamh agus cúram an choiste chriticiúil seo, atá ar rinnphointe an rialachais acadúil. I ndiaidh rúin fhormheasta a fháil ón gComhairle Acadúil a bhí ann roimhe agus ó Údarás Rialaithe UCD, bhí toghcháin ar siúl sa Samhradh 2021. Tharla an toghchán go leictreonach, an chéad uair a tharla a leithéid san Ollscoil, agus léiríodh leis seo céim shuntasach i dtreo cothromaíocht inscne maidir le cinnteoireacht shuntasach in UCD.

## Údarás Rialaithe UCD


Lean Rúnaíocht Ollscoile UCD uirthi ag tabhairt tacaíocht ríthábhachtach ó thaobh oibríochta de d'Údarás Rialaithe UCD, don Chomhairle Acadúil agus d'Fhoireann Bainistíochta na hOllscoile, agus do naoi gcoiste de na comhlachtaí seo, rud a chinntíonn comhlíontacht le hAcht na nOllscoileanna 1997, an *Cód Rialacháin d'Ollscoileanna na hÉireann 2019* agus ceanglais an Údaráis um Ard-Oideachas. Éascaíodh an gá tobann leis an ngnó a aistriú go hardán fíorúil agus aithníodh na deiseanna sa mhodh nua oibre seo agus baineadh leas astu. I measc na ndeiseanna seo bhí bealaí ann le tacú le baill nua den Údarás Rialaithe agus a choistí agus iad a ionduchtú (gan a bheith in ann bualadh leo duine le duine) agus le tuarascálacha bliantúla a ullmhú le trédhearcacht a chinntiú chomh maith le maoirseacht ar gach freagracht de chuid na gcoistí.

Le linn na bliana, feabhsaíodh nósanna imeachta rialachais laistigh de UCD go mór. Cuireadh creat láidir dearbhaithe i bhfeidhm maidir le cur le chéile Ráitis Rialachais Bhliantúil 2019/20, sa dóigh is go dtiocfadh le Coiste um Iniúchóireacht agus Bainistíocht Riosca na hOllscoile agus Údarás Rialaithe na hOllscoile aontú le muinín lena chur isteach. Mar a chéile, mar gheall ar neadú an Chreat Bainistithe Polasaí, bhíomar in ann polasaithe riachtanacha a fhorbairt i mbealach struchtúrtha; curtha le chéile le hionchur ríthábhachtach ó pháirtithe leasmhara.
Thug Rúnaíocht na hOllscoile tacaíocht freisin don Údarás Rialaithe tabhairt faoi fhéinmheasúnú ar ghnó agus éifeachtacht an údaráis. Rinne an tÚdarás Rialaithe tuarascáil ina raibh torthaí an fhéinmheasúnaithe a mheas i mí Mheán Fómhair 2020, agus faomhadh agus cuireadh i bhfeidhm na hocht moladh sa tuarascáil sin chun cinnte a dhéanamh de go nglactaí gníomhartha soiléire ar leith chun feidhmíocht a fheabhsú a thuilleadh. Rinneadh féinmheasúnuithe cosúil leis seo ar an gCoiste um Iniúchóireacht agus Bainistíocht Riosca agus ar an gCoiste um Luach Saothair Airgeadais agus Bainistíocht Iniúchóireachta, agus tháinig feabhsuithe inmheasta astu.

> // Cruthaíodh Comhairle Acadúil nua a bhfuil difríocht shuntasach ag baint léi laistigh de UCD, faoi stiúir Rúnaíocht na hOllscoile UCD. Leagadh síos prionsabail threoracha maidir le comhdhéanamh agus cúram an choiste chriticiúil seo, atá ar rinnphointe an rialachais acadúil //

## Lámhleabhar le haghaidh Rúnaithe Coiste

Rinne Rúnaíocht na hOllscoile athbhreithniú agus nuashonrú ar an Lámhleabhar le haghaidh Rúnaithe Coiste agus chuir sí rannóga nua isteach ann chun tacaíocht a thabhairt do rúnaithe coiste ar fud UCD chun an cleachtas is fearr maidir le RGCS a úsáid agus beocht a thabhairt don Scéim Teanga laistigh de chruinnithe agus cumarsáid choiste.




Grafaic faisnéise ar a bhfuil an Bhréagfhaisnéis Sláinte sainaitheanta.



Cuairt ó Uachtarán na hÉireann, Mícheál D. Ó hUiginn ar Shainchnuasaigh UCD chun taifeadadh a dhéanamh ar rogha as a chuid dánta agus lámhscríbhinní a bhronnadh ar Chartlann Léamha Filíochta na hÉireann.

## Seirbhísí Bainistíochta Leabharlainne, Faisnéise agus Eolais a chur i gcrích

### Ag Tacú le Foghlaim na Mac Léinn

Lean Leabharlann UCD de bheith ag tacú le heispéireas oideachasúil na mac léinn agus le hathrú digiteach trí:

- Tacaíocht leanúnach i leith an aistrithe chuig oideachas ar líne trí thosaíocht a thabhairt do cheannach acmhainní digiteacha, 106,931 ríomhleabhar san áireamh.
- Soláthar ceardlanna agus seimineár gréasáin ar scileanna litearthachta digití, inar ghlac breis agus 10,000 mac léinn páirt.
- Tacaíocht níos fearr i gcomhair forbartha ar scileanna litearthachta digití i measc mac léinn trí Leabharlannaí Foghlama Digití nua a cheapadh, cistithe go páirteach ag tionscadal EDTL Chumann Ollscoileanna Éireann.
- Forbairt sraithe nua ranganna teagaisc, físeán agus grafaice faisnéise chun tacú le foghlaim cianda, lena n-áirítear 'Bréagfhaisnéis Sláinte a Aithint' agus 'Scrúduithe Leabhair Oscailte agus Tagairt'.

Forbraíodh bealach nua le rochtain a dhéanamh ar an Leabharlann inar tugadh deis do mhic léinn spásanna staidéir leabhair a chur in áirithe, agus cuireadh ceithre áit staidéir mhóra sa bhreis ar fud an champais ar fáil tríd an gcóras áirithinte céanna, rud a thug níos mó ná dhá oiread na roghanna do mhic léinn agus a chuidigh le timpeallacht shábháilte agus go leor spás inti a choinneáil.

// Forbraíodh bealach nua le rochtain a dhéanamh ar an Leabharlann inar tugadh deis do mhic léinn spásanna staidéir leabhair a chur in áirithe, agus cuireadh ceithre áit staidéir mhóra sa bhreis ar fud an champais ar fáil tríd an gcóras áirithinte céanna //

### Ag tacú le Gníomhaíochtaí Taighde

D'ainneoin na ndúshlán le linn 2020/21, tá feabhsuithe móra déanta ag Leabharlann UCD maidir le tacú le taighdeoirí, lena n-áirítear:

- 20 comhaontú foilsitheora claochlaitheach nua a shocrú, a bhfuil Rochtain Oscailte ag baint leo, i gcomhar le IReL, ag uasmhéadú tionchar Taighde UCD, ag déanamh comhlíonadh le riachtanais an mhaoinitheora taighde a éascú, agus ag cur rochtain níos cothroime ar thaighde ar fáil.
- Dlúthobair a dhéanamh le Taighde UCD agus Seirbhísí TF chun dul i ngleic le riachtanais taighdeoirí atá ag teacht chun cinn, oiliúint speisialaithe agus soláthar shraith na seimineár gréasáin 'Fionnachtain' san áireamh.
- Seacht dtacar sonraí nua a chur isteach i gCartlann Sonraí Eolaíochta Sóisialta na hÉireann. Tá breis agus 500 iarratas ar shonraí faighte, ag cumasú sonraí a chomhroinnt agus dul chun cinn a dhéanamh maidir le heolas a chur ar aghaidh.

### Oidhreacht Chultúrtha

Leanadh ar aghaidh le gníomhaíochtaí chun feasacht a mhéadú ar luach agus tábhacht bhailiúchán Oidhreacht Chultúrtha UCD, lena n-áirítear:

- Cuairt ó Uachtarán na hÉireann, Mícheál D. Ó hUiginn chun taifeadadh a dhéanamh ar rogha as a chuid dánta agus lámhscríbhinní a bhronnadh ar Chartlann Léamha Filíochta na hÉireann.
- Tionscadal comhoibritheach dhá bhliain ar stair béil, 'Daon-Stair Dhún Laoghaire' le Cnuasach Bhéaloideas Éireann agus Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin, 250 taifead agus trascríbhinn bhunaidh san áireamh.
- Comhoibriú idir Scratch Films, RTÉ agus Cnuasach Bhéaloideas Éireann, 'The People's Civil War', 100 fís-agallamh le gaolta marthanacha agus píosaí scannáin a úsáideadh in dhá chlár faisnéise san áireamh.
- Ceannach a bhain le hiarchéime UCD agus scríbhneoir suntasach

gearrscéalta, is é sin, comhfhreagras pearsanta Mary Lavin, ag baint úsáid as dámhachtain €100,000 ó chiste tacaíochta Choláiste na nEalaíon agus na nDaonnachtaí UCD.

- Ranníocaíocht le haghaidh trí litir ó James Joyce chuig Constantine Curran a cheannach, ó chiste tacaíochta Choláiste na nEalaíon agus na nDaonnachtaí UCD.

## Inniúlacht agus Éifeachtúlacht a Mhéadú

### Oiliúint Inniúlachta

Is gné an-tábhachtach í forbairt ar scileanna chun tacú le hinniúlacht, éifeachtúlacht agus feabhsú leanúnach ar fud na hOllscoile. Le dúshláin na cianoibre, bhí gá ann le hathbhreithniú a dhéanamh ar ár gcúrsaí oiliúna. Bhí cúrsaí de dhíth a thacódh le hobair in 'oifig scaipthe' agus a chuirfeadh oiliúint ar fáil i mbealach a tháinig le agus bhí curtha in oiriúint do riachtanais a bhí ag teacht chun cinn, de réir mar a chuaigh an chianobair ar aghaidh. Mar thoradh air seo, bhí réimse níos mó de sheisiúin ann agus iad níos giorra agus níos dírithe. Tháinig méadú ar líon na ndaoine lena rabhamar a bheith ag obair ina dhiaidh sin, agus breis agus 470 rannpháirtí i gceist thar 40 seisiún, lena n-áirítear 200 rannpháirtí seisiúin inár scoil samhraidh, Obair as Lámha a Chéile ar Bhealach Níos Cliste i mí Iúil.

### Straitéis Ollscoile – Áisitheoir 4

Mar thoradh ar an díriú ar phróisis, seirbhísí agus barr feabhais oibríochtúil, chuireamar tús leis an gcéad chéim dár gcuid oibre a tháinig chun cinn ó Áisitheoir 4 i straitéis UCD 2020-2024 – an t-athrú digiteach ó bhonn dár gcuid oibríochtaí. Dírítear le hÁisitheoir 4 ar ualach gnáthchúraimí a shimpliú agus a laghdú dár bhfoireann teagaisc, baill foirne agus mic léinn. Bhain UCD Inniúil úsáid as mapáil taithí, dearadh seirbhíse, teicnící neamh-iomarcacha agus inniúla, agus timthriall cuimsitheach d'agallaimh mar bhunús
leis, chun anailís a dhéanamh ina raibh téamaí athraithe dhigitigh agus bunábhar mionsonraithe araon. Is é an rud is tábhachtaí faoi seo ná an bhéim a leagtar ar dhaoine agus iad ag díriú ar a ndéanaimid maidir le hathrú digiteach agus conas mar a dhéanfaimid an rath atá leis a mheas.

### Obair as Lámha a Chéile

Déanann ár n-imeacht débhliantúil Obair Níos Cliste as Lámha a Chéile ceiliúradh ar chruthaitheacht agus comhoibriú phobal iomlán UCD, tugann sé tacaíocht dóibh agus roinneann sé iad. Ag an imeacht Obair Níos Cliste as Lámha a Chéile 2021, ar líne ó 8-12 Márta, bhailigh breis agus 400 ball de phobal na hOllscoile le chéile thar 23 seisiún agus 66 láithreoir i gceist, agus eochairchainteoirí, seisiúin ar leithligh, taispeántas póstaer agus ceardlanna mar chuid de. Ba ríthábhachtach í an deis seo chun roinnt, foghlaim agus spreagadh a fháil le linn dhúshláin COVID-19 mar go raibh deis ann aitheantas a thabhairt don méid atá bainte amach ag daoine, chomh maith lena dtiomantas, spreagadh agus cruthaitheacht.

### Mic Léinn Fochéime Nua

| | Iontrálaithe 2016/17 | Iontrálaithe 2017/18 | Iontrálaithe 2018/19 | Iontrálaithe 2019/20 | Iontrálaithe 2020/21 |
|---|---|---|---|---|---|
| **Iontrálaithe faoi ghannionadaíocht** | **742** | **744** | **887** | **985** | **1,118** |
| **Iontrálaithe lánfhásta** | **258** | **248** | **242** | **254** | **258** |
| Tacaíocht do Mhic Léinn lánfhásta ón Údarás um Ard-Oideachas amháin | 87 | 92 | 87 | 85 | 86 |
| Tacaíocht agus Lamháltas do Mhic Léinn Lánfhásta | 171 | 156 | 155 | 169 | 172 |
| **Iontrálaithe DARE** | **251** | **262** | **335** | **380** | **423** |
| Tacaíocht DARE ón Údarás um Ard-Oideachas amháin | 146 | 165 | 178 | 184 | 205 |
| Tacaíocht agus Lamháltas DARE | 105 | 97 | 157 | 196 | 218 |
| **Iontrálaithe HEAR** | **217** | **252** | **219** | **231** | **269** |
| Tacaíocht HEAR an Údaráis um Ard-Oideachas amháin | 117 | 148 | 90 | 90 | 122 |
| Tacaíocht agus Lamháltas HEAR | 100 | 104 | 129 | 141 | 147 |
| **Bealaí chun cinn eile** | **98** | **104** | **184** | **219** | **263** |
| CDBO | 98 | 104 | 181 | 217 | 262 |
| Comhairle na nDámhachtainí Ardoideachais agus Oiliúna | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| Bealach chun cinn eile | 0 | 0 | 4 | 2 | 1 |
| **Iomlán UCD** | **4,569** | **4,564** | **4,397** | **4,583** | **4,957** |

# TAIGHDE, NUÁLAÍOCHT AGUS TIONCHAR



I mí an Mheithimh 2021, rinneadh Leas-Uachtarán um Thaighde, Nuálaíocht agus Tionchar UCD, an tOllamh Orla Feely, a insealbhú mar an 129ú Uachtarán ar Innealtóirí na hÉireann.

**Réamhrá ón Leas-Uachtarán um Thaighde, Nuálaíocht agus Tionchar**

Ba í seo an chéad bhliain acadúil ina raibh paindéim COVID-19 ina scamall uirthi ó thús go deireadh.

Chuaigh pobal taighde UCD i ngleic leis an ndúshlán seo arís agus leanadh ar aghaidh ag soláthar agus ag tacú le taighde agus nuálaíocht thar barr in ainneoin na ndeacrachtaí agus na ndúshlán. Ba mhian liom aird a tharraingt ar ionchur na ndaoine a d'oibrigh go han-dian chun na saotharlanna agus na saoráidí eile a choinneáil oscailte don taighde agus nuálaíocht de réir na treorach ar shláinte phoiblí. Mar thoradh ar a gcuid oibre, bhíomar in ann taighde agus nuálaíocht a chur chun cinn ar feadh na bliana i dtimpeallacht shábháilte agus tháirgiúil.

Bhí an-áthas orm fáilte a chur roimh Simon Harris TD, an tAire Ardoideachais agus Breisoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta nuair a thug sé cuairt ar UCD i mí an Mheithimh le fáil amach faoin taighde ar COVID-19 a bhí ar bun ar an gcampas agus lena bhuíochas a ghabháil leo siúd a raibh baint acu leis. Bhí ionchur thar na bearta ag pobal taighde UCD, agus ag ár gcomhghleacaithe ag an tSeirbhís Tagartha Náisiúnta maidir le Víris, maidir le méid, caighdeán agus tionchar na hoibre agus iad ag cur le freagairt na hÉireann ar an bpaindéim.

Mórimeacht le linn na bliana ba é seoladh 'An Todhchaí a Chruthú,' Straitéis UCD maidir le Taighde, Nuálaíocht agus Tionchar go 2024. Tá ceithre cholún ag an Straitéis: Feabhas, Tionchar, Daoine agus Cultúr agus Timpeallacht, agus táimid ag cur tacar de ghníomhaíochtaí uaillmhianacha i bhfeidhm ar bhonn céimneach le tacú le gach ceann acu. Tá na ceithre théama straitéiseacha UCD – Sochaí Dhomhanda Inbhuanaithe a Chruthú, Ag Claochlú trí Theicneolaíocht Digiteach, Ag Tógáil Domhan Sláintiúil agus An Cine Daonna a Chumhachtú – an-chumhachtach maidir lenár ngníomhaíochtaí taighde a struchtúrú agus a chur chun cinn.

Cláraíodh dámhachtainí taighde arna gcistiú go seachtrach ar luach €131.9 milliún le linn 2020/21. I measc na ndámhachtainí seo bhí Ard-Dheontas ón gComhairle Eorpach um Thaighde a fuair an tOllamh Kathleen James-Chakraborty, Scoil Stair na hEalaíne agus an Pholasaí Chultúrtha UCD agus Institiúid don Léann Daonna UCD, agus cistiú an dara céim don Ionad Taighde iCRAG le haghaidh Geo-eolaíochtaí Feidhmeacha de chuid Fhondúireacht Eolaíochta Éireann, agus an tOllamh Murray Hitzman, Scoil na nDomhaneolaíochtaí UCD i gceannas air. Bhuaigh an tOllamh Kevin O'Connor, Scoil na hEolaíochta Bithmhóilíní agus Bithleighis UCD, Duais Nuálaí na Todhchaí Fhondúireacht Eolaíochta Éireann as feirm gan carbón ar bith a fhorbairt, rud a léiríonn tiomantas na hOllscoile d'inbhuanaitheacht. Bhí an tOllamh Emeritus Mary Daly, Scoil na Staire UCD ar an dara bean riamh le Bonn Óir Acadamh Ríoga na hÉireann a bhuachan. Bronnadh ar an Ollamh Patrick Guiry, Scoil na Ceimice UCD agus ar an Ollamh Patricia Maguire, Scoil na hEolaíochta Bithmhóilíní agus an Bithleighis UCD agus ar Institiúid um Fhionnachtain UCD, Gradam Meantóireachta Fhondúireacht Eolaíochta Éireann. Bhuaigh an tOllamh Comhlach Catherine Cox, Scoil na Staire UCD, Comórtas Tionchar Taighde na gCás-Staidéar UCD 2020 le haghaidh a saothair maidir le meabhairshláinte príosúnach, agus fuair an tOllamh Fiona Doohan, Scoil na Bitheolaíochta agus na hEolaíochta Comhshaoil UCD Gradam Nuálaíochta NovaUCD as a cuid oibre ar inbhuanaitheacht córas táirgthe barr a fheabhsú in Éirinn agus go hidirnáisiúnta. I dtaca liom féin, ba mhór an onóir dom a bheith tofa mar Uachtarán ar Innealtóirí na hÉireann i mí an Mheithimh.

I gcaitheamh na bliana, bhunaigh NovaUCD, an mol Ollscoile atá tar éis leathnú le déanaí le haghaidh fiontair agus fiontraithe nua, roinnt comh-pháirtíochtaí nua in Éirinn agus go hidirnáisiúnta d'fhonn a thionchar a leathnú. Rinne an Ollscoil roinnt ionad taighde a sheoladh freisin i réimsí tábhachtacha, lena n-áirítear, C-Space, Ionad um Spástaighde UCD; C-QuEST, Ionad Innealtóireachta, Eolaíochta agus Teicneolaíochta Candamaí UCD; agus CfIT, Ionad UCD do Bhailte na hÉireann. Tréimhse an-suimiúil atá ann maidir le taighde agus nuálaíocht, mar tá dúshláin agus deiseanna ag gabháil le hathruithe iarphaindéime, athruithe geopholaitiúla agus tionchar an athraithe aeráide agus an digitithe, go hidirnáisiúnta agus go háitiúil. Tá a fhios agam go bhfreagróidh pobal taighde agus nuálaíochta UCD dóibh ar an ngnáthbhealach, le fuinneamh agus samhlaíocht.



**An tOllamh Orla Feely**
Leas-Uachtarán UCD um Thaighde, Nuálaíocht agus Tionchar

## Cistiú Taighde 2020/21

In ainneoin na ndeacrachtaí a bhí ann mar gheall ar phaindéim COVID-19, cláraíodh conarthaí taighde seachtracha le linn 2020/32 ar luach €131.9 milliún, méadú timpeall €9.6 milliún ar luach na gconarthaí anuraidh (féach Tábla 1). Léiríonn Tábla 2 na deontais taighde is mó a bronnadh i mbliana. Is méadú de 7.8% é ar an méid a fuarthas anuraidh agus is é seo an dara luach is mó de chistiú taighde bliantúil atá faighte ag an Ollscoil go dtí seo. Tá sé seo thar cionn, go háirithe agus an phaindéim fós linn.

Chuir Fondúireacht Eolaíochta Éireann an chuid is mó den chistiú taighde seo ar fáil. Tá ardú 50% tagtha ar luach dhámhachtainí Fhondúireacht Eolaíochta Éireann, mar gheall ar an gcistiú dara céim d'Ionad Taighde iCRAG Fhondúireacht Eolaíochta Éireann den chuid is mó.

Cé go bhfuil leibhéal na ndámhachtainí ón gCoimisiún Eorpach níos ísle i mbliana ná an leibhéal thar barr a baineadh amach in 2019/20, baineadh amach roinnt éachtaí iontacha i gcistiú Eorpach, lena n-áirítear deontais ERC agus mórdhámhachtainí i réimse na dtrialacha cliniciúla agus maidir le hairtríteas psoriatic.

## Cistiú Síntí COVID-19 an Údaráis um Ard-Oideachas

Bhí cúrsaí pearsanta agus gairmiúla an-deacair ag go leor ball de phobal taighde UCD mar gheall ar an bpaindéim. I measc na ndaoine ba mheasa a bhí buailte bhí ár gcuid mac léinn taighde agus taighdeoirí iardhochtúireachta, agus moilleanna suntasacha curtha ar thaighde neart acu agus baol ann nach gcríochnófaí é. Chun seo a chur san áireamh, chuir an Roinn Ardoideachais agus Breisoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta cistiú ar fáil tríd an Údarás um Ard-Oideachas chun tacú le síntí costáilte do thaighde a raibh cur isteach air de dheasca na paindéime. Fuair UCD €8.27 milliún faoin scéim seo, rud a chuir ar ár gcumas síntí a chistiú do 616 mac léinn taighde agus 218 taighdeoir. Táimid an-bhuíoch den Roinn agus den Údarás um Ard-Oideachas as an tacaíocht ríthábhachtach seo.

### Foilseacháin Taighde

Tá sonraí na bhfoilseachán taighde uile do thréimhse na Tuarascála ar fáil ar líne ag **www.ucd.ie/research/publications**

**Tábla 1: Dámhachtainí Taighde**

| Bliain | Luach iomlán na gconarthaí sínithe lena n-áirítear ranníocaíochtaí le forchostais (€ milliún) | Ranníocaíochtaí Iomlána d'fhorchostais (%) | Líon iomlán na gconarthaí a bronnadh | Líon na dtograí a cuireadh isteach |
|---|---|---|---|---|
| 2007/2008 | 115.9 | 17.3 | 445 | 1,090 |
| 2008/2009 | 116.8 | 21.0 | 537 | 1,150 |
| 2009/2010 | 49.5 | 6.7 | 449 | 1,069 |
| 2010/2011 | 103.3 | 17.0 | 510 | 1,123 |
| 2011/2012 | 75.7 | 9.5 | 532 | 1,263 |
| 2012/2013 | 113.3 | 17.4 | 614 | 1,167 |
| 2013/2014 | 114.1 | 16.5 | 672 | 1,245 |
| 2014/2015 | 106.3 | 17.2 | 627 | 1,603 |
| 2015/2016 | 93.7 | 13.2 | 652 | 1,372 |
| 2016/2017 | 97.50 | 12.3 | 661 | 1,336 |
| 2017/2018 | 122.38 | 17.3 | 706 | 1,411 |
| 2018/2019 | 151.04 | 20.5 | 607 | 1,354 |
| 2019/2020 | 122.34 | 16.1 | 737 | 1,468 |
| 2020/2021 | 131.92 | 16.5 | 752 | 1,685 |

| Foinse chistithe | Líon na gconarthaí | Luach (€ milliún) |
|---|---|---|
| Fondúireacht Eolaíochta Éireann (SFI) | 79 | 44.99 |
| An Coimisiún Eorpach (CE) | 49 | 17.91 |
| An Chomhairle um Thaighde in Éirinn (IRC) | 125 | 9.96 |
| Fiontraíocht Éireann (FÉ) | 108 | 12.83 |
| An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara | 7 | 3.43 |
| Eile | 384 | 42.81 |
| **Iomlán** | **752** | **131.92** |

### Tábla 2: Na Deontais is Mó a Bronnadh ar UCD 2020/21

| Ceannaire | Foinse chistithe | Clár | Teideal | Iomlán na gcostas díreach € |
|---|---|---|---|---|
| An tOllamh Murray Hitzman in éineacht leis an Ollamh Peter Haughton, an tOllamh Frank McDermott, an tOllamh John Walsh, an Dr Conrad Childs, an Dr Tom Manzocchi – Scoil na nDomhaneolaíochtaí UCD; an tOllamh Jacky Croke – Scoil na Tíreolaíochta UCD; an Dr Geertje Schuitema – Scoil Ghnó UCD; agus an Dr Mike Long – Scoil na hInnealtóireachta Sibhialta UCD) | Fondúireacht Eolaíochta Éireann (SFI) | Ionaid Taighde – Athnuachan | iCRAG_Phase 2 | 20,009,704 |
| An Leas-Uachtarán um Thaighde, Nuálaíocht agus Tionchar | An tÚdarás um Ard-Oideachas | Cistiú COVID an Údaráis um Ard-Oideachas | HEA Support for COVID-19 Related Research Costed Extensions (Holding Account) | 8,273,620 |
| An tOllamh Kathleen James-Chakraborty, Scoil Stair na hEalaíne agus an Pholasaí Chultúrtha UCD | FÍS 2020 | Ard-Deontas ES – ERC | Women, Race and the Global Dissemination of Modern Architecture (Expanding Agency) | 1,666,325 |
| An tOllamh Dimitrios Zevgolis, Scoil na hInnealtóireachta Meicniúla agus Ábhar UCD | FÍS 2020 | Deontas Comhdhlúiteora ES – ERC | Advanced Cellular Hierarchical Tissue-Imitations based on Excluded Volume Effect (ACHIEVE) | 1,661,416 |
| An tOllamh Robert Staszewski, Scoil na hInnealtóireachta Leictrí agus Leictreonaí | Fiontraíocht Éireann (FÉ) | An Ciste Nuálaíochta um Theicneolaíochtaí Bunathraitheacha (DTIF) | QCoIr: Quantum Computing in Ireland: A Software Platform for Multiple Qubit Technologies | 1,328,464 |
| An tOllamh Murray Hitzman, Scoil na nDomhaneolaíochtaí UCD | Fondúireacht Eolaíochta Éireann (SFI) | Ionaid Taighde – Fordheontas Athnuachana | Centralised EPE Support to the SFI Research Centres Programme | 1,220,000 |
| An tOllamh Steve Pennington agus an tOllamh Oliver Fitzgerald, Scoil an Leighis UCD | Comhghnóthas IMI | Comhthionscnaimh Teicneolaíochta (JTI) | Promoting Early Identification and Improving Outcomes in Psoriatic Arthritis (HIPPOCRATES) | 1,192,452 |
| An tOllamh Kevin O'Connor, Scoil na hEolaíochta Bithmhóilíní agus Bithleighis in éineacht leis an Dr Fionnuala Murphy, Bithchórais agus Innealtóireacht Bia UCD | Fondúireacht Eolaíochta Éireann (SFI) | Duais Nuálaí na Todhchaí | Farm Zero C: Creating a carbon neutral resilient dairy farm – Phase 2 | 1,188,098 |
| An tOllamh Walter Kolch, Scoil an Leighis UCD | FÍS 2020 | ES – Marie Sklodowska-Curie; Comhchistiú na gclár réigiúnach, náisiúnta agus idirnáisiúnta (COFUND) | Developing the Next Generation of Research Leaders in Precision Oncology (DevelopMed) | 1,324,080 |
| An tOllamh Kevin O'Connor, Scoil na hEolaíochta Bithmhóilíní agus Bithleighis UCD | FÍS 2020 | ES – Marie Sklodowska-Curie; Comhchistiú na gclár réigiúnach, náisiúnta agus idirnáisiúnta (COFUND) | Talent4BBI: Developing Talent for Bio-Based Industries of Europe (Talent4BBI) | 1,193,280 |

## Cistiú Taighde Inmheánach

Déanann UCD infheistíocht shuntasach sa tacaíocht le haghaidh taighde san Ollscoil. In 2020/21, bronnadh €13.1 milliún go díreach ar thaighdeoirí UCD ó fhoinsí inmheánacha.

Sa chlár Síolchistithe 2021, fuarthas 106 iarratas incháilithe thar cheithre shnáithe: Scaipeadh agus Torthaí; Comhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú; Ollúna ar Cuairt; agus an Gradam Forbartha Gairme. D'éirigh le 57 iarratas (thart ar 54%) agus tugadh dámhachtainí ar luach €186,841 dá bharr. Tá laghdú ann i líon iomlán na n-iarratas faighte i mbliana i gcomparáid le blianta roimhe, go háirithe faoin gclár Scaipthe agus Torthaí faoina dtugtar dámhachtainí maidir le freastal ar chomhdhálacha, ar imir an phaindéim an-tionchar orthu. I dTábla 3, tá scaipeadh an tsíolchistithe in 2020/21 le feiceáil.




'Rogha don Todhchaí,' Straitéis Taighde, Nuálaíochta agus Tionchair UCD go dtí 2024.

**€13.1m**

tugtha do thaighdeoirí UCD
ó fhoinsí inmheánacha

### Tábla 3: Scéim Shíolchistithe UCD

| Síolchistiú 2021 de réir an chláir | Líon na n-iarratas | Luach na n-iarratas € | Líon na ndámhachtainí | Luach na ndámhachtainí € |
|---|---|---|---|---|
| Scaipeadh agus Torthaí | 41 | 59,123 | 38 | 39,005 |
| Comhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú Snáithe A | 6 | 58,032 | 3 | 20,000 |
| Comhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú Snáithe B | 6 | 15,405 | 3 | 5,000 |
| Ollúna ar Cuairt – Ag Teacht Isteach agus ag Dul Amach | 12 | 106,295 | 6 | 47,837 |
| Gradam Forbartha Gairme | 41 | 544,440 | 7 | 75,000 |
| **Iomlán** | **106** | **783,295** | **57** | **186,842** |

| Síolchistiú 2020 de réir an Choláiste | Líon na n-iarratas | Luach na n-iarratas € | Líon na ndámhachtainí | Luach na ndámhachtainí € |
|---|---|---|---|---|
| Coláiste na nEalaíon agus na nDaonnachtaí | 4 | 14,483 | 4 | 10,893 |
| An Coláiste Gnó | – | – | – | – |
| Coláiste na hInnealtóireachta agus na hAiltireachta | 23 | 178,503 | 12 | 31,487 |
| Coláiste na nEolaíochtaí Talmhaíochta agus Sláinte | 34 | 335,616 | 17 | 68,292 |
| Coláiste na hEolaíochta | 32 | 176,842 | 18 | 44,923 |
| Coláiste na nEolaíochtaí Sóisialta agus an Dlí | 13 | 77,842 | 6 | 31,248 |
| **Iomlán** | **106** | **783,285** | **57** | **186,842** |

Scéim mhór inmheánach chistithe eile is ea Scéim EQUIP UCD, atá anois ina tríú bliain. Cuireann an scéim cistiú ar fáil le haghaidh trealamh taighde chun tacú le taighde agus nuálaíocht iontach atá ar bun ag bunús leathan de thaighdeoirí UCD. Bronnadh cúig dhámhachtain déag i mbliana, arbh fhiú díreach os cionn €1.804 milliún, mar atá le feiceáil i dTábla 4.

### Tábla 4: Scéim EQUIP UCD

| Príomhiarratasóir | Comhiarratasóirí | Coláiste an phríomhiarratasóra | Scoil an phríomhiarratasóra | Méid ceadaithe € | Ball trealaimh |
|---|---|---|---|---|---|
| An tOllamh Patrick Mallon | An Dr Virginie Gautier, an Dr Aoife Cotter, an Dr Eoin Feeney | Coláiste na nEolaíochtaí Talmhaíochta agus Sláinte | Scoil an Leighis UCD | 33,846 | Córas Stórála Uathoibrithe le haghaidh na Nítrigine Léachtaí a bhfuil toilleadh 32,000 Sampla ann |
| An tOllamh Breandan Kennedy | An tOllamh Comhlach Oliver Blacque, an tOllamh Cúnta Jeffrey Glennon, an tOllamh David Keegan, an tOllamh Colm O'Brien, an tOllamh Cúnta Niamh O'Sullivan, an tOllamh Cúnta Alison Reynolds, an tOllamh Cúnta Deborah Wallace agus an tOllamh Wenxin Wang | Coláiste na hEolaíochta | Scoil na hEolaíochta Bithmhóilíní agus Bithleighis UCD | 43,000 | Córas OptoMotry HD, córas réaltachta fíorúla chun iompar amharcluaileach a chainníochtú go tapa |
| An tOllamh Brian Rodriguez | An Dr Stephen Thorpe, an tOllamh Comhlach Grace Morgan, an Dr Deirdre Brennan, an tOllamh Comhlach Niamh Nowlan, an Dr Antonio Benedetto, an Dr Sourav Bhattacharjee, an tOllamh Dimitrios Zeugolis, an tOllamh Comhlach Susan Quinn, an tOllamh Comhlach Carl Ng, an tOllamh Paula Bourke | Coláiste na hEolaíochta | Scoil na Fisice UCD | 145,202 | Rialaitheoir Micreascóip Fórsa Adamhaigh Eisintiúil agus Coinneálaí Starrmhaide Uasghrádaithe |
| An tOllamh Cormac Murphy | An tOllamh Eoin Casey, an Dr Tanja Narancic, an tOllamh Comhlach Siobhan McClean, an Dr Joe Sweeney, an Dr Patrick Caffrey, an Dr Marina Rubini | Coláiste na hEolaíochta | Scoil na hEolaíochta Bithmhóilíní agus Bithleighis UCD | 76,270 | Córas crómatagrafaíochta leachta ardfheidhmíochta |
| An tOllamh Comhlach Emily Mark-FitzGerald | An tOllamh Hugh Campbell, Alice Clancy, an tOllamh Liam Kennedy, an tOllamh Kathleen James-Chakraborty, an tOllamh Paul Rouse, an tOllamh Comhlach Catherine Cox, an tOllamh Comhlach Conor Mulvagh, an Dr Jennifer Wellington, an Dr Harvey O'Brien | Coláiste na nEalaíon agus na nDaonnachtaí | Scoil Stair na hEalaíne agus an Pholasaí Chultúrtha UCD | 30,560 | Leabharlann Fhótagrafach Theicniúil agus Ábhar / SFM Seomra don Digitiú Fótagraiméadrach |
| An tOllamh Eoin Casey | An tOllamh Eoin Casey, an tOllamh Comhlach Susan Quinn, an tOllamh Comhlach James Sullivan, An tOllamh Dermot Bougham, an Dr Nan Zhang, an Dr Jessica Whelan, an Dr Veronica Sofianos | Coláiste na hInnealtóireachta agus na hAiltireachta | Scoil na hInnealtóireachta Ceimicí agus Bithphróisis UCD | 19,988 | Speictreascópacht fhótaileictreonach X-ghathach, fáil agus próiseáil sonraí |
| An tOllamh Fiona McGillicuddy | An tOllamh Kenneth Dawson, an tOllamh David Brayden, an tOllamh Comhlach Siobhan McClean, an tOllamh Comhlach David O'Connell, an Dr Yan Yan, an Dr Ronald Halim, an tOllamh Comhlach Eileen Gibney | Coláiste na Sláinte agus na Talmhaíochta | Scoil an Leighis UCD | 126,282 | Mear-Chrómatagrafaíocht Leachta Próitéine – a úsáidtear chun meascáin próitéine a ionú agus anailís a dhéanamh orthu |
| An tOllamh Helen Roche | An tOllamh Walter Kolch, an tOllamh Desmond Tobin, an tOllamh Catherine Godson, an tOllamh Stephen Pennington, an Dr Melinda Halasz, an Dr David Gomez, an Dr Lynne O'Shea, an tOllamh Comhlach Neil Docherty | Coláiste na Sláinte agus na Talmhaíochta | Institiúid Mhic Con Mí UCD | 114,000 | Córais íomháithe dhigitigh chun dabú Western a amharcléiriú agus leibhéil DNA agus RNA a mheas |

| Príomhiarratasóir | Comhiarratasóirí | Coláiste an phríomhiarratasóra | Scoil an phríomhiarratasóra | Méid ceadaithe € | Ball trealaimh |
|---|---|---|---|---|---|
| An tOllamh Comhlach John O'Sullivan | An Dr Jennifer Keenahan (comhcheannasaí), an tOllamh Comhlach Shane Donohue, an Dr MD Salauddin, an Dr Sarah Cotterill, an Dr Kevin Nolan, an tOllamh Jacky Croke, an Dr James Herterich, an tOllamh Comhlach Mary Kelly-Quinn, an Dr Grace Cott, an Dr Mark Coughlan | Coláiste na hInnealtóireachta agus na hAiltireachta | Scoil na hInnealtóireachta Sibhialta UCD | 121,238 | Tonn 2-thoiseach / Flúma Cainéil Oscailte |
| An tOllamh Lorraine Brennan | An tOllamh Patrick Guiry, an tOllamh Declan Gilheany, an tOllamh Comhlach Grace Morgan, an tOllamh Stefan Oscarson, an Dr Marina Rubini, an Dr Aifric O'Sullivan, an Dr Breige McNulty, an Dr Martina Wallace, an tOllamh Frank Monahan, an Dr Ronald Halim | Coláiste na nEolaíochtaí Talmhaíochta agus Sláinte | Scoil na Talmhaíochta agus Eolaíocht an Bhia UCD | 398,455 | Uasghrádú ar NMR imithe i léig |
| An tOllamh Comhlach Margaret McGee | An tOllamh Grace Mulcahy, an tOllamh Catherine Godson, an tOllamh Cormac Taylor, an tOllamh Kenneth Dawson, an tOllamh William Watson, an tOllamh Lorraine Brennan, an tOllamh Amanda McCann, an tOllamh Orina Belton, an tOllamh Cúnta Clare Reynolds, an tOllamh Cúnta David Gomez, an tOllamh Cúnta Ioscani Jiménez del Val | Coláiste na hEolaíochta | Institiúid Mhic Con Mí UCD | 155,367 | Anailíseoir na Cítiméadrachta Sreibhe CytoFLEX S |
| An tOllamh Nicola Fletcher | An tOllamh Stephen Gordon, an Dr Dimitri Scholz, an tOllamh Ulla Knaus, an tOllamh Grace Mulcahy, an Dr Cillian De Gascun, Charlene Bennett, an Dr Stephen Thorpe, an tOllamh Comhlach Virginie Gautier, an tOllamh Wim Meijer, an Dr Nan Zhang | Coláiste na Sláinte agus na Talmhaíochta | Scoil an Leighis Tréidliachta UCD | 118,692 | Uasghrádú ar shaotharlann CL3 do thaighde ar víris atá ag teacht chun cinn, lena n-áirítear SARS-CoV-2 |
| An tOllamh Stephen Davis | An tOllamh Graeme Warren, an tOllamh Tadhg O'Keeffe, an Dr Helen Lewis, an tOllamh Joanna Bruck, an Dr Thomas Cummins, an tOllamh Comhlach Barry Molloy, an Dr Jonathan Turner, an tOllamh Comhlach Shane Donohue | Coláiste na nEolaíochtaí Sóisialta agus an Dlí | Scoil na Seandálaíochta UCD | 96,615 | Rige suirbhé gheomaighnéadaigh ilbhraiteora |
| An tOllamh Stephen Thorpe | An tOllamh Brian Rodriguez, an tOllamh Desmond Tobin, an tOllamh Kenneth Dawson, an tOllamh Comhlach Niamh Nowlan, an Dr Nicola Fletcher, an tOllamh Comhlach Oliver Blacque, an Dr Rainer Melzer, an Dr Susanne Schilling, an Dr Yan Yan | Coláiste na nEolaíochtaí Talmhaíochta agus Sláinte | Scoil an Leighis UCD | 79,993 | PrepSEM – Athnuachan ar threalamh chun samplaí leictreonmhicreascópachta a ullmhú |
| An tOllamh William Gallagher | An tOllamh Aurelie Fabre, an tOllamh Comhlach Antoinette Perry, an tOllamh Amanda McCann, an tOllamh Therese Kinsella, an tOllamh Aoife Gowan, an tOllamh Carel le Roux, an tOllamh William Watson, an tOllamh Walter Kolch, an tOllamh Desmond Tobin, an tOllamh Donal Brennan | Coláiste na hEolaíochta | Scoil na hEolaíochta Bithmhóilíní agus Bithleighis UCD | 244,181 | Córas Íomháithe Fíocháin – Scanóir Fluaraiseach Ardtréchuir (Vectra POLARIS) |

Tríú scéim an chistithe inmheánaí ná an Scéim Tacaíochta UCD do Thaighde Bunaithe ar Thorthaí. Chun aitheantas a thabhairt don fhíric nach mbítear in ann cuid mhór de na costais laethúla a bhaineann leis an ngníomhaíocht taighde a chlúdach le deontais taighde, chuir UCD an scéim seo ar bun chun cistiú taighde a sholáthar don fhoireann teagaisc, an cistiú sin bunaithe ar thorthaí a gcuid taighde, a mheastar de réir foilseacháin agus maoirseacht PhD. I rith na bliana seo caite, bronnadh cistiú tacaíochta ar 1,026 foireann teagaisc trí Scéim Tacaíochta UCD do Thaighde Bunaithe ar Thorthaí. Tugtar na mionsonraí i dTábla 5.

**Tábla 5: Scéim Tacaíochta Taighde Bunaithe ar Thorthaí**

| Coláiste | Líon na nDámhachtainí | Luach na nDámhachtainí € |
|---|---|---|
| Coláiste na nEalaíon agus na nDaonnachtaí | 103 | 68,370 |
| An Coláiste Gnó | 62 | 45,891 |
| Coláiste na hInnealtóireachta agus na hAiltireachta | 126 | 186,150 |
| Coláiste na nEolaíochtaí Talmhaíochta agus Sláinte | 272 | 331,519 |
| Coláiste na hEolaíochta | 242 | 250,799 |
| Coláiste na nEolaíochtaí Sóisialta agus an Dlí | 211 | 183,054 |
| Eile | 10 | 7,243 |
| **Iomlán** | **1,026** | **1,073,027** |

Le cúig bliana anuas, bhí **18%** d'fhoilseacháin UCD i measc na 10% d'fhoilseacháin ba mhinice a luadh ar fud an domhain

## Anailísíocht agus Tionchair


### Méadracht Foilseachán

In 2020, rinneadh 4,281 páipéar de chuid UCD a liostáil in Elsevier SciVal (féach Tábla 1). Cé nach léiríonn na sonraí a thugtar torthaí taighde UCD ina n-iomláine (5,877 foilseachán don bhliain), méadracht thábhachtach atá ann. Is mó fós líon na bhfoilseachán acadúil sa tír seo atá curtha i gcrích ag UCD.

### Tionchar Acadúil


Is é Tionchar Luanna Ualaithe de réir Réimse ná comparáid idir líon na luanna a fhaigheann alt agus líon na luanna a mbítear ag súil le go bhfaigheadh ailt den chineál céanna doiciméid (alt, léirmheas nó páipéar faoi imeachtaí comhdhála), a foilsíodh sa bhliain chéanna agus sa réimse ceanna ábhair. Léiríonn tionchar luanna ualaithe de réir réimse de 1.00 go bhfuil na foilseacháin a bhaineann le hinstitiúid ar leith luaite go díreach mar a mbeifeá ag súil leis, bunaithe ar an meán domhanda i measc foilseacháin den chineál céanna. Agus úsáid á baint as an méadracht seo, luadh foilseacháin UCD le cúig bliana anuas 72% níos minice ná an meán domhanda, rud a chiallaíonn go bhfuil UCD ar an leibhéal céanna le go leor ollscoileanna idirnáisiúnta den chéad scoth atá dírithe go mór ar thaighde. Le cúig bliana anuas, bhí 18% d'fhoilseacháin UCD i measc na 10% d'fhoilseacháin ba mhinice a luadh ar fud an domhain. Ina theannta sin, scríobhadh 60% de na foilseacháin i gcomhar le hinstitiúidí i dtíortha eile, rud a léiríonn go soiléir gur ollscoil dhomhanda UCD.

**Léaráid 1: Líon na bhfoilseachán a taifeadadh in SciVal in aghaidh na bliana**




Foinse: Elsevier Scopus/SciVal (ceadaithe 22 Meán Fómhair, 2021)

**Léaráid 2: Tionchar Luanna Ualaithe de réir Réimse in aghaidh tréimhse 5 bliana**




Foinse: Elsevier Scopus/SciVal (ceadaithe 22 Meán Fómhair, 2021)

> // Luadh foilseacháin UCD le cúig bliana anuas 72% níos minice ná an meán domhanda, rud a chiallaíonn go bhfuil UCD ar an leibhéal céanna le go leor ollscoileanna idirnáisiúnta den chéad scoth atá dírithe go mór ar thaighde //

### Tionchar Sochaíoch

Cuireann Comórtas Tionchair Taighde na gCás-Staidéar leis an acmhainneacht ar fud UCD chun tionchar an taighde a thaifeadadh. Spreagann an comórtas gach taighdeoir, beag beann ar an disciplín, chun tionchar sochaíoch a chuid oibre a mheas agus a cheiliúradh.

Tugann an comórtas deis do thaighdeoirí in UCD cás-staidéar gearr scríofa a fhorbairt, ina bhfuil íomhánna léiritheacha, chun béim a leagan ar thionchar a dtaighde do lucht léitheoireachta seachtrach nach speisialtóirí iad. Ba í an tOllamh Catherine Cox, Scoil na Staire UCD, buaiteoir an chomórtais in 2020. Leagtar amach ina cás-staidéar, dar teideal *'Out of sight, out of mind: changing public perceptions of the mental health crisis in Irish prisons'* tionchar suntasach a tionscadail ina ndéantar fiosrúchán ar stair mheabhairshláinte na bpríosúnach. Is féidir na cás-staidéir a bhuaigh comórtas 2020, atá léirithe i dTábla 6 thíos, lena n-áirítear iad siúd a bhain an babhta ceannais amach, a fheiceáil ar www.ucd.ie/research/impact.




An tOllamh Wim Meijer, Scoil na hEolaíochta Bithmhóilíní agus Bithleighis UCD, agus an Dr Nicola Fletcher, Scoil an Leighis Tréidliachta UCD, ag tabhairt mionteagaisc don Aire Simon Harris maidir leis an tionscadal 'Faireachas Fuíolluisce Uile-Oileáin SARS-CoV-2'.

### Tábla 6: Comórtas Thionchar Taighde na gCás-Staidéar UCD 2020, Dara hÁit

| Cás-Staidéar | Daoine a bhain an babhta ceannais amach | Aonad |
|---|---|---|
| Addressing the stigma faced by people living with obesity | Ionad Taighde Aimhréidhe Diaibéitis | Scoil an Leighis UCD<br>Institiúid Mhic Con Mí UCD |
| Planning for sustainability through Environmental Sensitivity Mapping | An tOllamh Comhlach Ainhoa González | Scoil na Tíreolaíochta UCD<br>Institiúid Domhaneolaíochta UCD |
| Protecting the built environment from the effects of wind | An tOllamh Comhlach Jennifer Keenahan | Scoil na hInnealtóireachta Sibhialta UCD |
| Reimagining justice and healing after sexual violence | An tOllamh Comhlach Marie Keenan | Scoil an Pholasaí Shóisialta, na hOibre Sóisialta agus na Córa Sóisialta UCD |
| Right technology right time: how the PEARs app is improving pregnancy outcomes | An tOllamh Fionnuala McAuliffe | Scoil an Leighis UCD |
| Protecting older adults against financial exploitation | An tOllamh Cal Muckley<br>An Dr Gaurav Kumar<br>Linh Pham<br>Darragh Ryan | Scoil Ghnó Iarchéime Michael Smurfit UCD<br>Institiúid Uí Ghadhra UCD don Pholasaí Poiblí |
| Reducing the risk of COVID-19 transmission in hospitals | An Dr Kevin Nolan | Scoil na hInnealtóireachta Meicniúla agus Ábhar UCD |
| iSCAPE: improving the smart control of air pollution in Europe | An tOllamh Comhlach Francesco Pilla | Scoil na hAiltireachta, na Pleanála agus an Pholasaí Comhshaoil, UCD |
| Promoting women in peace mediation across the island of Ireland | An Dr Heidi Riley | Scoil na Polaitíochta agus Gnóthaí Idirnáisiúnta UCD<br>Institiúid Staidéir na Breataine-na hÉireann UCD |

## Réimsí Tosaíochtaí Straitéiseacha Taighde UCD – Príomhbhuaicphointí

Déanann ár gcuid taighde ag UCD difear mór. Cuirimid taighde agus nuálaíocht ar fáil de réir scála agus i réimsí atá tábhachtach go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta trí thús áite a thabhairt don bharr feabhais agus tionchar, infheistíocht a dhéanamh inár muintir agus cultúr agus timpeallacht a chur ar fáil ina bhfuil tacaíocht acu chun é seo a chur i gcrích thar cheithre théama straitéiseacha na hOllscoile:

1. Sochaí Dhomhanda Inmharthana a Chruthú
2. Claochlú a Dhéanamh tríd an Teicneolaíocht Dhigiteach
3. Domhan Sláintiúil a Fhorbairt
4. An Cine Daonna a Chumasú

Tá sárobair déanta ag UCD ó thaobh ceannaireachta agus éachtaí de maidir leis na téamaí seo agus tá sé mar aidhm anois, le cabhair ón bhfoireann Comhpháirtithe Taighde, an taighde a chur chun cinn faoi gach téama i mbealach aontaitheach.

### Sochaí Dhomhanda Inmharthana a Chruthú

Tá réitigh ar na dúshláin is mó atá roimh an domhan á gcuardach ag taighdeoirí i ngach disciplín, idir aistriú go fuinneamh inbhuanaithe, chórais bia atá slán a chruthú agus bhealaí le dul i ngleic le hathrú aeráide.

#### Mórfheachtais

Tá na córais bia agus talmhaíochta a chuireann bia folláin agus sábháilte ar fáil i níos mó baoil ná mar a bhí riamh roimhe. Ní dhéantar na córais náisiúnta bia a bhainistiú i mbealach atá iomlán comhtháite agus níor cuireadh barr feabhais orthu fós. Is é mórdhúshlán an domhain ná bia folláin, sábháilte, cothaitheach a tháirgeadh i mbealach atá iomlán trédhearcach agus córais inbhuanaithe in úsáid ar feadh an tslabhra iomláin.

Tugann an feachtas um Shláine Bia (Food-I) saineolas ar chórais bia ar oileán na hÉireann le chéile, lena n-áirítear croípháirtithe leasmhara acadúla, tionscail agus rialtais chun athrú mór a thabhairt i gcrích maidir le hinbhuanaitheacht, slándáil, comhchuibheacht agus sláine chóras bia na hÉireann, d'fhonn bia folláin, sábháilte, cothaitheach a chinntiú. Tá cur chuige faoi thionchar tomhaltóirí agus dírithe ar bhia plandúil ag an bhfeachtas, atá ag iarraidh ról an bhia phlandúil a fheabhsú i gcóras bia na hÉireann, agus úsáid bainte as teicneolaíochtaí nuálaíocha agus bunathraitheacha. Tógfaidh Food-I ar chlú idirnáisiúnta inmhaíte na hÉireann mar thairgeoir bia d'ardchaighdeán, rud a chinnteoidh sláinte na dtomhaltóirí agus inmharthanacht agus inbhuanaitheacht eacnamaíoch na gcóras náisiúnta bia.

#### Buaicphointí Taighde

Bronnadh Duais Nuálaí na Todhchaí de chuid Fhondúireacht Eolaíochta na hÉireann ar luach €2 mhilliún ar an tionscadal faoi stiúir UCD Farm Zero C, faoin Dúshlán Neodrach ó thaobh Carbóin. Tá Feirm Sheanaigh, Contae Corcaí in úsáid ag an tionscadal le staidéar a dhéanamh ar an tionchar a bheadh ag fuinneamh in-athnuaite, beatha beostoic agus cineálacha éagsúla d'fhéara agus de sheamra a chur, ar bhithéagsúlacht agus sláinte ithreach, agus ag an am céanna chun an gas meatáin a thairgeann ainmhithe a laghdú. Is é an sprioc ná go mbeidh an fheirm

neodrach ó thaobh carbóin faoi 2027, agus pleananna ann chun an straitéis seo a leathnú amach go 5,000 feirm eile taobh istigh de chúig bliana.

Fuair Ionad Taighde Fhondúireacht Eolaíochta Éireann iCRAG le haghaidh Geo-eolaíochtaí Feidhmeacha atá lonnaithe ag UCD agus a bhfuil baint ag comhpháirtithe leis ó neart réimsí taighde in Éirinn, €28 milliún i gcistiú Chéim a Dó. Cuirfidh an cistiú taighde iCRAG chun cinn i réimsí atá ríthábhachtach don tsochaí agus don gheilleagar, lena n-áirítear: teacht inbhuanaithe ar acmhainní fuinnimh agus amhábhair atá de dhíth don dícharbónú; acmhainneacht fhuinneamh gaoithe na hÉireann a fhorbairt amach ón gcósta thoir; maolú an athruithe aeráide agus oiriúnú dó; agus acmhainní screamhuisce agus mara a dhaingniú agus a chosaint.

Tá an tOllamh Doohan i gceannas ar an tionscadal 'Healthy Oats' ar luach €2.7 milliún – €2.18 milliún de faighte ó Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa mar chuid den Chlár Comhoibrithe idir Éire agus an Bhreatain Bheag – i gcomhar le hOllscoil Aberystwyth, Ollscoil Swansea agus Teagasc. Beidh obair ar bun sa tionscadal le pobail agus páirtithe leasmhara talmhaíochta chun na tairbhí sláinte, eacnamaíocha agus comhshaoil a bhaineann le coirce a fhás a chur chun cinn, agus chun cabhrú le feirmeoirí agus leis an tionscal ullmhú a dhéanamh do na hathruithe atá le teacht faoi Chomhaontú Glas an AE, lena n-áirítear úsáid leasacháin agus lotnaidicídí a laghdú.

Tá €250,000 i gcistiú Eorpach faighte ag foireann Éireannach ina bhfuil mac-chuideachta UCD, ProvEye, páirteach, chun bealach nua a fhorbairt le gnáthóga atá i mbaol a mhapáil agus monatóireacht a dhéanamh orthu, agus dróin agus meaisínfhoghlaim in úsáid acu. Leis an tionscadal seo, tá súil acu cabhrú le Rialtas na hÉireann ceanglais AE a chomhlíonadh maidir le héiceachórais a chosaint.

## Claochlú a Dhéanamh tríd an Teicneolaíocht Dhigiteach

Tá taighdeoirí UCD ag fiosrú agus ag comhcheangal cuir chuige agus



Áiríodh ball de bhoird an Ionaid nua um Innealtóireacht, Eolaíocht agus Theicneolaíocht Chandamach UCD agus Príomhoifigeach Teicneolaíochta UCD agus ghnólacht nuathionscanta Silicon Equal1 Labs, an tOllamh Comhlach Elena Blokhina ar dhuine de na 'Top 51 CTOs Transforming The World of Quantum Tech,' i bhfoilseachán ar líne Quantum Daily i mí Lúnasa 2021.

> // Go domhanda, tá fás mór tagtha ar thaighde candamach le deich mbliana anuas, i ngeall cuid mhaith ar an gcumas a bhaineann leis tionchair chlaochlaitheacha a imirt ar fud go leor earnálacha agus dul chun cinn san eolaíocht, i dtionscal agus sa tsochaí mar gheall ar a fhorbairt //

modheolaíochtaí idirdhisciplíneacha chun taighde a athrú as éadan go digiteach thar gach réimse idir leigheas agus fhealsúnacht.

### Mórfheachtais

Tá stair fhada na dtionchar dearfach ag an spástaighde agus teicneolaíocht thar go leor earnálacha agus ar an tsochaí. Cé go bhfuil páirt glactha ag Éirinn i spástaighde agus gur ball de chuid na Gníomhaireachta Eorpaí Spáis í, tá neart saineolais anseo nár bhain Éire leas as go fóill. Tá láidreachtaí idirdhisciplíneacha suntasacha ag UCD sa réimse seo, a thugann deis ar leith UCD a chur ar thús cadhnaíochta maidir le hearnáil spáis na hÉireann a fhorbairt agus mar cheannaire ar ionad náisiúnta spástaighde. Ag cur dó leis na láidreachtaí seo tá ionad don taighde, nuálaíocht agus oideachas a bhaineann le spás seolta ar fud na hOllscoile ag Ionad um Spástaighde UCD (C-Space). Is é an cuspóir atá aige comhpháirtíochtaí náisiúnta agus domhanda a thógáil a chuireann chun cinn úsáid spáis chun dul i ngleic le dúshláin eolaíochta dhomhanda agus shochaíocha, agus mórthionscadail spáis a sholáthar chun tairbhe na hÉireann.

Go domhanda, tá fás mór tagtha ar thaighde candamach le deich mbliana anuas, i ngeall cuid mhaith ar an gcumas a bhaineann leis tionchair chlaochlaitheacha a imirt ar fud go leor earnálacha agus dul chun cinn san eolaíocht, i dtionscal agus sa tsochaí mar gheall ar a fhorbairt. Aithnítear go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta nádúr bunathraitheach an réimse seo agus leis an leibhéal suntasach saineolais bainte le candamach laistigh den Ollscoil, tá deis ann UCD a chur i gcroílár taighde chandamaigh in Éirinn. Mar fhreagairt, tá UCD i ndiaidh Ionad um Innealtóireacht, Eolaíocht agus Theicneolaíocht Chandamach (C-QuEST) UCD a bhunú, rud a éascaíonn gníomhaíochtaí ar fud na hOllscoile atá dírithe ar theicneolaíochtaí nua candamacha a thuiscint, a fhorbairt agus a thráchtálú.

### Buaicphointí Taighde

Seoladh C-QuEST UCD mí Lúnasa i mbliana, rud a léirigh an tábhacht atá ag méadú i gcónaí maidir leis na teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn, chun leas a bhaint as cumhacht na heolaíochta candamaí. Léiríodh peirspictíochtaí ón tionscal ag an seoladh fíorúil, an Dr Ruoyi Zhou Stiúrthóir Taighde IBM, agus Jason Lynch, príomhoifigeach oibriúcháin mac-chuideachta Equal1 Labs de chuid UCD, san áireamh.

Bronnadh Dámhachtain Fhondúireacht Eolaíochta Éireann Frontiers for the Future ar an Ollamh Lorraine Hanlon, Stiúrthóir C-Spás UCD, as forbairt agus seoladh EIRSAT-1, an chéad satailít na hÉireann. D'éirigh le CubeSat a chéad Mhisean Trialach míosa a chríochnú ag Ionad Oideachais ESA sa Bheilg. Croitheadh an spásárthach d'fhonn lainseáil ar roicéad a ionsamhlú agus rinneadh

tástálacha air i gcuasán folúis theirmigh a chuireann é faoi theochtaí foircneacha (te agus fuar) i dtimpeallacht folúis.

Fuair UCD agus comhpháirtíochtaí cistiú faoin tríú glao de chuid an Chiste Nuálaíochta um Theicneolaíochtaí Bunathraitheacha le haghaidh CAMEO (Ailtireacht a Chruthú chun sonraí Faire na Cruinne a Mhí-ionramháil). Rachaidh an tionscadal seo go díreach i ngleic le ceann de na sé chuspóir atá ag an Straitéis Spáis Náisiúnta don Fhiontraíocht 2019-2025 trí Earnáil Sheirbhísí Spáis a bhunú – go sonrach, cur chuige nua le sonraí satailíte idirnáisiúnta/UAV/Braiteora lonnaithe ar talamh a rochtain.

San earnáil sonraí sláinte, b'imeacht fíorúil é an Collóiciam Taighde Bliantúil UCD-IBM 2021 (mí an Mheithimh 2021), 'Innovation Ecosystems in Digital Surgery', a léirigh todhchaí na máinliachta digití in Éirinn. Rinneadh sruthú beo ar an imeacht agus scaipeadh é ar ball ar chainéal YouTube Thaighde UCD. Chomh maith leis sin, tháinig páipéar bán as, a cuireadh faoi bhráid an Rialtais.

## Domhan Sláintiúil a Fhorbairt

I ngach réimse d'Eolaíochtaí na Beatha/ETIM, de na Daonnachtaí, de na hEolaíochtaí Sóisialta agus go leor eile, tá taighdeoirí ag obair chun sláinte agus folláin daoine, ainmhithe agus an chomhshaoil a fheabhsú trí bharr feabhais acadúil agus cuir chuige chomhoibríocha taighde.

### Mórfheachtais

D'fhéadfadh duine as gach beirt atá ina gcónaí ar oileán na hÉireann ailse a fháil agus iad beo. Chun saol an líon mór daoine a bhfuil nó a raibh ailse orthu a fheabhsú, tá géarghá ann le hinstitiúid uile-oileáin don taighde ailse a fhorbairt chun a thuilleadh comhoibrithe taighde a chothú. Tá UCD ar thús cadhnaíochta faoi láthair i dtionscnamh chun ionad mar seo a fhorbairt, ina gcuirfí béim ar leith ar eolas faoin ngalar a chur chun cinn agus ar spriocanna nua a aimsiú maidir lena dhiagnóis agus lena ionramháil theiripeach, agus iarracht á déanamh prognóis na n-othar sa suíomh cliniciúil a fheabhsú.

### Buaicphointí Taighde

Bhí tionchar nach beag ag UCD ar thaighde COVID-19 le bliain anuas agus bronnadh dámhachtainí suntasacha air. Sheol an Coimisiún Eorpach VACCELERATE, líonra cliniciúil vacsaíne chun luas a chur le trialacha vacsaíní COVID-19. Faoi stiúir in Éirinn ó UCD ag an Ollamh Patrick Mallon, cuireann an t-ardán trialach freagairt thapa le pointe iontrála aonair ar fáil do na páirtithe leasmhara uile i bhforbairt vacsaíne chun tús a chur le céim a dó agus a trí sna trialacha vacsaíne. Tá an tOllamh Mallon ina chomhcheannaire freisin ar Bhithbhanc Náisiúnta COVID-19 na hÉireann, comhshaothar thar sé institiúid acadúla agus 13 ospidéal, a chuimsíonn seirbhísí cliniciúla pobail, máithreachais, péidiatracha agus daoine fásta.

Bhí baint ag taighdeoirí de chuid UCD le neart staidéar cliniciúil, roinnt acu faoi stiúir Chathaoirleach UCD ar an Leigheas Cúraim Chriticiúil, an tOllamh Alistair Nichol, atá i gceannas ar thrialacha drugaí náisiúnta agus idirnáisiúnta trí Líonra Thrialacha Cliniciúla an Chúraim Chriticiúil in Éirinn. I measc na staidéar as a dtáinig torthaí tábhachtacha bhí REMAP-CAP, faoi stiúir in UCD ag an Ollamh Nichol (ar roinnt teiripí lena n-áirítear Heipirin, Hidreacortasón agus Tocilizumab), agus 'Solidarity,' faoi stiúir in UCD ag an Ollamh Cormac McCarthy (lena n-áirítear Remdesivir agus Hiodrocsaclóracuín). Rinneadh mapáil sa staidéar Uile-Oileán um Chohórt Galair

// Tá UCD i gceannas ar thionscadal taighde Airtrítis Psoriatic nua ar luach €21 milliún arna chistiú ag an AE (Tionscnamh um Chógais Leighis Nuálacha) agus ag an tionscal. 'Hippocrates' an teideal atá air agus tá foireann idirnáisiúnta de 26 comhpháirtíocht taighde, cuideachta cógaisíochta, FBM agus eagraíocht othar páirteach ann //

Thógálacha, ar a raibh an tOllamh Patrick Mallon i gceannas, ar an gcéad agus ar an dara ráig den ionfhabhtú COVID-19 in Éirinn.

Tugadh cistiú do bhreis agus 30 tionscadal taighde UCD ó Chiste Mearfhreagartha COVID-19 de chuid Rialtas na hÉireann. I measc na dtionscadal a fuair cistiú in 2021 bhí: 'All-island wastewater surveillance for SARS-CoV-2', faoi stiúir ag an Ollamh Wim Meijer agus 'Accelerating antiviral treatments with novel virus-host interface strategies', faoi stiúir ag an Dr Virginie Gautier.

Tá UCD i gceannas ar thionscadal taighde Airtrítis Psoriatic nua ar luach €21 milliún arna chistiú ag an AE (Tionscnamh um Chógais Leighis Nuálacha) agus ag an tionscal. 'Hippocrates' an teideal atá air agus tá foireann idirnáisiúnta de 26 comhpháirtíocht taighde, cuideachta cógaisíochta, FBM agus eagraíocht othar páirteach ann. Tá Hippocrates comhordaithe ag Comhaltaí Institiúid Mhic Con Mí UCD, an tOllamh Oliver FitzGerald agus an tOllamh Stephen Pennington, an bheirt acu ó Scoil an Leighis UCD.

## An Cine Daonna a Chumasú

Chóir a bheith gach disciplín cuimsithe ann, tá taighdeoirí ag dul i ngleic le dúshláin shochaíocha trí thaighde a chumasaíonn próisis chuimsitheacha, a chuireann smaointeoireacht daonna in oiriúint agus a spreagann athrú iompraíochta buan.

### Mórfheachtais

Tá taighdeoirí ag UCD, agus iad ag obair thar réimse leathan sna healaíona, daonnachtaí, eolaíochtaí sóisialta, dlí agus gnó mar bhonn faoi na feachtais thuasluaite. I measc na bhfeachtas atá ag teacht chun cinn faoin téama 'An Cine Daonna a Chumasú' tá 'Sochaithe Slána agus Daonlathacha', a dhéanann fiosrú ar úsáid chuir chuige na ndaonnachtaí ar fhoréigin agus sochaí, imirce, daonlathas rannpháirtíochta, beartas eachtrach, slándála agus cosanta na hÉireann, slándáil sonraí agus bréagaisnéis; agus 'Pobail Inbhuanaithe', a dhíríonn ar réimse téamaí ceangailte atá lárnach agus sinn ag maireachtáil agus ag obair i ré iarphaindéime, agus béim ar leith ar bheocht bhailte na hÉireann, polasaí tithíochta, easpa dídine agus foirgnimh sheanchaite.

### Buaicphointí Taighde

Fuair an tOllamh Comhlach Francesco Pilla, Scoil na hAiltireachta, na Pleanála agus an Pholasaí Comhshaoil UCD agus an tOllamh Comhlach Jennifer Symonds, Scoil an Oideachais UCD €285,796 de chistiú ó Chlár Fhondúireacht Eolaíochta Éireann Duais Nuálaí na Todhchaí, an Dúshlán Plaisteice. Baineann a dtionscadal 'Plastic



An Dr Suja Somanadhan, Scoil an Altranais, an Chnáimhseachais agus na gCóras Sláinte UCD agus PI ar thionscadal COVISION COVID-19 agus an tOllamh Alistair Nichol, Cathaoirleach Leigheas Cúraim Chriticiúil UCD agus Stiúrthóir Líonra um Thrialacha Cliniciúla Cúraim Chriticiúil na hÉireann, ag buaileadh leis an Aire Simon Harris agus leis an Ollamh Orla Feely, Leas-Uachtarán um Thaighde, Nuálaíocht agus Tionchar.

Raiders' úsáid as creat intleachta comhchoitinne treisithe ar bhealach ina dtugtar tacaíocht do phróisis bhreithnithe saoránach maidir le húsáid plaisteacha le hintleacht shaorga, teicneolaíocht agus uirlisí oideachais.

Fuair an tOllamh Kathleen James-Chakraborty, Scoil Stair na hEalaíne agus an Pholasaí Chultúrtha UCD agus Institiúid don Léann Daonna UCD €2 mhilliún mar Ard-Deontas ón gComhairle Eorpach um Thaighde (ERC) chun staidéar a dhéanamh ar an dóigh a chuir mná agus baill mhionlach eitneach cruth ar ailtireacht agus dearadh nua-aimseartha. Tá sí ar dhuine de cheithre thaighdeoir in Éirinn a fuair an dámhachtain chistithe mór le rá i mbliana.

Fuair UCD dhá dámhachtain faoin gcomhpháirtíocht idir an Chomhairle um Thaighde in Éirinn agus Arts and Humanities Research Council (AHRC) sa RA chun an saineolas ceannródaíoch ar an leibhéal domhanda sna daonnachtaí digiteacha a chistiú. Tugadh dámhachtain don Dr Neil Carlin, UCD Scoil na Seandálaíochta agus don Dr Seren Griffiths, Manchester Metropolitan University, le haghaidh 'Project Radiocarbon – Big Data, integrated cross-national heritage histories.' Fuair an Dr Claas Kirchhelle, Scoil na Staire UCD agus Ionad UCD do Stair an Leighis in Éirinn, agus an Dr Samantha Vanderslott, Oxford University, dámhachtain as 'Typhoid, Cockles, and Terrorism: The turbulent history of Anglo-Irish typhoid control in revolutionary Dublin'.

Bhí roinnt ceapachán mór le rá a bhaineann leis an téama seo, lena n-áirítear: An Dr Orla Murphy, ceaptha chuig an gcruinniú comhchéime ardleibhéil Bauhaus Eorpaigh Nua de chuid an AE, tionscnamh agus comhairle chomhairleach a seoladh anuraidh; An tOllamh David Farrell, tofa mar an chéad Chathaoirleach eile ar an gCuibhreannas Eorpach um Thaighde Polaitiúil; An tOllamh Andreas Hoepner agus an Dr Theodor Cojoianu (Comhalta ar cuairt), ceaptha chuig an Ardán maidir le Cistiú Inbhuanaithe de chuid an Choimisiúin Eorpaigh; agus an tOllamh Comhlach Karen Anderson a ceapadh ina Cathaoirleach ar Chomhairle an Léinn Eorpaigh.

Bronnadh OBE Oinigh ar an Ollamh Emeritus Gabriel Cooney, Scoil na Seandálaíochta UCD, mar aitheantas ar a chuid seirbhísí d'oidhreacht, mar Chathaoirleach ar Chomhairle na Séadchomharthaí Stairiúla Thuaisceart Éireann.

## Institiúidí Taighde UCD

Chomh maith le hobair a chur i gcrích ar mhaithe leis na ceithre théama straitéiseacha thuasluaite, cuireann institiúidí taighde na hOllscoile roinnt clár agus imeachtaí leathana, a ndéantar cur síos ar chuid acu thíos, chun cur leis an mbonn eolais, le héiceachóras an taighde agus le tionchar UCD.

### Institiúid Mhic Con Mí um Thaighde Bithmhóilíneach agus Bithleighis UCD

Tá straitéis maidir le taighde sláinte ag UCD dírithe ar shláinte chomhnasctha agus leigheas pearsanta. D'fhéadfadh na hardáin seo ár gcórais cúram sláinte a athrú ó bhonn agus tionchar ceannródaíoch a imirt thar raon réimsí galar, agus léirítear é seo sna téamaí taighde de chuid Institiúid Mhic Con Mí. Chuir Comhaltaí na hInstitiúide le taighde atá luaite áiteanna eile sa tuarascáil seo – lena n-áirítear an tOllamh Oliver Fitzgerald agus an tOllamh Stephen Pennington (Hippocrates) agus an tOllamh Patricia Maguire agus an tOllamh Fionnuala Ní Áinle (AI-PREMie).

I gCaidreamh Poiblí agus For-rochtain, rinne tionscnamh Guth an Othair i dTaighde ar Ailse, faoi stiúir ag an Ollamh Amanda McCann, an fhorbairt a dhoiciméadú i bhfoilseachán nua, suíomh gréasáin tiomnaithe a sheoladh agus sraith pléití míosúla a reáchtáil ar Zoom ar a fhreastail breis agus 500 othar, abhcóide agus taighdeoir.

Ghlac daltaí idirbhliana ó scoileanna i mBaile Átha Cliath, Cill Dara agus Cill Mhantáin páirt i sceideal seachtaine gníomhaíochtaí agus



Ó chlé: An tOllamh Mary Higgins, Scoil an Leighis UCD/an tOspidéal Náisiúnta Máithreachais, an tOllamh Fionnuala Ní Áinle, an tOllamh Patricia Maguire agus an Dr Paulina Szklanna, ConwaySPHERE UCD agus grúpa taighde AI-PREMie. (Grianghraf le Fran Veale)

seimineár chun léargas a fháil ar shaol eolaí. Cabhraigh duine déag de mhic léinn PhD agus baill foirne iardhochtúireachta leis an gclár a dhearadh agus a chur i láthair i rith mhí Aibreáin 2021. Déanfaidh an tseachtain phíolótach seo trí seachtaine idirbhliana eile a mhúnlú agus í cistithe trí chlár Fhondúireacht Eolaíochta Éireann Discover le haghaidh daltaí ó scoileanna DEIS a bhfuil baint acu le UCD.

Ag coinneáil leis le linn COVID-19, rinne baill foirne na hInstitiúide bonneagar riachtanach a chothabháil agus chuaigh siad i mbun pleanála agus doiciméadaithe fhairsing chun polasaithe COVID-19 agus grúp-struchtúir a chur i bhfeidhm le haghaidh atosú ordúil taighde ó mhí an Mheithimh 2020. Bhí na polasaithe seo mar theimpléid d'aonaid eile. Rinne an filleadh luath seo ar thaighde riachtanach cinnte de gur éirigh le hiarratais ar chistiú i gcomhair taighde a bhain le COVID-19, lena n-áirítear iad siúd a rinne an tOllamh Denis Shields, an tOllamh Wim Meijer, an tOllamh Patricia Maguire, an Dr Virginie Gautier agus an Dr Nicola Fletcher. Ceapadh an tOllamh David Brayden chuig ceann de na chéad Chomhairlí Náisiúnta um Eitic Thaighde ag an Aire Sláinte Stephen Donnelly, le dul i ngleic leis an réimse trialacha cliniciúla ar tháirgí íocshláinte lena n-úsáid ag an duine agus imscrúduithe cliniciúla ar fheistí leighis. Tacóidh sé seo le creat láidir eitice a fhorbairt agus áit na hÉireann mar mhol domhanda le haghaidh Taighde agus Forbairt maidir le Teicneolaíocht Leighis a threisiú.

### Institiúid um Fhionnachtain UCD

Leanann Institiúid um Fhionnachtain UCD de bheith mar chrann seasta nascachta, saineolais agus tacaíochta i gcomhair taighde idirdhisciplíneach atá ag teacht chun cinn agus ag céim luath san Ollscoil. Ar an 24 Meán Fómhair 2020, rinne an Institiúid an Mol Cúraim Sláinte IS a sheoladh agus misean aige algartaim a mbeidh tionchar mór acu a tháirgeadh ar roinnt tionscadal spreagúil, uirlisí srathaithe riosca maidir le COVID-19, réamheaclaimsia agus scléaróis iolrach (SI) san áireamh. Bhí seimineár gréasáin dar teideal 'The Future of AI in Healthcare,' mar pháirt den imeacht seolta agus cainteoirí saineolaíocha agus painéalaithe ón saol acadúil agus earnáil na tionsclaíochta ann, agus é comhóstáilte i gcomhar le hInstitiúid Anailísíochta na hÉireann agus i bpáirt le Taighde agus Nuálaíocht UCD.

I measc na dtionscadal SI i sláinte a fuair cistiú le bliain anuas bhí AI-PREMie (Laghdú a dhéanamh ar Ualach Réamheaclaimsia), AI-PredictMS agus COVID COCOON. Bronnadh dámhachtain thánaisteach €500,000 ar AI-PREMie, a raibh an tOllamh Patricia Maguire i gceannas air, ó Dhuais Fhondúireacht Eolaíochta Éireann Nuálaí na Todhchaí, Dúshlán Intleachta Saorga le haghaidh Maitheasa na Sochaí.

I mí na Samhna 2020, i ndiaidh moladh cuimsitheach a chur isteach agus a chur i láthair, bronnadh ar an Institiúid ballraíocht iomlán den líonra mór le rá University Based Institutes of Advanced Study (UBIAS). Eagraíocht idirnáisiúnta is ea UBIAS a thugann le chéile breis agus 40 ollscoil dhiantaighde ar fud an domhain, lena n-áirítear ceithre de na 10 gcinn is fearr agus 16 de na 100 ollscoil is fearr rangaithe ar domhan.

Le bliain anuas, rinne an institiúid breis agus 40 cainteoir ó institiúidí agus gnóthais mór le rá ar fud an domhain a óstáil go fíorúil, lena n-áirítear Scripps Institute, La Jolla, Boston College, CitiBank agus Microsoft, trína sraith agallamh 15 nóiméad nuálach 'Zoom for Thought' – a tionóladh go seachtainiúil ó Aibreán 2020.

D'oibrigh an Institiúid i gcomhpháirt le Intel ar thionscadal Chláirseach Léasair Intel, a cuireadh i láthair ag Féile UCD i mí na Bealtaine 2021. I mí na Bealtaine freisin, thug an Institiúid, i gcomhar le hInstitiúid Fuinnimh UCD, tacaíocht do chomhdháil Dublin Climate Dialogues (féach Institiúid Fuinnimh UCD thíos).

### Institiúid Domhaneolaíochta UCD

Is é Institiúid Domhaneolaíochta UCD ná institiúid na hOllscoile do thaighde comhshaoil agus inbhuanaitheachta, agus breis agus 140 ball acadúil ann chun saineolas a thabhairt le chéile ó gach ceann de na sé choláiste agus 24 scoil. Sa phobal gníomhach de bhaill chomhlacha atá ag an Institiúid tá breis agus 250 taighdeoir iarchéime agus iardhochtúireachta, foireann taighde agus tacaíochta teicniúla, agus coiste nuabhunaithe chun tacú leis na cohóirt seo ar a bhfuil an Dr Aparajita Banerjee, Coláiste Ghnó UCD ina cathaoirleach.

In 2021, bhunaigh an institiúid an téama taighde nua 'Daoine, Obair,

Sochaí' faoi stiúir ag an Dr Margaret Crean, an tOllamh Donna Marshall agus an Dr Penelope Muzanenhamo. Tá sé mar aidhm leis an téama taighde saincheisteanna a fhiosrú lena n-áirítear cothroime agus comhionannas, obair agus coinníollacha oibre fónta agus aistriú cóir. Seoladh trí thionscadal straitéiseacha mar thosaíochtaí in 2021, a rinne fiosrú ar fholláine chomhshaoil, taighde sléibhe agus bithbharra.

Faomhadh an tionscadal 'Ionad do Bhailte na hÉireann' (a seoladh in 2019) go foirmiúil mar Ionad UCD do Thaighde agus Foghlaim agus bhí imeacht ann don seoladh i mí an Mheithimh 2021. Is baill iad na stiúrthóirí, an Dr Philip Crowe agus Orla Murphy, den Ghrúpa Comhairleach don ghrúpa idir-rannach atá le polasaí 'Tús Áite do Lár an Bhaile' a fhorbairt mar cheann de na gníomhartha de Chlár an Rialtais. Táthar ag súil le go seolfaidh an Rialtas an polasaí ag deireadh na bliana 2021.

Bhí an tOllamh Comhlach Geertje Schuitema i sainghrúpa comhairleach, ar a raibh Stiúrthóir na hInstitiúide an tOllamh Tasman Crowe ina cathaoirleach, chun comhairle a chur ar an Rialtas faoin méadú ar líonra de Limistéir Mhuirí faoi Chosaint na hÉireann. Chomh maith leis sin, ceapadh an tOllamh Crowe mar chathaoirleach ar an bhFóram Náisiúnta um Bithéagsúlacht, a bheidh ag dul i bhfeidhm ar an gcéad Phlean Gníomhaíochta Náisiúnta eile maidir le Bithéagsúlacht.

I mbliana, sheol an Institiúid a straitéis trí bliana nua 'I dTreo Todhchaí Inbhuanaithe' le himeacht ar líne chun rannpháirtíochtaí idirdhisciplíneacha agus idirearnálacha i dtaighde comhshaoil agus inbhuanaitheachta a fhiosrú. Ar aon dul le haidhmeanna na straitéise nua, bhunaigh an Institiúid comhoibrithe agus rannpháirtíochtaí nua straitéiseacha le réimse eagraíochtaí, lena n-áirítear Future Earth Ireland, an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, Cumann Eolaíochtaí Comhshaoil na hÉireann agus World Universities Network, agus is ceann de bhunaitheoirí an Líonra Uile-Oileáin um Thaighde Aeráide agus Bithéagsúlachta nua í.

Bhí Institiúid Domhaneolaíochta UCD i gceannas freisin ar iarratas UCD chun bheith ina bhall de thionscnamh Thionchar Acadúil na Náisiún Aontaithe. Agus breis agus 1,400 de bhallinstitiúidí thar 147 tír aige, spreagann Tionchar Acadúil na Náisiún Aontaithe ollscoileanna le dul i ngleic le dúshláin dhomhanda trí theagasc agus foghlaim agus le bheith ina ngorlanna do réitigh nua chun Spriocanna um Fhorbairt Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe a bhaint amach.

### Institiúid Fuinnimh UCD

Tá an fhoireann ildisciplíneach de thaighdeoirí in Institiúid Fuinnimh UCD dírithe ar an aistriú go todhchaí atá neodrach ó thaobh carbóin agus ar Éireann a chur ar thús cadhnaíochta san aistriú fuinnimh.

Léirigh cuir chuige shamhaltaithe a forbraíodh le Clár Comhpháirtíochta Chomhtháthú na gCóras Fuinnimh (ESIPP) na dúshláin theicniúla atá ann d'oibríochtaí eangaí agus fuinneamh inbhuanaithe ag méadú, agus bhí tionchar díreach acu ar ghníomhaíochtaí tábhachtacha chun dícharbónú a chur chun cinn.

Sampla de seo a tháinig chun cinn ar na mallaibh is é an tionscadal de chuid BSL 'Green Atlantic' ag Stáisiún Cumhachta Moneypoint, Contae an Chláir. Tugann an clár infheistíochta ilbhilliún euro gaoth ón gcósta, teicneolaíocht a chumasaíonn fuinneamh in-athnuaite agus táirgeadh hidrigine glaise le chéile. Cuirfidh sé go mór le sprioc an Rialtais de laghdú 51% in astaíochtaí a bhaint amach faoi 2030. Tá obair tosaithe cheana féin ar chúititheoir sioncronach – an ceann is mó dá bhfuil ann – a chuirfidh réimse seirbhísí ar fáil don eangach arna soláthar roimhe ag cumhachtstáisiúin theirmeacha. Aithníodh ról an chúititheora chun tacú le dícharbónú eangach na hÉireann, rud atá ríthábhachtach do chéimeanna na hÉireann maidir le gníomhú ar son na haeráide, i dtaighde um chórais fuinnimh a shamhaltú atá déanta ag an bhfoireann UCD.

Le bliain anuas, léirigh an Institiúid ceannaireacht idirnáisiúnta agus í ag tacú le Comhdháil 'Dublin Climate Dialogues' (Meitheamh 2021) agus í á stiúradh aici. Thar dhá lá, labhair saineolaithe i réimsí athraithe aeráide, airgeadais ghlais, fuinnimh agus teicneolaíochta leo siúd a bhí i láthair ar cad é mar is féidir le tíortha aonair agus leis an bpobal domhanda luas a chur faoin aistriú go neodracht ó thaobh fuinnimh roimh COP26 (Comhdháil na Náisiún Aontaithe ar Athrú Aeráide) i nGlaschú i mí na Samhna. I measc na n-aoichainteoirí bhí John Kerry, Toscaire Speisialta Uachtaráin SAM maidir le hAeráid; Fatih Birol, Stiúrthóir Feidhmiúcháin, an Ghníomhaireacht Idirnáisiúnta Fuinnimh; agus Máire Mhic Róibín (iar-Uachtarán na hÉireann). Ghlac daoine mór le rá eile ón earnáil tionsclaíochta, ó dhomhan na hacadúlachta agus ón rialtas páirt freisin, lena n-áirítear an tOllamh Andrew Keane, Stiúrthóir Institiúid Fuinnimh UCD, agus rinne siad modhnóireacht ar dhá sheisiún sa chomhdháil maidir le 'Technologies and Resources for Decarbonisation' agus 'Energy Systems to Facilitate Decarbonisation.'

### Institiúid Bia agus Sláinte UCD

Leanann Institiúid Bia agus Sláinte UCD ar aghaidh lena sprioc a bheith ina ceannaire domhanda ag féachaint chuige go seasfaidh córais bhia an aimsir, le cur chuige iomlánaíoch maidir le sláinte. Tá a ballraíocht fhorleathan, a thugann le chéile breis agus 200 ball den fhoireann teagaisc agus mac léinn ar ardleibhéal scileanna in an-chuid disciplíní, go fóill ag forbairt a líonraí idirnáisiúnta agus ag cur taighde ceannródaíocha den chéad scoth ar fáil.

Ta an Institiúid sna céimeanna deiridh d'iarrthóir a roghnú do Chomhaltacht Nuálaí Idirnáisiúnta UCD – University of California Davis. Rachaidh an Comhalta chuig California chun obair a dhéanamh le grúpa taighde ag UC Davis agus le páirtí caipitil fiontair i Silicon Valley.

Tugadh aitheantas do shaineolas PInna na hInstitiúide leis na ceapacháin seo a leanas: An tOllamh Eileen Gibney a ceapadh chuig Comhthionól Ginearálta EUFIC; An tOllamh Tom Curran agus an Dr Fionnuala Murphy a ceapadh chuig an ngrúpa Tasc 36 de chuid na Gníomhaireachta Idirnáisiúnta Fuinnimh; An tOllamh Tommy Boland a ceapadh chuig Coiste Stiúrtha SmartFarming de chuid Fheirmeoirí Aontaithe na hÉireann; An tOllamh Lorraine Brennan a ceapadh chuig Buanchoiste Acadamh Náisiúnta SAM; An tOllamh Frank Monahan agus an tOllamh Eileen Gibney a ceapadh chuig an gCoiste Comhairleach Eolaíoch maidir le bia sábháilte; agus an tOllamh Dolores O'Riordan agus an tOllamh Shea Fanning a ceapadh chuig Coiste Eolaíoch Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann. Ceapadh an tOllamh Taca Tom Arnold mar Thoscaire Speisialta Rialtas na hÉireann maidir le Córais Bhia.

Ainmníodh an tOllamh Paula Bourke, an tOllamh Colm O'Donnell agus an tOllamh Comhlach Nigel Bruton ar na taighdeoirí sa chéad 1% is minice a luaitear de réir liosta anailísíochta Clarivate do 2020 – an ceathrú bliain i ndiaidh a chéile a bhí an tOllamh O'Donnell ar an liosta.

Ag leanúint ar aghaidh le linn na paindéime, bhog an Institiúid a himeachtaí for-rochtana agus caidrimh poiblí ar líne le linn 2020, lena n-áirítear sraith Léachtaí Poiblí maidir le Cothú agus Sláinte, rud a raibh

# 150,687

íoslódáil ar Soundcloud agus iTunes faoi lár mhí Lúnasa 2021 den tsraith podchraoltaí 'Our Authors' ón Institiúid don Léann Daonna UCD

tóir uirthi. D'fhreastail breis agus 1,000 duine ar na seimineáir ghréasáin le linn na bliana, agus an léacht a thug an tOllamh Helen Roche, Stiúrthóir ar Institiúid Mhic Con Mí UCD, ar an ábhar 'Nutrition and Healthy Immune Function' ar an gceann is mó tóir. Bhí breis agus 900 amharc ar fhíseán na cainte ar YouTube freisin.

Fuair an tOllamh Shea Fanning, an tOllamh Aoife Gowen agus an tOllamh Fiona Doohan cistí Fhondúireacht Eolaíochta Éireann COVID-19 Mearfhreagartha i gcomhair tionscadal, lena n-áirítear: Ráigeanna i monarchana próiseála feola a thuiscint agus a chosc; TCP a fheabhsú; agus FoodShield: Ag cabhrú le téarnamh Earnáil Agraibhia na hÉireann.'

### Institiúid Uí Ghadhra UCD don Pholasaí Poiblí

I ndiaidh sealbhaíocht an-rathúil cúig bliana a chaitheamh mar Stiúrthóir na hInstitiúide, chuaigh an tOllamh Philip O'Connell ar scor i mbliana. Tháinig Ollamh seanbhunaithe na hInstitiúide Michelle Norris, atá ar na príomhshaineolaithe in Éirinn ar pholasaí tithíochta agus uirbeach, i gcomharbacht air.

Fuair an Institiúid cistiú suntasach i rith na bliana. Fuair Monica O'Connor agus Ruth Breslin, Scoil an Pholasaí Shóisialta, na hOibre Sóisialta agus na Córa Sóisialta cistiú i gcomhair an Clár Taighde ar Theacht i dTír Gnéasach ó Community Foundation for Ireland. Fuair an Dr Lorenzo Cini, le tacaíocht ón Ollamh Roland Erne, Gradam Gnímh Marie Skłodowska-Curie le haghaidh 'Contesting Government by Numbers: The Mobilizations of Food Delivery Couriers across Europe in Time of the Pandemic' (COGONU).

Fuair an tOllamh Comhlach Jennifer Symonds, an Dr Seaneen Sloan agus an Dr Laura Taylor cistiú ón Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige chun 'A scoping review to inform the development of a potential new birth cohort for Growing Up in Ireland' a dhéanamh. Thug an Fóram Straitéiseach Eorpach um Bonneagair Taighde cistiú don fhoireann chun páirt a ghlacadh sa chéad staidéar Eorpach trasnáisiúnta ar chohórt breithe a bhunú, staidéar dar teideal 'Growing Up In Digital Europe' (GUIDE). Beidh siad ag comhoibriú leis an Ollamh Comhlach Orla Doyle ar thionscadal 'COORDINATE' Fhís 2020 a bhfuil luach €5 mhilliún air – an chéad fhadstaidéar uile-Eorpach riamh maidir le cohórt breithe chun folláine leanaí a rianú agus iad ag fás anuas.

Bhunaigh Comhaltaí Institiúide clár nua de cheardlanna scileanna taighde do 2020/21. Reáchtáladh trí cheardlann a bhí dírithe ar na rudaí seo a leanas: Modhanna – traenáil in ardteicnící agus ardmhodheolaíochtaí taighde a sholáthar; Scileanna – dírithe ar fhorbairt ghairmiúil, go háirithe ar thaighdeoirí luathchéime; agus Uirlisí – oiliúint ar chláir thaighde bogearraí a sholáthar. Mheall na ceardlanna lucht féachana mór agus leathnófar iad in 2021/22.

Leanadh le sraith sheachtainiúil seimineár na hInstitiúide ar líne le linn na paindéime. D'fhoilsigh Publicpolicy.ie breis agus 50 páipéar polasaí, agus bhí na cinn faoi fhreagairtí an Rialtais ar COVID-19 agus infheistíocht institiúideach i dTithe na hÉireann clúdaithe go fairsing sna meáin chlóite. Tháinig méadú 40% ar an lucht léitheoireachta in 2020/21, agus beagnach leath an mhéid sin ó earnáil an bheartais phoiblí.

### Institiúid don Léann Daonna UCD

Anois ina fichiú bliain, is ionad ríthábhachtach í an Institiúid don Leann Daonna UCD do thaighde idirdhisciplíneach agus ildisciplíneach daonnachtaí in Éirinn. I mbliana, d'fhoilsigh an Institiúid a tuarascáil cúig bliana *Institiúid don Léann Daonna UCD 2016-2021: Éachtaí agus Dúshláin*, atá ar fáil anois ar www.ucd.ie/humanities.

I mí Aibreáin 2021, bronnadh Ard-Dheontas ón gComhairle Eorpach um Thaighde arbh fhiú €2 mhilliún ar an Ollamh Kathleen James-Chakraborty MRIA Scoil Stair na hEalaíne agus an Pholasaí Chultúrtha UCD dá tionscadal ar ról na mban agus na mionlach eitneach in ailtireacht chomhaimseartha. Mar PI ar an tionscadal 'Modern Architecture and Culture in the mid 20th Century: From Exporting to Importing the New,' arna chistiú ag an Institiúid don Léann Daonna, chuir sí na frámaí modheolaíochta chun cinn trína dtuigimid ailtireacht chomhaimseartha. Tógann a tionscadal arna chistiú ag an gComhairle Eorpach um Thaighde air seo agus fiosraítear ann an dóigh a ndeachaigh mná i bhfeidhm ar ailtireacht nua-aoiseach ar fud an domhain.

Is í an tOllamh Finola O'Kane Crimmins MRIA, Scoil na hAiltireachta, na Pleanála agus an Pholasaí Comhshaoil UCD agus PI ar an tionscadal 'Ireland and the Caribbean: Comparative Perspectives', arna chistiú ag an Institiúid don Léann Daonna, duine de na staraithe is iomráití maidir le stair spásúil agus toradh na sclábhaíochta Atlantaí. In 2020, chuir sí le chéile podchraoladh Acadamh Ríoga na hÉireann ar 'Detachment: The Bellfield Plantation' agus i mí na Bealtaine 2021, chuir sí le clár Nationwide RTÉ ar 'Ireland and Slavery'. Tá sí ina ball freisin den Choiste Comhairleach do thionscnamh Thoradh an Choilíneachais de chuid Choláiste na Tríonóide.

Cuireann an tionscadal de chuid The Wellcome Trust 'Framing Ageing: A Clinical, Cultural, and Social Dialogue', agus an tOllamh Anne Fuchs ina PI air, malartú modheolaíochta chun cinn idir geirinteolaithe, taighdeoirí na ndaonnachtaí, eolaithe sóisialta agus cleachtóirí. Idir mí an Mheithimh 2020 agus mí na Bealtaine 2021, reáchtáil an Institiúid sé sheimineár gréasáin phoiblí ar chláraigh breis agus 800 duine ó gach cearn den domhan dóibh. Is féidir teacht ar na podchraoltaí ar framingageing.ucd.ie

I mí na Samhna 2020, reáchtáil snáithe taighde 'Na Daonnachtaí a Thras-náisiúnú' de chuid na hInstitiúide seimineár gréasáin le Institute of Modern Languages Research, University of London ar 'Theorizing crisis imaginaries in response to the frenzied mediatization of COVID-19 news stories,' rud a mheall breis agus 600 clárúchán.

Éascaíonn podchraoltaí na hInstitiúide ar Soundcloud, iTunes, Spotify agus YouTube an tionchar ar fud an domhain. In 2020, chuir an Institiúid an tsraith 'Our Authors' amach ar bhonn céimneach do na baill agus na mic léinn iarchéime chun a gcuid taighde a phlé i bhformáid a bhfuil fáil uirthi – ag baint amach 150,687 íoslódáil san iomlán ar Soundcloud agus iTunes faoi thús mhí Lúnasa 2021.

## Nuálaíocht

Tá UCD tiomanta dá príomhról in éiceachóras nuálaíochta agus

malartaithe eolais na hÉireann mar áisitheoir fáis gheilleagraigh agus mar eagraíocht a chuireann le forbairt gheilleagrach, chultúrtha agus shóisialta. Agus an tréimhse dheireanach 4 bliana curtha i gcomparáid leis an tréimhse 4 bliana roimhe sin, mhéadaigh NovaUCD líon agus caighdeán na mac-chuideachtaí. Tá méadú faoi dhó tagtha ar líon na mac-chuideachtaí a cuireadh ar bun agus tháinig méadú faoi bhreis agus trí oiread ar an síolchistiú a fuair mac-chuideachtaí sa tréimhse chéanna. Baineadh é seo amach trí POFanna seachtracha a mhealladh, cláir luathaithe níos fearr agus rannpháirtíocht níos fearr le hinfheisteoirí.

Bhunaigh NovaUCD roinnt comhpháirtíochtaí nua le moil nuálaíochta in Éirinn agus go hidirnáisiúnta i mbliana freisin, d'fhonn a thionchar a leathnú níos faide le tacú agus le forbairt gnólachtaí nuathionscanta a bhfuil acmhainneacht dhomhanda acu.

Tá NovaUCD ina bhall anois de chuibhreannas Ionad Réiteach Spáis na hÉireann atá ina chuid den Ghníomhaireacht Eorpach Spáis. Tá an cuibhreannas, atá cistithe ag an nGníomhaireacht Eorpach Spáis agus ag Fiontraíocht Éireann, dírithe ar thacaíocht a thabhairt d'fhiontraithe agus do ghnólachtaí nuathionscanta le teicneolaíocht nuálach in earnálacha éagsúla, amhail teicneolaíocht talmhaíochta, anailísíocht sonraí, riar beach, ailtireacht agus teicneolaíocht leighis, chomh maith leis an earnáil spáis. I measc na dtacaíochtaí tá deontais suas go dtí €50k, ceardlanna agus meantóireacht.

Tá NovaUCD ag obair i gcomhar le IADT Media Cube chun sraith clár New Frontiers a sholáthar sna cúig bliana amach romhainn, le €1.6 milliún de chistiú ó Fhiontraíocht Éireann. Díreofar na cláir ar an líon fiontraithe atá ag méadú agus ag teacht chun cinn agus iad lonnaithe i mórcheantar Bhaile Átha Cliath Theas agus i gCill Mhantáin Thuaidh. Soláthróidh an clár NovaUCD/IADT Media Cube New Frontiers rochtain ar phacáiste cuimsitheach tacaíochtaí do na fiontraithe a bheidh ag glacadh páirt ann, lena n-áirítear meantóireacht ó chuid de na príomhdhaoine as an lucht gnó in Éirinn, tacaíocht chistithe ó Fhiontraíocht Éireann agus rochtain ar acmhainní, lena n-áirítear áiseanna spáis deisce, ó dhá de na príomhionaid nuálaíochta gnó in Éirinn.

Cabhróidh an chomhpháirtíocht le 275 fiontraí san iomlán, suas go dtí 55 go bliantúil, a smaointe nuálacha gnó a fhorbairt d'fhonn gnóthaí intomhaiste go domhanda a thógáil.

Roghnaíodh NovaUCD freisin mar chomhpháirtíocht straitéiseach dhomhanda ar SkyDeck Berkeley, clár luasaire gnólachtaí nuathionscanta UC Berkeley. Ollscoileanna agus luasairí ó gach cearn den domhan is ea comhpháirtithe straitéiseacha domhanda SkyDeck, a chuidíonn leis na bpríomhghnólachtaí nuathionscanta a shainaithint chun páirt a ghlacadh i luasaire SkyDeck. Is é NovaUCD an t-aon chomhpháirtí straitéiseach domhanda in Éirinn agus chóitseáil agus mhol sé trí ghnólacht nuathionscanta do chlár luasaire Geimhridh 2021 de chuid SkyDeck.

Ina theannta sin d'fhógair SVG Ventures | THRIVE, Ardán Fiontair agus Nuálaíochta Agraibhia domhanda mór le rá a bhfuil a cheanncheathrú lonnaithe i Silicon Valley, go mbeidh AgTechUCD, atá mar pháirt de NovaUCD, mar an comhpháirtí Éireannach ar an gclár THRIVE Europe Challenge, clár atá dírithe ar ghnólachtaí teicneolaíochta nuathionscanta Agraibhia, chun feasacht a spreagadh i bpobal teicneolaíochta talmhaíochta na hÉireann agus na hEorpa.

### Freagairt ar COVID-19

Mar fhreagairt ar na dianghlasálacha leanúnacha agus treoirlínte an Rialtais le linn na bliana seo caite, lean NovaUCD de chláir rannpháirtíochta cliant a chur ar fáil ar líne agus dá chlár imeachtaí a leathnú.

Ar an iomlán, reáchtáil NovaUCD 44 imeacht ar líne, ar an meán ceithre in aghaidh an mhí féilire le linn na bliana seo caite. Tháinig fás ar an rannpháirtíocht le linn na tréimhse seo le suas go dtí 300+ duine a chláraigh go rialta le haghaidh imeachtaí Sraithe Gnólachtaí Nuathionscanta NovaUCD. I ngeall ar chláir dhigiteacha agus fhíorúla a sholáthar bhí níos mó mac léinn, taighdeoirí agus fiontraithe in ann páirt a ghlacadh.

// Tá NovaUCD ag obair i gcomhar le IADT Media Cube chun sraith clár New Frontiers a sholáthar sna cúig bliana amach romhainn, le €1.6 milliún de chistiú ó Fhiontraíocht Éireann //



Ó chlé: Ann Marie Phelan, Bainisteoir Fiontraíochta agus Nuálaíochta, IADT Media Cube; Tom Flanagan, Stiúrthóir Fiontraíochta agus Tráchtálaíochta, NovaUCD; agus Paula Carroll, Bainisteoir Náisiúnta Cláir, New Frontiers, Fiontraíocht Éireann; ag fógairt comhpháirtíocht NovaUCD agus IADT Media Cube chun sraith clár New Frontiers a sholáthar sna cúig bliana amach romhainn.

D'fhorbair NovaUCD stór digiteach nua le haghaidh cliant chomh maith. Is acmhainn féinseirbhíse é seo a bhfuil faisnéis thábhachtach inti maidir le deontais agus comórtais do ghnólachtaí nuathionscanta, gairmeacha oscailte le haghaidh lascainí comhpháirtithe, soláthraithe seirbhíse gairmiúla formheasta ag NovaUCD agus taifeadtaí agus comhaid fuaime le haghaidh na n-imeachtaí ar líne ar fad. Ghlac cliant-chuideachtaí go han-mhaith leis an tionscnamh seo agus chuir sé go mór leis an leibhéal tacaíochta a fhaigheann cliaint NovaUCD agus a mbeidh acu fós sa timpeallacht i ndiaidh na paindéime.

### An tEolas is Déanaí maidir leis na Tionscnaimh is Déanaí/Nua

Tá Líonra na Meantóirí agus Comhpháirtithe Gnó NovaUCD ag fás go fóill, agus tá 140 ball sa líonra anois. Cuireann na baill thráchtála agus ghairmiúla meantóireacht agus comhairle ar fáil do mhic léinn agus taighdeoirí atá ag iarraidh smaointe gnó nuathionscanta a fhorbairt ag an gcéim luath agus, in amanna, eascraíonn comhpháirtíochtaí as an gcomhoibriú, le baill ag teacht chun bheith ina n-infheisteoirí agus ina bhfeidhmeannaigh sna gnólachtaí nuathionscanta atá ag teacht in aibíocht.

Ta an comhoibriú idir NovaUCD agus an Scoil Gnó Iarchéime Michael Smurfit i ndiaidh a fhorbairt a thuilleadh agus i rith an tsamhraidh chuaigh 8 mac léinn ón MSc sa Chomhairleoireacht Bainistíochta isteach in ocht bhfoireann gnó nuathionscanta chun páirt a ghlacadh i gClár Fionnachtana Custaiméara NovaUCD. Sannadh gach mac léinn d'fhoireann gnó nuathionscanta agus d'oibrigh na mic léinn trí shraith modúl struchtúrtha a bhainistigh agus a sholáthair NovaUCD. Bhailigh na mic léinn sonraí margaidh, rinne siad taighde ar spriocliostaí de chustaiméirí agus chuir siad feachtas margaíochta digiteach i gcrích chun seirbhísí an ghnólachta nuathionscanta a chur chun cinn agus suim a spreagadh i dtrialacha táirgí.

Le linn na bliana roghnaíodh naoi n-iarrthóir le haghaidh an tionscnaimh Scabhtaí Aistrithe Eolais, a díríodh i mbliana ar an ngeilleagar digiteach. Bhí réimse leathan rannpháirtíochta ann agus scabhtaí ag teacht ó gach cearn den Ollscoil. I dteannta leis an oiliúint inmheánach a sholáthair an Dr Stephen Donoghue, soláthraíodh oiliúint sheachtrach ar réimse ábhar, lena n-airítear Bogearraí Foinse Oscailte agus Ceadúnú, IP agus an Geilleagar Digiteach, an Geilleagar Ciorclach agus Bunathrú Digiteach, Paitinní Biteicneolaíochta agus Paitinní Bogearraí.

Bhí tionchar nach beag ag an bpaindéim COVID-19 ar acmhainneacht líonraithe na Scabhtaí, rud a rinne fáil agus athbhreithnithe aireagán níos dúshlánaí dóibh. Bíodh sin mar atá, cuireadh isteach sé aireagán a bhain le hobair agus cúnamh na Scabhtaí. Tá paitinn á comhdú le haghaidh ceann acu siúd anois, agus tá idirbheartaíocht á déanamh maidir le ceadúnas.

### Atlantic Bridge University Fund II

Le linn na bliana, d'fhógair Atlantic Bridge seoladh University Bridge Fund II, ciste €80 milliún atá dírithe ar thaighde bailí ó institiúidí tríú leibhéal na hÉireann a mhéadú ó thaobh scála agus a thráchtálú isteach sa chéad ghlúin eile de chuideachtaí dianteicneolaíochta le hacmhainn dhomhanda.

Is rannpháirtíocht ar leith idir Atlantic Bridge, UCD, Ollscoil na Tríonóide, Baile Átha Cliath, agus Coláiste na hOllscoile, Corcaigh é an ciste chun tráchtálú a dhéanamh ar an eolaíocht den chéad scoth agus luas faoi, agus chun méadú ó thaobh scála domhanda a dhéanamh ar na cuideachtaí a cuireadh ar bun. Beidh ar a laghad 50% de na hinfheistíochtaí déanta ag an gciste ag dul chuig mac-chuideachtaí agus cuideachtaí altrama de chuid UCD, Ollscoil na Tríonóide, Baile Átha Cliath agus Coláiste na hOllscoile, Corcaigh.

Tagann an ciste i ndiaidh an chéad University Bridge Fund ó 2016 a chuir infheistíocht isteach i níos mó ná 30 cuideachta dianteicneolaíochta, sé chinn ag NovaUCD, a bhfuil breis agus €220 milliún i gcomhinfheistíocht faighte acu go dtí seo. I measc na gcuideachta punainne Fund I a bhfuil infheistíocht shuntasach idirnáisiúnta á mealladh acu, tá Equal1, an chéad chuideachta ríomhaireachta candamaí in Éirinn agus mac-chuideachta UCD, chomh maith le Manna, an gnólacht nuathionscanta seachadta dróin, agus tá ceanncheathrúna an dá chuideachta ag NovaUCD.

### Tráchtálú Torthaí Taighde

Tacaíonn foireann aistrithe eolais UCD, atá lonnaithe i NovaUCD, le taighdeoirí ó UCD agus ón gColáiste Náisiúnta Ealaíne agus Deartha le maoin intleachtúil, nó IP, a thagann as cláir taighde a shainaithint agus a chosaint, chomh maith le IP a thráchtálú trí cheadúnú do chuideachtaí agus trí mhac-chuideachtaí a chruthú.

Thuairiscigh taighdeoirí 65 aireagán le linn na bliana. Ina theannta sin, rinne UCD 14 iarratas tosaíochta ar phaitinn sna réimsí seo a leanas: réimsí na talmhaíochta agus an bhia, an fhuinnimh, na hinnealtóireachta, an chomhshaoil, na teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide, na n-eolaíochtaí beatha agus na tréidliachta. Thug UCD fiche a hocht comhaontú ceadúnais le réimse cuideachtaí dúchasacha agus idirnáisiúnta chun críche freisin.

Chomh maith leis sin, rinneadh sé mhac-chuideachta nua de chuid UCD, Cerebro R&D Ltd, CropBiome Ltd, Fionnachtain Inc., Joyst Instruments Ltd, SeamlessCare Ltd agus TOAD R&D Ltd a ionchorprú i rith na bliana.

Bunaíodh Cerebro R&D Ltd chun cuir chuige leighis phearsantaithe a fhorbairt don mheabhairshláinte bunaithe ar shamhlacha dílseánaigh de mhionorgáin inchinne. Is iad an tOllamh Keith Murphy agus an tOllamh Comhlach John Crean, Scoil na hEolaíochta Bithmhóilíní agus Bithleighis UCD agus an Dr James Linden bunaitheoirí na cuideachta.

Tá CropBiome Ltd ag obair le hinfítí a fhorbairt chun barra ó shíolta a mhéadú. An tOllamh Fiona Doohan, Scoil na Bitheolaíochta agus na hEolaíochta Comhshaoil, agus an tOllamh Trevor Hodkinson agus an Dr Brian Murphy, Ollscoil na Tríonóide, Bhaile Átha Cliath, a bhunaigh an chuideachta.

Tá teicneolaíocht bhunathraitheach ardáin athraithe mhóilínigh forbartha ag an Dr Donal MacKernan, Scoil na Fisice UCD agus dearadh Rational agus ionsamhlú ar ríomhaire in úsáid, a bhfuil réimse leathan d'fheidhmeanna aici. Tugadh ceadúnas don teicneolaíocht trí NovaUCD do Fionnachtain Inc, cuideachta atá cláraithe i SAM agus atá aitheanta mar mhac-chuideachta UCD, mar dhiagnóisic leighis ag an láthair cúraim do COVID-19 agus don fhliú.

Bunaíodh Joyst Instruments Ltd chun Joyst JV-1 a thráchtálú, cineál nua d'uirlis MIDI a chuireann réimse de luamháin ordóige i stíl chluichire ar fáil chun níos mó féidearthachtaí léiritheacha a thabhairt do cheoltóirí leictreonacha. Is é JV-1 an toradh a bhí ar thionscadal tráchtais Innealtóireachta Meicniúla a rinne Philip Snell faoi stiúir an Dr Paul Cuffe,



Ainmníodh epiCaPture, gnólacht nuathionscanta luathchéime ó Scoil na Bitheolaíochta agus na hEolaíochta Comhshaoil UCD, atá ag forbairt tástáil fuail DNA núíosach d'ailse próstataigh ionsaitheach, mar bhuaiteoir iomlán de Chlár Luasaire VentureLaunch UCD 2020. Is iad na baill foirne ná Dr Antoinette Perry (sa phictiúr), Asia Jordan, Adele Connor, Ross Nelson agus Edward Simons.

Scoil na hInnealtóireachta Leictrí agus Leictreonaí UCD. Chomhbhunaigh siad an chuideachta le chéile le céimithe Innealtóireachta Meicniúla UCD, William Langrell agus Edward Byrne.

Tá SeamlessCare Ltd ag forbairt ardán cúraim dhigitigh chun saolta daoine atá faoi mhíchumas intleachtúil, a bhfuil néaltrú orthu, nó a bhfuil réimse riachtanais chasta acu a fheabhsú, chomh maith le saolta na ndaoine a thugann aire dóibh. Is iad an Dr Aviva Cohen, Ian Kennedy agus an Dr Cagri Cubukcu ó Scoil na hInnealtóireachta Meicniúla agus Ábhar UCD bunaitheoirí na cuideachta.

Bunaíodh TOAD R&D Ltd (t/a Alvarius Pharma Ltd) chun úsáid ábhar sícideileach a fhorbairt mar chóir leighis do neamhoird mheabhracha. Is iad an tOllamh Keith Murphy, Scoil na hEolaíochta Bithmhóilíní agus Bithleighis, an tOllamh David Nutt agus an Dr James Linden bunaitheoirí na cuideachta.

## ConsultUCD

Cuireann ConsultUCD, seirbhís comhairleachta bhainistithe na hOllscoile, comhairle agus tacaíocht ar fáil do gach acadóir a bhfuil suim acu a gcuid eolais agus saineolais a roinnt le heagraíochtaí seachtracha trí mheán na comhairleachta. Soláthraíonn comhairleoireacht a rinneadh trí ConsultUCD sochar sochaíoch agus eacnamaíoch do chliaint a bhaineann leas as eolas agus léargas den chéad scoth UCD.

Sa bhliain seo caite tá tacaíocht tugtha ag ConsultUCD do bhreis agus 60 acadóirí a bhfuil baint acu le gach cineál eagraíochtaí seachtracha, lena n-áirítear cuideachtaí ilnáisiúnta, gnólachtaí nuathionscanta Éireannacha, comhlachtaí agus gníomhaireachtaí Rialtais agus ollscoileanna idirnáisiúnta. Tá idir leathlaethanta agus shocruithe ilbhliantúla i gceist leis na tionscadail agus cuimsíonn siad fairsinge an tsaineolais ar fud an champais.

Seo roinnt samplaí de thionscadail a rinneadh i mbliana:

- D'éirigh leis an Ollamh Cúnta Sarah Cotterill, Scoil na hInnealtóireachta Sibhialta UCD, tairiscint a fháil ón bhFóram Uisce chun creat a fhorbairt le caomhnú uisce tí in Éirinn a fheabhsú.
- D'éirigh leis an Ollamh Niamh Moore-Cherry, Ollamh Comhlach le Rialú agus Forbairt Uirbeach, Scoil na Tíreolaíochta UCD, tairiscint a fháil ón gComhairle Náisiúnta Eacnamaíoch agus Sóisialach chun tionscadal taighde áitbhunaithe a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm ar na deiseanna agus na dúshláin maidir le hinbhuanaitheacht gheilleagrach agus chomhshaoil do phobail tuaithe ar fud oileán na hÉireann.
- Bronnadh cistiú nuálaíochta ar ConsultUCD, mar chuid de chuibhreannas, ó HEI INITIATIVE de chuid EIT Fhís Eorpach le haghaidh Acmhainní Nuálaíochta a Fhorbairt don Ardoideachas. Tá sé mar sprioc ag an tionscadal rathúil, RiEcoLab, creat a fhorbairt le cur ar chumas institiúidí ardoideachais luas a chur faoina n-acmhainn nuálaíochta agus fiontraíochta le rannpháirtíocht na bpáirtithe leasmhara uile; na mball foirne acadúil agus neamhacadúil, agus na mac léinn.

## Ag Obair i gComhar le hEarnáil na Tionsclaíochta

Tá sárobair déanta ag UCD ó thaobh oibriú le hearnáil na tionsclaíochta, agus bíonn rannpháirtíocht láidir straitéiseach le fiontair ghnó, shóisialta agus chultúrtha á lorg aici; ar an mbealach sin cuirtear leis an luach, leathnaítear líonraí agus pléitear bealaí nua ina bhféadfadh tionchar a bheith againn trí obair a dhéanamh le chéile.

Áirítear lenár n-éiceachóras nuálaíochta cláir mhórscála chomh-oibríocha amhail Ionaid agus Comhpháirtíochtaí Straitéiseacha, arna gcistiú ag Fondúireacht Eolaíochta Éireann, agus ionaid teicneolaíochta arna gcistiú ag Fiontraíocht Éireann agus arna stiúradh ag earnáil na tionsclaíochta.

Tá os cionn 60 gnólacht, idir ghnólachtaí luathchéime ardteicneolaíochta nuathionscanta agus ghnólachtaí seanbhunaithe, atá á dtreorú ag nuálaíocht, lonnaithe in UCD ag aon tráth áirithe. Tá na cuideachtaí sin, a bhfuil baint acu le hearnálacha éagsúla, idir thalmhaíocht, bhia-eolaíocht, eolaíocht na beatha, TFC, eolaíocht

fhisiceach, innealtóireacht agus theicneolaíocht ghlan, bunaithe go príomha ag NovaUCD nó NexusUCD, an tIonad Comhpháirtíochta Tionsclaíochta, nó lonnaigh siad áit éigin eile ar an gcampas d'fhonn a bheith ag comhoibriú ar bhealach níos dlúithe le UCD.

Le linn na bliana, fógraíodh go mbeidh UCD i gcomhpháirtíocht i 7 gcinn de na 29 tionscadal a fuair cistiú sa tríú babhta den Chiste Nuálaíochta um Theicneolaíochtaí Bunathraitheacha. Tá na tionscadail a bhaineann le UCD, a bhfuil comhpháirtíocht le hinstitiúidí tríú leibhéal eile, earnáil na tionsclaíochta agus gnólachtaí nuathionscanta i gceist leo, ag fáil €22.3 milliún san iomlán thar thrí bliana.

### Cláir Thacaíochta NovaUCD

Tacaíonn foireann NovaUCD freisin le taighdeoirí i dtráchtálú torthaí IP trí shraith clár oiliúna, lena n-áirítear an Grodchúrsa Tráchtála agus an Clár Luasaire VentureLaunch. Chomh maith leis sin, tacaíonn NovaUCD le forbairt bhua fiontraíochta na mac léinn trí Ghrodchúrsa Gnó d'Eolaithe Óga BT agus trí Chomórtas Fiontair do Mhic Léinn NovaUCD.

### Grodchúrsaí Tráchtálaithe UCD

Ghlac ionadaithe ó 10 dtionscadal tráchtála féideartha a d'eascair as taighde atá ar siúl in UCD páirt sna grodchúrsaí tráchtálaithe i mbliana. Is é aidhm fhoriomlán na ngrodchúrsaí sreabhadh na ndeiseanna tráchtála a eascraíonn as na cláir a neartú. Soláthraíodh grodchúrsaí na mbliana seo i mí na Samhna agus i mí Feabhra ar líne ar Zoom mar gheall ar phaindéim COVID-19 agus d'éirigh go maith leo.

### Buann epiCaPture Clár Luasaire VentureLaunch UCD 2020

Bhuaigh epiCaPture, atá ag forbairt tástáil fuail DNA núíosach le haghaidh ailse phróstataigh ionsaithí, Gradam UCD 2020 Gnó Nuathionscanta na Bliana. Tomhaiseann tástáil epiCaPture sé bhithchomhartha sóirt eipiginiteacha a thaispeánann galar ionsaitheach, ag baint úsáid as ardán PCR atá ar fáil go forleathan.

Bhuaigh epiCaPture an Gradam, chomh maith le duaischiste €32,000, i ndiaidh dóibh a bheith fógartha mar bhuaiteoir iomlán Chlár Luasaire VentureLaunch UCD 2020 a reáchtálann NovaUCD. Is é sprioc an chláir bhliantúil, a tharla go fíorúil i mbliana mar a tharla an imeacht dámhachtainí mar gheall ar COVID-19, ná tacú le cruthú agus seoladh gnólachtaí nuathionscanta inbhuanaithe agus brabúsacha a eascraíonn as an Ollscoil.

Is iad na baill den fhoireann epiCaPture, fiontar luathchéime ag teacht as Scoil na Bitheolaíochta agus na hEolaíochta Comhshaoil UCD, ná an Dr Antoinette Perry, Asia Jordan, Adele Connor agus Ross Nelson, i dteannta le Edward Simons, cuntasóir cairte agus iarbhaincéir infheistíochta.

### Grodchúrsa Gnó d'Eolaithe Óga BT 2020


Is é aidhm an Ghrodchúrsa Gnó d'Eolaithe Óga BT, a eagraíonn BT gach bliain i gcomhar le UCD, ná an bhearna idir oideachas agus gnó a laghdú do mhic léinn a léiríonn cumas fiontraíochta agus géire intinne gnó.

Reáchtáladh an campa nuálaíochta agus scileanna don dara bliain déag as a chéile ar líne i mbliana mar gheall ar COVID-19. Ghlac 30 mac léinn dara leibhéal as gach cearn d'Éirinn páirt ann. Léirigh na mic léinn go raibh an cumas acu a thuiscint conas agus cén fáth ar féidir smaoineamh simplí a thiontú ina fhiontar tráchtála inmharthana. Athraíodh formáid an ghrodchúrsa i mbliana i mbealach a bhí ag teacht le srianta na paindéime, le meascán saineolaithe ábhair agus aoichainteoirí a roinn a dtaithí i dtaca lena dtionscadal eolaíochta féin a thabhairt isteach sa domhan tráchtála.

### Comórtas Fiontair do Mhic Léinn NovaUCD 2021

Reáchtáladh Comórtas Fiontair do Mhic Léinn NovaUCD, clár dianmheantóireachta ceithre seachtaine d'fhiontraithe mac léinn, le linn na bliana. Tá an clár sa seachtú bliain anois agus tá sé á reáchtáil ag NovaUCD mar chreat chun tacú le mic léinn fhochéime agus iarchéime ar mian leo oibriú le chéile chun cuideachtaí nuathionscanta a fhorbairt agus a fhás.

Tá méadú 100% i ndiaidh teacht ar an líon iarratas don chlár i mbliana i gcomparáid leis an mbliain seo caite agus go sonrach ba mhná iad chóir a bheith 50% de na hiarratasóirí. Ghlac aon fhiontar luathchéime déag agus 23 rannpháirtí páirt sa chomórtas i mbliana, a reáchtáladh ar líne mar gheall ar COVID-19. Tá breis agus 50 fiontar luathchéime agus níos mó ná 120 mac léinn i ndiaidh Comórtas Fiontair do Mhic Léinn NovaUCD a chríochnú sna seacht mbliana seo caite.




Sa phictiúr ag NovaUCD ta baill foirne EOFIS, Marysol Angeloni agus Tiarnach Ó Riada, buaiteoirí iomlán Chomórtas Fiontair do Mhic Léinn NovaUCD 2021.




Sa phictiúr ag Feirm Lyons UCD agus seoladh Chlár 'Agccelerator' nua AgTechUCD á fhógairt, tá: Shane Whelan, straitéisí talmhaíochta, AIB; Nicky Deasy, Comhpháirtí Bainistíochta, The Yield Lab Europe; Niamh Collins, Bainisteoir, Ionad Nuálaíochta AgTechUCD; agus James Maloney, Feidhmeannach Sinsearach Forbartha Réigiúnaí, Fiontraíocht Éireann.

Tar éis sraith cur i láthair do phainéal moltóirí, ainmníodh EOFIS, atá ag forbairt ardán bogearraí chun cuimhne daonna a mhéadú, mar bhuaiteoir iomlán agus bhuaigh sé duais airgid €5,000.

Is iad baill foirne EOFIS ná Marysol Angeloni, atá ag déanamh MSc sa Bhainistíocht i Scoil Ghnó Iarchéime Michael Smurfit UCD, agus Tiarnach Ó Riada, a bhfuil céim BEng déanta aige i Scoil na hInnealtóireachta Leictrí agus Leictreonaí UCD.

Fógraíodh dhá ghnólacht nuathionscanta rannpháirteacha eile, RespTech agus FlowMo, mar bhuaiteoirí an dara agus an tríú háit agus fuair siad €3,000 and €2,000 de dhuaiseanna airgid faoi seach.

Ba iad AIB, Arthur Cox, Deloitte, Ericsson, Goodbody Stockbrokers agus Xilinx urraitheoirí Chomórtas Fiontair do Mhic Léinn NovaUCD 2021.

## Ionad Nuálaíochta AgTechUCD

Tá AgTechUCD, atá lonnaithe ag Feirm Lyons UCD agus atá mar pháirt de NovaUCD, dírithe ar luas a chur faoi sheoladh agus scálú gnólachtaí nuathionscanta teicneolaíochta talmhaíochta agus bia in Éirinn agus tá a chistiú faighte aige tríd an gCiste um Fhorbairt Fiontraíochta Réigiúnaí a riarann Fiontraíocht Éireann.

Le linn na bliana, d'fhógair AgTechUCD seoladh clár luasaire nua atá tiomnaithe do ghnólachtaí nuathionscanta luathchéime teicneolaíochta talmhaíochta agus bia. Is dianchlár 12 sheachtain é Clár 'Agccelerator' AgTechUCD, a bhfuil na rudaí seo a leanas ina gcuid de: ceardlanna tiomnaithe d'fhorbairt ghnó agus oiliúint ullmhachta infheisteoirí, meantóireacht ó shaineolaithe agus comhairleoirí gnó teicneolaíochta talmhaíochta agus bia, aoichainteoirí agus bealaí isteach éascaithe chuig líonraí caipitil fiontair agus aingeal gnó de chuid AgTechUCD.

I measc na gcomhpháirtithe ar Chlár 'Agccelerator' AgTechUCD, tá AIB, The Yield Lab Europe, Devenish, Carberry, Ornua agus HerdWatch,

**// Le linn na bliana, d'fhógair AgTechUCD seoladh clár luasaire nua atá tiomnaithe do ghnólachtaí nuathionscanta luathchéime teicneolaíochta talmhaíochta agus bia //**

a bhfuil tacaíocht airgeadais agus mheantóireachta á cur ar fáil acu. Beidh tacaíocht mheantóireachta bhreise á soláthar ag Dawn Farms, Greencore, Kubota, Dairymaster, Virtual Vet, Finistere, IFAC, Macra Na Feirme, HBAN agus Atlantic Bridge. Beidh rochtain ag gnólachtaí nuathionscanta rannpháirteacha ar thacaíochtaí ar leith ó WS Activation, Catalyze, Deloitte agus FR Kelly.

Chomh maith leis sin, d'óstáil AgTechUCD ag seimineár gréasáin 'Inside AgTech' le haoichainteoir John Hartnett, bunaitheoir agus POF SVG Ventures | THRIVE.

## Gradam Nuálaíochta NovaUCD 2021

Bunaíodh Gradam Nuálaíochta NovaUCD in 2004 chun aird a tharraingt ar thiomantas UCD don nuálaíocht. Tá sé chatagóir ann, chomh maith le Gradam Nuálaíochta NovaUCD. Tá na gradaim seo ann chun ceiliúradh a dhéanamh ar an aistriú eolais, ar éachtaí sainchomhairleoireachta agus fiontraíochta, agus ar chur chun cinn chultúr na nuálaíochta i measc bhaill an phobail taighde agus nuálaíochta UCD, agus chun na rudaí sin a aithint. Tá próifíliú déanta ar fhaighteoirí na nGradam Nuálaíochta NovaUCD 2021 ar leathanaigh 58.

## Gradam EY d'Fhiontraí na Bliana 2020

Ainmníodh Nicola Mitchell, bunaitheoir agus POF Life Scientific mar bhuaiteoir iomlán den ghradam mór le rá Gradam EY d'Fhiontraí na Bliana 2020. Tá ceangail láidre ag an gcuideachta leis an Ollscoil agus bhí a ceanncheathrú ag NovaUCD le blianta fada sular bhog an chuideachta go NexusUCD.




Sa phictiúr tá Bobby Healy, bunaitheoir agus Príomhfheidhmeannach Manna, an chuideachta nuathionscanta soláthair drón a bhfuil a ceanncheathrú lonnaithe ag NovaUCD. Le linn na bliana cuireadh deireadh le babhta infheistíochta $25 milliún Sraith a a raibh Draper Esprit i gceannas air.

Bhunaigh Nicola Mitchell Life Scientific i 1995, agus oibríonn an chuideachta go sainiúil i bhforbairt agus i gclárú d'agraiceimiceáin iarphaitinne. Tá punann de bhreis agus 60 táirge ag an gcuideachta atá ar fáil i margaí agraiceimiceán an AE. Tá láimhdeachas €60 milliún in aghaidh na bliana ag an gcuideachta, tá níos mó ná 80 duine fostaithe aici agus bhog sí ar na mallaibh chuig a ceanncheathrú nua i bPáirc Oifigí Belfield, in aice le UCD.

## Éachtaí maidir le hÉadáil agus le Tiomsú Airgid

Le linn na bliana, fuair cuideachta diagnóisice ilnáisiúnta an chuideachta OncoMark, mac-chuideachta UCD a bhunaigh an tOllamh William Gallagher, Scoil na hEolaíochta Bithmhóilíní agus Bithleighis agus Steve Penny in 2007. Bhunaigh bunaitheoirí agus foireann bainistíochta OncoMark gnólacht nuathionscanta diagnóisice nua, OncoAssure, atá lonnaithe ag NovaUCD, agus atá ag baint úsáid as teicneolaíocht OncoMasTR faoi cheadúnas ó OncoMark chun painéil nua de bhithchomharthaí sóirt a fhorbairt le haghaidh úsáide le hailse próstataigh agus ailsí eile.

Lena chois sin, d'éirigh go han-mhaith le roinnt mac-chuideachta agus cuideachtaí altrama de chuid UCD ó thaobh airgead a thiomsú.

Is cuideachta mhéadaithe Éireannach dhigiteach Akkure Genomics, a bhfuil a ceanncheathrú ag NovaUCD, cuideachta atá ag obair ar ardán bunathraitheach teicneolaíochta leighis a fhorbairt do thionscal na dtrialacha cliniciúla ar fud an domhain. Chruinnigh an chuideachta beagán níos mó ná €1.2 milliún i bhfeachtas slua-chistithe ó 318 infheisteoir tríd an ardán Spark Crowdfunding.

Bhain Manna, an gnólacht nuathionscanta seachadta dróin a bhfuil a cheanncheathrú ag NovaUCD agus a bhfuil oifigí aige sa Bhreatain Bheag, cistiú de luach $25 milliún (€21 milliún) amach ó bhabhta infheistíochta Sraith A faoi stiúir Draper Esprit, agus rannpháirtíocht ann ó Team Europe, DST Global, agus ó infheisteoirí reatha Dynamo Ventures, Atlantic Bridge agus Elkstone. Le linn phaindéim COVID-19 rinne Manna a sheirbhís a thástáil in Órán Mór, Contae na Gaillimhe, nuair a rinne sé an triail seachadta dróin ba mhó dá cineál ar fud an domhain.

Fuair Theya Healthcare, táirgeoir éadaí sláinte agus folláine Éireannach agus cliant-chuideachta de chuid NovaUCD, infheistíocht ar luach €500,000 ó University of Vermont Health Network, córas sláinte comhtháite acadúil neamhbhrabúis atá ag freastal ar níos mó ná aon mhilliún duine atá ina gcónaí in oirthuaisceart SAM.

Fuair Zipp Mobility, an t-oibritheoir Éireannach micrea-shoghluaisteachta comhroinnte a bhfuil a cheanncheathrú ag NovaUCD, agus a bhfuil scéimeanna scútar leictreonach i bhfeidhm aige in ocht gcathair sa RA agus sa Pholainn, cistiú €1.3 milliún i rith na bliana, lena n-áirítear €562k cruinnithe trí fheachtas slua-chistithe ar ardán Spark Crowdfunding.

## Gradaim agus Éachtaí Eile

Bhuaigh AquaB (AquaB Nanobubble Innovations Ltd), mac-chuideachta UCD, catagóir an Ghradaim Uisce ag Gradaim Dhomhanda Institiúid na nInnealtóirí Ceimiceacha (IChemE) 2020. Bunaíodh AquaB chun tráchtálú a dhéanamh ar mhodh nua tíosach ar fhuinneamh chun méideanna móra de ghásbholgáin nanascála mheiteachobhsaí a ghiniúint agus a scaoileadh in uisce. Tá taighde a rinne an tOllamh Niall English agus an Dr Mohammad Reza Ghaani, comhbhunaitheoirí AquaB, ag Scoil na hInnealtóireachta Ceimicí agus Bithphróisis UCD mar bhonn faoin modh seo.

D'fhógair Equal1 Laboratories (Equal1), an mhac-chuideachta ríomhaireachta candamaí UCD atá lonnaithe i Silicon Valley, le linn na bliana, go bhfuil sí ar an gcéad chuideachta chun aonad próiseálaithe candamaí lán-chomhtháite (QPU) ag oibriú ar 3.7 ceilvin a léiriú, sprioc thábhachtach agus impleachtaí ann don ríomhaireacht chandamach as seo amach. Bhunaigh Dirk Leipold, Mike Asker agus an tOllamh R Bogdan Staszewski Equal1 mar mhac-chuideachta ó Scoil na hInnealtóireachta Leictrí agus Leictreonaí UCD. Tá oifigí ag an gcuideachta ag NovaUCD agus in California.

Is cuideachta intleachta saorga agus róbataice Iamus Technologies, agus ceanncheathrú na cuideachta ag NovaUCD, agus ba í buaiteoir Ghradam Alfie Cox don Ghnólacht Nuathionscanta is Fearr ag Gradaim Réimse Nuálaíochta de chuid Fhiontraíocht Éireann 2020 i gcomhar leis an gCumann Náisiúnta Treabhdóireachta. Tá réiteach intleachta saorga agus róbataice forbartha ag Iamus ar a dtugtar 'Gallus' a oibríonn taobh istigh de chróite na gcearc chun monatóireacht leanúnach a dhéanamh ar athróga tábhachtacha leasa agus timpeallachta atá ann sa chró.

Bronnadh an Gradam Nuálaíochta Teicneolaíochta ar NovoGrid, mac-chuideachta UCD, ag na Gradaim Infheistithe Gaoithe 2021, as a teicneolaíocht GridBoost. Teicneolaíocht bogearraí paitinnithe intleachta ciumhais eangaí is ea GridBoost a uathoibríonn agus a bhaineann neamhéifeachtúlachtaí i ngineadóirí inbhuanaithe agus in oibríochtaí eangaí leictreachais, a forbraíodh ag an Ollamh Andrew Keane agus a fhoireann ag UCD.

## Acadamh Nuálaíochta UCD

Comóradh deich mbliana a bhunaithe don Acadamh Nuálaíochta UCD a bhí ann i mbliana agus bliain stairiúil; tháinig méadú faoi dhó ar líon na mac léinn, d'fhás an fhoireann 50%, fuair sé cistiú ilbhliantúil agus ghlac sé le hinbhuanaitheacht agus athrú ó bhonn digiteach mar thosaíochtaí straitéiseacha.

Ar na buaicphointí bhí:

- 2,000 foghlaimeoir ag gabháil i mbun foghlama tumthaí ar líne;
- méadú 67% ar líon na mac léinn fochéime UCD ag gabháil i mbun modúl roghnach ag Acadamh Nuálaíochta UCD agus 923 mac léinn ag glacadh páirte;
- Thosaigh an tOllamh Sir Mark Welland, Leas-Seansailéir Tánaisteach Cambridge University a ról mar Scrúdaitheoir Seachtrach;
- 360 rannpháirtí cláir thar na hearnálacha poiblí, príobháideacha agus neamhbhrabúsacha;
- Modúl nua ag Coláiste Idirnáisiúnta Bhéising Bhaile Átha Cliath ar nuálaíocht agus fiontraíocht.

Tháinig COVID-19 chun bheith ina chuid den timpeallacht oideachais agus bhí ar an Acadamh dul in oiriúint do na cúinsí nua. D'aistrigh sé a oideolaíocht foghlama uathúil ó thaithí chuig 'beo ar líne', tháinig méadú faoi dhó ar líon na mac léinn agus fuair sé aiseolas thar a bheith dearfach.

Faoi Cholún 3 den Tionscnamh Caipitil Daonna, chuaigh an tAcadamh i gcomhar le hOllscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath agus fuair siad €17.5 milliún de chistiú. Sannadh €6.1 mhilliún (2020-2024) den mhéid seo don Acadamh le haghaidh tionscadal comhoibríoch. Tá sé mar aidhm ag an tionscadal Convene athrú ó bhonn ar rannpháirtíocht ollscoile agus fiontair a chur i gcrích agus tá 11 bhall foirne nua fostaithe ag an Acadamh cheana, rud a chuireann bua éagsúil trasdisciplíneach le héiceachóras UCD. Rinne fócas fiontraíochta Convene doirse a oscailt agus deiseanna comhpháirtíochta le ceannairí tionscail a chur ar fáil in Éirinn.

Agus é mar thionscadal suaitheanta do Convene, rinne an tAcadamh, ag obair i gcomhar le Cappfinity, cur chuige uathúil a chomhchruthú maidir le scileanna trasnaithe a shainaithint agus a fhorbairt, clár scileanna trasnaithe réaltachta fíorúla féinstiúrtha. Tá teicneolaíocht cheannródaíoch an chláir fothaithe go hiomlán i dtaithí acadúil thimfhillteach. Thosaigh an tAcadamh, trí Convene, ag obair ar a MakerSpace agus Saotharlann Inbhuanaitheachta féin in 2021.

Rinne an tAcadamh Comhaltacht Nuálaíochta a sheoladh in 2021 i gcomhar le 11 Acadóir UCD ó réimse disciplíní. Ag leanúint leis an téama inbhuanaitheachta, sheol an tAcadamh Dioplóma Iarchéime sa Smaointeoireacht Deartha don Inbhuanaitheacht in 2020 agus cistiú ag gabháil leis, thart ar €1 mhilliún (2020-2023), ó Cholún 1 den Tionscnamh Caipitil Daonna, agus ghlac 64 students páirt ann ina chéad bhliain. I ngeall ar an gcistiú ón spreagadh i mí Iúil, d'éirigh leis an Acadamh 600 áit mhodúlach a fháil chun a chur ar ár gcumas comhdhioplóma gairmiúil i scileanna trasnaí a reáchtáil i gcomhar le hOllscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath.

I rith na bliana lean an tAcadamh ar aghaidh á cur féin chun cinn mar cheannaire smaointeoireachta in oideachas agus nuálaíocht agus, i mí an Mheithimh, cuireadh fáilte roimh Andreas Schleicher, Stiúrthóir Oideachais agus Scileanna, ECFE a labhair ag Féile an Oideachais de chuid an Acadaimh.




Andreas Schleicher, Stiúrthóir Oideachais agus Scileanna, ECFE, ag labhairt le Valerie Hannon, comhbhunaitheoir an Aonaid Nuálaíochta (RA) le linn Fhéile Oideachais Acadamh Nuálaíochta UCD.

# BUAITEOIRÍ GHRADAM NUÁLAÍOCHTA NOVAUCD 2021



An tOllamh Patricia Maguire

Bronnadh **Gradam Fhionnachtain na Bliana NovaUCD 2021** ar na daoine seo a leanas: An tOllamh Patricia Maguire (sa phictiúr), Scoil na hEolaíochta Bithmhóilíní agus Bithleighis UCD; An tOllamh Fionnuala Ní Aínle, Scoil an Leighis UCD; agus an Dr Paulina Szklanna, Scoil na hEolaíochta Bithmhóilíní agus Bithleighis UCD; as bithchomharthaí sóirt a aimsiú ar féidir iad a úsáid le réamheaclaimsia, riosca contúirteach aimhréidhe toirchis, a dhiagnóisiú.




An tOllamh Fiona Doohan

Sa phictiúr tá an tOllamh Fiona Doohan, Scoil na Bitheolaíochta agus na hEolaíochta Comhshaoil UCD, a fuair **Gradam Nuálaíochta NovaUCD 2021.** Tá taighde an Ollaimh Doohan dírithe ar inbhuanaitheacht córas táirgthe barr in Éirinn agus go hidirnáisiúnta a fheabhsú, agus ar fheabhas a chur ar éagsúlú, sábháilteacht agus trédhearcacht chórais bhia na hÉireann. Tá níos mó ná €30 milliún de chistiú taighde faighte aici go dtí seo agus 14 nochtadh aireagán comhdaithe aici, 7 acu paitinnithe agus 3 chomhaontú ceadúnais sínithe ag earnáil na tionsclaíochta. Tá an tOllamh Doohan ina comhbhunaitheoir freisin ar CropBiome Ltd, mac-chuideachta UCD-TCD.



An tOllamh R Bogdan Staszewski

Is é Equal1 Labs, atá ag forbairt cineál nua ríomhaire candamach bunaithe ar na forbairtí is déanaí i dteicneolaíocht CMOS leathsheoltóra a fuair **Gradam Mhac-chuideachta na Bliana NovaUCD 2021.** Mac-chuideachta de chuid Scoil na hInnealtóireachta Leictrí agus Leictreonaí UCD is ea é an chuideachta, a bhunaigh an Dr Dirk Leipold, an tOllamh R Bogdan Staszewski (sa phictiúr) agus Mike Asker.



An tOllamh Michael Wallace

Sa phictiúr tá an tOllamh Michael Wallace, Scoil na Talmhaíochta agus Eolaíocht an Bhia UCD a fuair **Gradam Shainchomhairleoireacht na Bliana NovaUCD 2021,** as staidéar dar teideal 'Economic Impact Assessment of the Tillage Sector in Ireland' a choimisiúnaigh Tillage Industry Ireland trí ConsultUCD.




Charlie Gleeson

Sa phictiúr tá Charlie Gleeson, bunaitheoir agus POF Zipp Mobility, gnólacht nuathionscanta micrea-shoghluaisteachta, a fuair **Gradam Bhunaitheoir na Bliana NovaUCD 2021.** Le linn 2020 fuair Zipp Mobility breis agus €1.1 milliún de shíolchistiú, lena n-áirítear €250,000 ó Fhiontraíocht Éireann, agus sheol sé oibríochtaí scútair leictreonaigh in go leor áiteanna sa RA.



An Dr Paul Cuffe

Sa phictiúr tá an Dr Paul Cuffe, Scoil na hInnealtóireachta Leictrí agus Leictreonaí UCD, a fuair **Gradam Churadh Nuálaíochta na Bliana NovaUCD 2021** as a thiomantas don obair a rinne sé le mic léinn chlár innealtóireachta UCD chun ruthag tráchtála a dtionscadal tráchtais don bhliain dheireanach a scaoileadh saor.



An Dr Donal MacKernan

Sa phictiúr tá an Dr Donal MacKernan, Scoil na Fisice UCD, a bhfuil teicneolaíocht bhunathraitheach ardáin athraithe mhóilínigh forbartha aige, a fuair **Gradam Cheadúnas na Bliana NovaUCD 2021.** Le linn 2020 cheadúnaigh NovaUCD an teicneolaíocht seo do chuideachta bunaithe i SAM Fionnachtain Inc le túsfheidhm mar dhiagnóisic leighis ag an láthair chúraim do COVID-19 agus don fhliú.

# RANNPHÁIRTÍOCHT DHOMHANDA






Mic léinn ag glacadh páirt i Searmanas Fáilte an Uachtaráin; tarlaíonn searmanas scaife lena linn. Chuir an tOllamh Comhlach Paul Fanning, Propast BDIC fáilte roimh na mic léinn agus labhair sé go fíorúil ag an searmanas.

**An tOllamh Dolores O'Riordan**
Leas-Uachtarán do Rannpháirtíocht Dhomhanda UCD

I mbliana, chuireamar deireadh le Straitéis Rannpháirtíochta Domhanda 2016-2020 a chur i gcrích, ina ndíríomar ar chultúr idirnáisiúnta UCD a fheabhsú, ár gclú ar fud an domhain a mhéadú agus tionchar ár ngníomhartha ar phríomhshaincheisteanna domhanda a mhéadú.




Ba rud ríthábhachtach é straitéis ar leith a bheith againn chun gníomhaíochtaí rannpháirtíochta domhanda a threorú le ceithre bliana anuas, go háirithe leis na dúshláin agus an cur isteach a bhí romhainn mar thoradh ar phaindéim COVID-19. Bhí áthas orainn cuimhneamh ar an iliomad torthaí a bhaineamar amach mar a léirítear sa ghrafaic eolais thall.

Ba thréimhse í ina ndearnamar a lán pleanála agus comhairliúchán á dhéanamh againn le pobal UCD agus le páirtithe leasmhara seachtracha chun an Straitéis Rannpháirtíochta Domhanda a chruthú do 2021-2024. Ba phléisiúr mór dom é an straitéis nua a sheoladh i mí na Bealtaine 2021. Craoladh an t-imeacht mar sheimineár gréasáin, agus roinn comhghleacaithe ó gach cearn den Ollscoil a gcuid smaointe agus eispéireas maidir le rannpháirtíocht dhomhanda chun dá sprioc na straitéise nua a léiriú: Eispéireas Domhanda a chur ar fáil do chách ag UCD agus Tionchar Domhanda UCD a chur chun cinn. Ag croílár na straitéise tá teachtaireacht na húinéireachta roinnte le léiriú le pobal UCD gur féidir linn ar fad an rannpháirtíocht dhomhanda a chur chun cinn agus gur chóir amharc uirthi mar phríomhchuid dár ról.

Tá 7,239 mac léinn idirnáisiúnta cláraithe ar champais Bhaile Átha Cliath de chuid UCD. Freagraíonn líon na mac léinn

## Tá 7,239 mac léinn idirnáisiúnta cláraithe ar champais Bhaile Átha Cliath de chuid UCD, a fhreagraíonn do 23.6% de na mic léinn


idirnáisiúnta ar champais Bhaile Átha Cliath do 23.6% de na mic léinn go léir, rud a chuireann go mór le héagsúlacht ár bpobail (is as 139 tír éagsúil dóibh).

D'éirigh níos fearr in 2020 le rannpháirtíocht san earcaíocht do mhic léinn idirnáisiúnta ná mar a bhíothas ag súil leis, agus chuir an rannpháirtíocht réigiúnach láidir leis seo trínár nIonaid Ar Fud na Cruinne sa tSín, sa Mhalaeis, san India, in Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha agus i SAM. Léirigh UCD teacht aniar iontach agus mic léinn idirnáisiúnta á mealladh le rannpháirtíocht fhíorúil agus ábhair dhigitithe in úsáid chun naisc a chothú le mic léinn ionchasacha. Sheolamar roinnt tionscnamh chun fáilte a chur roimh ár mic léinn idirnáisiúnta. Bhí cártaí SIM saor in aisce agus fáil ar scéim rothar saor in aisce chun féachaint thart ar Bhaile Átha Cliath sna pacáistí fáilte. Agus aird á tabhairt ar shrianta sláinte poiblí, agus ar laghdú sna deiseanna maidir le caidreamh sóisialta, reáchtáladh breis agus 70 imeacht fíorúil de Tholglann Ar Fud Na Cruinne UCD ar mhaithe le tacú le himeascadh sóisialta agus cultúrtha na mac léinn idirnáisiúnta.

Buaicphointe a bhí ann i mbliana ba é an chéad Fhóram Rannpháirtíochta Domhanda de chuid UCD a óstáil. Bhí gá ann mar gheall ar shrianta taistil, le réiteach cruthaitheach chun teagmháil a chothú lenár rannpháirtithe ar fud an domhain. Agus úsáid á baint as ardáin dhigiteacha, bhí teagmháil againn le breis agus 230 rannpháirtí i 32 tír in aon seachtain amháin. Trí sheisiúin bheo, ghlacamar páirt i bplé ar théamaí ábhartha na hearnála, agus ina measc bhí comhpháirtíochtaí domhanda as seo amach, agus an tábhacht a bhaineann le tús áite a thabhairt don inbhuanaitheacht i ngníomhaíocht idirnáisiúnta.




Sa phictiúr tá mic léinn CDIC a ghlac páirt i ndianchlár Béarla le linn a sosa samhraidh. Tá siad cláraithe do na trí chlár CDIC – Bonneagar Innealtóireachta Sibhialta, Innealtóireacht Uathghluaisneach, agus Iompar, Pleanáil Chathrach agus Innealtóireacht Timpeallachta agus Céim 1 críochnaithe acu i Samhradh 2021.




Mar gheall ar shrianta taistil bainte le COVID-19 tugadh deis dúinn aghaidh a thabhairt ar shoghluaisteacht mac léinn i mbealach níos cruthaithí. Le bliain anuas, ghlac breis agus 300 mac léinn páirt i scéimeanna fíorúla soghluaisteachta a cuireadh ar fáil trí líonraí UCD ar fud an domhain, lena n-áirítear an clár NICE, an clár Saoránaigh ar Fud an Domhain F21, Micrintéirneachtaí Inbhuanaitheachta F21, RISE F21 agus cláir eile nach iad.

Cuireadh clár saorálaíochta agus saoránachta domhanda de chuid Saorálaithe UCD Thar Sáile ina iomlán ar fáil go fíorúil agus ghlac 43 duine páirt sa chlár bliana. Cuireadh tionscadail sláinte, oideachais agus slí maireachtála ar bun san India, sa Tansáin agus in Uganda agus torthaí suntasacha astu lena n-áirítear 36 leanbh feistithe le haghaidh trealamh fisiteiripe, rud a chuirfidh feabhas ar chaighdeán beatha na leanaí. In Deilí Nua, cuireadh oideachas ar líne ar fáil do 40 chailín óg ó phobail leochaileacha.

Éacht suntasach do UCD san oideachas trasnáisiúnta ba é oscailt dhá choláiste chomhpháirteacha nua sa tSín i mí Mheán Fómhair 2020.

Leis an dá fhiontar nua seo, Coláiste Idirnáisiúnta Iompair Chang'an-Bhaile Átha Cliath in Ollscoil Chang'an (CDIC), Xi'an agus Coláiste Idirnáisiúnta Eolaíochtaí Beatha agus Teicneolaíochta Guangzhou-Bhaile Átha Cliath in Ollscoil Talmhaíochta na Síne Theas (GDIC), Guangzhou, chomh maith le Coláiste Idirnáisiúnta Bhéising-Bhaile Átha Cliath in Ollscoil Teicneolaíochta Bhéising (BDIC), a bunaíodh in 2012, tá UCD ar an t-aon Ollscoil go hidirnáisiúnta atá ag oibriú i dtrí choláiste chomhpháirteacha idirnáisiúnta sa tSín. Léiríonn sé seo stádas UCD mar Ollscoil Dhomhanda i ndáiríre agus ár gcuid saineolais san oideachas trasnáisiúnta.

In ainneoin na ndúshlán bainteach le COVID-19, bhain an dá choláiste nua agus BDIC a spriocanna féin maidir le hearcaíocht amach agus eatarthu bhí thart ar 2,100 mac léinn acu ag obair i dtreo chéim UCD i mbliana. Maidir leis an 335 céime ó BDIC a ndeachaigh 211 acu ar aghaidh le staidéar a dhéanamh thar sáile agus a raibh tairiscintí ag 50% agus 70% acu faoi seach d'ollscoileanna sa Chéad 50 agus sa Chéad 100 de QS World Rankings, léiríonn sé seo an t-eispéireas oideachais foghlama den chéad scoth a chuirtear ar fáil.

Leanamar ar aghaidh ag cur modúil ar fáil ag Lárionad na dTeangacha Feidhmeacha UCD anuraidh agus ba léir go raibh borradh sa tsuim i dteangacha idirnáisiúnta in 2020/21. Cuireadh leibhéil sa bhreis d'Araibis, de Chóiréis agus de Phortaingéilis le punann an mhodúil. Cuireadh Cláir Conairí Idirnáisiúnta ar fáil ar líne in 2020/21 agus bhí rátaí arda ann de shásamh agus rath i measc na mac léinn.

Tugadh aitheantas oifigiúil i mbliana do chur i gcrích rathúil na gClár Conairí Idirnáisiúnta mar rud a chomhlíonann riachtanais Bhéarla UCD, rud a osclóidh na cláir do chohórt níos leithne arís sna blianta beaga atá romhainn. Léiríodh é seo agus mic léinn Rúiseacha ag tosú ar an gcúrsa den chéad uair. Bhí an-áthas orainn an Clár Oiliúna d'Oifigigh Shinsearacha Shíneacha a chur ar fáil arna urrú ag Roinn Gnóthaí Eachtra na hÉireann agus atá á reáchtáil le 20 bliain anois. D'éirigh go geal leis an gclár coicíse fíorúil.

Chun an Athbhliain Ghealaí a cheiliúradh i mí Feabhra, rinne Institiúid Confucius UCD sruthú beo ar an '2021 Spring Festival Gala Ireland' do lucht féachana ó gach cearn den domhan agus breis agus míle duine ag féachaint air. Léirigh an clár cruthaitheacht na múinteoirí agus na mac léinn ag an Institiúid.

Chun déileáil leis an nganntanas múinteoirí ón tSín mar gheall ar shrianta taistil, d'eagraigh UCD sraith de chláir oiliúna trí sheimineáir ghréasáin do mhúinteoirí Sínise áitiúla i mí Iúil 2021. Chuir an clár oiliúna leis an gcumas teagaisc le haghaidh scoileanna na hÉireann.

Bhí babhta ceannais na hÉireann don 20ú Comórtas Inniúlachta sa tSínis 'Chinese Bridge' do Mhic Léinn Choláiste Eachtrannacha ar siúl i mí Lúnasa agus bhuaigh Matthew Kelly ó UCD an chéad duais.

Lean Gaeltacht UCD ar aghaidh leis an nGaeilge agus le cultúr na hÉireann a chur chun cinn, ag cur cúrsaí ar líne ar fáil do mhic léinn agus don fhoireann. Bhí scoláirí ó *Theach na Gaeilge* UCD an-chruthaitheach go deo ina ngníomhaíochtaí agus comórtais idirghníomhacha agus podchraoltaí agus blaganna físe do na meáin shóisialta á reáchtáil acu, rudaí a mheall rannpháirtíocht ó chainteoirí agus foghlaimeoirí Ghaeilge ar fud an domhain.

Chuir an t-ionad sraith ar fáil darbh ainm *Cultúr na Céadaoin*, ina raibh ceardlanna Ghaeilge agus chultúr na hÉireann. I measc na dtéamaí bhí litríocht na Gaeilge, féilte, béaloideas, flóra agus fána agus bia agus ceol, agus bhí an-tóir orthu i measc céimithe sa bhaile agus thar lear.

Rinneadh cláir shaincheaptha teanga agus chultúrtha a sholáthar beo ar líne do mhic léinn lonnaithe ag Coláiste Idirnáisiúnta Bhéising-Baile Átha Cliath (BDIC) agus Coláiste Iompair Idirnáisiúnta Chang'an-Bhaile Átha Cliath (CDIC). Thug na cuir i láthair agus na ceachtanna deis do mhic léinn UCD sa tSín léargas a fháil ar an saol in Éirinn.

Mo bhuíochas le gach duine a chuir leis na héachtaí seo i rith na bliana agus go háirithe as an gcruthaitheacht a léiríodh chun tacú le fís UCD *'Na gnéithe is fearr den domhan a thabhairt go hÉirinn, agus na gnéithe is fearr d'Éirinn, a cultúr san áireamh, a thabhairt don domhan'* i dtimpeallacht dhúshlánach 2020/21.

**An tOllamh Dolores O'Riordan**
Leas-Uachtarán do Rannpháirtíocht Dhomhanda UCD



Sa phictiúr ag loch UCD tá Scoláirí ó Scéim Chónaithe Ghaeltacht UCD, (ó chlé go deas) Eoghan Ó Curnáin, Niamh Lavelle, Colm Ó Ruanaidh, Cathán Bonner agus Theresa Benny.



# COMHIONANNAS, ÉAGSÚLACHT AGUS CUIMSIÚ



**An tOllamh Colin Scott**
Leasuachtarán um Chomhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú



Baill Ghrúpa Gníomhaíochta um Chomhionannas Inscne UCD. Sa chéad ró (ó chlé go deas): An Dr Aoife Gowen, Scoil na hInnealtóireachta Bithchórais agus na hInnealtóireachta Bia UCD An tOllamh Orla Feely, Leas-Uachtarán UCD um Thaighde, Nuálaíocht agus Tionchar; An tOllamh Colin Scott, Leasuachtarán UCD um Chomhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú; agus an tOllamh Comhlach Donal Finn, Scoil na hInnealtóireachta Meicniúla agus Ábhar UCD. Sa dara ró (ó chlé go deas): An Dr Saoirse Tracy, Scoil na Talmhaíochta agus Eolaíocht an Bhia UCD agus an tOllamh Joe Carthy, Scoil na Ríomheolaíochta UCD. Sa tríú ró (ó chlé go deas): Marcellina Fogarty, Bainisteoir Straitéiseach um Chomhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú; Elaine Hassett, Ceann na Seirbhísí Earcaíochta; agus Eimear O'Reilly, an tAonad um Chomhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú. Sa cheathrú ró (ó chlé go deas): An tOllamh Comhlach Catherine Mooney, Scoil na Ríomheolaíochta UCD agus Rory Carey, Stiúrthóir, Cultúr agus Rannpháirtíocht UCD. Sa chúigiú ró (ó chlé go deas): Mark Simpson, Cultúr agus Rannpháirtíocht UCD agus an tOllamh Kath Browne, Scoil na Tíreolaíochta UCD.

Tréimhse dhúshlánach do chách ab í an phaindéim agus tuigim go raibh deacrachtaí ar leith ag na grúpaí sin atá faoi chosaint i gcomhréir le reachtaíocht agus lenár bpolasaithe ar bhonn comhionannais.

Chuir cur chuige cuimsitheach agus solúbtha ar chumas ár Scoileanna agus Aonad tacaíocht a thabhairt do mhic léinn agus d'fhostaithe le linn na tréimhse seo agus beidh gá leis an tiomantas agus leis an tsolúbthacht seo sna míonna agus sna blianta amach romhainn le dul i ngleic leis na rioscaí go mbeidh neamhionannais níos measa ann mar gheall ar an bpaindéim.

## Suirbhé ar Chomhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú

D'fhonn tacaíocht a thabhairt do na próisis phleanála straitéiseacha maidir le comhionannas, éagsúlacht agus cuimsiú, freagrachtaí reachtúla a chomhlíonadh agus measúnú a dhéanamh ar thionchar tionscnamh go dtí seo, rinneadh suirbhé ar chomhionannas, éagsúlacht agus cuimsiú chun tuairimí agus léargais fostaithe UCD ar fad a fháil. Baineadh ráta freagartha 35% amach agus tá réamhthuarascáil foilsithe agus príomhthorthaí ann. Déanfaimid cinnte de go ndéanfar bearta le dul i ngleic leis na torthaí seo agus foilseofar tuarascáil iomlán san fhómhair.

## Athbhreithniú ar an Straitéis um Chomhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú

Tá athbhreithniú eatramhach á dhéanamh ag an Ollscoil ar an Straitéis um Chomhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú 2018-2020-2024 faoi láthair, le cinntiú go bhfuil ailíniú ann le Straitéis UCD Réidh don Todhchaí. D'éascaigh an Dr Gráinne Healy ceardlann leis an nGrúpa um Chomhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú le feiceáil cad é mar is féidir leis an Straitéis um Chomhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú cur le

baint amach straitéis UCD agus le gníomhaíochtaí a shainaithint chun dul i ngleic le haon bhearnaí atá ann. Cuirfidh aschuir chomhairliúchán na bhfostaithe sa Suirbhé ar Chomhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú leis an Straitéis athbhreithnithe um Chomhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú a bheidh ann i bhFómhar 2021.

## Athena SWAN

Rinne UCD athnuachan ar an gcreidiúnú institiúideach Athena SWAN i mí Mheán Fómhair 2020 agus tá sí ag cur réimse leathan gníomhaíochtaí i bhfeidhm ina plean gníomhaíochta um chomhionannas inscne 2020-2024. Bronnadh gradaim chré-umha Athena SWAN ar chúig Scoil UCD ón mbabhta in Aibreán 2021. Fágann sé seo go bhfuil 13 ghradam Scoile faighte san iomlán anois agus gradam amháin Coláiste comhcheangailte, a chuimsíonn 6 Scoil. Leanfar le tacaíocht do scoileanna agus iad ag obair le haghaidh creidiúnaithe agus ag cur pleananna gníomhaíochta um chomhionannas inscne i bhfeidhm i gcomhréir le Cuspóir Straitéiseach 1 maidir le Comhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú.

## Comhar le Comhlachtaí Seachtracha

Leanann UCD ar aghaidh ag comhoibriú le comhlachtaí seachtracha chun cuimsiú a chur chun cinn mar a gealladh i gCuspóir Straitéiseach 6 den Straitéis maidir le Comhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú.

- Chuaigh UCD i gcomhpháirtíocht le déanaí, i dtionscnamh 'Doirse Oscailte, le níos mó ná 95 cuideachta agus ENR, a oibríonn leis an rialtas chun conairí chun na fostaíochta a chruthú do dhaoine i ngrúpaí imeallaithe. Is féidir leo seo a bheith ina scéimeanna intéirneachta, ina scoláireachtaí, ina gcúrsaí oiliúna, ina gcuidiú le fiontraithe nó ina bhfostaíocht ar bhonn lánaimseartha/páirtaimseartha, ó réimse cúlraí agus cineálacha cumais.
- Bunaíodh fochoiste den Ollscoil Tearmainn um Chomhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú ar na mallaibh chun maoirseacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm na ngealltanas a thug UCD faoina stádas mar Ollscoil Tearmainn agus chun teagmháil a dhéanamh le Coiste Náisiúnta Ollscoileanna Tearmainn na hÉireann.
- Tá UCD ag comhoibriú freisin le See Change, eagraíocht atá ag iarraidh deireadh a chur le stiogma maidir le meabhairshláinte. Tá sé mar aidhm ag an eagraíocht timpeallacht oibre a chruthú inar féidir le daoine a bheith oscailte agus dearfach faoina gcuid meabhairshláinte féin agus meabhairshláinte daoine eile. Bunaíodh Grúpa Stiúrtha maidir le Meabhairshláinte agus Folláine chun tacú le forbairt agus cur i bhfeidhm creata shoiléir maidir le meabhairshláinte agus folláine d'fhostaithe UCD agus beidh sé seo bunaithe ar an gClár Sé Chéim don Áit Oibre de chuid See Change.

## Tionscadail ar Fud na hEarnála

D'fhorbair earnáil ollscoileanna na hÉireann Clár ar líne um Chomhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú san Ardoideachas go

> // Bronnadh gradaim chré-umha Athena SWAN ar chúig Scoil UCD ón mbabhta in Aibreán 2021. Fágann sé seo go bhfuil 13 ghradam Scoile faighte san iomlán anois agus gradam amháin Coláiste comhcheangailte, a chuimsíonn 6 Scoil //



Comhghairdeas le dámhachtaithe Scoile Athena SWAN agus Juno. Ró tosaigh (ó chlé go deas) James O'Sullivan, Scoil na Ceimice UCD; An Dr Pascale Baker, Scoil na dTeangacha, na gCultúr agus na Teangeolaíochta UCD; An tOllamh Jessica Bramham, Scoil na Síceolaíochta UCD; An Dr Ross Neville, Scoil na Sláinte Poiblí, na Fisiteiripe agus na hEolaíochta Spóirt; An tOllamh Abbey Hyde, Scoil an Altranais, an Chnáimhseachais agus na gCóras Sláinte UCD; agus an tOllamh Niamh Hardiman, Scoil na Polaitíochta agus Gnóthaí Idirnáisiúnta UCD. Ró sa lár (ó chlé go deas): Melanie Pape, Scoil na dTeangacha, na gCultúr agus na Teangeolaíochta UCD; An Dr Siobhán Donovan, Scoil na dTeangacha, na gCultúr agus na Teangeolaíochta UCD; An Dr Michelle Downes, Scoil na Síceolaíochta UCD; An tOllamh Comhlach Jos Elkink, Scoil na Polaitíochta agus Gnóthaí Idirnáisiúnta UCD: agus an tOllamh Comhlach Sheila McBreen, Scoil na Fisice UCD. Ró cúil (ó chlé go deas): An tOllamh Brian Rodriguez, Scoil na Fisice UCD (faighteoir Juno); An tOllamh Catherine Blake, Scoil na Sláinte Poiblí, na Fisiteiripe agus na hEolaíochta Spóirt UCD; An tOllamh Suzanne Guerin, Scoil na Síceolaíochta UCD; An tOll. Colin Scott; agus Eimear O'Reilly, an tAonad um Chomhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú.




// Cuireadh tús le feachtas frithchiníochais UCD freisin roimh thús an téarma acadúil 2021/22 idir ar líne agus ar champas, le léiriú nach nglacann UCD le ciníochas agus go gcuireann sí campas cuimsitheach chun cinn //

comhoibríoch agus léirítear cur chuige cumaiscthe ann chun plé agus rannpháirtíocht le saincheisteanna maidir le comhionannas, éagsúlacht agus cuimsiú, agus le cearta an duine, a chothú agus luíonn an clár sin le tionscnaimh eile de chuid na hinstitiúide chun feasacht a mhéadú.

Fuair UCD cistiú ón Údarás um Ard-Oideachas chun a bheith i gceannas ar thionscadal ar fud na hearnála le tacú le cur i bhfeidhm Dhualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine. Tacóidh an cistiú seo leis an gcéad chéim de chur i bhfeidhm an dualgais maidir le comhionannas agus saincheisteanna cearta daonna a mheas in ollscoileanna.

Bhí UCD i gceannas ar dhá líonra a bhunú: líonra uile-Éireann LADTI d'fhostaithe agus do mhic léinn chun tacú le faisnéis a roinnt agus chun comhoibriú a dhéanamh ar mhórthionscadail, agus an Líonra Cleachtóirí Sonraí um Chomhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú de chuid Chumann Ollscoileanna na hÉireann a tháinig as an gComhdháil ar Shonraí um Chomhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú náisiúnta a d'óstáil UCD i mí Mheán Fómhair 2020.

Déanfaidh UCD cathaoirleacht ar líonra Leas-Uachtaráin Chumann Ollscoileanna na hÉireann don Chomhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú 2021/22,agus ar Líonra Cleachtóirí Athena SWAN in 2021/22, rud a thabharfaidh cleachtóirí le chéile a bhfuil baint acu le hiarratais Athena SWAN agus le pleananna gníomhaíochta um chomhionannas inscne a fhorbairt.

## Imeachtaí EDI

Is príomhthosaíocht í faoi Chuspóir Straitéiseach 5 um Chomhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú, feasacht a mhéadú ar na rudaí sin agus ar ár gcuid freagrachtaí mar bhaill de phobal UCD.

- Seoladh Tuarascáil Bhliantúil 2019/20 um Chomhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú ag Seimineár Gréasáin um Chomhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú i mí an Mhárta agus bhí breis agus 100 duine i láthair. Labhair an tOllamh Kalwant Bhopal ó University of Birmingham ar théama an chine agus an eitneachais; Labhair Joan Freeman, bunaitheoir Pieta House, ar féinmharú a chosc agus ar an tábhacht a bhaineann le labhairt le daoine agus tacaíochtaí cabhracha a chuardach; agus tháinig díospóireacht phainéil den scoth ar an meabhairshláinte agus folláine ina ndiaidh.
- Déanann Lá IDAHOBIT – Lá Idirnáisiúnta in aghaidh Homafóibe, Défhóibe, Idirghnéasachais agus Trasfhóibe – feasacht a mhéadú ar leithcheal agus foréigean in éadan daoine LADTI ar fud an domhain. Ar an lá, bhí díospóireacht ar líne ag UCD, *Challenging Discrimination in Healthcare,* a d'eagraigh Líonra Fhoireann LADTI UCD agus Scoil an Altranais, an Chnáimhseachais agus na gCóras Sláinte. Pléadh agus cuireadh chun cinn bealaí le tacaíocht a léiriú do LADTI in UCD, lena n-áirítear úsáid na bhforainmneacha (sí/í, sé/é, siad/iad) sa síniú ríomhphoist agus ar na meáin shóisialta.
- PrideInOurCurriculum – Chun ceiliúradh a dhéanamh ar Bhród, reáchtáladh seimineár gréasáin ceannaireachta smaointe ar chuimsiú LADTI sa churaclam agus aoichainteoirí ann.
- Bhí Lá Idirnáisiúnta na mBan dírithe ar an téama #Choose to Challenge i mbliana. Léiríodh leis seo gur féidir linn go léir roghnú a dhéanamh chun agóid a thabhairt i gcoinne na laofachta inscne agus an neamhionannais. Reáchtáladh seimineár gréasáin ar an 8 Márta ar an téama 'Bridging the Gender Gap – Research and Responses to COVID-19', le haoichainteoirí Chryssi Giannitsarou, Eacnamaí, Dámh na hEacnamaíochta, University of Cambridge; agus an Dr Ioana Latu, Roinn na Síceolaíochta, Ollscoil na Banríona, Béal Feirste.
- Cuireadh oiliúint agus ceardlanna aitheantais inscne ar siúl i rith na bliana seo caite le mic léinn agus fostaithe d'fhonn feasacht, soiléireacht agus muinín níos fearr a chothú maidir le cur i bhfeidhm Pholasaí UCD um Aitheantas Inscne agus Léiriú le tacú le mic léinn agus fostaithe.

## Comhionannas Ciníoch agus Eitneach UCD

Mar chuid de chlár oibre Ghrúpa Oibre UCD um Chomhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú maidir le Cine agus Eitneachas, cuireadh tús le sraith Grúpaí Fócais um Chine agus Eitneachas 'Éist agus Fhoghlaim' le mic léinn agus fostaithe san Earrach i mbliana. Cuireadh tús le feachtas frithchiníochais UCD freisin roimh thús an téarma acadúil 2021/22 idir ar líne agus ar champas, le léiriú nach nglacann UCD le ciníochas agus go gcuireann sí campas cuimsitheach chun cinn.


## Dínit agus Meas

Foilsíodh tuarascáil ar an Athbhreithniú ar Dhínit agus Meas i ndiaidh tréimhse fhairsing athbhreithnithe agus comhairliúcháin a tharla le pobal na hOllscoile agus go seachtrach. Chomh maith leis sin, cuireadh an Plean Gníomhaíochta um Chreat Toilithe faoi bhráid an Údaráis um Ard-Oideachas. Leagtar amach sa phlean na gníomhaíochtaí a nglacfaidh an Ollscoil leo le dul i ngleic le saincheisteanna gnéaschiaptha agus foréigin ghnéasaigh laistigh de UCD.

## Fostaithe de réir Inscne 2020/21


| Catagóir Foirne | | Mná | Fir | *Ní fios | Móriomlán | % Mná |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Foireann Teagaisc na nDámh** | Lán-Ollamh | 51 | 123 | – | 174 | 29% |
| | Ollamh | 44 | 68 | – | 112 | 39% |
| | Ollamh Comhlach | 99 | 170 | – | 269 | 37% |
| | Léachtóir/Ollamh Cúnta | – | 1 | – | 1 | 14% |
| | Léachtóir/Ollamh Cúnta Taobh Thuas Den Bharra | 301 | 314 | 1 | 616 | 49% |
| | Léachtóir/Ollamh Cúnta Taobh Thíos Den Bharra | 31 | 24 | – | 55 | 56% |
| | Foireann Eile Acadúil agus Teagaisc | 155 | 151 | 3 | 309 | 50% |
| **Iomlán Acadúil** | | **681** | **851** | **4** | **1,536** | **44%** |
| **Taighde** | Taighdeoir | 124 | 167 | 3 | 294 | 42% |
| **Taighde: Iomlán** | | **124** | **167** | **3** | **294** | **42%** |
| **Tacaíocht** | Acadúil Riaracháin / Gairmiúil | 363 | 90 | 3 | 456 | 80% |
| | Riaracháin/Gairmiúil | 434 | 207 | 5 | 646 | 67% |
| | Tacaíocht Taighde | 198 | 148 | 6 | 352 | 56% |
| | Teicniúil | 178 | 128 | 1 | 307 | 58% |
| | Foireann Tacaíochta Eile | 146 | 163 | 1 | 310 | 47% |
| **Tacaíocht: Iomlán** | | **1,319** | **737** | **16** | **2,072** | **64%** |
| **Uile** | | **2,124** | **1,754** | **23** | **3,901** | **54%** |

## Fostaithe de réir % Deighilte Inscne




## Foireann Teagaisc agus Taighdeoirí de réir Eitneachais

### Foireann Teagaisc (Iarratas Déanta, Curtha ar Ghearrliosta agus Ceaptha)




### Taighdeoirí (Iarratas Déanta, Curtha ar Ghearrliosta & Ceaptha)



# AIRGEADAS AGUS FORBAIRT CAIPITIL






Léaráid ealaíontóra ar Ionad um Fhoghlaim na Todhchaí UCD.

**David Kelly**
Sparánaí

## AIRGEADAS

### Olltoradh don bhliain

Don bhliain dar críoch 30 Mean Fómhair 2021, táthar ag súil le go mbeidh barrachas oibriúcháin de €20 milliún á ghiniúint ar ghníomhaíochtaí comhdhlúite na hOllscoile. Tá gné shuntasach den fheabhsúchán seo ar fheidhmíocht mar gheall ar choigilteas agus ioncam aonuaire saothraithe in 2020/21 mar thoradh ar COVID-19, chomh maith le méadú de 4% ar líon na mac léinn. Bhí aga moille ann maidir le hairgead a chaitheamh in 2020/21 agus táimid ag súil leis seo a cheartú in 2021/22. Bhí tionchar ar an olltoradh seo, atá inchurtha le barrachas oibriúcháin chomhdhlúite de €8 milliún, a chonacthas sa bhliain roimhe, ag an laghdú i sruthanna ioncaim ó áiteanna cónaithe mic léinn agus ó ghníomhaíochtaí tráchtála mar gheall ar dhúnadh saoráidí do thréimhse den bhliain.

Measaimid go bhfuil costas COVID-19 do UCD thart ar €30 milliún thar an dá bhliain airgeadais dheireanacha. Ba bhliain dhúshlánach í seo don Ollscoil agus an phaindéim dhomhanda ag dul i bhfeidhm ar gach gné dár gcuid oibriúchán agus bhí gá ann le roinnt beart a chur i bhfeidhm nach bhfacthas riamh chun caiteachas a bhainistiú agus chun iarmhéideanna airgid a chosaint nuair a cuireadh tús leis an ndianghlasáil san Ollscoil.

Ba chóir go gcinnteofar leis na bearta maolaitheacha seo go bhfuil cúrsaí airgid na hOllscoile láidir go leor chun drochthionchar sa bhreis ón bpaindéim a mhaolú agus, cé go bhfuil éiginnteacht shuntasach ann fós faoi fhoinsí ioncaim lasmuigh den Státchiste, áitíonn an Ollscoil mar gheall ar a hiarmhéideanna airgid nach beag chomh maith le rialú righin costais a bheith i bhfeidhm fós gur féidir léi leanúint ar aghaidh lena cuid oibríochtaí sa timpeallacht eacnamaíoch luaineach atá ann faoi láthair.

### Freagairt ar phaindéim COVID-19

Ba ghasta an fhreagairt do na dúshláin airgeadais in 2020/21 agus sa deireadh d'éirigh léi tionchair ba mheasa na paindéime a mhaolú. Cabhraigh na dianrialaithe caiteachais, i dteannta leis an bhfás i líon na mac léinn baile agus caomhnú líon na mac léinn neamh-AE, le cúiteamh a dhéanamh ar thionchar an laghdaithe ar ioncam tráchtála.

> // Ba ghasta an fhreagairt do na dúshláin airgeadais in 2020/21 agus sa deireadh d'éirigh léi tionchair ba mheasa na paindéime a mhaolú //

Rinne an Oifig Airgeadais, ag obair i gcomhar le Foireann Bainistíochta na hOllscoile, réimse bearta maolaitheacha a chur i gcrích chun staid airgeadais láidir na hOllscoile a chosaint, lena n-áirítear bearta laghdaithe costais, cosaint sruthanna ioncaim reatha nach ón Státchiste iad agus dianrialú ar chaiteachas caipitiúil.

Bhí an phaindéim dhomhanda ina cúis le héiginnteacht shuntasach maidir le cinntí mórinfheistíochta faoinár gclár caiteachais chaipitiúil. Cuireadh oibleagáid ar na conraitheoirí tógála uile a bhí ag obair ar champas UCD a ngníomhaíochtaí a theorannú ar feadh ceithre nó cúig mhí le linn na bliana ionas go gcomhlíontaí na srianta sláinte poiblí méadaithe agus bhí tionchar ábhartha aige sin ar an gclár caiteachais chaipitiúil agus ar dhátaí críochnaithe tionscadal.

Mar pháirt den chlár caipitil reatha tá trí chéim d'áiteanna cónaithe do mhic léinn, rud a chuirfidh 3,000 leaba breise ar fáil ar champas, chomh maith le carrchlós ilstórach faoi thalamh a sholáthróidh 600 spás páirceála, foirgnimh chonláistí mac léinn, tionscadal Champas na Todhchaí, céim 3 den Choimpléasc Eolaíochta, Foirgneamh Newman agus céim eile de na haiseanna spóirt.

Tá cistiú iasachta faighte ag an Oifig Airgeadais do thionscadail ghníomhacha agus beidh pleanáil cháiréiseach agus obair ullmhúcháin fhairsing de dhíth ar thionscadail sa todhchaí d'fhonn an cistiú iasachta, cistiú deontóra agus cistiú deontais chaipitiúil Stáit atá riachtanach a fháil, agus é seo á dhéanamh trí shamhail réamhaisnéise sreafa airgid chomhdhlúite 30 bliain a ndéantar an fhaisnéis atá inti a nuashonrú go rialta le haghaidh athruithe ar olltorthaí buiséid bliantúla.

Mar gheall ar phaindéim COVID-19, is gá athbhreithniú leanúnach a dhéanamh ar an gclár caiteachais chaipitiúil chun na rioscaí a bhaineann le méaduithe ar chostais, éilimh conraitheoirí agus moilleanna ar thionscadail a íoslaghdú agus, in ainneoin moill de bhun tola i gcuid dár dtionscadail chaipitil le linn na bliana mar gheall ar an bpaindéim, tá an Ollscoil tiomanta i gcónaí don chlár caiteachais chaipitiúil atá pleanáilte aici.

## Cistiú Stáit don Ardoideachas

Tháinig méadú mór ar chistiú deontais athfhillteach don earnáil do 2021. Bhí an cistiú deontais méadaithe i ngeall, cuid mhaith, ar an bpacáiste tionscnamh cistithe COVID-19 arb ionann é agus €105 milliún don earnáil tríú leibhéal a fógraíodh i mí Iúil 2021 a chuir na hacmhainní riachtanacha ar fáil le haghaidh an chaiteachais bhreise a bhaineann leis an bpaindéim agus chun na hullmhúcháin is gá a dhéanamh do theacht ar ais na mac léinn chuig an gcampas don bhliain acadúil 2021/22. Sa chistiú deontais méadaithe freisin, bhí réimse de phacáistí cistithe don mhéadú gearrthéarmach ar líon na mac léinn CAO AE, do mhic léinn faoi mhíbhuntáiste, do sholáthar sheirbhísí rochtana agus tacaíochta do mhic léinn leochaileacha agus do chistiú do mhic léinn a raibh deacrachtaí airgeadais acu mar gheall ar an bpaindéim.

Cé gur fháiltíomar roimh an méadú ar chistiú deontais do 2021, is iomaí dúshlán atá i saol reatha an oideachais agus tá easpa cistithe na hearnála go fóill ar an dúshlán airgeadais is mó atá roimh an Ollscoil, rud a chuireann brú ar inmharthanacht oibríochtaí agus ar an mbonneagar, agus líon na mac léinn ag méadú. Bíodh is gur mhéadaigh an cistiú deontais athfhillteach don earnáil le blianta beaga anuas, bíonn an cistiú sa bhreis curtha ar leataobh de ghnáth le haghaidh feidhmeanna ar leith agus níor íoc príomhdheontas an Stáit le UCD le haghaidh 2021



Léaráid ealaíontóra ar Chomharsanacht an Aird Mhóir.



Mic léinn ag baint tairbhe as an teas samhraidh le bheith ag staidéar taobh amuigh.

as costais iomlána na ndámhachtainí pá in 2021. Mar sin féin, d'éirigh le UCD dul chun cinn a dhéanamh maidir lena cuspóirí straitéiseacha a bhaint amach agus barrachas a rabhthas ag súil leis a bhaint amach freisin don bhliain airgeadais 2020/21, cé go raibh cóimheasa idir mic léinn agus baill foirne thíos leis, chomh maith le seirbhísí tacaíochta do mhic léinn agus bonneagar campais.

Tá buiséadú cúramach á dhéanamh ag an Ollscoil le blianta fada anuas le bheith cinnte gur féidir na dúshláin a shárú, agus le plean cúig bliana airgeadais mar bhonn taca faoi, cuirfidh sé seo ar chumas na hOllscoile infheistíocht a dhéanamh fós chun a straitéis a sholáthar agus staid an airgeadais a neartú.

## Samhail Chistithe UCD atá Bunaithe ar Fheidhmíocht

Tá samhail airgeadais cúig bliana rollaí i bhfeidhm ag an Ollscoil d'aonaid acadúla agus tacaíochta ó 2014/15, rud a sholáthair leibhéal cinnteachta maidir le leithdháiltí buiséid todhchaíocha agus a spreag aonaid acadúla chun ioncam táille breise a shaothrú.

In ainneoin drochthionchar na paindéime, tá fás leanúnach ag teacht ar an ioncam a fhaightear ó tháillí mac léinn idirnáisiúnta, ach tá fás freisin ag teacht ar an iomaíocht ó ollscoileanna eile ó thaobh mic léinn neamh-AE a mhealladh. Tháinig fás ar líon ár mac léinn AE agus níor tháinig laghdú ar líon na mac léinn idirnáisiúnta ar an iomlán, in ainneoin gur chailleamar chóir a bheith gach duine de na mic léinn SAM Staidéar Thar Lear. Ba thoradh thar barr é seo i mbliain a thosaigh lena lán éiginnteachta.

D'fhonn bearta straitéiseacha a chur i bhfeidhm amhail earcaíocht Ad Astra 370 acadóir breise chun an cóimheas idir mic léinn agus baill foirne a fheabhsú, beidh orainn tionscnaimh maidir le hioncam breise a shaothrú agus rialú costas a chur i bhfeidhm.

## Pleanáil Airgeadais a Ailíniú le Cuspóirí Straitéiseacha na hOllscoile

Tá na seirbhísí pleanála airgeadais a sholáthraíonn an Oifig Airgeadais faoi threoir Phlean Straitéiseach na hOllscoile, a nuashonraítear gach cúig bliana. Laistigh de Phlean Straitéiseach na hOllscoile 2020-2024, leagtar amach cuspóirí ar leith atá ábhartha don Oifig Airgeadais, go háirithe an gá atá ann leis an ailíniú idir leithdháileadh acmhainní agus tosaíochtaí straitéiseacha a neartú agus an gá atá ann le hacmhainní buiséid a éagsúlú chun ioncam nach ón Státchiste é a uasmhéadú.

Cuireann comhtháthú pleanála airgeadais le snáitheanna pleanála eile an Ceann Scoile i lár an phróisis pleanála le haghaidh gach Scoile, rud a chinntíonn go bhfuil dlúthailíniú ann idir pleananna airgeadais, oideachasúla agus taighde.

## Soláthar

Is iad an dá réimse fócais d'Oifig Soláthair agus Conarthaí UCD ná coigilteas costais 10% a bhaint amach agus comhlíonadh a fheabhsú ach cur i bhfeidhm bhunachar sonraí bainistíochta conartha a bhaint amach, rud a chinnteoidh fógra tráthúil faoi dhátaí athnuachana conarthaí agus cumarsáid ábhartha agus tráthúil le sealbhóirí buiséid.

An aidhm atá againn chun cabhrú leis na spriocanna seo a bhaint amach ná sainfhoireann cheannaigh láraithe amháin a bheith againn san Ollscoil, agus córas nua d'fhoréileamh ar an margadh ar líne a thabhairt isteach ionas gur féidir sealbhóirí buiséid a threorú chuig an soláthraí ceart.

Tá pleananna ann chun córas aontaithe a thabhairt isteach a cheadóidh próisis sreafa oibre maidir le Ceannach go hÍocaíocht (P2P) ceann go ceann, lena ndéanfar an próiseas iomlán a uathoibriú ón bpointe ordaithe go dtí íocaíocht.




Áiteanna Cónaithe UCD ina bhfuil 924 leaba.

## FORBAIRT CAMPAIS

Táimid i mbun €1 bhilliún a infheistiú i gcampas Belfield. Cuirfidh sé seo saoráidí breise den chéad scoth ar fáil do mhic léinn, don fhoireann teagaisc agus do na baill foirne. I ndiaidh dúinn líon na mac léinn a mhéadú 25% le deich mbliana anuas, is é an plean atá againn méadú 25% eile a bhaint amach sna deich mbliana amach romhainn. Tá sé beartaithe againn freisin uimhreacha na mball foirne teagaisc a mhéadú 50% sa tréimhse chéanna. Bainfidh sé seo amach an sprioc uaillmhianach atá againn do chóimheas 16:1 idir mic léinn agus baill foirne teagaisc.

Mar a tharla le formhór na ngníomhaíochtaí ar champas ar fud na hOllscoile, bhí tionchar mór ag COVID-19 ar fhorbairt an champais agus ar oibriú an eastáit i rith na bliana acadúla 2020/21. Mar gheall ar dhianghlasáil an rialtais bhí láithreáin tógála dúnta ar feadh tréimhsí fada sa bhliain, rud a raibh tionchar aige ar roinnt tionscadal agus a chuir moill orthu.

In ainneoin na ndúshlán seo, áfach, choinnigh an Ollscoil le pleanáil agus le cur i bhfeidhm a Straitéise Eastáit a chur chun cinn i gcomhar lena foireann deartha agus lena conraitheoirí agus tá sí ag leanúint ar aghaidh leis an obair sin. Go háirithe, maidir le cúrsaí pleanála campais, rinneadh dul chun cinn suntasach leis na hathbhreithnithe eatramhacha ar Straitéis Eastáit UCD agus ar Phlean Straitéiseach Forbartha Campais UCD 2016-2021-2026. Foilseofar na doiciméid seo le linn na bliana acadúla atá le teacht, agus is athbhreithniú lárthéarma ar phleananna infheistíochta caipitiúla straitéiseacha na hOllscoile iad chun ailíniú leanúnach a chinntiú le polasaí agus straitéis Ollscoile, áitiúil agus náisiúnta.

Tá **€1bn** á infheistiú faoi láthair i gcampas Belfield. Cuirfidh sé seo saoráidí den chéad scoth ar fáil do mhic léinn, don fhoireann teagaisc agus do na baill foirne.

### Máistirphlean Cónaithe UCD

Forbraíodh Máistirphlean Cónaithe uaillmhianach ag Reddy Architecture + Urbanism, i dteannta le páirtithe leasmhara, ina leagtar amach an acmhainn chun 3,000 leaba breise a chur ar fáil ar Champas Belfield le linn shaolré an mháistirphlean. Leis sin tógfar daonra iomlán na gcónaitheoirí ar an gcampas go 6,000.

In ainneoin tionchar COVID-19 agus na dianghlasála bainteach leis, rinneadh dul chun cinn suntasach maidir le haistriú na cóiríochta cónaithí laistigh de Chéim 1 den Mháistirphlean Cónaithe i mbliana. Leis seo, cuireadh 924 seomra leapa en suite breise ar fáil do thús na bliana acadúla 2021/22. Críochnófar Sráidbhaile UCD agus áiteofar é go luath in 2022. Beidh siopaí agus bia idirnáisiúnta ar fáil i Sráidbhaile UCD chomh maith le giomnáisiam agus raon spásanna neamhfhoirmeálta agus spásanna ar féidir iad a chur in áirithe le haghaidh gníomhaíochtaí mac léinn.

### Campas na Todhchaí UCD

Sa Mháistirphlean do Champas na Todhchaí, cuirtear fís i láthair maidir le


Léaráid ealaíontóra ar Ionad na Cruthaitheachta.

forbairt a dhéanamh ar chuid mhór den Cheantar Saintréithe Oideachais, Taighde agus Nuálaíochta atá in aice leis an bpríomhbhealach isteach chuig Campas Belfield. Áirítear leis an tionscadal dhá fhoirgneamh nua a chur ar fáil, Ionad na Cruthaitheachta agus an tIonad um Fhoghlaim na Todhchaí, chomh maith le feabhsúcháin mhóra ar thírdhreach, bonneagar comaitéireachta agus an ríocht phoiblí.

Tá gach toiliú pleanála don tionscadal faighte ag UCD i rith na bliana seo caite, agus cuireadh tús le hoibreacha cumasaithe chun na láithreáin a ghlanadh agus a ullmhú do na foirgnimh a bheidh ann, páirceáil a athlonnú, agus leagan amach na mbóithre agus seirbhísí faoin talamh a athrú, nasc le córas téimh Cheantar Belfield san áireamh.

Beidh Ionad na Cruthaitheachta, arna dhearadh ag Steven Holl Architects, ina shainchomhartha ag príomhbhealach isteach na hOllscoile, agus cabhróidh sé le braistint áite i bhfad níos fearr a chruthú don teacht isteach chuig UCD. Chomh maith leis sin, fíoróidh sé an fhís do Chomharsanacht Innealtóireachta agus Ailtireachta mar atá leagtha amach sa Phlean Straitéiseach Forbartha Campais, a sholáthróidh áiseanna saincheaptha do Choláiste na hInnealtóireachta agus na hAiltireachta gar don Ionad Innealtóireachta agus Eolaíocht Ábhar atá ann faoi láthair.

Beidh an tIonad um Fhoghlaim na Todhchaí, arna dhearadh ag RKD Architects, ina mhol foghlama a bheidh suite in áit lárnach, agus ina chumasóir lárnach fáis don Ollscoil, agus soláthróidh sé áiseanna teagaisc saincheaptha breise. Beidh sé ina acmhainn do gach disciplín agus dearadh é agus éascú na foghlama gníomhaí mar chuspóir lárnach aige. Tá na cineálacha spásanna foirmiúla agus neamhfhoirmiúla a theastaíonn ó mhic léinn ann chun go bhfoghlaimeoidís agus go gcleachtfaidís raon leathan scileanna a bheidh ag teastáil uathu chun go n-éireoidh leo ina gcuid gairmeacha amach anseo.

Is é atá i gceist leis an tríú gné de Champas na Todhchaí Céim 1 ná feabhsúcháin ar thírdhreach, ar an ríocht phoiblí agus ar an mbonneagar comaitéireachta. Ar aon dul le tiomantas UCD don inbhuanaitheacht, tabharfar tús áite do choisithe, rothaithe agus iompar poiblí. Leis an ngné seo den tionscadal, ceanglófar na foirgnimh nua le chéile leis an gcampas atá ann faoi láthair agus beidh nasc ann idir an bealach isteach agus an campas trí phlás coisithe.

Ábhar machnaimh lárnach is ea an inbhuanaitheacht sna hoibreacha tírdhreacha agus bonneagair, lena n-áirítear tríd an tosaíocht thuasluaite a thabhairt do mhodhanna iompair inbhuanaithe, áiteanna glasa reatha a chomhtháthú áit is féidir, crainn bhreise a chur, teorainn na coillearnaí a neartú, gnéithe nádúrtha um maolú uisce a úsáid, agus cuid mhór áiteanna páirceála do rothair a chur isteach.

Seachadta mar chuid de ghnéithe tírdhreacha an tionscadail, forbrófar Acomhal Bus nua i gcomhar leis an Údarás Náisiúnta Iompair. Mar gheall ar an tsaoráid nua sin, arna forbairt mar chuid de phlean BusConnects an

// Beidh an tIonad um Fhoghlaim na Todhchaí, arna dhearadh ag RKD Architects, ina mhol foghlama a bheidh suite in áit lárnach, agus ina chumasóir lárnach fáis don Ollscoil, agus soláthróidh sé áiseanna teagaisc saincheaptha breise. Beidh sé ina acmhainn do gach disciplín agus dearadh é agus éascú na foghlama gníomhaí mar chuspóir lárnach aige //


Léaráid ealaíontóra ar an Ionad um Fhoghlaim na Todhchaí.

Údaráis Náisiúnta Iompair, tiocfaidh méadú ar líon agus ar cháilíocht na mbealaí bus a bheidh ag freastal ar an gcampas. Beidh an tAcomhal Bus comhtháite leis an máistirphlean níos leithne, an plás do choisithe san áireamh, agus soláthróidh sé eispéireas i bhfad níos fearr d'úsáideoirí bus.

Tá inbhuanaitheacht ina cuid lárnach freisin den dá fhoirgneamh, agus comhlíonfaidh a ndearadh an caighdeán 'Foirgneamh nach mór Neodrach ó thaobh Fuinnimh' agus cuimseoidh siad gnéithe mar aerú éighníomhach, soilse nádúrtha agus díonta glasa. Tiocfaidh cuid mhór dá riachtanais fuinnimh ó fhuinneamh in-athnuaite.

## Máistirphlean do Chonláistí Spóirt agus Mac Léinn UCD

Tá sé mar aidhm ag an Ollscoil áiseanna spóirt agus áineasa a fheabhsú agus a mhéadú ar champas, chun a chinntiú go bhfuil cáilíocht agus rogha na n-áiseanna spóirt agus neamhspóirt den chaighdeán idirnáisiúnta is airde. Chun a chinntiú go bhforbrófar na háiseanna sin ar bhealach comhtháite agus éifeachtúil, agus chun cabhrú le riachtanais spóirt agus chonláiste na mac léinn a aithint, forbraíodh máistirphlean sonrach. Sa mháistirphlean seo, a tugadh chun críche in 2020 ag Heneghan Peng Architects i gcomhairle le páirtithe leasmhara na hOllscoile, cuirtear fís i láthair le haghaidh an cheantair a chuimsíonn feabhsúcháin ar an ríocht phoiblí agus ar thírdhreach, bealaí níos fearr do choisithe agus rothaithe, chomh maith le togra le haghaidh roinnt forbairtí nua a bheidh dírithe ar chonláistí spóirt agus neamhspóirt a fheabhsú.

> // Is é an chéad fhorbairt laistigh den mháistirphlean nua ná raon reatha agus páirc istigh nua UCD, lonnaithe ag Newstead agus iad deartha ar chaighdeáin IAAF. Cuirfidh an fhorbairt spreagúil nua seo go mór le háiseanna spóirt iontacha UCD agus tacóidh sí le scoth-reathaithe agus le reathaithe caithimh aimsire araon //

Is é an chéad fhorbairt laistigh den mháistirphlean nua ná raon reatha agus páirc istigh nua UCD, lonnaithe ag Newstead agus iad deartha ar chaighdeáin IAAF. Cuirfidh an fhorbairt spreagúil nua seo go mór le háiseanna spóirt iontacha UCD agus tacóidh sí le scoth-reathaithe agus le reathaithe caithimh aimsire araon.

Cuireadh tús leis an obair ar an raon reatha i 2019/20. Mar gheall ar na dianghlasálacha bainteach le Covid-19 bhí roinnt moilleanna ar an sceideal tógála, bíodh sin mar atá, rinneadh dul chun cinn suntasach i rith na bliana agus tá sé beartaithe é a chríochnú in 2022.

Áirítear le forbairtí breise sa mháistirphlean halla spóirt nua ilchuspóireach mar aon le hIonad breisithe na Mac Léinn chun go mbeifear in ann Halla Astra feabhsaithe a chur ann, chomh maith le spás breisithe ar mhaithe le taibhléiriú. Earcaíodh foireann deartha chun tús a chur le cur i bhfeidhm an mháistirphlean agus tosófar ar an obair dheartha sa chéad bhliain acadúil eile.

## Forbraíochtaí Caipitil a Rinneadh le Gairid agus atá Pleanáilte

I rith na bliana, rinneadh dul chun cinn maidir le hobair deartha bhreise



Tá Raon Reatha nua UCD á thógáil agus ta sé beartaithe é a chríochnú in 2022.



Bithéagsúlacht a spreagadh ar champas Belfield.

Cuireadh **500+** crann chun coillte an champais a neartú agus chun tacú leis an mbithéagsúlacht, mar chuid den chlár bliantúil chun crainn a chur

d'Eolaíocht Céim 3, agus é mar aidhm an obair athchóirithe ar Ionad Eolaíochta Uí Bhriain UCD a chríochnú agus fás méadaithe ar theagasc agus taighde eolaíochta a éascú. Is é a bheidh i gceist le hEolaíocht Céim 3 ná athchóiriú ar Eolaíocht Thuaidh agus Eolaíocht Thiar, a bhí i measc na gcéad fhoirgneamh a tógadh ar Champas Belfield sna 1960í agus nár athraíodh go mór ón am sin. Leis an tionscadal seo cuirfear áiseanna níos fearr ar fáil le haghaidh teagasc agus taighde eolaíochta an lae inniu, chomh maith le limistéar níos mó chun fás todhchaíoch a éascú. Cuireadh iarratas pleanála faoi bhráid an údaráis áitiúil i mí Iúil 2021 agus táthar ag fanacht le cinneadh.

Tá an obair athchóirithe agus sínte ar Theach an Aird Mhóir críochnaithe anois, agus beidh daoine ann ó thús na chéad bliana acadúla eile. Leis an tionscadal seo, leanadh le tiomantas UCD na tithe seanré a athchóiriú agus a chuimsiú sa champas nua-aimseartha. Leis an tionscadal athchóirithe 1,380m$^2$, tá caighdeáin nua-aimseartha maidir le sábháilteacht dóiteáin agus rochtain do dhaoine faoi mhíchumas á gcomhlíonadh anois ag Teach an Aird Mhóir. Tá bealach isteach agus ardán nua curtha ar fáil a cheanglaíonn na hurláir go léir sa déanmhas cosanta. Chomh maith leis sin rinneadh leagan amach bunaidh an fhoirgnimh a athchóiriú, rinneadh athnuachan ar na seirbhísí foirgnimh, agus cuireadh spás oifige agus cruinnithe a bhfuil géargha leis ar fáil don Ollscoil.

## Seirbhísí Fáilteachais

Cuireadh réimse de roghanna lónadóireachta d'ardchaighdeán ar fáil de réir a chéile i mbliana do na mic léinn, don fhoireann teagaisc agus do bhaill foirne agus sinn ag obair i dtreo gníomhaíochtaí iomlána a bheith ar siúl ar an gcampas arís. Rinneadh dul chun cinn maidir le roghanna taobh amuigh a chur ar fáil chun tae a caife a fháil ar champas Belfield agus ar champas na Carraige Duibhe. Tá aonaid shoghluaiste, lonnaithe i roinnt ceantar, mar shampla in aice le hIonad Gerald Manley Hopkins agus an príomhloch, ag iarraidh roghanna taobh amuigh a chur ar fáil don phobal in ionad caiféanna laistigh.

Tá ceapairí tóstáilte teo ar fáil anois in Ionad Gerald Manley Hopkins. Cuireadh tús le pleanáil ar mhaithe le réimse nua de roghanna iontacha bia agus siopa áise feabhsaithe a chur ar fáil i Sráidbhaile UCD do 2022.

## Tírdhreachú agus Bithéagsúlacht

Athdhearbhaíodh tacaíocht UCD don Phlean Uile-Éireann um Pailneoirí, agus tá UCD cláraithe mar eagraíocht tacaíochta don Phlean nua 2021-2025. Tá Seirbhísí Eastáit agus comhghleacaithe acadúla ag leanúint ar aghaidh le hobair chun bonn a chur faoin bplean, trí bhithéagsúlacht a chothú i gcroílár an champais, agus tionscnaimh amhail na cinn seo a leanas ar siúl: córas lomtha laghdaithe an champais, díonta tóirpín ar fhoirgnimh nua agus tionscadail taighde acadúla cosúil le SUSPOLL (Seirbhísí Pailnithe Inbhuanaithe i nDomhan atá ag Athrú) agus PROTECTS (Éiceachórais Talún a Chosaint trí Úsáid Inbhuanaithe Lotnaidicídí).

Críochnaíodh feabhsúcháin ar shiúlóid Choill na Teorann ag an gCrannlann, Coill Belfield agus taobh le foirgneamh Mhic Con Mhí, agus cuireadh 500 crann chun coillte an champais a neartú agus chun tacú leis an mbithéagsúlacht, mar chuid den chlár bliantúil chun crainn a chur.

## Comaitéireacht

In 2020 chuir Seirbhísí Eastáit UCD, i gcomhar leis an Údarás Náisiúnta Iompair agus le Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin, roinnt tionscnamh iompair gníomhach inbhuanaithe i bhfeidhm chun roghanna soghluaisteachta feabhsaithe a éascú agus daoine ag taisteal chuig agus ón gcampas agus laistigh de.

Feidhmíonn an bealach bus 39a, a thosaíonn agus a chríochnaíonn ag stáisiún bus ceann aistir Belfield, 24 uair an chloig in aghaidh an lae, 7 lá na seachtaine, rud a chuireann go mór le nascacht an champais le lár na cathrach. Ina theannta sin, le cur i gcrích Chéim 1 de Mháistirphlean Cónaithe Mac Léinn UCD beidh na bealaí bus 17 agus 175 in ann úsáid a bhaint as amanna aistir giorraithe ach dul isteach sa champas tríd an mbealach isteach ag Páirc Bhaile Eoghain, rud a sheachnóidh an trácht trom seachtrach ar bhóithre thart timpeall ar an gcampas.

Ag Nova UCD, táthar tar éis an bealach isteach nua a roinntear idir coisithe agus rothaithe a oscailt. Déanann an bealach isteach nua seo, chomh maith le dromchlaí inmheánacha roinnte nua, nasc le croílár an champais agus tá sé comhlonnaithe le saoráid páirceála rothar chumhdaithe agus neamhchumhdaithe d'ardchaighdeán, comharthaí agus comharthaí bóthair feadh a bhealaigh. Cuireann an bealach isteach nua seo ar cumas coisithe agus rothaithe atá ag taisteal ó thuaidh feadh an R138 nó trasna an droichid coisithe thar an R138 dul isteach sa champas ag pointe níos luaithe, rud a sheachnaíonn príomhbhealach isteach Belfield agus a laghdaíonn an cumas coimhlinte a bhíonn ann idir na modhanna éagsúla iompair atá ag dul isteach sa champas nó ag baint úsáid as an ngréasán bóithre seachtrach sa cheantar.

Ag an Ionad Spóirt UCD, rinneadh an timpeallán, na bóithre bainteacha agus na dromchlaí roinnte idir coisithe agus rothaithe a uasghrádú sa chaoi go bhfuil cumraíochtaí atá oiriúnach do choisithe agus rothaithe ann, lena n-áirítear nasc nua idir an bóthar naíolainne agus bóithre Chluain Sceach atá inmheánach don champas, crosairí coisithe nua agus uasghrádaithe agus bearta feabhsaithe um maolú ar luas ar an dromchla bóthair, comharthaí bóthair feabhsaithe agus radar luais san

áireamh. Soláthraíodh príomhnasc tréscaoilteachta rothaíochta idir BÁC 4 agus BÁC 14 le críochnú an tionscadail seo, mar atá leagtha amach i bPlean um Ghréasán Rothaíochta Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath. Trí thionscadail chaipitil a sheachadadh agus i gcomhar leis an Údarás Náisiúnta Iompair, soláthraíodh níos mó ná 1,300 spás páirceála rothair nua nó uasghrádaithe ar fud an champais i Belfield agus soláthraíodh 182 spás páirceála rothair eile ar champas na Carraige Duibhe ó thús na paindéime.

Tá na tionscadail chomhcheangailte seo ag soláthar áiseanna agus seirbhísí níos fearr do gach duine atá ag baint úsáid as an gcampas agus spreagfaidh siad líon níos mó den fhoireann teagaisc, den fhoireann ghinearálta agus de mhic léinn láithreacha nó ionchasacha, comaitéireacht ghníomhach agus inbhuanaithe a dhéanamh áit is féidir.

Cuireann forbairt na n-áiseanna páirceála nua lonnaithe ag carrchlós O2, ar chúl Árais Chónaithe na Mac Léinn Belgrove agus spásanna breise ag carrchlós N1, Teach Belfield, le comhdhlúthú na n-áiseanna páirceála ar imeall an champais agus neartaíonn sí croílár an champais atá oiriúnach do choisithe agus rothaithe mar a leagtar amach sa Phlean Straitéiseach Forbartha Campais agus i bPlean Taistil UCD. Cuirfidh an straitéis seo, chun spásanna páirceála athlonnaithe a bhogadh chuig an bhforimeall agus spásanna páirceála a bhaint ó lorg foirgneamh pleanáilte amach romhainn agus ón taobh istigh den champas, le forbairt leanúnach inbhuanaithe Belfield sa deireadh.

Agus teagasc agus foghlaim ar champas tagtha ar ais go hiomlán, tá ardú, a rabhthas ag súil leis, tagtha ar líon na mball foirne teagaisc, na mball foirne ginearálta agus na mac léinn atá ag taisteal isteach go dtí UCD agus amach aisti ar bhonn lánaimseartha nó hibrideach. Bunófar leis an Suirbhé Comaitéireachta 2021 an chaoi inar athraigh ár bpatrúin maidir le freastal ar champas agus comaitéireacht ó thús na paindéime.

## Fuinneamh

Tá a lán infheistíochta déanta ag UCD i dtionscadail éifeachtúlachta fuinnimh agus i gcórais bainistíochta fuinnimh le blianta beaga anuas. Ba é an toradh air seo, chomh maith le hiompar dearfach úsáideora, ná gur bhain UCD sprioc 2020 faoi shainordú an Rialtais amach d'fheabhsúchán 33% ar éifeachtúlacht fuinnimh bliain níos luaithe (bunaithe ar ídiú 2019).

Ba bhliain neamhghnách í an bhliain acadúil 2020/21 ar go leor bealaí, ídiú fuinnimh san áireamh. Agus i bhfad níos lú daoine ar champas, bhí an úsáid fuinnimh i bhfad ní b'ísle ná mar a bhíonn de ghnáth. Thapaigh an Fhoireann Fuinnimh an deis seo chun athbhreithniú a dhéanamh ar bhonnualaí foirgnimh agus chun cinntiú gur baineadh amach an oiread coigilte fuinnimh agus is féidir i rith na tréimhse seo agus na seirbhísí riachtanacha a choinneáil ag an am céanna.

Baineadh amach **35.2%** d'fheabhsú ar éifeachtúlacht fuinnimh bunaithe ar ídiú in 2019, bliain roimh sprioc 2020 an Rialtais




Roghanna soghluaisteachta feabhsaithe agus daoine ag taisteal chuig agus ó champas Belfield agus laistigh de.

Mar chuid de nuashonrú Eatraimh Straitéis na nEastát, tá spriocanna nua do 2030 agus ina dhiaidh sin á bhforbairt faoi láthair ag an Ollscoil ina mbeidh sprioc nua d'éifeachtúlacht fuinnimh agus sprioc sa bhreis a bhaineann le hastaíochtaí dé-ocsaíde carbóin ($CO_2$) atá bainteach le feidhmiú fhoirgnimh agus fheithiclí na hOllscoile.


Tá deiseanna á n-aithint faoi nuashonrú seo freisin chun tionscadail fuinnimh agus dé-ocsaíde carbóin a chur i bhfeidhm a chuideoidh linn na spriocanna seo a bhaint amach. Mar chuid de seo, d'éirigh le Seirbhísí Eastáit in iarratas a rinne siad ar dheontas faoi Chlár Pathfinder an Údaráis um Ardoideachas maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh agus Dícharbónú chun caidéal teasa ardteochta foinse aeir a shuiteáil. Beidh an caidéal teasa sin ceangailte le córas Téimh Ceantair Belfield agus tiocfaidh sé in áit cuid mhór den teas a dhéantar faoi láthair agus córais bhreosla iontaise á n-úsáid, rud a mbeidh laghduithe móra ar astaíochtaí $CO_2$ gaolmhara mar thoradh air. Leanfar ar aghaidh le hobair sa bhliain atá romhainn chun deiseanna a aithint le heastát na hOllscoile a dhícharbónú níos mó agus spriocanna éifeachtúlachta agus laghdaithe carbóin araon a bhaint amach.

Cuireadh iarratas faoi bhráid Chlár Dícharbónaithe an Údaráis um Ardoideachas do chlár deontais na bliana seo ar mhaithe le hiarfheistiú meánach a dhéanamh ar Scoil Ghnó Uí Chuinn UCD. Dhírigh iarratas UCD ar bhearta cost-éifeachtúla a dhéanfadh éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú agus astaíochtaí carbóin a laghdú i mbealaí a nascfadh leis an mbonneagar atá ann cheana agus a threiseodh é.



**David Kelly**
Sparánaí

**Táscairí Feidhmíochta Fuinnimh**




**192.63**
**kWh/achar urláir (m²) 2020 EnPI**

**252.14**
**kWh/achar urláir (m²) Sprioc EnPI**

**14%**
**d'fheabhsú ar 2019**

**47%**
**níos fearr ná an bhonnlíne**

**23%**
**roimh an sprioc**
Tabhair faoi deara: Bhí tionchar ag an laghdú ar ghníomhaíocht ar champas mar gheall ar phaindéim/ dianghlasálacha COVID-19 ar ídiú 2020.

**49.36kWh**
Laghdú ar phríomhúsáid fuinnimh/m² in 2020 i gcomparáid le 2019.

# ACMHAINNÍ DAONNA, SIRC AGUS CÚRSAÍ DLÍ



**Tristan Aitken**
Stiúrthóir ar na hAcmhainní Daonna, SIRC agus Cúrsaí Dlí




Bhain an dúshlán foirne Níos Fearr le Chéile úsáid as modh ar leith chun an meán a fháil le cinntiú gur chuir gach ball de na 55 foireann le spriocanna a gcuid foirne a bhaint amach trí bheith ag rith, ag siúl nó ag rothaíocht. Bailíodh €3,300 d'fheachtas cúraim sláinte Uganda de chuid Shaorálaithe UCD Thar Lear.

Tá bród orm a thuairisciú gur bhain foirne na stiúrthóireachta seo méid millteanach amach, in ainneoin na cianoibre a bhí le déanamh le bliain anuas, chun feidhmiú na hOllscoile a choinneáil ag dul agus chun dul chun cinn a dhéanamh lenár dtionscnaimh maidir le straitéis UCD – Réidh don Todhchaí 2021-2024.

An fhoireann SIRC a bhí ina heisceacht anseo; chaith roinnt mhaith de bhaill na foirne a lán ama i rith na paindéime ar champas le feidhmíocht cheart an champais a chinntiú agus ba bhunchloch í an fhoireann ar fad leis an teacht ar ais sábháilte go hobair, taighde agus teagasc duine le duine ar champas a chinntiú. Níl ach cuid de bhuaicphointí na bliana léirithe sa tuarascáil seo. Ba mhaith liom mo bhuíochas ó chroí a ghabháil le gach ball foirne as na hiarrachtaí atá á ndéanamh acu ar son na bhfostaithe agus na mac léinn agus as a dtiomantas agus obair sa bhliain dhúshlánach seo.

Sa bhliain atá romhainn caithfimid tabhairt faoi chlár oibre suntasach, lena n-áirítear athnuachan a dhéanamh ar ár straitéis fheidhmeach acmhainní daonna (AD), an triail maidir le córas hibrideach oibre a cuireadh tréimhse bhreise ama leis ar na mallaibh a chríochnú, clár trialach d'Obair Ghníomhaíocht-bhunaithe a thabhairt isteach, taithí a aistriú go polasaí praiticiúil agus nósanna imeachta lena mbaineann, agus clár suntasach d'athrú nuálach a bhaineann lenár spriocanna Áisitheoir 4.

## Comhpháirtíocht AD, Forbairt Daoine agus Eagraíochta

Tharla athstruchtúrú AD UCD i rith an Fhómhair 2020 agus athchumrú ó ceithre stiúrthóireacht chuig trí chinn, is iad sin Seirbhísí AD, Cultúr agus Rannpháirtíocht agus Comhpháirtíocht AD, Forbairt Daoine agus Eagraíochta a cruthaíodh as an nua. Dhírigh an stiúrthóireacht is déanaí a luaitear ar obair a dhéanamh go straitéiseach le Foireann Bainistíochta na hOllscoile, Cinn Scoile/Aonaid agus bainisteoirí daoine chun tacú le baint amach cuspóirí daoine UCD.

I measc na bpríomhthionscnamh tá cur i bhfeidhm leanúnach an chláir forbartha 'Feidhmíocht don Fhás', cláir ar Cheannaireacht agus Bainistíocht ar Dhaoine, catalóg cúrsaí comhphobail agus soláthar ardán ríomhfhoghlama LinkedIn ar fud na hOllscoile. Chomh maith leis sin, sheol AD UCD i dteannta le hIonad Forbartha Gairme UCD, suíomh gréasáin nua Scileanna Taighde agus Forbairt Gairmeacha don phobal iardhochtúireachta.

Sa tréimhse seo freisin, forbraíodh THRIVE – Clár Ceannaireachta i dTaighde, chun tacú le forbairt bhall foirne teagaisc ag leibhéal Léachtóra/Ollaimh Chúnta nó Ollaimh Chomhlaigh. Is é atá sa chlár a sheolfar i mí Mheán Fómhair 2021, ná tionscnamh comhpháirteach idir Forbairt Daoine agus Eagraíochta UCD, Taighde UCD agus comhpháirtí oiliúna seachtraí, 64 Million Artists.

Rinneadh ollchóiriú freisin ar an gClár Ionduchtúcháin Cinn Scoile go háirithe do na Cinn Scoile nua, chun an fhaisnéis riachtanach a thabhairt dóibh go luath ina bpoist phríomhoide.


Dhírigh an Fhoireann Comhpháirtí AD ar thacaíocht a thabhairt do cheannaireacht agus pobal na hOllscoile agus aghaidh á tabhairt againn ar phaindéim COVID-19. In éineacht le Foireann Bainistíochta na hOllscoile, rinne an fhoireann ábhar treorach UCD a fhorbairt don Triail Oibre Hibridí agus leanfaidh sí le tacaíocht a thabhairt don tionscnamh seo go dtí go mbeidh a hathbhreithniú críochnaithe aici agus polasaí foirmiúil forbartha aici atá le seoladh roimh an mbliain acadúil 2022/23.

## Cultúr agus Rannpháirtíocht

Le hathchumrú an aonaid tháinig Arduithe Céime agus Grádú isteach sna foirne seo a leanas: Comhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú, Caidreamh Fostaithe, agus Rannpháirtíocht agus Cumarsáid Inmheánach.

Chun cur lenár gcuspóir straitéiseach a bheith inár bhfostóir is mó a bhfuil tóir air, leanadh ar aghaidh le gníomhaíochtaí rannpháirtíochta ar líne mar gheall ar an bpaindéim, trasna téamaí na folláine fisiciúla agus meabhraí agus an leasa airgeadais. I rith na bliana acadúla chláraigh thart ar 3,000 fostaí le haghaidh gníomhaíochtaí idir sheimineáir ghréasáin

Chláraigh thart ar **3,000** fostaí le haghaidh gníomhaíochtaí idir sheimineáir ghréasáin mheabhairshláinte agus folláine, agus dhúshláin foirne agus aonair na gcéimeanna




Sa phictiúr tá an Dr Sarah Browne, Scoil na Sláinte Poiblí, Fisiteiripe agus na hEolaíochta Spóirt UCD agus seimineár gréasán ar lónta agus sneaiceanna sláintiúla á thabhairt aici. Bhí gníomhaíochtaí na foirne Cultúrtha agus Rannpháirtíochta don bhliain dírithe ar shláinte choirp agus mheabhrach.

// Ba mhórthionscadal faoi stiúir an aonaid é athfhorbairt ar an suíomh gréasáin AD. Forbraíodh as an nua nó cuireadh in eagar breis agus 200 leathanach le suíomh gréasáin úsáideoirlárnach atá éasca a nascleanúint a chinntiú //


mheabhairshláinte agus folláine, agus dhúshláin foirne agus aonair na gcéimeanna. Chun tacú le rogha carthanachtaí na hOllscoile: Bhí ócáid tiomsaithe airgid ag Oilimpicí Speisialta Éireann, Saorálaithe Thar Lear UCD agus Ciste Scoláireachta na gCuradh, na dúshláin fhisiciúla fhíorúla, in éineacht le UCD Sláintiúil agus bailíodh €11,000.

Ba mhórthionscadal faoi stiúir an aonaid é athfhorbairt ar an suíomh gréasáin AD. Forbraíodh as an nua nó cuireadh in eagar breis agus 200 leathanach le suíomh gréasáin úsáideoirlárnach atá éasca a nascleanúint a chinntiú. Ina theannta sin, cuireadh oiliúint ar gach aonad chun cabhrú le nuashonrú tráthúil áitiúil.

Tá an obair as cuimse a dhéanann an fhoireann um Chomhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú, a oibríonn go dlúth leis an bhfoireann níos leithne Chultúir agus Rannpháirtíochta, chomh maith le réimsí eile AD agus aonaid eile Ollscoile, chun tacaíocht a thabhairt d'fhostaithe agus mic léinn, leagtha síos áit eile sa Tuarascáil seo. I measc na mbuaicphointí, rinneadh suirbhé fostaithe i mí na Bealtaine 2021 chun an tionchar a bhí ag tionscnaimh um Chomhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú go dtí seo a mheas, agus chun cuidiú le pleanáil amach anseo. Agus iarracht núíosach á déanamh chun rannpháirtíocht a mhéadú, thug an tAonad um Chomhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú ranníocaíocht le haghaidh gach suirbhé comhlánaithe do scoláireacht rochtana UCD, rud a thiomsaigh níos mó ná €3,000 le cistiú a chur ar fáil do mhac léinn nach mbeadh in ann freastal ar UCD ar shlí eile. Tugann an t-aonad tacaíocht freisin don phróiseas Athena SWAN ag leibhéal Scoile agus Ollscoile agus do Phlean Gníomhaíochta um Chomhionannas Inscne atá bainteach le leibhéal na hOllscoile a chur i bhfeidhm. Tá rath leanúnach an chláir seo maidir le comhionannas inscne a chinntiú leagtha síos áit eile.

Rinneadh obair shuntasach in 2020/21 chun athbhreithniú a dhéanamh ar Pholasaí um Dhínit agus Meas UCD, agus na haonaid uile Chultúir agus Rannpháirtíochta bainteach leis, chomh maith le comhairliúchán forleathan inmheánach agus seachtrach. Déantar foráil leis an gcreat a tháinig as, atá formheasta ag Foireann Bainistíochta na hOllscoile agus ag an Údarás Rialaithe, do dhá pholasaí nua maidir le dínit agus meas a bhaineann le bulaíocht agus ciapadh agus ar leithligh mí-iompar gnéasach, agus do Sheirbhís Tacaíochta um Dhínit agus Meas agus feachtas cumarsáide a chur ar fáil le cinntiú go dtuigeann baill uile an phobail nach nglactar le bulaíocht, ciapadh ná mí-iompar gnéasach in UCD. Leanadh leis an obair chun an tseirbhís a sheoladh le haghaidh tús na bliana acadúla 2021/22.

Thacaigh an fhoireann um Chaidreamh Fostaithe leis an bhfilleadh rathúil ar theagasc ar champas ach a bheith páirteach i gcomhairliúchán leanúnach le comhlachtaí ionadaíocha fostaithe. Ghlac an fhoireann páirt freisin in athbhreithniú agus forbairt chuimsitheach ar pholasaí promhaidh nua a bheidh mar chuidiú do bhainisteoirí agus fostaithe trí eispéireas éifeachtach promhaidh a chur i bhfeidhm chomh maith le polasaí méala nua d'fhostaithe. Thug an fhoireann tacaíocht do




Reáchtáladh sraith de sheimineáir ghréasáin chun Lá Náisiúnta na Folláine san Ionad Oibre ar an 30 Aibreán 2021 a cheiliúradh, i gcomhar le Cónaidhm Ghnólachtaí agus Fhostóirí na hÉireann.

// Méadaíodh úsáid na teicneolaíochta maidir le hacmhainní i rith na paindéime chun tacú le gach gné de phróiseas na fostaíochta; chun gur féidir agallaimh, cuir i láthair agus seimineáir a dhéanamh go cianda //

bhainisteoirí agus d'Fhoireann Comhpháirtí AD ar fud UCD sna cúrsaí uile a bhain le caidrimh fhostaithe agus réiteach díospóidí.

D'éascaigh an fhoireann Arduithe Céime agus Grádaithe, Coiste na nArduithe Céime don Fhoireann Teagaisc a rinne 70 iarratas ar ardú céime a mheas le linn 2020/21. Bhain 73% de na hiarratasóirí ardú céime amach. Leagtar síos spriocanna sa Phlean Gníomhaíochta um Chomhionannas Inscne agus déantar monatóireacht orthu ar bhonn bliantúil. In 2020/21, baineadh amach an sprioc sa Phlean Gníomhaíochta um Chomhionannas Inscne i ngach ceann de na trí leibhéal.

Tá an Creat maidir le Méid a shocrú ar Phoist sa dara bliain agus i modh foistine anois le measúnú á dhéanamh ar iarratais ar bhonn míosúil ó mhí Mheán Fómhair go mí an Mheithimh gach bliain. Rinneadh athshocrú go dtí céim níos airde ar mhéid chóir a bheith 90% de na 18 ról a cuireadh faoi bhráid an chreata le bliain anuas.

## Seirbhísí AD

Méadaíodh úsáid na teicneolaíochta maidir le hacmhainní i rith na paindéime chun tacú le gach gné de phróiseas na fostaíochta; chun gur féidir agallaimh, cuir i láthair agus seimineáir a dhéanamh go cianda. Tháinig méadú ar an obair in go leor réimsí agus bhí roinnt tionscadal ann maidir le hacmhainní, lena n-áirítear 90 ball foirne nua a fhostú do shaotharlann Backweston de chuid na Saotharlainne Náisiúnta Tagartha maidir le Víris i mí Eanáir 2021 agus próiseáil ar 200 síneadh conartha do thaighdeoirí ar thacaigh an Ciste COVID-19 DFHERIS/ÚAO leo. I measc na bhfeabhsúchán córais a cuireadh i bhfeidhm bhí tabhairt isteach NitroSign chun conarthaí fostaíochta a shíniú go cianda agus uasghrádú ar an gcóras Core chun níos mó cumarsáide uathoibrithe a éascú, chomh maith le tabhairt isteach sceidealóir agallaimh, rud a chuireann ar chumas iarrthóirí a gcuid coinní agallaimh féin a roghnú, agus rinneadh cuíchóiriú ar an bpróiseas maidir le hacmhainní mar gheall ar na hathruithe seo.

Cuireadh tionscnaimh bhreise i bhfeidhm chun tacú le Coláistí, Scoileanna agus Aonaid Tacaíochta. Ceadaíonn forbairt agus úsáid eolais ar struchtúr foirne do gach bainisteoir rochtain ar struchtúr 'tuairisciú do' a gcuid foirne féin. Mar gheall air seo, cuireadh ar chumas AD próisis eile a uathoibriú amhail fógra a thabhairt faoi dháta críochnaithe conartha, sonraí PG4 agus tuarascálacha foireann-bhunaithe tríd an gcóras InfoHub. D'oibrigh oibrithe Dheasc Chabhrach AD go cianda i rith na paindéime agus leanadh ar aghaidh le tacaíocht iomlán a thabhairt do chomhghleacaithe UCD, agus iad ag fáil agus ag dul i ngleic le 1,600 ceist sa mhí ar an meán.

Forbraíodh an córas Féinseirbhíse Fostaí chun rochtain a thabhairt do bhaill UCD atá sa Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair ar a dtaifid phinsin ar líne, rud a chiallaíonn nach mbeidh gá ann le ráitis bhliantúla phinsin a chur amach. Roimh an bpaindéim, le ráitis phinsin a chur amach go daoine a bhí ag fágáil na scéime pinsin, bhí ráitis le clóbhualadh agus le cur sa phost do thart ar 75 duine in aghaidh na míosa, rud a bhí ina cheanglas reachtúil. Tar éis comhairliúcháin le comhghleacaithe in HRIS agus EAG, baineann Foireann na bPinsean úsáid anois as seoltaí ríomhphoist pearsanta chun ráiteas a chur amach trí ríomhphost, bealach

**// I mbliana arís ba í an fhreagairt ar an bpaindéim COVID-19 an rud ba mhó a bhí le déanamh ag an oifig SIRC. Bhí ról lárnach ag an bhfoireann chun prótacail freagartha COVID-19 na hOllscoile a fhorbairt agus an tír ag bogadh trí chéimeanna éagsúla na paindéime agus gníomhaíochtaí 'duine le duine' ar an gcampas ag filleadh de réir a chéile //**

atá níos éifeachtaí agus níos éifeachtúla ó thaobh costas de le cumarsáid a dhéanamh leo siúd a fhágann an Ollscoil.

## Gnóthaí Dlí

I rith na bliana, thug an Fhoireann Ghnóthaí Dlí comhairle go gairmiúil agus go réamhghníomhach ar réimse leathan d'ábhair thar raon ghníomhaíochtaí na hOllscoile, na réimsí seo a leanas san áireamh: taighde, maoin, cúrsaí idirnáisiúnta, AD agus cúrsaí mac léinn. Chuir an fhoireann go gníomhach le forbairt polasaí agus ballraíocht aici ar go leor coistí agus grúpaí, lena n-áirítear coistí agus grúpaí le haghaidh RGCS, Taighde, Comhionannais, Éagsúlachta agus Cuimsithe, Coistí na Comhairle Acadúla agus an Coiste Achomhairc um Arduithe Céime Teagaisc.

Thug Oifig an Oifigigh um Chosaint Sonraí tacaíocht agus comhairle chruthaitheach don Ollscoil agus a codanna ar chur i bhfeidhm straitéis RGCS na hOllscoile. Lena cur chuige nuálach agus éifeachtach, chabhraigh sí go mór le feasacht ar chosaint sonraí agus comhlíonadh a mhéadú ar fud na hOllscoile lena n-áirítear oiliúint a chur ar fáil do 92 Curadh RGCS i ngach réimse den Ollscoil.

Bhí réimse leathan dualgas ag an Aonad um Bainistíocht Taifead agus Saoráil Faisnéise chun dul i ngleic leis na Rialacháin um Shaoráil Faisnéise, Chosaint Sonraí, Rochtain ar Shonraí ar an gComhshaol agus Eitic in Oifigí Poiblí. Mar sin féin, an cúram ba mhó a bhí aige ná iarratais a phróiseáil faoi na rialacháin sin.

## An Oifig Sábháilteachta, Árachais, Riosca Oibriúcháin agus Comhlíontachta

I mbliana arís ba í an fhreagairt ar an bpaindéim COVID-19 an rud ba mhó a bhí le déanamh ag an oifig SIRC. Bhí ról lárnach ag an bhfoireann chun prótacail freagartha COVID-19 na hOllscoile a fhorbairt agus an tír ag bogadh trí chéimeanna éagsúla na paindéime agus gníomhaíochtaí 'duine le duine' ar an gcampas ag filleadh de réir a chéile. Forbraíodh suíomhanna gréasáin ríthábhachtacha a rinne an méid mór eolais atá ar fáil faoin bpaindéim a chuíchóiriú agus a chur i dtoll a chéile don fhoireann teagaisc, do na baill foirne agus do na mic léinn, agus a chuir comhairle shaincheaptha fhíor-ama ar fáil do Scoileanna agus Aonaid a bhain go sonrach leis an ngníomhaíocht idir lámha. Thacaigh sé leis an iarracht go raibh Stiúrthóir SIRC ina bhall de go leor de phríomhchoistí na hOllscoile maidir leis an bhfreagairt ar COVID-19.

Chomh maith leis an bhfreagairt ar COVID-19, lean an Oifig ar aghaidh le leibhéal ard de sheirbhís a chur ar fáil ar fud na réimsí faoina cúram, eitic taighde, sláinte agus sábháilteacht cheirde, agus bainistiú riosca san áireamh. Rinneadh réitigh nuálacha a fhorbairt do na dúshláin a bhí ann mar gheall ar easpa rannpháirtíochta duine le duine, tacar d'fhíseáin oiliúna ar líne ar shláinte agus sábháilteacht ina measc.

**Tristan Aitken**
Stiúrthóir ar na hAcmhainní Daonna, SIRC agus Cúrsaí Dlí




Leis an méadú i líon na ndaoine ar úinéirí peataí iad le linn na paindéime, bhain Cultúr agus Rannpháirtíocht UCD leas as an saineolas i Scoil an Leighis Tréidliachta UCD chun seimineár gréasáin ar úinéireacht mhadraí a reáchtáil, seisiún C&F beomhar san áireamh.



# COLÁISTE NA nEALAÍON AGUS NA nDAONNACHTAÍ

Niamh Campbell, buaiteoir Dhuais Rooney do Litríocht Éireannach 2021 agus Scríbhneoir Cónaithe UCD 2020/21.



**An tOllamh Sarah Prescott**
Príomhoide an Choláiste agus Déan na nEalaíon agus na nDaonnachtaí

Lean foireann teagaisc agus baill foirne Choláiste na nEalaíon agus na nDaonnachtaí le feabhas san oideachas agus taighde a sholáthar agus dúshláin leanúnacha na paindéime COVID-19 fós ann.

Ba mhaith liom mo bhuíochas ó chroí a ghabháil le mo chomhghleacaithe uile as na hiarrachtaí atá déanta acu chun freagairt do chúinsí deacra agus as an tacaíocht thar barr a chuir an Coláiste ar fáil dár mic léinn le bliain anuas.

In ainneoin na ndúshlán suntasach a bhain leis an bpaindéim, bhain an Coláiste méid mór amach i rith na bliana. I mí Dheireadh Fómhair, i gcomhpháirtíocht chomhoibríoch leis an gColáiste Náisiúnta Ealaíne is Deartha agus IADT, fuair an Coláiste €10 milliún de chistiú ó Thionscnamh Caipitil Dhaonna (Colún 3, Nuálaíocht agus Inniúlacht) de chuid an Údaráis um Ardoideachas chun Acadamh Todhchaíochtaí Cruthaitheacha a fhorbairt trasna na trí institiúid. Déanfaidh an tAcadamh Todhchaíochtaí Cruthaitheacha, faoi stiúir ag an Ollamh Comhlach PJ Mathews, Scoil an Bhéarla, na Drámaíochta agus na Scannánaíochta UCD céimithe a ullmhú d'obair i mórearnáil an gheilleagair náisiúnta agus tacóidh sé le riachtanais gairmithe cruthaitheacha atá ag tús agus i lár a ngairmeacha, i gcomhthéacsanna sóisialta, eacnamaíocha agus teicneolaíocha a bhíonn ag athrú go gasta. Forbrófar an tionscadal corraitheach seo le hionchur ó chomhpháirtithe tábhachtacha tionscail agus comhlachtaí cultúrtha náisiúnta (amhail an Chomhairle Ealaíon, RTÉ, Léiritheoirí Físe Éireann agus Comhairle Dearaidh agus Ceardaíochta na hÉireann) chun bua den scoth a chothú agus todhchaí earnáil chruthaitheach na hÉireann a mhúnlú. An chéad cheann de shraith ceapacháin nua don Acadamh Todhchaíochtaí Cruthaitheacha ná ceapadh an Dr Nicolas Pillai mar Ollamh Cúnta i gCleachtas Cruthaitheach agus Criticiúil.

D'éirigh leis an gColáiste cistiú mór le rá a fháil ón gComhairle Eorpach um Thaighde le

haghaidh taighde sna healaíona agus sna daonnachtaí. I mí Aibreáin, bronnadh Ard-dheontas ón gComhairle Eorpach um Thaighde arbh fhiú breis agus €2 mhilliún ar an Ollamh Kathleen James-Chakraborty, Scoil Stair na hEalaíne agus an Pholasaí Chultúrtha UCD dá tionscadal 'Expanding Agency: Women, Race and the Global Dissemination of Modern Architecture'. Déanfar iniúchadh i dtionscadal ceannródaíoch an Ollaimh James-Chakraborty ar an ról a bhí ag mná agus mionlaigh eitneacha, go háirithe Meiriceánaigh Afracacha, in ailtireacht agus dearadh nua-aimseartha a sheachadadh go hidirnáisiúnta, laistigh den Eoraip san áireamh, idir 1920 agus 1970. Chomh maith leis sin, fuair an tOllamh James-Chakraborty Comhaltacht Shinsearach Ailsa Mellon Bruce le haghaidh 2021-2022 ag Center for Advanced Study in the Visual Arts (CASVA), National Gallery of Art, Washington DC.

I gcomhréir le haidhmeanna na Straitéise um Thaighde sna hEalaíona agus sna Daonnachtaí 2020-2024, rinne an Coláiste

Bronnadh **€2m** de chistiú deontais ar an Ollamh Kathleen James-Chakraborty le haghaidh an tionscadal 'Expanding Agency: Women, Race and the Global Dissemination of Modern Architecture'

// Fógraíodh an tOllamh Comhlach Catherine Cox, Scoil na Staire UCD mar bhuaiteoir iomlán Chomórtas Thionchar Taighde na gCás-Staidéar 2020 UCD as a staidéar, dar teideal 'Out of sight, out of mind: changing public perceptions of the mental health crisis in Irish prisons' //

gaisce maidir le tionchar a thaighde i mbliana. I mí Mhárta fógraíodh an tOllamh Comhlach Catherine Cox, Scoil na Staire UCD mar bhuaiteoir iomlán Chomórtas Thionchar Taighde na gCás-Staidéar 2020 UCD as a staidéar, dar teideal 'Out of sight, out of mind: changing public perceptions of the mental health crisis in Irish prisons', a dhéanann iniúchadh ar stair sláinte príosúnach. Is é seo an dara bliain as a chéile a bhuaigh an Coláiste an t-ardmholadh seo, rud a léiríonn feabhas agus, chomh maith leis sin, ábharthacht an taighde sna healaíona agus sna daonnachtaí sa lá atá inniu ann.

Fuair an fhoireann teagaisc ó gach cearn den Choláiste, idir iad siúd a bhí ann agus atá ann go fóill, raon aitheantais sheachtraigh a léiríonn ard-mheas agus gnóthachtáil. I mí na Bealtaine, toghadh an tOllamh John Brannigan, Scoil an Bhéarla, na Drámaíochta agus na Scannánaíochta UCD agus an tOllamh Comhlach Meidhbhín Ní Úrdail, Scoil na Gaeilge, an Léinn Cheiltigh agus an Bhéaloidis





Thuas ar chlé: An tOllamh Kathleen James-Chakraborty, Scoil Stair na hEalaíne agus an Pholasaí Chultúrtha UCD agus ar dheis: An tOllamh Comhlach Catherine Cox, Scoil na Staire UCD.

## Struchtúr an Choláiste

**An tOllamh Comhlach Gillian Pye**
Déan Comhlach na nEalaíon agus na nDaonnachtaí

**An tOllamh Jaime Jones**
Déan Tánaisteach Comhlach na nEalaíon agus na nDaonnachtaí

**An Dr Joseph Twist**
Leas-Phríomhoide um Chomhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú

**An Dr Kelly Fitzgerald**
An Leas-Phríomhoide um Rannphairtíocht Dhomhanda

**An tOllamh Comhlach Lucy Collins**
An Leas-Phríomhoide Staidéir Iarchéime

**An tOllamh Comhlach Jorie Lagerwey**
An Leas-Phríomhoide um Theagasc agus Foghlaim

**An Comhollamh Ivar McGrath**
An Leas-Príomhoide um Thaighde, Nuálaíocht agus Tionchar

**Tá seacht scoil i gColáiste na nEalaíon agus na nDaonnachtaí UCD:**

**An tOllamh Comhlach Emily Mark-Fitzgerald**
Ceann Scoile, Scoil Stair na hEalaíne agus an Pholasaí Chultúrtha UCD

**An Dr Martin Brady**
Ceann Scoile, Scoil na gClasaicí UCD

**An tOllamh John Brannigan**
Ceann Scoile, Scoil an Bhéarla, na Drámaíochta agus na Scannánaíochta UCD

**An tOllamh William Mulligan**
Ceann Scoile, Scoil na Staire UCD

// Leanann an Coláiste le nuáil a dhéanamh ar a churaclam iarchéime agus i mbliana chuir sé fáilte roimh MA nua san Iriseoireacht agus i nGnóthaí Idirnáisiúnta, comhoibriú idir CNN Academy agus Instițiúid Clinton UCD //

UCD ar Acadamh Ríoga na hÉireann, an onóir acadúil is airde in Éirinn as a gcuid taighde agus éachtaí scolártha tábhachtacha. Bronnadh Bonn Óir Acadamh Ríoga na hÉireann ar an Ollamh Emeritus Mary E Daly, an onóir scolártha is airde in Éirinn. Tar éis di a ainmniú do Bhord an Fhorais Teanga Thuaidh/Theas, arna thionscnamh ag Rialtas na hÉireann, ceapadh saineolaí na Gaeilge an tOllamh Regina Uí Chollatáin, Ceann Scoile, Scoil na Gaeilge, an Léinn Cheiltigh agus an Bhéaloidis UCD mar Chathaoirleach nua ar Fhoras na Gaeilge. Bronnadh Ollúnacht ar Cuairt Leverhulme in Oxford ar an Ollamh Robert Gerwarth, Scoil na Staire UCD le haghaidh 2021/22, áit a ndéanfaidh sé an tsraith 'Leverhulme Lectures on the History of Civil Wars' a thabhairt in Oxford, i nDún Éideann, agus in Ollscoil na Banríona, Béal Feirste. Bronnadh Scoláireacht Fulbright ar an Ollamh Paul Rouse, Scoil na Staire UCD freisin, ag City University of New York (CUNY) lonnaithe ag Public Space Research Group as an dtionscadal 'Recreation in Dublin's Phoenix Park and New York's Central Park, 1850-1950'. I mí na Nollag, ghabh an Coláiste comhghairdeas ó chroí le faighteoirí Dhámhachtainí Teagaisc agus Foghlama an Choláiste, a léiríonn an tiomantas eisceachtúil do teagasc agus eispéireas na mac léinn ar fud an Choláiste, go háirithe an tacaíocht a tugadh do mhic léinn ar feadh na bliana neamhchoitianta seo. Comhghairdeas leis na buaiteoirí: An tOllamh Comhlach Christopher Farrell, Scoil na gClasaicí UCD; An tOllamh Comhlach Lucy Collins, an tOllamh Cúnta Paul Halferty agus an tOllamh Emilie Pine, Scoil an Bhéarla, na Drámaíochta agus na Scannánaíochta UCD; An tOllamh Comhlach Ursula Fanning, Scoil na dTeangacha, na gCultúr agus na Teangeolaíochta UCD; An tOllamh Cúnta Ciarán Crilly agus an tOllamh Comhlach Wolfgang Marx, Scoil an Cheoil UCD; Eoin McEvoy, Scoil na Gaeilge, an Léinn Cheiltigh agus an Bhéaloidis UCD; An tOllamh Robert Gerwarth, an tOllamh Comhlach Conor Mulvagh agus an tOllamh Cúnta Elizabeth Mullins, Scoil na Staire UCD.

Leanann an Coláiste le nuáil a dhéanamh ar a churaclam iarchéime agus i mbliana chuir sé fáilte roimh MA nua san Iriseoireacht agus i nGnóthaí Idirnáisiúnta, comhoibriú idir CNN Academy agus Instițiúid Clinton UCD, faoi



Ceapadh an Dr Nicolas Pillai mar Ollamh Cúnta i gCleachtas Cruthaitheach agus Criticiúil san Acadamh Todhchaíochtaí Cruthaitheacha.

## Struchtúr an Choláiste

**An tOllamh Regina Uí Chollatáin**
Ceann Scoile, Scoil na Gaeilge, an Léinn Cheiltigh agus an Bhéaloidis UCD

**An tOllamh Bettina Migge**
Ceann Scoile, Scoil na dTeangacha, na gCultúr agus na Teangeolaíochta UCD

**An Dr Ciarán Crilly**
Ceann Scoile, Scoil an Cheoil UCD

Amhail an 1 Meán Fómhair 2020

stiúir Stiúrthóir na hInstitiúide Clinton, an tOllamh Liam Kennedy. Is éard atá sa chlár seo ná an chéad chomhoibriú Máistreachta sa Bhéarla ag CNN le comhpháirtí ollscoile agus cuireann sé oiliúint san iriseoireacht den scoth le chéile le saineolas acadúil i gcaidrimh dhomhanda agus gnóthaí idirnáisiúnta.

Bhí lúcháir ar bhaill foirne an Choláiste fáilte a chur roimh an úrscéalaí agus an scoláire mór le rá go hidirnáisiúnta Sarah Moss chuig Scoil an Bhéarla, na Drámaíochta agus na Scannánaíochta UCD mar Ollamh Cúnta sa Scríbhneoireacht Chruthaitheach. Ba í an t-údar Niamh Campbell, buaiteoir Dhuais Rooney do Litríocht Éireannach 2021, a bhí ina Scríbhneoir Cónaithe UCD 2020/21 agus a leag amach agus a d'óstáil Comhráite na Linne (Conversations with the Contemporary), imeacht a d'fhiosraigh ceard agus comhthéacs na scríbhneoireachta le painéal scríbhneoirí agus filí éagsúla. Renée Hulan ó Saint Mary's University, Ceanada a bhí ina Cathaoirleach Craig Dobbin i Léann Ceanadach 2020/21 agus d'oibrigh sí go dlúth le foireann teagaisc agus mic léinn in Ionad Staidéar Cheanada UCD agus i bhFondúireacht Ollscoile na hÉireann agus Cheanada.

I mí na Samhna bhí bród ar an gColáiste an ceannaire gnó Dalton Philips a fhógairt mar bhuaiteoir Ghradaim Alumni sna hEalaíona agus sna Daonnachtaí UCD 2020. Tá sé ina Phríomhfheidhmeannach ar Údarás Aerfort Bhaile Átha Cliath agus ina bhall de Ghrúpa Comhairleach Chéimithe na nEalaíon agus na nDaonnachtaí UCD.


Bhí áthas orainn sa Choláiste bunú Chiste Tacaíochta do Choláiste na nEalaíon agus na nDaonnachtaí UCD a fhógairt. Tá an Ciste Tacaíochta deartha chun cistiú deontóra a ailíniú le sainaidhmeanna straitéiseacha an Choláiste agus, a bhuíochas le flaithiúlacht ár ndeontóirí, tá an Ciste in ann sparánachtaí mac léinn agus cruthaitheacha a fhógairt cheana, agus earraí cartlainne a fháil do bhailiúcháin Oidhreachta Cultúrtha UCD don bhliain acadúil amach romhainn.



**An tOllamh Sarah Prescott**
Príomhoide an Choláiste agus
Déan na nEalaíon
agus na nDaonnachtaí



Fuair Dalton Philips, príomhfheidhmeannach Údarás Aerfort Bhaile Átha Cliath (DAA) Gradaim Alumni sna hEalaíona agus sna Daonnachtaí 2020.



Bhí an tOllamh Gerardine Doyle i gceannas ar Chomhdháil fhíorúil Líonra um Cheannaireacht i gCúram Sláinte UCD, *Leadership during a Pandemic*, i gcomhar le Coláiste Ríoga Lianna na hÉireann. Rinneadh scrúdú ag an imeacht ar an gcéad ráig de COVID-19 in Éirinn ó thaobh sholáthar an chúraim agus an eagraithe de, agus pléadh an tionchar ar an ngeilleagar. Sa phictiúr tá an tOllamh Doyle leis an Ollamh Mary Horgan, Uachtarán, Coláiste Ríoga Lianna na hÉireann.



# AN COLÁISTE GNÓ



**An tOllamh Anthony Brabazon**
Príomhoide an Choláiste agus Déan an Ghnó

Tháinig béim ar cheangal agus ar éabhlóid sa cheannaireacht chun cinn mar mhórthéamaí na bliana acadúla seo, mar réitigh chruthaitheacha sa rannpháirtíocht agus sa taighde ar fud an domhain.

Cuireadh tús leis an mbliain le ceannairí sláinte agus gnó a thabhairt le chéile chun scrúdú a dhéanamh ar an gcéad ráig de COVID-19 in Éirinn ó thaobh sholáthar an chúraim sláinte agus an eagraithe de, agus le hamharc ar an tionchar uaidh sin ar an ngeilleagar. Rinne an tOllamh Gerardine Doyle agus Líonra um Cheannaireacht i gCúram Sláinte UCD, atá faoi stiúir ag céimithe UCD, i gcomhar le Coláiste Ríoga Lianna na hÉireann, an chomhdháil fhíorúil *Leadership during a Pandemic* a fhorbairt. Díríodh san imeacht ar an mbéim a chuirimid go léir ar thosaíocht straitéiseach na hOllscoile, is é sin *Domhan Sláintiúil a Fhorbairt*.

## Eispéireas na Mac Léinn

In ainneoin thionchar na srianta COVID-19 i rith na bliana, d'éirigh go geal lenár mic léinn ar an ardán domhanda agus iad páirteach i gcomórtais ina dtiocfadh leo tagarmharcáil a dhéanamh dóibh féin in aghaidh piaraí idirnáisiúnta.

Bhí Aoife Cunningham, BComm International, ina ceann ar ghrúpa de mhic léinn UCD a ghlac páirt ar son na hÉireann i gComórtas Cáis ENGCOMM 2021 a bhí ar siúl i gCeanada; bhuaigh an grúpa ceithre mhórghradam agus baineadh amach an dara háit ar an iomlán.

Bhuaigh mic léinn ó Scoil Uí Chuinn UCD mórdhuaiseanna freisin ag Comórtas Cáis nua fíorúil UConn nuair a bronnadh an duais don láithreoir is fearr ar Leona Xin Chen sa réamhbhabhta agus an duais don láithreoir is fearr sa bhabhta ceannais ar Ruairi McCormack.

Ag Scoil Smurfit UCD, sheol mic léinn agus céimithe *UCD Smurfit Women, Inspiring More*, eagraíocht atá ag iarraidh conair láidir na mban ón oideachas go tionsclaíocht a chur

chun cinn agus dul i ngleic le saincheisteanna cothromais inscne. Tacaíonn an tionscnamh le tosaíocht straitéiseach na hOllscoile, *an Cine Daonna a Chumasú*, agus féachann sé le feasacht a mhéadú ar na dúshláin a bhíonn roimh mhná agus iad ag bogadh ón oideachas go timpeallacht oibre.

Rinneadh téamaí gnó idirnáisiúnta a fhiosrú i roinnt comhdhálacha, *UCD Africa Business 2021 Conference* san áireamh, agus i measc na bpainéalaithe a bhí ann bhí a Soilse Yolisa Maya, Ambasadóir na hAfraice Theas chun na hÉireann; a Shoilse Eshetu Hordofa, Ambasadóir na Aetóipe chun na hÉireann; agus an Dr David Nyaluke, Comhalta UCD-PMIA sa Ghnó agus Forbairt. Phléigh na painéalaithe an tionchar atá ag fealsúnachtaí na hAfraice ina dtíortha féin agus an dóigh a n-imríonn siad tionchar ar ghnó mar fhreagairt ar COVID-19 agus níos forleithne.

Bhí cúigear de mhic léinn agus de chéimithe an Choláiste páirteach sna Cluichí Oilimpeacha: Hannah McLoughlin agus Chloe Watkins – Haca; Eimear Lambe – Rámhaíocht; Billy Dardis, Gavin Mullin, Adam Leavy – Rugbaí Seachtar an Taobh, agus an buaicphointe éachta ná bonn cré-umha Eimear Lambe mar bhall de bhád ceathrar rámhaí na mban ag Sea Forest Waterway. Comhghairdeas freisin lenár rannpháirtithe ar son na hÉireann sna Cluichí Parailimpeacha i dTóiceo: Patrick Flanagan – Snámh agus Kerrie Leonard – Boghdóireacht.

## Forbairtí an Choláiste

Agus athruithe á ndéanamh againn chun freastal ar nósanna nua gnó agus sochaíocha, seoladh an clár nua MBA Modúlach Feidhmeannach ar mhaithe leo siúd a bhfuil clár ama gnóthach gairmiúil agus pearsanta acu agus a bhfuil solúbthacht de dhíth orthu, iarrthóirí atá ina gcónaí taobh amuigh de Bhaile Átha Cliath agus iad siúd a bhfuil freagrachtaí cúraim orthu san áireamh.

Clár nua eile a cuireadh lenár rogha clár i mbliana ná an clár MSc in Eolaíocht Sonraí an Airgeadais. Tá sé mar sprioc ag an gclár seo mic léinn a ullmhú do ghairm a bheidh ag dul i ngleic leis an ngá le saineolas ar eolaíocht sonraí sa ghnó, lena n-áirítear teicneolaíocht an airgeadais, agus cuirtear béim le forbairt an chláir ar *Chlaochlú a Dhéanamh tríd an Teicneolaíocht Dhigiteach*, rud ar tosaíocht straitéiseach don Ollscoil é.



Bhí mic léinn Scoil Uí Chuinn UCD chun tosaigh ar an ardán domhanda agus bhuaigh siad príomhdhuaiseanna ag UConn Cáis nua fíorúil. Bronnadh an duais don láithreoir is fearr sa bhabhta ceannais ar Ruairi McCormack.

## I nDílchuimhne

Sa bhliain acadúil seo, bhíomar ag déanamh bróin ar bhás beirt chomhghleacaithe dílse, an Dr Laurence G Crowley, Scoil na hInnealtóireachta Ceimicí agus Bithphróisis, Cathaoirleach bunaidh ar Scoil Smurfit UCD, agus an tOllamh Eamonn Walsh, Ollamh le Cuntasóireacht PwC.



Bhí ardmheas ar an **Dr Laurence Crowley** mar bhall spreagúil de phobal UCD, agus mar bhall de phobal an ghnó in Éirinn agus go hidirnáisiúnta. Ceapadh ina chéad chathaoirleach ar Scoil Smurfit é i 1990, agus ba bhunchlocha iad a chuid ceannaireachta, a chuid feasachta tráchtála agus a chreidiúint sa chumhacht a bhain le hobair foirne agus an Scoil ag dul ó neart go neart chun aitheantas a bhaint amach ar fud an domhain mar phríomhscoil ghnó na hÉireann. Chreid Laurence go diongbháilte i gcumhacht athraitheach an oideachais agus sa tionchar a bhaineann leis chun bua a chothú don todhchaí. Tá forbairt an oideachais gnó in Éirinn go mór faoi chomaoin aige mar bhí a fhís mar threoir ag an Scoil agus í ag fás faoi rath.



Le breis agus 30 bliain, bhí meas ar cheannaireacht acadúil agus ar dhea-chlú i réimse na cuntasóireachta **an Ollaimh Eamonn Walsh** timpeall an domhain, idir an Áise agus Mheiriceá Thuaidh agus ar ais chuig an Eoraip. Spreag a chuid scileanna den scoth ag an léachtán, chomh maith lena thiomantas dá ról mar oideachasóir, glúin mac léinn, idir iad siúd a bhí ag cur tús lena staidéar gnó agus dhaoine gairmiúla a raibh an-taithí acu a bhí ag obair i dtreo MBA. Bhíodh sé ar a shuaimhneas ag obair le ceannairí gnó in Éirinn nó ar fud an domhain ag dul i ngleic le dúshláin a raibh tábhacht eagraíochta nó tábhacht sochaí leo. Bhí dea-chlú ar Eamonn mar acadóir ar fud an domhain, agus bhí ról an-suntasach aige in oideachas gnó in Éirinn a chur chun cinn go háit lárnach ar an ardán idirnáisiúnta. Anuas ar a chuid léinn féin agus a chuid ceannaireachta acadúla, bhí a chroí istigh ina mhic léinn agus bhí tionchar aige ar roinnt mhaith daoine agus spreag sé roinnt mhaith daoine.

Lena chois sin, tá an Scoil páirteach in BSc nua UCD san Inbhuanaitheacht, a chuireann conair cláir ar fáil a chuimsíonn gnó agus eacnamaíocht na hinbhuanaitheachta.

Rinneadh athchóiriú ar champas Smurfit chun spás sa bhreis a chur ar fáil don teagasc agus staidéar do mhic léinn, rud a chuireann lenár n-infheistíocht don todhchaí. Chun tacú lenár ngníomhaíochtaí taighde agus teagaisc araon, cruthaíodh saotharlann iompraíochta nua freisin.

## Struchtúr an Choláiste

**An tOllamh Gerardine Doyle**
Déan Comhlach agus Stiúrthóir, Scoil Smurfit UCD

**An tOllamh Comhlach Maeve Houlihan**
An Déan Comhlach agus Stiúrthóir, Scoil Uí Chuinn UCD

**An tOllamh Don Bredin**
Déan Comhlach Idirnáisiúnta

**Helen Brophy**
Stiúrthóir, Forbairt Feidhmiúcháin Smurfit UCD

**An tOllamh Donna Marshall**
An Leas-Príomhoide um Thaighde, Nuálaíocht agus Tionchar

**An tOllamh Séamas Kelly**
An Leas-Phríomhoide um Theagasc agus Foghlaim

**An tOllamh Andreas Hoepner**
An Leas-Phríomhoide um Chomhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú

Amhail an 1 Meán Fómhair 2020

## Taighde, Nuálaíocht agus Tionchar

Chuir baill den fhoireann teagaisc a gcuid clár taighde in oiriúint do ghéarchéim COVID-19 agus, i rith na bliana, rinne tionscadal MISFIRES de chuid na Comhairle Eorpaí um Thaighde, Ionad Gnó agus Sochaí UCD, an fhoireann teagaisc agus taighdeoirí béim a leagan ar a gcuid oibre ar thionchar na paindéime ar fud na sochaí ag maidineacha taighde agus siompóisiamaí taighde. Bhí réimse leathan de thopaicí ann agus ina measc bhí tuarascáil ón Ollamh Niamh Brennan, Victoria Edgar agus Sean Power ar *COVID-19 Profit Warnings: Delivering Bad News in a Time of Crisis* agus fiosrúchán déanta ag an Ollamh Cúnta Julie Schiro ar *Social Distancing & Mask-wearing in Response to COVID-19*.

D'óstáil an tOllamh Cúnta Alessia Paccagnini, an tOllamh Valerio Poti agus an tOllamh Andreas Hoepner an Grúpa Taighde AE ba mhó ar Theicneolaíocht an Airgeadais, Criptea-airgeadraí agus Cibearshlándáil mar chuid

> // Lean Coláiste Gnó UCD le hoideachas gnó den chéad scoth a chur ar fáil agus le cur lena chlú mar cheannródaí idirnáisiúnta maidir le taighde ar ghnó ábhartha a mbíonn tionchar aige ar chúrsaí //



Ghlac ceannairí dár gcéimithe, bord, foireann teagaisc agus gréasán gnó níos leithne, lena n-áirítear an tOllamh Anthony Brabazon agus céimí Breege O'Donoghue, páirt i bpodchraoladh Tionchar Gnó UCD a bhfuil duaiseanna buaite aige, rud a léiríonn leithead agus doimhneacht an tsaineolais laistigh dár bpobal. Agus breis agus 20,000 éisteacht aige sa chéad séasúr, ní hamháin gur fhiosraigh an podchraoladh tionchair eacnamaíochta na paindéime, ach shoiléirigh sé treochtaí atá ag teacht chun cinn amhail criptea-airgeadraí agus IS in airgeadas, gan ach roinnt bheag a lua.

de thionscadal FIN-TECH Fhís 2020. Rinne acadóirí ó na mórscoileanna gnó ar fud an domhain plé san imeacht *D3FSC on Risk in Blockchain and Cryptocurrencies* ar athruithe gasta sa tionscal.

Chomh maith le leibhéal ard de thorthaí taighde a choinneáil, d'éirigh leis an bhfoireann teagaisc réimse leathan de dhámhachtainí cistithe seachtracha a fháil.

Bhí rath ar an iarracht, a rinne cuibhreannas taighde ina raibh an tOllamh Michael O'Neill páirteach, chun cistiú suntasach a fháil faoi 'Chiste um Theicneolaíochtaí Bunathraitheacha' an Rialtais don *tionscadal GUARD*, tionscadal a dhéanfaidh dróin 'chliste' a fhorbairt, agus teicnící intleachta saorga in úsáid, chun smugláil drugaí a aithint.

D'éirigh leis an Ollamh John Cotter agus a chomhghleacaithe cistiú a fháil le leanúint le *Valuation & Risk Partnership*, arna chistiú ag Fondúireacht Eolaíochta Éireann, agus lena gcuid oibre le hIonad Taighde de chuid Fhondúireacht Eolaíochta Éireann ADAPT.

Bronnadh roinnt deontas taighde ar an Ollamh Andreas Hoepner a thacaíonn le téama straitéiseach na hOllscoile *Sochaí Dhomhanda Inmharthana a Chruthú*, lena n-áirítear an tionscadal Climate KIC, *COVID Call – Future-proof finance for resilience and adaptation*, mar aon le dámhachtainí ó Fhondúireacht na Sualainne um Thaighde Straitéiseach Comhshaoil agus ón gComhairle um Thaighde in Éirinn ar mhaithe le hobair a rinneadh i gcomhar leis an Dr Theodor Cojoianu.

D'éirigh leis an Ollamh Roland Erne agus a chomhghleacaithe lena n-iarratas ar Dheontas Gníomhaíochta Marie Skłodowska-Curie le haghaidh *Contesting Governance by Numbers: The Mobilizations of Food Delivery Couriers across Europe in Time of the Pandemic*, agus deontas sa bhreis ón nGníomhaireacht Feidhmiúcháin Oideachais, Closamhairc agus Cultúir don tionscadal *Transnational political contention in Europe (TraPoCo)*.

Bronnadh cistiú ar an Ollamh John Geary freisin ar mhaithe le staidéar náisiúnta ar an bhfreagairt ar COVID-19 in ionaid oibre, agus fuair an tOllamh Anne Keegan cistiú ón gComhairle um Thaighde in Éirinn don tionscadal *Implementing Workplace Well-being Programmes: A view from Institutional Theory*.

## Gradaim agus Ceapacháin

Aithníodh go leor ball foirne teagaisc mar gheall ar a gcuid oibre le gradaim mhór le rá agus le ceapacháin, lena n-áirítear an tOllamh Niamh Brennan a bronnadh Comhaltacht d'Acadamh Bainistíochta na hÉireann uirthi dá hionchur ar leith ar dhisciplín agus cleachtas na bainistíochta in Éirinn.

Toghadh an tOllamh Gerardine Doyle, Coláiste Gnó UCD, mar Uachtarán ar European Institute of Advanced Studies in Management (EIASM), ceapadh an tOllamh Donna Marshall ina céad Uachtarán Éireannach ar International Purchasing and Supply Education and Research Association (IPSERA) agus tugadh cuireadh don Dr María Jesús Belizón bheith ina ball den Bhord Taighde ar HR Analytics ThinkTank – an chéad tionscnamh, treoraithe ag tionscal agus acadóirí le chéile, dá leithéid.

Bhuaigh an tOllamh Comhlach Ciaran Heavey agus an tOllamh Comhlach Dorota Piaskowska an Chatagóir Straitéise agus Bainistíochta Ginearálta ag Gradaim Ionaid Cáis 2021 dá staidéar, *Ryanair: Flying Too Close to the Sun?*.

## Rangaithe agus Creidiúnaithe

Lean Coláiste Gnó UCD ag cur lena chlú mar cheannródaí idirnáisiúnta maidir le taighde ar ghnó ábhartha a mbíonn tionchar aige ar chúrsaí, agus le hoideachas gnó den chéad scoth a chur ar fáil.

Tugadh athchreidiúnú cúig bliana EQUIS don Choláiste agus aithníodh é sa chéad 1% de scoileanna gnó ar fud an domhain. Tá Scoil Smurfit UCD fós ina ball de Global Network for Advanced Management (GNAM), a bhfuil meas mór air, don ghnáth-théarma ballraíochta trí bliana.

I measc na ngradam eile ar díol suntais iad, bhí rangú QS World University Rankings de 13ú áit don Mháistreacht i mBainistíocht Shlabhra an tSoláthair, 28ú áit don Mháistreacht sa Mhargaíocht, 27ú áit don Mháistreacht san Anailísíocht Ghnó, rangú domhanda Financial Times de 3ú háit don MSc sa Bhainistíocht Idirnáisiúnta, agus rangú domhanda don chlár MBA Feidhmeannach de 72ú áit.

Aithníodh Forbairt Feidhmiúcháin Smurfit leis an nGradam Aitheantais InBUSINESS don Cheann is Fearr san Oideachas Feidhmiúcháin in 2020 mar aitheantas ar a cuid oibre ó thaobh eispéiris foghlama a mbíonn tionchar acu a dhearadh agus a sholáthar d'fheidhmeannaigh ghnó.

## Céimithe

Tháinig rannpháirtíocht nua chun cinn lenár bpobal de chéimithe agus méadú ar Chlár Meantóireachta Scoil Uí Chuinn UCD a bhfuil breis agus 150 rannpháirtí mac léinn ann anois, agus tá níos mó ná 100 mac léinn ag baint tairbhe as taithí ár gcuid céimithe gníomhacha ar fud an domhain trí Chlár Meantóireachta GLP Scoil Smurfit UCD.


Tháinig an líonra idirnáisiúnta seo le chéile chun an chéad Dúshlán do Chéimithe Gnó UCD a sheoladh, ina raibh breis agus 900 rannpháirtí ag tacú le sláinte fhisiciúil, mheabhrach agus chothaitheach ár bpobail trí pháirt a ghlacadh i ndúshlán folláine ar feadh 30 lá.

## Amach Romhainn

Tar éis na ndúshlán a bhain leis an bpaindéim, agus sinn ag bogadh chun cinn, táimid spreagtha ag an mbuanseasmhacht a léirigh ár gcuid mac léinn, na baill foirne teagaisc agus an fhoireann go n-éireodh leo in ainneoin na hathruithe domhanda agus pearsanta móra a bhí ann. Ba mhian liom buíochas ó chroí a ghabháil le baill foirne agus le foireann teagaisc an Choláiste agus le baill bhord comhairleach an Choláiste as a gcuid iarrachtaí suntasacha chun dul i dtaithí ar na dúshláin a bhí ag baint le COVID-19 i rith na bliana.



**An tOllamh Anthony Brabazon**
Príomhoide an Choláiste agus Déan an Ghnó




Acadúil: 115
Taighdeoir: 19
Tacaíochta/Gairmiúil: 99

**233**
Foireann iomlán

**€1,573,004**
de Dhámhachtainí Taighde

An Dr Orla Murphy (Scoil na hAiltireachta, na Pleanála agus an Pholasaí Comhshaoil) agus Uachtarán an Choimisiúin AE, Ursula von der Leyen, ag freastal ar an gcéad chruinniú Comhchéime Bauhaus 'i bpearsa'.



# COLÁISTE NA hINNEALTÓIREACHTA AGUS NA hAILTIREACHTA



**An tOllamh Aoife Ahern**
Príomhoide an Choláiste/Déan na hInnealtóireachta

Agus dúshláin phaindéim COVID-19 á sárú againn, lean an Coláiste lena chláir a chur ar fáil, le rannphairtíocht lena phobal agus lena pháirtithe, agus le bheith ceannródaíoch ina thaighde.

Tá an-bhród orm as ár bpobal de bhaill foirne teagaisc, baill foirne agus mic léinn a léirigh neart, tiomantas agus teacht aniar iontach ar feadh na tréimhse deacra seo.

Cuireadh tús le hoibreacha cumasaithe ar Ionad Cruthaitheachta nua an Choláiste, príomhghné de phlean forbartha Champas na Todhchaí UCD. Ceapadh an Dr Ciaran McNally ina Leas-Uachtarán don fhorbairt agus ról ceannasaíochta aige le cinntiú go n-éascóidh bonneagar an Choláiste forbairt an teagaisc agus an taighde araon.

## Oideachas agus Eispéireas na Mac Léinn

Cé go raibh na deiseanna do theagasc duine le duine teoranta, leanadh ar aghaidh le roinnt stiúideonna agus saotharlann ar champas agus fiosraíodh bealaí nua chun feabhas a chur ar fhoghlaim ár gcuid mac léinn ar líne, amhail teicneolaíocht dróin a úsáid don obair allamuigh i Scoil na hAiltireachta, na Pleanála agus an Pholasaí Comhshaoil, agus go leor ábhar tacaíochta físe chun gnéithe d'eispéiris saotharlainne innealtóireachta a léiriú.

In 2020/21 chuir an Coláiste áiteanna CAO sa bhreis ar fáil tríd ár gcláir fhochéime a meallann leibhéal ard de chéadroghanna.

Ag leibhéil iarchéime agus ag teacht le Plean Straitéiseach na hOllscoile:

- Seoladh MSc san Ailtireacht, Uirbeachas agus Ghníomhú ar son na hAeráide chun sainscileanna a thabhairt d'iarchéimithe agus do ghairmithe atá ag teacht ar ais le freagairt a thabhairt ar an dúshlán a bhaineann le

timpeallacht thógtha inbhuanaithe a phleanáil, a dhearadh agus a dhéanamh.
- I mí Eanáir 2021 faoin Tionscnamh Caipitil Daonna de chuid an Údaráis um Ard-Oideachas, chuir Innealtóireacht UCD tús le tacar de Dhioplómaí Gairmiúla, chun tacú leis an bhfeachtas náisiúnta le scileanna tosaíochta atá ag teastáil a fhorbairt.

Agus fios againn go ndeachaigh an phaindéim i bhfeidhm ar ár mic léinn in go leor bealaí nach raibh súil leo, chuir an Coláiste Ciste Cruatain ar leith a bhain le COVID-19 ar fáil agus rinneadh 48 deontas ón gciste. Lena chois seo, fuarthas cistiú suntasach deontóra chun leanúint leis an gclár scoláireachta ME Réalta a thacaíonn le mic léinn innealtóireachta ina gcúigiú bliain de staidéar agus chun cur leis an gclár sin. Tá lucht an Coláiste an-bhuíoch as flaithiúlacht na ndeontóirí.

Comhghairdeas le baill foirne teagaisc a fuair gradaim Teagaisc agus Foghlama na hOllscoile:
- Barr Feabhais Teagaisc Aonair:
  – An Dr Neal Murphy (Scoil na hInnealtóireachta Meicniúla agus Ábhar)
  – Emmett Scanlon (Scoil na hAiltireachta, na Pleanála agus an Pholasaí Comhshaoil)
- Éacht Thar na Bearta d'Fhoghlaim Mac Léinn:
  – Baill foirne Dhearadh Ailtireachta VII 'Open Heart City' (Scoil na hAiltireachta, na Pleanála agus an Pholasaí Comhshaoil)

Comhghairdeas leis an Ollamh Comhlach Samantha Martin-McAuliffe (Scoil na hAiltireachta, na Pleanála agus an Pholasaí Comhshaoil) a ainmníodh ina Comhalta Mellon Theagasc na Staire ag Dumbarton Oaks, SAM.

## Rannpháirtíocht agus For-rochtain

Leanadh ar aghaidh go rathúil le hiarrachtaí an Choláiste maidir le rannpháirtíocht agus earcaíocht le 12 mhí anuas; tháinig an fhoireann ar bhealaí nuálacha chun mic léinn agus páirtithe a earcú agus caidrimh a bhunú leo sa bhaile agus go hidirnáisiúnta trí ábhar físe, uirlisí cianda, agus ardáin ar líne a úsáid agus trí imeachtaí fíorúla a óstáil.

Mar gheall ar imeachtaí amhail ár gclár seachtaine 'Engineering Your Future' chun mic léinn idirbhliana a spreagadh le staidéar a dhéanamh ar an innealtóireacht, ár scoil samhraidh ailtireachta agus pleanála, sraitheanna de sheimineáir ghréasáin múinte ag iarchéimithe agus ár n-imeachtaí idirnáisiúnta a léiríonn éachtaí céimithe, tá an earcaíocht fós láidir ar fud an Choláiste. Lena chois seo, rinneadh rannpháirtíochtaí nua a fhiosrú agus a fhorbairt sa Fhrainc agus in India araon.

Cuireadh tús le himeachtaí Chumann Céimithe Innealtóireachta UCD i Meán Fómhair 2020 leis an Searmanas Boinn Óir agus Bronnta, inar aithníodh mic léinn a bhfuil éachtaí déanta acu ina gcuid disciplíní. Bhí Díospóireacht Phainéil an Fhómhair, 'The Future of the Pharmaceutical and Biopharmaceutical Industry in Ireland', ar siúl i mí Dheireadh Fómhair. Toghadh Mr Donal Wyse mar Uachtarán ag an gCruinniú Cinn Bliana, agus a lán saineolais á thabhairt aige chuig an ról. Tháinig deireadh le huachtaránacht rathúil Ms Majella Henchion, agus aithnítear a cuid ceannaireachta go buíoch. Tharla Díospóireacht Phainéil an Earraigh, 'Inclusive by Design: Applying Inclusive Design Methods to Engineering', i mí na Bealtaine 2021. Reáchtáladh an Searmanas Boinn Óir agus Bronnta arís eile i mí Lúnasa 2021.

## Taighde, Nuálaíocht agus Tionchar

Tá fás ag teacht fós ar thaighde, nuálaíocht agus tionchar an Choláiste agus bronnadh €25.6m de chistiú nua, 19% de chistiú taighde na hOllscoile, agus a lán dámhachtainí mór le rá ann ó chláir an-iomaíocha. Aithnímid an tacaíocht ón Údarás um Ard-Oideachas a chuir ar chumas na dtaighdeoirí agus na mac léinn iarchéime leanúint lena dtaighde agus staidéir i rith COVID-19.

Mar chuid de chistiú Chéim 2 a bronnadh d'Ionaid Taighde náisiúnta, bhí: Ionad Taighde le haghaidh Geo-eolaíochtaí Feidhmeacha iCRAG de chuid Fhondúireacht Eolaíochta Éireann, agus baint ag an Ollamh Mike Long agus ag baill de Scoil na hInnealtóireachta Sibhialta leis; Ionad Naisc Fhondúireacht Eolaíochta Éireann agus baint ag an Ollamh Anding Zhu, an Ollamh Robert Staszewski, an Ollamh Comhlach Elena Blokhina agus an Dr Barry Cardiff (Scoil na hInnealtóireachta Leictrí agus Leictreonaí) leis; Ionad Teicneolaíochta Déiríochta Fhiontraíocht Éireann, agus baint ag an Ollamh Colm O'Donnell, an Ollamh Aoife Gowen agus an Ollamh Comhlach Tom Curran (Scoil na hInnealtóireachta Bithchórais agus na hInnealtóireachta Bia) leis; Ionad Taighde BiOrbic Bioeconomy Fhondúireacht Eolaíochta Éireann, agus baint ag an Dr Fionnuala Murphy (agus baill de Scoil na hInnealtóireachta Bithchórais agus na hInnealtóireachta Bia) leis, ar a mbronnadh Duais Nuálaí na Todhchaí Fhondúireacht Eolaíochta Éireann as 'Farm Zero C: Creating a carbon neutral resilient dairy farm'; Ionad Taighde SSPC Fhondúireacht Eolaíochta Éireann, agus baint ag an Dr Steven Ferguson (agus baill de Scoil na hInnealtóireachta Ceimicí agus Bithphróisis) leis, ar a mbronnadh an tIonad le haghaidh Oiliúna Dochtúireachta sna Teicneolaíochtaí



Ionduchtú Ranga Ailtireacht Chéim 1 sa phictiúr ag Richview.

## Struchtúr an Choláiste

**An tOllamh Comhlach David Timoney**
Déan Comhlach na hInnealtóireachta agus Leas-Phríomhoide um Theagasc agus Foghlaim

**An tOllamh Mark Scott**
Déan na hAiltireachta, na Pleanála agus an Pholasaí Comhshaoil

**An Dr John Healy**
Leas-Uachtarán um Chomhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú

**An tOllamh Ravi Thampi**
Leas-Phríomhoide um Idirnáisiúnú

**An tOllamh John Sheridan**
An Leas-Príomhoide um Thaighde, Nuálaíocht agus Tionchar

**Tá sé scoil i gColáiste na hInnealtóireachta agus na hAiltireachta UCD:**

**An tOllamh Comhlach Eoin O'Neill**
Ceann na Scoile, Scoil na hAiltireachta, na Pleanála agus an Pholasaí Comhshaoil UCD

**An tOllamh Colm O'Donnell**
Ceann na Scoile, Scoil na hInnealtóireachta Bithchórais agus na hInnealtóireachta Bia UCD

**An tOllamh Eoin Casey**
Ceann na Scoile, Scoil na hInnealtóireachta Ceimicí agus Bithphróisis

**An tOllamh Comhlach Amanda Gibney**
Ceann na Scoile, Scoil na hInnealtóireachta Sibhialta

**An tOllamh Peter Kennedy**
Ceann na Scoile, Scoil na hInnealtóireachta Leictrí agus Leictreonaí

**An tOllamh Kenneth Stanton**
Ceann na Scoile, Scoil na hInnealtóireachta Meicniúla agus Ábhar UCD

Amhail an 1 Meán Fómhair 2020



An Dr Paul Cuffe (suite chun tosaigh ar chlé), faighteoir de Ghradam Churadh Nuálaíochta na Bliana NovaUCD 2021, agus comhbhunaitheoir Joyst Instruments Ltd le mac léinn innealtóireachta Philip Snell (suite chun tosaigh ar dheis) agus céimithe na hinnealtóireachta meicniúla UCD, (ina seasamh ó chlé go deas) Edward Byrne agus William Langrell.

Bunathraitheacha Cógaisíochta EPSRC-SFI; agus fuair foireann LICORICE an Dr Steven Ferguson Duais Nuálaí na Todhchaí Fhondúireacht Eolaíochta Éireann maidir leis an dúshlán saor ó astaíochtaí.

I measc na ndámhachtainí móra cistithe eile bhí: Tionscadail Fhondúireacht Eolaíochta Éireann Frontiers for the Future do bhuaiteoir Dheontas Comhdhlúiteora na Comhairle Eorpaí um Thaighde, an tOllamh Dimitrios Zevgolis (Scoil na hInnealtóireachta Meicniúla agus Ábhar), agus an tOllamh Peter Kennedy (Scoil na hInnealtóireachta Leictrí agus Leictreonaí); Dámhachtain Bonneagair Taighde Fhondúireacht Eolaíochta Éireann don Ollamh Aoife Gowen (Scoil na hInnealtóireachta Bithchórais agus na hInnealtóireachta Bia); agus tionscadal ghníomhú ar son na haeráide de chuid an Choimisiúin Eorpaigh bronnta ar an Ollamh Comhlach Francesco Pilla (Scoil na hAiltireachta, na Pleanála agus an Pholasaí Comhshaoil).

Leanann taighde COVID-19 ar aghaidh, agus dhá thionscadal COVID-19 Mhearfhreagartha de chuid Fhondúireacht Eolaíochta Éireann bronnta: an tOllamh Aoife Gowen (Scoil na hInnealtóireachta Bithchórais agus na hInnealtóireachta Bia), chun innealtóireacht dromchla a chur ar TCP; an tOllamh Comhlach John O'Sullivan (Scoil na hInnealtóireachta Sibhialta) chun córas comhtháite a fhorbairt le haghaidh faireachas agus tuairisciú fuíolluisce uile-oileáin SARS-CoV-2.

Fuair an tOllamh R Bogdan Staszewski (Scoil na hInnealtóireachta Leictrí agus Leictreonaí), a chomhbhunaigh Equal1 Labs chun cineál nua ríomhaire chandamaigh a fhorbairt bunaithe ar na forbairtí is déanaí i dteicneolaíocht CMOS leathsheoltóra, Gradam Mhac-Chuideachta na Bliana NovaUCD 2021. Fuair an Dr Paul Cuffe (Scoil na hInnealtóireachta Leictrí agus Leictreonaí) Gradam Churadh Nuálaíochta na Bliana NovaUCD 2021 as a chuid oibre tráchtálaithe, lena n-áirítear mac-chuideachta Joyst Instruments Ltd a chomhbhunú le mac léinn Philip Snell agus céimithe Innealtóireachta Meicniúla UCD, William Langrell agus Edward Byrne. bhuaigh Luis Alejandro Vergara, mac léinn PhD (Scoil na hInnealtóireachta Bithchórais agus na hInnealtóireachta Bia) faoi stiúir an Dr Fionnuala Murphy agus bunaitheoir ghnólacht nuathionscanta na teicneolaíochta talmhaíochta Carbon Harvesters, duais Nuálaí Óg ag na Gradaim Réimse Nuálaíochta de chuid Fhiontraíocht Éireann 2021.

I measc na mac-chuideachtaí eile bhí seamlessCARE, arna bhunú ag an Dr Aviva Cohen, Ian Kennedy agus an Dr Cagri Cubukcu (Scoil na hInnealtóireachta Meicniúla agus Ábhar), chun ardán cúraim dhigitigh a fhorbairt chun tacú le daoine atá faoi mhíchumas intleachtúil nó a bhfuil néaltrú orthu. Bhuaigh AquaB Nanobubble Innovations Ltd. arna bhunú ag an Ollamh Niall English agus an Dr Mohammad Reza Ghaani (Scoil na hInnealtóireachta Ceimicí agus Bithphróisis), an Gradam Domhanda IChemE 2020 mór le rá. Déanaimid comhghairdeas freisin le:

- Triúr ball den fhoireann teagaisc (Scoil na hInnealtóireachta Bithchórais agus na hInnealtóireachta Bia) atá liostaithe ag

Clarivate Analytics sa chéad 1% de thaighdeoirí ba mhinice a luadh ar fud an domhain maidir lena réimsí féin: An tOllamh Da-Wen Sun agus an tOllamh Colm O'Donnell (liostaithe don séú uair) agus an tOllamh Paula Bourke, Comhalta Ad Astra, an chéad bhean UCD liostaithe.

- Fuair an Dr Colin Keogh (Scoil na hInnealtóireachta Meicniúla agus Ábhar) Gradam um Tionchar IRC 2020 as aerálaithe foinse oscailte a fhorbairt, agus mar chomhbhunaitheoir Sapien Innovation agus The Rapid Foundation.
- An tOllamh Aoife Ahern (Scoil na hInnealtóireachta Sibhialta), Príomhoide an Choláiste, a toghadh mar Chomhalta d'Acadamh Innealtóirí na hÉireann agus a ceapadh, ar bhonn Cuireadh an Uachtaráin, chuig Comhaltacht Innealtóirí na hÉireann.
- Bronnadh Céim Oinigh ó Ollscoil na mBanríona, Béal Feirste ar an Ollamh Peter Kennedy (Scoil na hInnealtóireachta Leictrí agus Leictreonaí), saineolaí domhanda i gcumarsáid gan sreang agus iar-Uachtarán díreach roimhe sin ar Acadamh Ríoga na hÉireann.
- Ceapadh an Dr Orla Murphy (Scoil na hAiltireachta, na Pleanála agus an Pholasaí Comhshaoil), chuig an gcruinniú comhchéime ardleibhéil Bauhaus Eorpaigh Nua de chuid an AE, a sheol Ursula von der Leyen, Uachtarán an Choimisiúin AE, maidir le dearadh a úsáid chun caighdeán maireachtála a fheabhsú.

Molaim comhaltaí an Choláiste as a gcuid éachtaí.



**An tOllamh Aoife Ahern**
Príomhoide an Choláiste/Déan na hInnealtóireachta

## Aoife Carney RIP



Bhí bás tobann Aoife Carney i mbliana i mí an Mhárta ina bhuile trom do Scoil na hInnealtóireachta Ceimicí agus Bithphróisis, áit ina raibh Aoife ina Riarthóir Scoile, agus don phobal Innealtóireachta agus Ailtireachta níos forleithne, mar go raibh sí an-luachmhar mar chomhghleacaí agus go raibh an-ghrá ann di.

Tháinig Aoife chuig an Scoil i 1999 agus d'oibrigh sí mar Riarthóir Scoile ar feadh 22 bliain, duine de bheirt a raibh an post sin acu ó thosaigh an Innealtóireacht Cheimiceach ag UCD 65 bliain ó shin. Ba í Aoife an duine lena mbuail mic léinn agus cuairteoirí chun na Scoile, agus beidh cuimhne uirthi go deo mar gur chothaigh sí spiorad pobail sa Scoil, ina raibh an bhá a bhí aici do dhaoine agus a mórchumas le sonrú. Mar go ndearna sí é seo ar fad agus aoibh bhreá uirthi agus cion aici do gach duine, ba í an duine ab ansa le gach duine sa Scoil. Ba dheacra arís glacadh lena bás dá bharr sin. Aireoidh a cairde go léir ag UCD agus an iliomad mac léinn agus iar-mhac léinn ar chuidigh sí leo le 22 bliain anuas go mór í.

Ar dheis Dé go raibh a hanam dílis séimh.

**2,373**
Líon iomlán na mac léinn in Éirinn

**1,212** Mic léinn ar fochéimithe iad (coibhéis lánaimseartha)

**1,162** Mic léinn iarchéime (coibhéis lánaimseartha)

**291**

**291**
Lion iomlán na mac léinn thar lear

Acadúil: 157
Taighdeoir: 98
Tacaíochta/Gairmiúil: 107

**362**
Foireann iomlán

**€25,644.337**
de Dhámhachtainí Taighde



An tOllamh Cecily Kelleher, Príomhoide an Choláiste agus baill de Thionscadal Taighde Lifeways, atá fiche bliain ar an bhfód: (ó chlé go deas) Beth Kilkenny, an tOllamh Comhlach James Matthews, an tOllamh Cecily Kelleher, an Dr Ricardo Segurado, Shevaun Teo agus an Dr Alex Douglass.

# COLÁISTE NA nEOLAÍOCHTAÍ TALMHAÍOCHTA AGUS SLÁINTE



**An tOllamh Cecily Kelleher**
Príomhoide an Choláiste

Tuairiscíonn Coláiste na nEolaíochtaí Talmhaíochta agus Sláinte UCD bliain rathúil in 2020/21, agus aithníonn sé iarrachtaí leanúnacha na foirne teagaisc agus na mball foirne ar fud an choláiste ina bhfreagairt ar an bpaindéim COVID-19.

Leanann coistí an Choláiste, a bhfuil ár Leas-Phríomhoidí mar chathaoirligh orthu, fóraim a chur ar fáil do thionscnaimh thrasnaí agus comhroinnt eolais agus saineolais. Reáchtáladh roinnt comhdhálacha agus imeachtaí le linn na bliana chun na gníomhaíochtaí seo a léiriú.

Bhronn Coláiste na nEolaíochtaí Talmhaíochta agus Sláinte UCD Dámhachtainí Teagaisc agus Foghlama i mbliana ar shé bhuaiteoir aonaracha déag sa Chatagóir Feabhas sa Teagasc agus ar thrí bhuaiteoir foirne sa Chatagóir Éacht Thar Barr. I mí Aibreáin 2021 d'óstáil ár nGrúpa Oideachais agus Oiliúna léiriú ar líne ar na naoi nduine ó Choláiste na nEolaíochtaí Talmhaíochta agus Sláinte UCD a bhuaigh na dámhachtainí ar leibhéal Ollscoile.

Chuireamar fáilte freisin roimh 19 gComhalta Ad Astra le linn na bliana acadúla seo, chomh maith le ceapacháin straitéiseacha fhrithghníomhacha eile a raibh tábhacht ag baint leo faoin scéim.

I mí na Nollag 2020 rinne Grúpa Néara-éagsúlachta Choláiste na nEolaíochtaí Talmhaíochta agus Sláinte UCD comhdháil maidir le Néara-éagsúlacht in Oideachas Tríú Leibhéal a chomhóstáil. Tharla an chomhdháil ar líne thar dhá lá le heochairchainteoirí agus lucht freastail ó gach cearn den domhan.

Tá disciplíní laistigh de Choláiste na nEolaíochtaí Talmhaíochta agus Sláinte UCD fós ag baint ard-rangú amach go hidirnáisiúnta:

- Bhí Eolaíochtaí Talmhaíochta UCD rangaithe sa 24ú áit in 2021 de réir rangaithe US News & World Report's Best Global University agus bhí taighde san Eolaíocht Talmhaíochta ag UCD rangaithe sa chéad áit go domhanda ó thaobh na páipéir is mó a luadh i measc an chéad 1% is mó luaite.
- Bhí UCD rangaithe sa 34ú áit in QS World University Subject Rankings le haghaidh Ábhair a Bhaineann le Spóirt in 2021. Rangaíodh an MSc i mBainistíocht Spóirt i Scoil na Sláinte Poiblí, Fisiteiripe agus na hEolaíochta Spóirt sa 34ú áit ar domhan agus sa 11ú háit san Eoraip de réir Sport Business International.
- Bhog Scoil an Leighis Tréidliachta UCD suas naoi n-áit in QS World University Rankings de réir Ábhair in 2021 agus tá sé rangaithe anois sa 23ú áit ar domhan maidir le hEolaíocht Tréidliachta. Tá an Scoil rangaithe san áit is airde anois ó thaobh ábhair in UCD agus sa chéad áit in Éirinn ar an iomlán.

Bhuaigh Ionad UCD le haghaidh Beachtmháinliachta i Scoil an Leighis UCD an chatagóir Forbairt Máinliachta na Bliana ag Gradaim Cúraim Sláinte na hÉireann 2020. Tá na gradaim seo, a chruthaigh Irish Medical Times, ar siúl anois le fiche bliain agus tugann siad aitheantas do nuálaíocht agus feabhas ar fud earnáil chúraim sláinte na hÉireann. Máinliacht Dhigiteach, faoi stiúir an Ollaimh Ronan Cahill, Ollamh la Máinliacht, i gcomhar leis an Dr Kevin Nolan,

// Bhuaigh Ionad UCD le haghaidh Beachtmháinliachta i Scoil an Leighis UCD an chatagóir Forbairt Máinliachta na Bliana ag Gradaim Cúraim Sláinte na hÉireann 2020 //

**24ú**

áit de réir na rangaithe US News & World Report's Best Global University 2021 le haghaidh Eolaíochtaí Talmhaíochta UCD

Scoil na hInnealtóireachta Meicniúla agus Ábhar UCD, atá ina phríomhchomhpháirtí acadúil maidir le €2.4 milliún de chistiú AE chun tacú le teicneolaíochtaí máinliachta criticiúla nua le haghaidh COVID-19.

Bhí an tOllamh Thilo Kroll, Scoil an Altranais, an Chnáimhseachais agus na gCóras Sláinte UCD i mbun comhoibriú trascholáiste le ról lárnach a fháil do Choláiste na nEolaíochtaí Talmhaíochta agus Sláinte UCD chun líonra náisiúnta a fhorbairt maidir le rannpháirtíocht an phobail agus othar i dtaighde sláinte agus cúraim shóisialta (PPI Ignite). Baineann cistiú comhurraíochta ón mBord Taighde Sláinte agus Taighde UCD bainteach leis seo.

Tá taighdeoirí i Scoil na Sláinte Poiblí, Fisiteiripe agus na hEolaíochta Spóirt UCD ag déanamh tástála ar nuálaíochtaí chun folláine agus eispéiris foghlama mac léinn agus torthaí céimithe a chur chun cinn i dtaca le dhá thionscadal. Tá an tionscadal FLOURISH, faoi stiúir an Dr Denise McGrath agus an Dr Ciara Duignan, ag déanamh taighde ar uirlisí digiteacha chun tacú le folláine agus forbairt phearsanta mac léinn trí mhodúl roghnach. Tá an tionscadal CHAMELEONS H2020, faoi stiúir an Ollaimh Chomhlaigh Tara Cusack, ag forbairt idirghabhálacha oideachasúla nuálacha chun an t-eispéireas foghlama PhD a fheabhsú. In 2021, cuireadh dhá mhodúl idirdhisciplíneacha ar líne ar fáil do mhic léinn thar chúig institiúid san Eoraip.



Beidh an tOllamh Emmeline Hill, Scoil na Talmhaíochta agus Eolaíocht an Bhia UCD agus an tOllamh Lisa Katz, Scoil an Leighis Tréidliachta UCD ag déanamh iniúchadh ar an idirghníomhú dinimiciúil atá ann idir seicheamh DNA capaill a fuarthas le hoidhreacht agus an comhshaol.

## Struchtúr an Choláiste

**An tOllamh David MacHugh**
An Leas-Príomhoide um Thaighde, Nuálaíocht agus Tionchar

**An tOllamh Comhlach Pat Felle**
Leas-Phríomhoide Idirnáisiúnta

**An tOllamh Comhlach Sue Rackard**
An Leas-Phríomhoide um Theagasc agus Foghlaim

**An tOllamh Tim Lynch**
An Leas-Phríomhoide um Ghnóthaí Sláinte

**An tOllamh Torres Sweeney**
Leas-Phríomhoide um Chomhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú

**An tOllamh Alex Evans**
Ceann na Scoile agus Déan na Talmhaíochta, Scoil na Talmhaíochta agus Eolaíocht an Bhia UCD

**An tOllamh Michael Keane**
Ceann na Scoile agus Déan, Scoil an Leighis UCD

**An tOllamh Gerard Fealy**
Ceann na Scoile agus Déan an Altranais, Scoil an Altranais, an Chnáimhseachais agus na gCóras Sláinte

**An tOllamh Catherine Blake**
Ceann na Scoile agus Déan, Scoil na Sláinte Poiblí, Fisiteiripe agus na hEolaíochta Spóirt UCD

**An tOllamh Michael Doherty**
Ceann na Scoile agus Déan, Scoil an Leighis Tréidliachta, UCD

Amhail an 1 Meán Fómhair 2020

Fuair an tOllamh Lisa Katz, Scoil an Leighis Tréidliachta UCD agus an tOllamh Emmeline Hill, Scoil na Talmhaíochta agus Eolaíocht an Bhia UCD breis agus €880,000 de dheontas le haghaidh tionscadal taighde cúig bliana chun iniúchadh a dhéanamh ar an idirghníomhú dinimiciúil atá ann idir seicheamh DNA capaill a fuarthas le hoidhreacht agus an comhshaol; Is ceannaire domhanda í an fhoireann taighde UCD maidir le forbairt tástálacha géiniteacha do chapaill rásaíochta.

Tá cláir ar fud Choláiste na nEolaíochtaí Talmhaíochta agus Sláinte UCD fós ag dul in oiriúint do riachtanais a thagann ón bpaindéim, go háirithe i dtaca le cúram sláinte a sholáthar.

Lean Scoil an Leighis UCD le 40+ clár ag leibhéal céime a chur ar fáil do Ghairmithe Cúraim Sláinte agus daoine eile ag obair i láithreacha cúraim sláinte. I ngeall ar éileamh an mhargaidh bhí lúcháir ar bhaill foirne na Scoile freisin cláir chéime mhúinte nua a thabhairt isteach don bhliain acadúil 2020/21 in IS, Beachtleigheas, Cúram Príomhúil agus Néara-éagsúlacht.

Mar fhreagairt ar dhúshláin na paindéime, tá clárú leanúnach fós ar Bhonnmhodúil Cúraim Chliniciúil á dhéanamh ag Scoil an Altranais, an Chnáimhseachais agus na gCóras Sláinte le FSS chun uasoiliúint a dhéanamh ar altraí cúraim chliniciúil.

Tar éis cuairt a thabhairt in 2020, thug Royal College of Veterinary Surgeons (RCVS) stádas Lánchreidiúnaithe do chlár Bhaitsiléir Tréidliachta (MVB) UCD. Tá clár UCD sa Tréidliacht creidiúnaithe anois ag na comhlachtaí seo a leanas: American Veterinary Medical Association (AVMA), Australasian Veterinary Board Council (AVBC), European Association of Establishments for Veterinary Education (EAEVE), RCVS agus Comhairle na dTréidlianna, Éire.

Chabhraigh Agri Aware agus Scoil na Talmhaíochta agus Eolaíocht an Bhia UCD le mic léinn Ardteistiméireachta d'eolaíocht talmhaíochta trí shraith nua d'fhíseáin nasctha leis an gcuraclam a fhorbairt chun cabhrú leo ina gcuid staidéar mar fhreagairt ar na dúshláin a bhain le dúnadh scoileanna agus athruithe ar churaclam na heolaíochta talmhaíochta le linn COVID-19. Sa tsraith Essential Experiments tá turgnaimh a chlúdaíonn topaicí éigeantacha turgnamh san eolaíocht talmhaíochta Ardteistiméireachta, amhail ithreacha, cáilíocht an bhainne agus barreolaíocht. D'fhorbair an fhoireann acadúil ag an Scoil iad.

Bronntar Gradaim na gCéimithe Leighis ar chéimithe thar barr de Scoil an Leighis UCD gach bliain chun éachtaí fad saoil in oideachas leighis, taighde leighis agus/nó cleachtas cliniciúil sa leigheas a aithint. In 2021, bronnadh gradaim ar an Dr Paul O'Byrne (1975) Lia Riospráide agus Déan, McMaster University, Ontario; An tSiúr Marian Scena (1975) Dochtúir agus Comhordaitheoir, Faraja Hospice and Palliative Care Centre, an Tansáin; agus an Dr John Donohue (1967) Neifreolaí Comhlach ar Scór, Baile Átha Cliath.

Is tionscadal domhanda atá dírithe ar phobal é an Tionscadal COVISION chun cabhrú le leanaí agus a gcuid bpobal ar fud an domhain dul i ngleic le dúshláin phaindéim COVID-19 agus níos mó arís. Tá an tionscadal faoi stiúir ag an Dr Suja Somanadhan, Scoil an Altranais, an Chnáimhseachais agus na gCóras



Céimithe Scoil an Leighis UCD 2021 in éineacht leis an Ollamh Michael Keane, Déan Scoil an Leighis UCD: (ó chlé go deas) an Dr Madison Phipps, an Dr Ross Walshe, an tOllamh Michael Keane, an Dr Jamie Walsh, an Dr Kirsten Carpenter, an Dr Matthews Gibbons agus an Dr Sarah Cooney.



Sa phictiúr ag seoladh na sraithe 'Siúil is Labhair ar an bhFeirm' ag Feirm Lyons UCD i gcomhar le Agri Aware tá mic léinn ó Choláiste Wesley Sophie Doyle Smyth, Christopher Bailey, Rachel Patterson, Avalily l'Estrange, Ethan O'Connor agus Sophie O'Connor, in éineacht le Katriona Kinsella ó Irish Farmers Journal, cathaoirleach Teagasc Liam Herlihy, cathaoirleach Agri Aware Alan Jagoe, Stiúrthóir Feidhmiúcháin Agri Aware Marcus O'Halloran agus an Dr Bridget Lynch, Scoil na Talmhaíochta agus Eolaíocht an Bhia UCD.

Sláinte agus tá sé cistithe ag an mBord Taighde Sláinte agus ag an gComhairle um Thaighde in Éirinn, agus fiosraítear ann na bealaí cruthaitheacha agus nuálacha a dtéann leanaí i ngleic le hathruithe i rith na paindéime agus bealaí ina dtiocfadh leis na tionscnaimh seo cabhrú le leanaí eile.

Leanann UCD Sláintiúil fós ag cur sláinte agus folláine phobal UCD chun cinn. Chuir mic léinn MSc sa Diaitéitic seachtain fhíorúil faoi Bhia Sláintiúil ar fáil do bhaill foirne teagaisc, don fhoireann agus do mhic léinn. Reáchtáil mic léinn BSc i mBainistíocht Spóirt agus Aclaíochta imeacht fíorúil 'Folláine do Bhealach Féin'.

Sheol Gnóthaí Sláinte UCD agus Grúpa Ospidéal Oirthear na hÉireann a gCéad Mhórbhabhta Fíorúil, a d'óstáil The Pillar Centre for Transformative Healthcare ag Ospidéal an Mater i mí an Mhárta. D'fhreastail breis agus 200 duine ar an Mórbhabhta agus freastalaithe ann ó réimse leathan de ghrúpaí ospidéil agus ollscoileanna ar fud na tíre.

**An tOllamh Cecily Kelleher**
Príomhoide an Choláiste

**7,500**
Líon iomlán na mac léinn in Éirinn

**5,300**
Mic léinn ar fochéimithe iad (coibhéis lánaimseartha)

Mic léinn iarchéime (coibhéis lánaimseartha)
**2,200**

**1,150**
Foireann iomlán

Acadúil: 420
Taighdeoir: 122
Tacaíochta/ Gairmiúil: 607

**€31,918,899**
de Dhámhachtainí Taighde



# COLÁISTE NA hEOLAÍOCHTA



**An tOllamh Joe Carthy**
Príomhoide an Choláiste agus Déan na hEolaíochta

I mí Lúnasa 2021 beidh deireadh le mo sheilbh oifige 10 mbliana mar Phríomhoide Choláiste na hEolaíochta UCD. Tá mé chun an cúram a fhágáil ag an Ollamh Jeremy Simpson, agus ba mhaith liom gach rath a ghuí air agus muinín agam go mbeidh an Coláiste faoi chúram maith amach anseo!

Ba mhaith liom an deis seo a ghlacadh le mó bhuíochas a ghabhháil le gach duine sa Choláiste (comhghleacaithe ar scor san áireamh), ní hamháin as an tacaíocht a fuair mé le linn dom a bheith in oifig ach chomh maith leis sin, as an tiomantas agus dúthracht thar barr a léirigh siad go fairsing le linn na bliana seo caite. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le foireann Oifig na hEolaíochta, go háirithe, agus Annette Forde ina ceannaire cumasach uirthi, a dhéanann an oiread sin oibre nach bhfeictear, ag déanamh bainistíocht ar ár gcláir agus ag tabhairt aire dár mic léinn, foireann teagaisc agus baill foirne.

## Teagasc agus Foghlaim

Bhí an-dúshlán ag baint leis an mbliain acadúil 2020/21. B'iontach an fhreagairt ón bhfoireann teagaisc, agus cuar géar foghlama ag baint léi chun ábhar a fhorbairt, a sholáthar agus a mheas ar líne, le tacaíocht as cuimse ó Cesar Scrochi, teicneolaí oideachais an Choláiste. Ina theannta sin, ba mhór an chreidiúint do na hoifigí teicneolaíochta, na bainisteoirí saotharlanna agus na taispeántóirí iarchéime a bhí bainteach leis, na hiarrachtaí rathúla chun comhpháirteanna saotharlanna a athdhearadh chun na spásanna agus na turgnaimh a dhéanamh slán maidir le Covid. Tugadh faoi obair freisin chun roinnt seisiún saotharlann a aistriú ar líne nó i gcéin agus bhí na mic léinn an-sásta leis na gnéithe seo agus lena raibh ar fáil i bpearsa sa tsaotharlann.

Bhronn an Coláiste 15 Ghradam Teagaisc agus Foghlama ar na daoine seo a leanas: an tOllamh Comhlach Miguel Bustamante, an Dr Anthony Cronin, an tOllamh Claire Gormley, an tOllamh

Comhlach Pauline Mellon, an Dr Adamaria Perrotta, an Dr Michael Salter-Townshend, an Dr Joanna Kacprzyk, an Dr Tony Keene, an Dr Gavin McArdle, an tOllamh Comhlach Pavel Gladyshev, an Dr Derek Costello, an tOllamh Keith Murphy, an Dr Craig Slattery, an Dr Sharon Shannon agus an tOllamh Comhlach Brian Vohnsen. Chomh maith leis sin, bronnadh duais leibhéal na hOllscoile Teagaisc agus Foghlama ar an Dr Anthony Cronin.

## Earcaíocht na Mac Léinn

Lean na cúrsaí san Eolaíocht (DN200), sa Ríomheolaíocht (DN201) agus san Eolaíocht Achtúireach agus Airgeadais (DN230) de chohórt de mhic léinn iontacha ó chúlraí éagsúla a mhealladh fós i mí Mheán Fómhair 2020. Léiríonn méadú sna roghanna thar na cúrsaí ar fad i mí Iúil 2021 an tsuim leanúnach atá ag mic léinn ina bheith ag déanamh staidéar i gcéimeanna ETIM. Tharraing an príomhchúrsa coiteann iontrála san Eolaíocht (DN200) an líon is mó de chéadroghanna ag UCD arís eile i mí Iúil 2021. Bhí ardú 75% ar an gcúrsa nua idirdhisciplíneach san Inbhuanaitheacht sna chéadroghanna i gcomparáid le 2020.

I ngeall ar intéirneachtaí agus socrúcháin ghairmiúla a thabhairt isteach, tugadh deiseanna uathúla dár gcuid mac léinn a gcuid eolais ón seomra ranga a chur i bhfeidhm i láthair ghnó nó thaighde. Tá an bheirt bhainisteoir intéirneachtaí ag obair faoi láthair le breis agus 450 fostóir agus chuir siad 265 fochéime agus mac léinn iarchéime múinte ar socrúchán don bhliain acadúil 2020/21.

## Rannpháirtíocht a Leathnú

Oibríonn an Coláiste go dlúth le Rochtain agus Foghlaim ar feadh an tSaoil UCD fós chun an rannpháirtíocht a leathnú thar raon iomlán bhunchéimeanna an Choláiste. Léiríonn sonraí le gairid go dtéann 37% de mhic léinn sa Ríomheolaíocht, 35% de mhic léinn Eolaíochta agus 12% de mhic léinn BAFS chun staidéar in UCD trí bhealach Rannpháirtíocht a Leathnú. Thug scéim nua scoláireachta Cothrom na Féinne tacaíocht do leathnú rannpháirtíochta laistigh dár gcláir Iarchéime agus cuireadh ocht scoláireacht Iarchéime MSc ar fáil le táille scoilte.

## UCD Explore

I mbliana aistríodh cláir scoile UCD Explore go hardán ar líne. Chruthaíomar réimse leathan d'áiseanna chun tacú le ETIM a fhiosrú sa seomra ranga agus sa bhaile, pleananna ceachta, físeáin agus podchraoltaí san áireamh. Táimid ag súil le leanúint lenár ngníomhaíochtaí fíorúla agus le tosú arís ar ár gcláir bhunscoile dhuine le duine sa ráithe atá le teacht.

## Rannpháirtíocht Dhomhanda

Bhí an tOllamh Jeremy Simpson agus an tOllamh Eleni Mangina i gceannas ar ghníomhaíochtaí rannpháirtíochta domhanda sa Choláiste i mbliana. Mar thoradh ar chúrsaí COVID-19 agus na srianta taistil bainte leis, bhí i bhfad níos lú gníomhaíochtaí intíre ann ná mar a bhíonn de ghnáth. Ina ainneoin sin, thapaigh an Coláiste an deis chun bheith ag caidreamh le cohórt níos forleithne de pháirtithe agus de mhic léinn ar fud an domhain trí réimse ardán ar líne a úsáid. Bhí an Coláiste páirteach i roinnt aonach earcaíochta fíorúil sa tSín, in India agus i Meiriceá Thuaidh, agus tugadh léachtaí ar líne d'ardscoileanna i roinnt tíortha. Ghlacamar an deis, freisin, le hidirghníomhú le príomhpháirtithe ag Fóram Comhpháirtíochtaí UCD a bhí ar siúl i mí Aibreáin agus a thug deis iontach dúinn smaointe nua don bhliain a bhí le teacht a fhorbairt. I measc na mbuaicphointí ar leith a bhí ann, bhí siompóisiam UCD-BJUT, chomh maith le chéad scoil samhraidh an Choláiste a bhí ar fad ar líne dar teideal 'Empowering tomorrow's leaders with programming skills', do ghrúpa mac léinn an-bhríomhar ag Delhi Public School, Deilí Nua, an India. Mar gheall ar an rath a bhí air seo, d'fhorbair an Coláiste scoil samhraidh cosúil leis i réimse na hinbhuanaitheachta, topaic eile an-tábhachtach ina bhfuil suim ag méadú ar fud an domhain. Táthar ag súil le go reáchtálfar na himeachtaí seo ar bhonn bliantúil amach anseo.

**265**

intéirneacht fhochéime agus iarchéime mhúinte do mhic léinn agus socrúchán gairmiúil socraithe don bhliain acadúil 2020/21

## Taighde agus Tionchar

Ba bhliain an-rathúil í ó thaobh cistiú a ghnóthú do thionscadail ata á dtreorú ag cuibhreannais. Ar na buaicphointí maidir le dámhachtainí suntasacha bhí:

- Scoil na nDomhaneolaíochtaí UCD: Gheobhaidh Ionad Taighde Fhondúireacht Eolaíochta Éireann iCRAG le haghaidh Geo-eolaíochtaí Feidhmeacha atá faoi stiúir an Ollaimh Murray Hitzman, Scoil na nDomhaneolaíochtaí UCD, €28 milliún ó Fhondúireacht Eolaíochta Éireann thar na sé bliana amach romhainn chun 130+ post taighde agus tacaíochta a chruthú ar fud ocht nInstitiúid Ardoideachais.
- Scoil na Bitheolaíochta agus na hEolaíochta Comhshaoil UCD: €1.2 milliún ó Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa don Ollamh Fiona Doohan don tionscadal dar teideal 'Healthy Oats'.
- Scoil na hEolaíochta Bithmhóilíní agus Bithleighis UCD: €2 mhilliún ó Fhondúireacht Eolaíochta Éireann don Ollamh William Gallagher don tionscadal dar teideal 'National Preclinical Imaging Centre'. €1.3 milliún ó Fhondúireacht Eolaíochta Éireann don Ollamh Geraldine Butler don tionscadal dar teideal 'Effect of Genome Diversity on Antifungal Drug Resistance in the Human Pathogen Candida parapsilosis'. €1.5 milliún ó Fhondúireacht Eolaíochta Éireann (Duais Nuálaí na Todhchaí 2021) don Ollamh Kevin O'Connor don tionscadal dar teideal 'Farm Zero C: Creating a Carbon-neutral Resilient Dairy Farm – Phase 2'. €1.2 milliún ó Fhís 2020 don Ollamh Kevin O'Connor don tionscadal dar teideal 'Developing Talent for Bio-Based Industries of Europe'.
- Scoil na Ríomheolaíochta UCD: €1 mhilliún ó Fhiontraíocht Éireann don Dr David John Lillis don tionscadal dar teideal 'Trained AI Platform for Regulation'.
- Scoil na Fisice UCD: €1.1 milliún ó Fhondúireacht Eolaíochta Éireann don Ollamh Comhlach Emma Sokell don tionscadal dar teideal 'Nanoimaging and Spectroscopy Enabling Brilliant Tuneable Laboratory-scale X-ray Source Technology'.

Lena chois sin, d'éirigh go fíormhaith le comhpháirtíochtaí taighde an Choláiste leis an gCiste Nuálaíochta um Theicneolaíochtaí Bunathraitheacha. Is iad na tionscadail ar éirigh leo cistiú a fháil ná:

- CAMEO (€6.4 milliún) trí Ionad um Spástaighde UCD. Tá an cuibhreannas seo faoi stiúir an Ollaimh Gregory O'Hare, Scoil na Ríomheolaíochta UCD.
- E-Crop (€1.5 milliún) chun obair a dhéanamh ar theicneolaíochtaí nuálacha talmhaíochta. Tá an cuibhreannas seo faoi stiúir an Ollaimh Fiona Doohan, Scoil na Bitheolaíochta agus na hEolaíochta Comhshaoil UCD.
- iPATH-CAN (€3 mhilliún) le huirlis IS a fhorbairt chun othair ailse cíche agus próstataigh a bhfuil galar luathchéime orthu a shainaithint.

## Struchtúr an Choláiste

**An Comhollamh Tara McMorrow**
Déan Comhlach na hEolaíochta

**An tOllamh Comhlach James Sullivan**
An Leas-Phríomhoide um Theagasc agus Foghlaim

**An Dr Antoinette Perry**
Leas-Phríomhoide um Chomhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú

**An tOllamh Jeremy Simpson**
Leas-Phríomhoide Idirnáisiúnta

**An tOllamh Eleni Mangina**
Leas-Phríomhoide Cúnta Idirnáisiúnta

**An tOllamh Gareth Redmond**
Leas-Phríomhoide um Thaighde agus Nuálaíocht

**An tOllamh Comhlach Carl Ng**
Déan Comhlach um Staidéar Thar Lear

**An tOllamh Comhlach Siobhán McClean**
An Déan Comhlach um Leathnú Rannpháirtíochta

**An tOllamh Comhlach Paul McCabe**
An Leas-Phríomhoide Staidéir Iarchéime

### Tá seacht scoil i gColáiste na hEolaíochta:

**An tOllamh Comhlach Evelyn Doyle**
Ceann na Scoile, Scoil na Bitheolaíochta agus na hEolaíochta Comhshaoil UCD

**An tOllamh Wim Meijer**
Ceann na Scoile, Scoil na hEolaíochta Bithmhóilíní agus Bithleighis UCD




Cainteoirí roghnaithe ó shraith Zoom for Thought de chuid Institiúid um Fhionnachtain UCD.

Tá an cuibhreannas seo faoi stiúir an Ollaimh William Gallagher, Scoil na hEolaíochta Bithmhóilíní agus Bithleighis UCD.

- CHANNEL (€1.9 milliún) chun ardán bogearraí a fhorbairt chun tréithe caighdeáin céadfach daonna a bhaineann le táirgí bia a thuar ó thaobh tairbhí don bhlás agus don tsláinte. Tá an Dr Ricardo Simon Carbajo, Scoil na Ríomheolaíochta UCD sa chuibhreannas seo.

Bronnadh gradaim ar roinnt ball foirne teagaisc ina réimse saineolais:

- Bronnadh ballraíocht iomlán den ghrúpa mór le rá 'University Based Institutes of Advanced Study' (UBIAS) ar an Institiúid um Fhionnachtain UCD, atá faoi stiúir an Ollaimh Patricia Maguire, Scoil na hEolaíochta Bithmhóilíní agus Bithleighis UCD. Is líonra idirnáisiúnta é seo a chuireann cultúr an taighde acadúil idirdhisciplíneach atá nuálach, thar barr agus idirnáisiúnta chun cinn.
- Ainmníodh an tOllamh Kenneth Dawson, Scoil na Ceimice UCD, i measc na dtaighdeoirí is mó tionchair ar domhan (sa chéad 1% de na taighdeoirí is mó a luadh ina réimse féin) sa tuarascáil Highly Cited Researchers is déanaí.
- Toghadh an tOllamh Geraldine Butler, Scoil na hEolaíochta Bithmhóilíní agus Bithleighis UCD mar Chomhalta de American Society for Microbiology mar gheall ar a héachtaí eolaíochta agus don mhéid a rinne sí go ceannródaíoch a chuir an mhicribhitheolaíocht chun cinn.
- Ba é an tOllamh Declan Gilheany, Scoil na Ceimice UCD buaiteoir 2020 de Ghradam Bliantúil Institute of Chemistry of Ireland, atá ar na gradaim is mó in Éirinn dóibh siúd atá ag obair sa réimse.

### Nuálaíocht

- Bunaíodh Cerebro R&D Ltd, mac-chuideachta nua UCD a bhunaigh an tOllamh Keith Murphy agus an tOllamh Comhlach John Crean, Scoil na hEolaíochta Bithmhóilíní agus Bithleighis UCD agus an Dr James Linden, chun cuir chuige phearsanta leighis a fhorbairt don mheabhairshláinte bunaithe ar shamhlacha dílseánaigh de mhionorgáin inchinne.
- Bunaíodh TOAD R&D Ltd (t/a Alvarius Pharma Ltd), mac-chuideachta nua UCD a bhunaigh an tOllamh Keith Murphy, Scoil na hEolaíochta Bithmhóilíní agus Bithleighis UCD, an tOllamh David Nutt agus an Dr James Linden, chun úsáid ábhar sícideileach a fhorbairt mar chóir leighis do neamhoird mheabhracha.
- Tá teicneolaíocht bhunathraitheach ardáin athraithe mhóilínigh forbartha ag an Dr Donal MacKernan, Scoil na Fisice UCD agus tugadh ceadúnas di do Fionnachtain Inc, cuideachta ata cláraithe i SAM agus atá aitheanta mar mhac-chuideachta UCD, agus túsfheidhm na teicneolaíochta mar dhiagnóisic leighis ag an láthair chúraim do COVID-19 agus don fhliú.

Joe Carthy

**An tOllamh Joe Carthy**
Príomhoide an Choláiste agus Déan na hEolaíochta

## Struchtúr an Choláiste

**An tOllamh Comhlach Michael Casey**
Ceann na Scoile, Scoil na Ceimice UCD

**An tOllamh Comhlach Chris Bleakley**
Ceann na Scoile, Scoil na Ríomheolaíochta UCD

**An tOllamh Comhlach Patrick Orr**
Ceann na Scoile, Scoil na nDomhaneolaíochtaí UCD

**An tOllamh Comhlach Edward Cox**
Ceann na Scoile, Scoil na Matamaitice agus na Staitisticí UCD

**An tOllamh Martin Grunewald**
Ceann na Scoile, Scoil na Fisice UCD

Amhail an 1 Meán Fómhair 2020

# Teachtaireacht ón bPríomhoide Nua



Is mór an phribhléid agus onóir dom glacadh le ról Phríomhoide an Choláiste agus Déan na hEolaíochta. Bhí ceannaireacht den scoth ag Coláiste na hEolaíochta UCD le deich mbliana anuas faoi stiúir an Ollaimh Joe Carthy, agus tá sé fóirsteanach aitheantas a thabhairt dá cheannaireacht thar barr le linn na tréimhse seo. Tá athrú as cuimse tagtha ar an gColáiste, go háirithe le forbairt Ionad Eolaíochta Uí Bhriain, foirgneamh íocónach ar champas Belfield a bhfuil athrú ó bhonn tagtha ar ár gcumas oideachais agus taighde dá bharr. Chomh maith leis sin, rinne an tOllamh Carthy an Coláiste a stiúradh tríd an gcur isteach a tháinig le COVID-19. In ainneoin an dúshláin áirithe seo, rinne sé maoirseacht ar nuálaíocht maidir le soláthar ár gcuid clár agus rinne sé cinnte de gur leanadh ar aghaidh le gníomhaíochtaí taighde riachtanacha.

Tá an Coláiste ag tosú anois ar thréimhse an-chorraitheach, go háirithe de bharr go bhfuilimid anois ar chéim chun tosaigh pleanála maidir lenár mbonneagar fisiciúil a fhorbairt. Cé go mbeidh cur isteach gearrthéarmach ann, déanfaidh athsholáthar na bhfoirgneamh sa Lárionad Eolaíochta, arbh iad na foirgnimh is sine san Ollscoil, cinnte de go mbeidh an Coláiste in ann dul i ngleic leis na ndúshláin amach romhainn. Thaispeáin an phaindéim cé chomh tábhachtach is atá an eolaíocht agus a cuid disciplíní sa tsochaí i gcoitinne, agus i ngeall ar an cnuasach uathúil Scoileanna, Institiúidí agus Ionad atá mar pháirt den Choláiste ba cheart go mbeimid in ann dul i ngleic le dúshláin den sórt sin.

Tá ár bhfoireann teagaisc, baill foirne agus mic léinn i gcroílár an Choláiste, agus beidh sé ríthábhachtach go dtabharfar gach deis dóibh i gcomhair tuilleadh forbartha agus na hacmhainní chun barr a gcumais a bhaint amach. Ag dul chun tosaigh, ba mhaith linn a chinntiú go bhfuil cuimsitheacht i gcroílár gach rud a dhéanaimid, agus go leanfar le forbairt Choláiste na hEolaíochta UCD ó thaobh na láithreachta domhanda agus a chlú. Tá mé ag tnúth go mór leis an gColáiste a threorú tríd an gcéad tréimhse eile seo d'fhionnachtain.



**An tOllamh Jeremy C Simpson**
Príomhoide an Choláiste / Déan na hEolaíochta

**5,165** Líon iomlán na mac léinn in Éirinn

**3,332** Mic léinn ar fochéimithe iad (coibhéis lánaimseartha)

**1,833** Mic léinn iarchéime (coibhéis lánaimseartha)

**466** Líon iomlán na mac léinn thar lear

**654** Foireann iomlán

Acadúil: 259
Taighdeoir: 148
Tacaíochta/Gairmiúil: 247

**€51,658,370** de Dhámhachtainí Taighde



Sa phictiúr ag seoladh an Chláir Oiliúna Ar Líne Náisiúnta um Chúntóirí Riachtanas Speisialta tá (ó chlé go deas): Joe Hayes, Cathaoirleach, an Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta, an tAire Stáit um Oideachas Speisialta agus Cuimsiú, Josepha Madigan TD agus an tOllamh Colin Scott, Coláiste na hEolaíochtaí Sóisialta agus an Dlí.

# COLÁISTE NA nEOLAÍOCHTAÍ SÓISIALTA AGUS AN DLÍ



**An tOllamh Colin Scott**
Príomhoide an Choláiste agus Déan na nEolaíochtaí Sóisialta

D'éirigh go geal lenár bhfoireann teagaisc agus baill foirne dul i ngleic leis na ndúshláin a bhain le COVID-19 le bliain anuas agus thapaigh siad deiseanna chun feabhas a chur ar theagasc agus taighde idirdhisciplíneach.

Cuireann na héachtaí seo le stádas na n-eolaíochtaí sóisialta agus disciplíní gaolmhara ag UCD, ag cur ar fáil an t-eolas agus na scileanna chun tuiscint níos fearr a fháil ar dhúshláin mhóra shochaíocha agus dul i ngleic leo. Tugadh aitheantas don Choláiste in QS World Rankings 2021 agus an Bhainistíocht Leabharlainne agus Faisnéise áirithe ar na 50 is fearr ar domhan agus na hábhair seo a leanas áirithe ar na 100 is fearr – Dlí, Polaitíocht agus Léann Idirnáisiúnta, agus Fealsúnacht agus Seandálaíocht. Tá áit bainte amach ag na Scoileanna go léir sa Choláiste i measc na 250 is fearr ar domhan. Lena chois sin, rangaíodh Scoil Dlí Sutherland UCD sa 84ú áit ar domhan do dhlí ag Times Higher Education Ranking 2021.

**€2.7m**
an conradh a fuarthas ón Roinn Oideachais chun clár náisiúnta oiliúna ar líne a bhunú do Chúntóirí Riachtanas Speisialta atá ag obair i scoileanna in Éirinn

## Oideachas agus Eispéireas na Mac Léinn

Chuir an Coláiste fáilte roimh bhreis agus 1,000 mac léinn nua fochéime chuig cláir céime na nEolaíochtaí Sóisialta agus an Dlí agus roimh bhreis agus 1,000 mac léinn chuig ár gcláir mháistreachta iarchéime mhúinte, ár gcláir mháistreachta taighde agus ár gcláir dioplóma iarchéime agus ard-dioplóma. Ba dhíol suntais é go raibh mic léinn ar chlár na nEolaíochtaí Sóisialta ceithre bliana in ann dul ar socrúcháin intéirneachta acadúla nó deiseanna a ghlacadh le staidéar a dhéanamh thar lear. Táimid faoi chomaoin ag na fostaithe ar fad sa ghnó, sa rialtas agus sna hearnálacha neamhbhrabúis a d'óstáil na 50 mac léinn ar éirigh go geal leo ina n-intéirneachtaí.

Fuair Scoil an Oideachais UCD conradh ar luach €2.7 milliún ón Roinn Oideachais chun clár náisiúnta oiliúna ar líne a bhunú do Chúntóirí Riachtanas Speisialta atá ag obair i scoileanna in Éirinn. Is clár ríthábhachtach é seo a chuirfidh oiliúint chéaduaire ar fáil ar bhonn náisiúnta do 3,500 cúntóir riachtanas speisialta sna trí bliana atá le teacht agus ghlac breis agus 1,000 mac léinn páirt sa chúrsa oiliúna anuraidh. D'éirigh le roinnt scoileanna sa Choláiste níos mó ná 100 mac léinn sa bhreis a thabhairt isteach le tosú i mí Eanáir i réimse clár iarchéime mar fhreagairt ar éileamh ón Rialtas.

Sheol Scoil Dlí Sutherland UCD dioplóma gairmiúil ar líne nua in Réiteach Díospóidí (Idirghabháil) le cur leis an ngeilleagar scilbhunaithe a bhfuil forbairt shuntasach ag teacht air. Tá an dioplóma faoi stiúir an Ollaimh Chomhlaigh Brian Hutchinson, i gcomhar le gnólacht nuathionscanta ardoideachais Mediator Academy agus, mar gheall ar leagan amach an chúrsa ar líne, is féidir ionchur a chur isteach ó go leor saineolaithe in Éirinn agus go hidirnáisiúnta.

## Teagasc agus Foghlaim

De réir na riachtanas sláinte poiblí, d'aistrigh ár Scoileanna go foghlaim ar líne, agus lean siad ar aghaidh ag tacú go han-éifeachtach leis na mic léinn ar a dturas foghlama. D'fhorbair an Leas-Phríomhoide don Teagasc agus Foghlaim, an tOllamh Comhlach Niamh Moore-Cherry prótacal don teagasc, foghlaim agus measúnú chun tacú le comhghleacaithe agus lena dtreorú.

Cuireadh an tríú foilseachán Teagaisc agus Foghlama de chuid an Choláiste amach i mbliana: *Shaping the future of Social Sciences Education: Innovation, partnership and enhancement,* ina raibh 13 chás-staidéar d'fheabhas oideachasúil a fuair tacaíocht faoi chistiú Thionscadal Feabhsaithe Foghlama an Fhóraim Náisiúnta, Dámhachtainí an Choláiste um Fhorbairt Churaclaim agus Dámhachtainí Mac Léinn Coláiste ina gComhpháirtithe.

Fuair an Dr Sarah Fulham-McQuillan, Scoil Dlí Sutherland UCD agus an Dr Deirdre McGillicuddy, Scoil an Oideachais UCD Gradaim Teagaisc agus Foghlama Ollscoile a dhéanann ceiliúradh ar éachtaí comhghleacaithe a chuireann go mór le feabhas sa teagasc agus i bhfoghlaim na mac léinn. Bronnadh 11 ghradam ag leibhéal an Choláiste faoi Fheabhas san Oideachas agus dhá cheann eile faoi Éacht Thar na Bearta d'Fhoghlaim Mac Léinn. Bronnadh Gradam an Déin do Staidéir Iarchéime le haghaidh Feabhas sa Stiúrthóireacht Dochtúireachta ar an Ollamh Ian O'Donnell, Scoil Dlí Sutherland UCD, rud a thugann aitheantas ar fheabhas sa stiúrthóireacht taighde do bhall foirne teagaisc acadúla UCD.



Bronnadh Scoláireacht Fulbright ar Grace Oladipo, iarchéime BCL Scoil Dlí Sutherland UCD, chun staidéar a dhéanamh ag University of Notre Dame, Indiana.

## Taighde agus Tionchar

I measc na ndámhachtainí cistithe bhí cúig thionscadal nua Fhís 2020, ceithre acu a fuair cistiú faoi Chláir 'Research Infrastructures' agus an chúigiú ceann agus an ceann is mó ná Comhaltacht Dhomhanda Marie Sklodowska-Curie a bronnadh ar an Ollamh Comhlach Nuala Brady, Scoil na Síceolaíochta UCD as a tionscadal dar teideal 'Body Imagery and Posture Effects in Development and Learning (BIPEDAL)'. Rinneadh 47 Dámhachtain nua de chuid na Comhairle um Thaighde in Éirinn (níos mó ná riamh cheana, a raibh luach €2.69 milliún orthu) a bhuachan in 2020/21. I measc an chistithe ó chomhlachtaí eile bhí sé thionscadal Coláiste a cistíodh faoin nGlaoch Mearfhreagartha COVID-19 ar Chistiú Taighde agus Nuálaíochta de chuid Fhondúireacht Eolaíochta Éireann.

Leanadh le roinnt mhór foilseachán taighde Coláiste a chur amach le hardú 32% i líon na n-aschur taifeadta ag SciVal in 2020/21. Léirítear leis seo fócas méadaithe ar chaighdeán agus ar thionchar na n-aschur foilseachán. Bhí meán 1.42 de Thionchar Lua agus é Ualaithe de réir Réimse ag an gColáiste don tréimhse 2015-2019 agus méadú leanúnach ag baint leis ó 2011.

**Sochaí Dhomhanda Inmharthana a Chruthú:** Ba é Príomhoide an Choláiste, an tOllamh Colin Scott a bhí ina chathaoirleach ar an ngrúpa stiúrtha tionscadail a d'fhoilsigh an chéad Tuarascáil ar Inbhuanaitheacht de chuid na hOllscoile ina leagtar amach clár struchtúrtha a ceapadh chun Spriocanna na Náisiún Aontaithe um Fhorbairt Inbhuanaithe a leabú i ngníomhaíochtaí oideachais, taighde, rialachais agus rannpháirtíochta na hOllscoile. Tá roinnt scoileanna ag cur leis an gcéim nua idirdhisciplíneach BSc san Inbhuanaitheacht atá ag éirí go fíormhaith léi a bhfuil conairí aici sna hEolaíochtaí Sóisialta, i bPolasaí agus Dlí agus sa Ghnó agus Eacnamaíocht. Tá Scoil na Polaitíochta agus Gnóthaí Idirnáisiúnta UCD i gceannas ar MSc idirdhisciplíneach nua san Fhorbairt Inbhuanaithe atá á chur ar fáil ar líne agus a raibh an-tóir air sa chéad bhliain.

**Claochlú a Dhéanamh tríd an Teicneolaíocht Dhigiteach:** Tháinig an tAire Ardoideachais agus Breisoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta Simon Harris TD le chéile le UCD agus le Microsoft chun an chéad Chlár um Polasaí Digiteach na hÉireann a sheoladh. Bunaíodh an clár trí chomhoibriú idir Microsoft agus UCD chun uaillmhian a bhaint amach maidir le cur leis an gcumas i dtaca le polasaí digiteach i measc na hearnála poiblí agus na hearnála príobháidí in Éirinn agus ar fud an Aontais Eorpaigh go ginearálta trí oideachas, taighde agus rannpháirtíocht chéime.

Sheol Scoil na Polaitíochta agus Gnóthaí Idirnáisiúnta UCD 'UCD Connected Politics Lab', mol idirdhisciplíneach do thaighdeoirí a bhaineann úsáid as modhanna ríomhaireachtúla chun staidéar a dhéanamh ar an bpolaitíocht agus ar an tsochaí.

**Domhan Sláintiúil a Fhorbairt:** Le linn phaindéim COVID-19 thacaigh an Coláiste le taighde forleathan idirdhisciplíneach maidir le sláinte agus polasaí sláinte. Lena chois sin, thacaigh an Coláiste le príomhionaid agus príomhghrúpaí taighde, lena n-áirítear Staidéar um Óige agus Fhorbairt Daonna agus Staidéar ar Mhíchumas agus in Institiúid Uí Ghadhra UCD don Pholasaí Poiblí.

## Struchtúr an Choláiste

**An Dr Aideen Quilty**
Déan Comhlach na nEolaíochtaí Sóisialta Fochéime

**An Dr Nuala Brady**
Déan Comhlach na nEolaíochtaí Sóisialta Iarchéime

**An Dr Graham Finlay**
Leas-Phríomhoide le haghaidh Rannpháirtíocht a Leathnú

**An tOllamh Aisling Reynolds-Feighan**
An Leas-Príomhoide um Thaighde, Nuálaíocht agus Tionchar

**An Dr Niamh Moore-Cherry**
An Leas-Phríomhoide um Theagasc agus Foghlaim

**An tOllamh Ben Tonra**
An Leas-Phríomhoide um Rannpháirtíocht Dhomhanda

**An tOllamh Judith Hartford**
Leas-Phríomhoide um Chomhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú

**Tá 11 Scoil i gColáiste na nEolaíochtaí Sóisialta agus an Dlí:**

**An tOllamh Joanna Bruck**
Ceann na Scoile, Scoil na Seandálaíochta UCD

**An tOllamh Ronald Davies**
Ceann na Scoile, Scoil na hEacnamaíochta UCD

**An tOllamh Comhlach William Kinsella**
Ceann na Scoile, Scoil an Oideachais UCD

**An tOllamh Jacky Croke**
Ceann na Scoile, Scoil na Tíreolaíochta UCD

**An tOllamh Eugenia Siapera**
Ceann na Scoile, Scoil an Léinn Eolais agus Cumarsáide UCD

**An Cine Daonna a Chumasú:** Leantar ar aghaidh le haitheantas a thabhairt dár bpobal acadúil ina réimsí saineolais. Áirítear leis sin an tOllamh David Farrell, Scoil na Polaitíochta agus Gnóthaí Idirnáisiúnta UCD a toghadh mar chathaoirleach ar an gCuibhreannas Eorpach um Thaighde Polaitiúil. Is é an chéad Éireannach sa ról sin agus thosaigh sé a théarma oifige trí bliana i mí na Bealtaine 2021. Ceapadh Karen Anderson, Ollamh Comhlach le Polasaí Sóisialta mar Chathaoirleach ar Chomhairle an Léinn Eorpaigh, an phríomheagraíocht scolártha atá dírithe ar thaighde idirdhisciplíneach ar an bpolaitíocht agus ar an tsochaí Eorpach. Ainmníodh an tOllamh le Staidéar Inscne Aisling Swaine, Scoil an Pholasaí Shóisialta, na hOibre Sóisialta agus na Córa Sóisialta UCD ar dhuine de na 100 Duine Is Mó Tionchair maidir le Polasaí Inscne in 2021 de réir liosta Apolitical faoin gcatagóir Foréigin Inscnebhunaithe. Tá teagasc agus taighde Aisling dírithe ar fhoréigean a bhaineann le coinbhleacht in aghaidh na mban, ceartas idirthréimhseach agus polasaí inscne domhanda, le fócas ar fhoréigean a bhaineann le hinscne, agus ar chlár na mban, na síochána agus na slándála. Toghadh an tOllamh Brian O'Connor, Ceann na Scoile, Scoil na Fealsúnachta UCD ar Acadamh Ríoga na hÉireann i mí na Bealtaine 2021, an onóir acadúil is airde in Éirinn. Tá clú idirnáisiúnta bainte amach aige mar gheall ar an méid suntasach a chuir sé le teoiric shóisialta chriticiúil agus stair fealsúnachta na Gearmáine. Ceapadh an tOllamh Oonagh Breen, Scoil Dlí Sutherland UCD ina cathaoirleach ar an Athbhreithniú Neamhspleách ar Rialáil Carthanas i dTuaisceart Éireann agus chuaigh sí isteach i mBord Údarás Rialála Comhlachtaí Tithíochta Ceadaithe.

### Comhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú

Tá ag éirí go geal fós ag an gColáiste le mic léinn a earcú agus tacaíocht a thabhairt dóibh trí chonairí ar leith a ceapadh le rannpháirtíocht a leathnú. Bhí an Coláiste níos réamhghníomhaí, go háirithe, le critéir iontrála do mhic léinn lánfhásta, agus tháinig méadú i líon na mac léinn lánfhásta cláraithe lenár gcláir dá bharr, rud atá difriúil lena bhfuil ag tarlú ar bhonn náisiúnta. Tá ionadaíocht mhaith ag gach cohórt de mhic léinn leathnaithe rannpháirtíochta: tagann 57.8% de mhic léinn Shocheolaíochta agus Pholasaí Sóisialta, 46.3% de mhic léinn Dlí agus 38% de mhic léinn Bsc Eolaíochtaí Sóisialta ó chohórt amháin ar a laghad. As 443 mac léinn a fuair scoláireacht Chothrom na Féinne ag gach leibhéal san Ollscoil, bhí 117 acu ag an gColáiste. Bhí 26 de na 45 mac léinn Ollscoile Tearmainn san Ollscoil ar fad sa Choláiste freisin, agus 9 acu siúd cláraithe i BSocSc sa Pholasaí Sóisialta agus Socheolaíocht.

D'óstáil an tOllamh Judith Harford, Leas-Phríomhoide um Chomhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú Seimineár Gréasáin do Lá Idirnáisiúnta na mBan ina raibh na daoine seo a leanas páirteach: an tOllamh Aisling Swaine,




Sa phictiúr ag seoladh an Chéad Chlár um Polasaí Digiteach na hÉireann: An tOllamh Eugenia Siapera, Ceann na Scoile, Scoil an Léinn Eolais agus Cumarsáide UCD; Caspar Klynge, Leas-Uachtarán le haghaidh Cúrsaí Rialtais Eorpacha, Microsoft Ireland; Cathriona Hallahan, Stiúrthóir Bainistíochta, Microsoft Ireland; agus Simon Harris TD, an tAire Ardoideachais agus Breisoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta.

## Struchtúr an Choláiste

**An tOllamh Imelda Maher**
Ceann na Scoile agus Déan Dlí, Scoil Dlí Sutherland UCD

**An tOllamh Brian O'Connor**
Ceann na Scoile, Scoil na Fealsúnachta UCD

**An tOllamh David Farrell**
Ceann na Scoile, Scoil na Polaitíochta agus Gnóthaí Idirnáisiúnta UCD

**An tOllamh Suzanne Guerin**
Ceann na Scoile, Scoil na Síceolaíochta UCD

**An tOllamh Jim Campbell**
Ceann na Scoile, Scoil an Pholasaí Shóisialta, na hOibre Sóisialta agus na Córa Sóisialta UCD

**An Dr Iarfhlaith Watson**
Ceann na Scoile, Scoil na Socheolaíochta UCD

Amhail an 1 Meán Fómhair 2020

Scoil an Pholasaí Shóisialta, na hOibre Sóisialta agus na Córa Sóisialta; an Dr Emma Penney, mac léinn Rochtana UCD agus comhalta iardhochtúireachta i gColáiste na hOllscoile, Corcaigh, a ndíríonn a taighde ar scríbhneoireacht phobail na mban sa lucht oibre; agus Dyuti Chakravarty, mac léinn dochtúireachta i Scoil na Socheolaíochta UCD a dhéanann staidéar ina cuid taighde ar ghluaiseachtaí na mban ar son féinriar colainne san India agus in Éirinn.

### Pobal agus Rannpháirtíocht

Thosaigh Leas-Phríomhoide an Choláiste le haghaidh Rannpháirtíocht Dhomhanda, an tOllamh Ben Tonra sraith nua de sheimineáir ghréasáin ag díriú ar fhreagrachtaí agus oibleagáidí ollscoileanna domhanda amhail UCD ina rannpháirtíocht dhomhanda. Rinne an chéad cheann acu i mí Aibreáin 2021 scrúdú ar an dóigh inar féidir le UCD cearta an duine agus saoirse acadúil na foirne teagaisc, ball foirne agus mac léinn ar champais sa bhaile agus thar lear a chosaint i mbealach níos fearr. Bhí cainteoirí idirnáisiúnta páirteach san imeacht; an tOllamh Eva Pils, Kings College London; an Dr Sophia Richardson, Human Rights Watch; an Dr Catherine Owen, University of Exeter; an tOllamh Dominic Sachsenmaier, University of Göttingen; agus an tOllamh Alexander Cooley, Columbia University.

Rinne Scoil Dlí Sutherland UCD agus Nasc, an tIonad um Chearta Dídeanaithe agus Imirceach, sraith seimineár gréasáin a chomhóstáil ó Shamhain 2020 go Márta 2021 a rinne anailís ar acmhainneacht na moltaí chun deireadh a chur le córas an tsoláthair dhírigh. Bhí an gníomhaí Owodunni Ola Mustapha, atá ina cónaí i soláthar díreach, ar na daoine a ghlac páirt sa tsraith seimineár. Bhí cainteoirí ann freisin ó eagraíochtaí a dhéanann ionadaíocht ar an tsochaí shibhialta a bhfuil feachtasaíocht déanta acu i gcoinne córas an tsoláthair dhírigh, mar aon le polaiteoirí ón rialtas, polaiteoirí an fhreasúra agus acadóirí ó UCD.

Reáchtáil Ionad UCD um Léann Bunreachtúil sraith de chúig Sheimineár Dlí Phoiblí ar réimse ábhar éagsúil. An tOllamh Eoin Carolan, Scoil Dlí Sutherland UCD a reáchtáil na seimineáir agus i measc na n-aoichainteoirí bhí abhcóidí agus aturnaetha iomráiteacha agus saineolaithe acadúla sa réimse.

Reáchtáil Scoil na Fealsúnachta UCD an ceathrú Gradaim Ógfhealsaimh na hÉireann le tabhairt isteach na catagóire Gradam Idirnáisiúnta a mheall breis agus 200 tionscadal aonair agus grúpa.

Bhí ionadaithe ó Scoil an Oideachais UCD agus Scoil na hEacnamaíochta UCD páirteach arís i mbliana le Gradaim Ógeacnamaí na Bliana a tharraingíonn iarratais ó mhic léinn mheánscoile.



**An tOllamh Colin Scott**
Príomhoide an Choláiste agus Déan na nEolaíochtaí Sóisialta

**5,797** Líon iomlán na mac léinn in Éirinn

**3,485** Mic léinn ar fochéimithe iad (coibhéis lánaimseartha)

**2,312** Mic léinn iarchéime (coibhéis lánaimseartha)

**211** Líon iomlán na mac léinn thar lear

**211**

**372** Foireann iomlán
- Acadúil: 235
- Taighdeoir: 47
- Tacaíochta/Gairmiúil: 90

**€7,583,252** de Dhámhachtainí Taighde



# GRADAIM OLLSCOILE

## Gradaim Alumni UCD 2020

Déantar ceiliúradh ar rath agus éachtaí iontacha alumni UCD ag na Gradaim Alumni Bliantúil UCD agus tugtar aitheantas dá bhfuil bainte amach acu agus déanta acu don tsochaí.



Dalton Philips BA 1990

**Gradam Alumni UCD sna hEalaíona agus sna Daonnachtaí 2020**
Is príomhfheidhmeannach é Dalton ar Údarás Aerfort Bhaile Átha Cliath, comhlacht leathstáit. Chuir sé tús lena ghairm bheatha sa mhiondíol mar bhainisteoir siopa sa Nua-Shéalainn agus chuaigh sé ar aghaidh le bheith ina phríomhfheidhmeannach ar Morrisons, an ceathrú ollmhargadh is mó sa RA. D'oibrigh sé freisin mar phríomhfheidhmeannach ar Brown Thomas.



Mark Pollock MBS 2003

**Gradam Alumni UCD sa Ghnó 2020**
Is taiscéalaí, údar agus cainteoir spreagúil é Mark, a bhí ar an gcéad fhear dall le páirt a ghlacadh i rás go dtí an Pol Theas. Chaill sé radharc na súl sna fichidí luatha. Tháinig pairilis air tar éis dó titim in 2010 agus b'éigean dó a shaol a chur le chéile arís. Tá sé ag obair anois le cabhrú le leigheas a fháil ar an bpairilis. Bhunaigh sé an rás domhanda, Run in the Dark, a aistríodh go himeacht fíorúil in 2020.



Róisín Heneghan BArch 1987

**Gradam Alumni UCD san Innealtóireacht agus san Ailtireacht 2020**
Is ailtire agus dearthóir Éireannach í Róisín agus is comhbhunaitheoir Heneghan Peng Architects í. Bhí sí ar an ngearrliosta do 'Woman Architect of the Year' de chuid Architects' Journal in 2014. Is iomaí gradam atá buaite aici agus i measc a cuid saothar tá Grand Museum of Egypt agus Ionad Cuairteoirí Chlochán an Aifir.



An tOllamh Delia Grace Randolph MVB 1990

**Gradam Alumni UCD sna hEolaíochtaí Sláinte agus Talmhaíochta 2020**
Is Ollamh le Sábháilteacht Bia í Delia ag University of Greenwich. Tá sí cáilithe mar thréidlia, agus d'oibrigh sí san Eagraíocht Dhomhanda um Shláinte Ainmhithe, san Eagraíocht Dhomhanda Sláinte, san Eagraíocht Bhia agus Talmhaíochta agus sa Bhanc Domhanda. Roinneann sí a cuid ama idir an RA agus an Chéinia.



Sally Hayden BCL 2012

**Gradam Alumni UCD sa Dlí 2020**
Is iriseoir agus grianghrafadóir í Sally a bhfuil duaiseanna buaite aici agus faoi láthair tá sí dírithe ar an imirce, ar choimhlint agus ar ghéarchéimeanna daonnúla. Foilsíodh a cuid oibre anseo: The New York Times, The Guardian, Time agus CNN. Thug sí léachtaí roimhe ag London College of Communication agus New York University agus tá meantóireacht déanta aici do Refugee Journalism Project.



Cormac Kilty BSc 1975, PhD 1985

**Gradam Alumni UCD san Eolaíocht 2020**
Is fiontraí bith-theicneolaíochta é Cormac, tá punann infheistíochta bith-theicneolaíochta á bainistiú aige agus tá baint aige le dhá ghrúpa infheistíochta aingil in Éirinn. Ba bhunaitheoir Biotrin é, cuideachta diagnóisice víreolaíochta, agus bunaitheoir Argutus Medical freisin, agus faoi láthair is Ollamh Taca Comhlach sa Leigheas agus sa Cheimic Mhíochaine é ag UCD.




## Sharon Donnery BA 1993, MA 1994

**Gradam Alumni UCD sna hEolaíochtaí Sóisialta 2020**
Is í Sharon Leas-Ghobharnóir Bhanc Ceannais na hÉireann agus tá sí i gceannas ar a sheasmhacht airgeadais, eacnamaíocht agus staidreamh agus stiúrthóireachtaí oibríochtaí airgeadais. Thosaigh sí ag obair i mBanc Ceannais na hÉireann i 1996 mar eacnamaí sa rannóg polasaí airgeadaíochta agus bhí sí ina Gobharnóir gníomhach i 2019.



## Sandra Collins BSc 1991, PhD 1996

**Gradam Alumni UCD sa Taighde, sa Nuálaíocht agus sa Tionchar 2020**
Is í Sandra Stiúrthóir Leabharlann Náisiúnta na hÉireann. D'oibrigh sí mar Stiúrthóir i dTaisclann Dhigiteach na hÉireann ag Acadamh Ríoga na hÉireann agus d'fhorbair sí an bonneagar do chaomhnú digiteach na sonraí cultúrtha agus sóisialta. D'ainmnigh Silicon Republic í mar dhuine de na mná is fearr sa teicneolaíocht.




## Jack McCaffrey MB BCh, BAO 2018

**2020 Gradam Alumni UCD sa Spórt**
Bhí ról lárnach ag Jack i bhfoireann pheil Ghaelach chaithréimeach Bhaile Átha Cliath. Ní sé ach 26 bliain d'aois, agus tá cúig chraobh na hÉireann buaite aige cheana agus d'imir sé ar an bhfoireann a bhuaigh cluiche ceannais na hÉireann cúig huaire, rud nach ndearnadh riamh. Imríonn sé d'fhoireann Chluain Tarbh agus is dochtúir é a bhfuil speisialtóireacht aige sa leigheas péidiatrach.



# CEAPACHÁIN AGUS ARDUITHE CÉIME

## Coinní

### Lán-Ollamh

**An tOllamh Andrew Davies**
Scoil an Leighis

**An tOllamh Niamh Nowlan**
Scoil na hInnealtóireachta Meicniúla agus Ábhar

**An tOllamh Siobhan Mullan**
Scoil an Leighis Tréidliachta

**An tOllamh Nasrine Seraji**
Scoil na hAiltireachta, na Pleanála agus an Pholasaí Comhshaoil

**An tOllamh Fiona Timmins**
Scoil an Altranais, an Chnáimhseachais agus na gCóras Sláinte

**An tOllamh Dimitrios Zevgolis**
Scoil na hInnealtóireachta Meicniúla agus Ábhar

### Ollamh

**An tOllamh Eleni Theodoraki**
Scoil na Sláinte Poiblí, Fisiteiripe agus na hEolaíochta Spóirt

## Arduithe Céime

### Lán-Ollamh

**An tOllamh Gerardine Doyle**
Scoil an Ghnó

**An tOllamh Padraig Dunne**
Scoil na Fisice

**An tOllamh Stephen Gordon**
Scoil an Leighis Tréidliachta

**An tOllamh Claire Gormley**
Scoil na Matamaitice agus na Staitisticí

**An tOllamh Donna Marshall**
Scoil an Ghnó

**An tOllamh Rowland Stout**
Scoil na Fealsúnachta

### Ollamh

**An tOllamh Fionnuala Dillane**
Scoil an Bhéarla, na Drámaíochta agus na Scannánaíochta

**An tOllamh Trudee Fair**
Scoil na Talmhaíochta agus Eolaíocht an Bhia

**An tOllamh Donal Finn**
Scoil na hInnealtóireachta Meicniúla agus Ábhar

**An tOllamh Eileen Gibney**
Scoil na Talmhaíochta agus Eolaíocht an Bhia

**An tOllamh Claire Gormley**
Scoil na Matamaitice agus na Staitisticí

**An tOllamh Jane Grogan**
Scoil an Bhéarla, na Drámaíochta agus na Scannánaíochta

**An tOllamh Thomas Grund**
Scoil na Socheolaíochta

**An tOllamh Alison Hanlon**
Scoil an Leighis Tréidliachta

**An tOllamh Eamonn Jordan**
Scoil an Bhéarla, na Drámaíochta agus na Scannánaíochta

**An tOllamh Steven Loyal**
Scoil na Socheolaíochta

**An tOllamh Bryan Markey**
Scoil an Leighis Tréidliachta

**An tOllamh Colm McLaughlin**
Scoil an Ghnó

**An tOllamh Lisa Ryan**
Scoil na hEacnamaíochta

**An tOllamh Michael Staunton**
Scoil na Staire

**An tOllamh Dominic Zerulla**
Scoil na Fisice



# BAILL FOIRNE AR SCOR

## Gnóthaí Acadúla UCD

### Leabharlann UCD

**Marie Burke**

Le linn a gairme, gairm a mhair 34 bliain, bhí baint ag Marie le próiseas leanúnach an athraithe a d'athraigh Seirbhísí Leabharlainne UCD ó bhonn. Léirigh sí meas, cumarsáid oscailte agus cur chuige diongbháilte ina stíl cheannaireachta, agus thug sí tús áite do riachtanais na n-úsáideoirí leabharlainne ag an ionad, agus í tiomanta chun tacaíocht a thabhairt do bhaill foirne leabharlainne agus forbairt a chothú iontu ag an am céanna. Chuir Marie tús lena gairm mar Leabharlannaí Cúnta i dTaifid Bhibleagrafacha (Meán Fómhair 1986) agus bhog sí chuig an Leabharlann Ailtireachta agus Pleanála, Richview (Deireadh Fómhair 1989 – Aibreán 1993). Chuaigh sí chun cinn go ról mar Leabharlannaí Cúnta i mí Feabhra 2000; d'oibrigh sí mar Leas-Leabharlannaí Gníomhach ó mhí an Mhárta 2008; agus ceapadh mar Chomhstiúrthóir Leabharlainne í i mí Eanáir – mí Dheireadh Fómhair 2009.

Thug Marie treoir in go leor réimsí d'obair leabharlainne – maoin intleachtúil, RGCS, pleanáil airgeadais agus foirne, athstruchtúrú eagraíochta agus glacadh isteach teicneolaíochta nua ina measc. Chonaic sí teacht an uathoibrithe leabharlainne agus chabhraigh sí chun an deis a fhíorú a tháinig le Leabharlann agus Cartlann Fhíorúil na hÉireann um Thaighde, rud a chuir UCD ar an gconair chun áiseanna oidhreachta a roinnt leis an ndomhan. Ina cuid oibre le AD UCD, bhí tuiscint cheart ag Marie ar chothromas agus bhí an-eolas aici ar fheidhmeanna na leabharlainne – eolas a bhain sí úsáid as agus í ag obair le tionscadal na bPost Cosúil UCD.

I rith na paindéime, rinne Marie ionadaíocht don Leabharlann ar an nGrúpa Oibre um Shaoráidí agus Seirbhísí Campais a Athoscailt agus bhí ról lárnach aici, i gcomhar lena comhghleacaithe, ag déanamh cinnte de go raibh leabharlanna UCD sábháilte d'úsáideoirí agus don fhoireann araon. Bhí an-mheas ar Marie ag a comhghleacaithe leabharlainne agus ag a cairde agus comhpháirtithe ar fad ar fud na hOllscoile agus bhí an-mhuinín acu aisti.

**Gisela Byrne**

Tháinig Gisela chuig an bhfoireann in 2002 mar Leabharlannaí ar Dualgas agus freagracht aici as an tseirbhís um thráthnónta agus ar an Satharn. Ina súile, ba dhaoine aonair iad na mic léinn in áit grúpa chomhchoitinn, agus bhí seirbhís na foirne 'clapsholais' cineálta, spreagúil agus foighneach faoina stiúir. Tháinig athrú go luath sna 2000idí ó áiseanna clóbhuailte go háiseanna ar líne, rud a d'athraigh an dóigh ar úsáid mic léinn seirbhísí agus áiseanna na leabharlainne. I rith an aistrithe seo, tháinig taithí Gisela sa teagasc a fuair sí roimhe chun cinn, agus gach idirbheart deisce ina dheis teagaisc. Bhí Gisela i gcónaí ar son na mac léinn. Chreid sí freisin go raibh réiteach ar gach fadhb, agus bhí meas mór ar a cuid réadúlachta agus stuaime seasmhaí. Tá go leor leabharlannaithe ag tús a ngairme faoi chomaoin ag Gisela as a cuid meantóireachta i rith a dtréimhse mar mhic léinn MLIS agus iad ag obair ag deasc Leabharlann James Joyce, mar gur chabhraigh sí leo an bhearna a shárú idir an obair acadúil agus an cur i bhfeidhm. Chuaigh Gisela ar scor i mí an Mhárta 2021.

**Marion Drew**

Thosaigh Marion ag obair leis an bhfoireann pháirtaimseartha tráthnónta agus deiridh seachtaine i Leabharlann James Joyce in 2007

agus bhog sí ina dhiaidh sin chuig leabharlann na Tréidliachta agus leabharlann na Carraige Duibhe. Ba ar mhaithe leis na mic léinn a bhí sí i gcónaí agus thar na blianta chabhraigh sí leo in go leor bealaí gan aird a tharraingt air. Ba chuid lárnach de shéasúr na Nollag é an taispeántas Nollag sa Leabharlann Tréidliachta a rinne sí gach bliain a raibh scoth na ceardaíochta ann. Beidh cuimhne ag go leor mac léinn ar Marion, a d'imigh ar scor i mí Mheán Fómhair 2020, mar gheall ar a cineáltas.

**Anne Foley**
Tháinig Anne chuig foireann Sheirbhísí Urláir na Leabharlainne i 1997 agus bhí ról lárnach aici ag déanamh cinnte de go raibh na leabhair agus na hirisí leabharlainne ar na seilfeanna cearta agus go raibh sé éasca teacht orthu. Bhí sí an-chríochnúil ina cuid oibre agus thuig sí an tábhacht a bhaineann le haga comhlánaithe tapa maidir le hábhair a fhágtar ar ais. B'iontach an t-eolas institiúideach a bhí aici ar bhailiúcháin na leabharlainne, agus a cumas stoc a bhogadh. Chuir sí barr feabhais ar an scil a bhí aici ábhar a bhí caillte, curtha i bhfolach nó curtha ar ais ar an tseilf chontráilte a aimsiú, agus bhíodh sí an-bhródúil nuair a thagadh sí ar ábhar mórúsáide a bhí caillte 'os comhair an dá shúil', comhdaithe go mícheart agus in amanna, aisteach go leor, ar an urlár mícheart agus nuair a chuireadh sí an t-ábhar sin san áit cheart, rud a chuir frustrachas, is dócha, ar an mac léinn a d'imir an cleas seo! Chuaigh Anne ar scor i mí na Bealtaine 2021.

**Stewart McKee**
Tháinig Stewart chuig UCD i mí Eanáir 1983 mar Leabharlannaí Cúnta i Leabharlann James Joyce, nó an Phríomhleabharlann, mar a tugadh uirthi ag an am. Bhog sé chuig Leabharlann Ardán Phort an Iarla i 1986 mar thacaíocht do Scoileanna an Leighis agus na hInnealtóireachta. Nuair a dhún Leabharlann Ardán Phort an Iarla in 2007, bhog Stewart chuig campas UCD agus thosaigh sé ag obair le Foireann na mBailiúchán i Leabharlann James Joyce.

Le linn a chuid ama ag UCD, thacaigh Stewart le haistriú na seirbhísí leabharlainne ó réimse na n-ábhar clóbhuailte amhail catalóga ar chártaí agus irisí clóbhuailte go háiseanna digiteacha ar líne. Mhúin sé catalógú do mhic léinn i Scoil Leabharlainne UCD agus bhí líonra mór de chomhghleacaithe aige ar fud na hinstitiúide. Le blianta beaga anuas bhí sé i gceannas ar thionscadal a raibh ar-rath air chun bailiúchán Leabharlann na Tréidliachta a choimeád agus athnuachan a dhéanamh uirthi – ábhair as dáta a bhaint amach, áiseanna clóbhuailte agus digiteacha nua a chur isteach, agus na saoráidí a fheabhsú do na mic léinn. Cé go ndeachaigh Stewart ar scor i mí an Mheithimh 2021, is ball gníomhach fós é de Chumann Gailf UCD. Airíonn a chairde agus a chomhghleacaithe go mór é.

**Deirdre Ohle**
Thosaigh Deirdre ag obair le Foireann na Saoráidí i Leabharlann James Joyce in 2006 agus bhog sí chuig an bhFoireann Seirbhísí Cliaint i Leabharlann na hEolaíochta Sláinte agus na Tréidliachta in 2016. Seirbhís custaiméirí den scoth a bhí sonrach ar feadh ghairm Dheirdre in UCD agus tuiscint iontach aici ar an gcomhionannas, ar an éagsúlacht agus ar an gcuimsiú. Chaith sí le gach duine lenar bhuail sí le hionbhá agus tuiscint. Chuaigh Deirdre, ball foirne a raibh an-ghean uirthi, ar scor i mí na Samhna 2020.

## Seirbhísí le haghaidh mic léinn

**Stephen Hingerty**
Tháinig Stephen chuig Roinn na dTailte UCD i 1982 mar Fheitheoir Dromchlaí Spóirt. Ceapadh é ag an am céanna agus a osclaíodh Ionad Spóirt UCD, agus bhí air na páirceanna imeartha féir traidisiúnta amuigh a bhainistiú, chomh maith leis na dromchlaí nuashuiteáilte istigh. D'éirigh le Stephen feabhsuithe leanúnacha ar chaighdeán na ndromchlaí imeartha a lárú agus a bhainistiú ar fud an champais agus bhí sé chun tosaigh ar fhorbairtí agus bonneagar nua mar a leathnaíodh úsáid na dromchlaí sintéiseacha agus an tuilsoilsithe agus nuair a rinneadh gnáthrud díobh. Bhí caidreamh láidir ag Stephen lena chomhghleacaithe UCD agus le soláthraithe seirbhísí, agus guíonn siad uile gach sonas air agus é ar scor.

**An Dr Sandra Tighe**
Chuaigh Sandra ar scor óna ról mar Stiúrthóir Leighis ar Shláinte Mac Léinn UCD i mí na Nollag 2020. Le 23 bliain anuas, léirigh sí comhbhá, cúram agus tacaíocht do na mic léinn. Bhí gairm bheatha fhada iontach ag Sandra agus leathnaíodh go suntasach na Seirbhísí Sláinte agus Comhairleoireachta do Mhic Léinn faoina ceannaireacht, rud a d'fhág go bhfuil an tseirbhís seo mar thagarmharc i dtimpeallacht ollscoile na hÉireann.

Chomh maith le cúram ar láthair laethúil DG a sholáthar do mhic léinn, bhí Sandra thar a bheith gníomhach mar thacadóir ar son leas na mac léinn. Bliain in aghaidh bliana, le díograis mhór, chuir sí nascadh feabhsaithe na mac léinn chun cinn; ag déanamh cinnte de go bhfuil pobal na mac léinn páirteach i gcláir oideachais agus feachtais a bhaineann le hábhair mar scagthástálacha sláinte, ionfhabhtuithe gnéas-tarchurtha, cúram frithghiniúnaigh, sláinte na mban, cúram sláinte vacsaínithe agus bainistíocht na ngalar tógálach. Ag tabhairt comhairle agus treoir don iliomad coistí; an tiomantas a bhí aici í gcónaí ná a chinntiú go raibh na torthaí a baineadh amach dírithe ar fholláine na mac léinn.

Bhí tionchar iontach dearfach ag an tiomantas a bhí aici dá ról, ar fholláine na mac léinn, na foirne teagaisc, na mball foirne agus phobal níos leithne UCD. Ba mhaith lena comhghleacaithe agus lena comhpháirtithe an deis seo a ghlacadh le haitheantas agus comhghairdeas a thabhairt do Sandra as a gairm iontach a raibh an-tionchar ag baint léi.

## Seirbhísí Eastáit UCD

**Patrick McCarthy**
Thosaigh Paddy ag obair d'Oifig na bhFoirgneamh (Seirbhísí Eastáit) UCD mar phrintíseach pluiméireachta cothabhála i mí na Samhna 1973. Sannadh ar dtús é don fhoireann chothabhála a bhí ag obair san Fhoirgneamh Ealaíne agus Tráchtála (Áras Newman). Chaith sé tréimhse ghairid, i ndiaidh dó a phrintíseach a chríochnú, ag obair sa Phríomhchoire-theach (Ionad Fuinnimh) agus ina dhiaidh sin bhog sé chuig Foirgnimh na nEolaíochtaí, áit ar chaith sé tréimhse fhada dá sheal ag UCD.

Tá súil ghrinn ag Paddy agus bhí sé an-chríochnúil i ngach rud a rinne sé chun chinntiú go raibh na córais phluiméireachta sna foirgnimh ag feidhmiú go maith agus go héifeachtach. Bhí an-ghean ag a chomhghleacaithe air agus chothaigh sé cairdeas lena lán acu thar na blianta idir na hEastáit agus an pobal UCD i gcoitinne. Ag bualadh leis bheadh aoibh an gháire i gcónaí ar a aghaidh agus é ag plé cúrsaí an lae. Chomh maith lena dhúil san fhoghlaim is fear mór an cheoil é Paddy agus seinnteoir bainseó den scoth, agus bhí an bainseó le cloisteáil in amanna sa cheantar Eolaíochta ag am lóin agus seisiúin as a sheasamh lena chomhghleacaithe ar siúl.

**June O'Connor**
Thosaigh June ag obair le foireann UCD in 2002 agus an Ollscoil ag pleanáil chun Áiteanna Cónaithe Ghleann na Míne a oscailt agus bhí ról lárnach aici ag cur fáilte roimh na mic léinn a bhí ann thar na blianta agus ag idirghníomhú leo. Le roinnt blianta bhí June i gcónaí le feiceáil ag an Deasc Fáiltithe i nGleann na Míne agus bhí an-ghean ag na mic léinn agus na baill foirne uirthi. Bhíodh sí i gcónaí ann le cuidiú nó le tacaíocht a thabhairt, is cuma cé chomh mór nó chomh suarach agus a bhí an cheist, agus chuaigh sí i gcion ar gach duine a raibh caidreamh aige léi.

In 2010 chuir June a scileanna idirphearsanta flaithiúla i bhfeidhm chun cabhrú leis an bhfoireann um Áirithintí Cónaithe cuidiú a thabhairt do mhic léinn le háirithintí ar champais agus le comhairle faoi áiteanna cónaithe amuigh. Bhíodh June i gcónaí ann freisin ag Laethanta Oscailte UCD agus í ag déanamh caidreamh le mic léinn ionchasacha agus a gcuid dteaghlach, agus cinneadh á dhéanamh acu ar na roghanna éagsúla a bhain le cónaí in UCD, agus ag cur ar a suaimhneas iad maidir lena gcuid cinntí.

**Avril Paterson**
Cé go raibh baint aici le UCD roimhe seo, thosaigh Avril ag obair do Copi-Print sa Bhiúró sa Charraig Dhubh i mí an Mheithimh 2009. Sa ról a bhí ag Avril rinne sí a dícheall leis an bhfoireann teagaisc, na baill foirne agus na mic léinn a chabhrú lena riachtanais phriontála agus fhótachóipeála, go háirithe i rith tréimhsí gnóthacha roimh dhátaí tíolactha agus scrúduithe nuair a bheadh móréileamh uirthi. I ndiaidh a tréimhse sa Charraig Dhubh, d'athlonnaigh Avril chuig Biúró Copi-Print in Áras John Henry Newman, áit a lean sí ar aghaidh go díograiseach ina ról go dtí go ndeachaigh sí ar scor an samhradh seo. Tá an-ghean ag a comhghleacaithe agus ag pobal na hOllscoile ar Avril, go háirithe as a cuidiú le riachtanais phriontála agus gach a raibh bainte. Aireoidh an pobal níos leithne í.

**Aidan Grannell**
Mar Stiúrthóir na Seirbhísí Eastáit, bhí Aidan dírithe ní hamháin ar 'rudaí a dhéanamh i gceart, ach freisin, ar na rudaí cearta a dhéanamh' agus chothaigh sé an-fhonn le feabhsú leanúnach, ag dul i bhfeidhm go mór ar gach duine a raibh sé de phribhléid acu obair leis. Lena ardleibhéal díograise agus cíocras feabhsúcháin, bhí Aidan ina cheann feadhna ar fhás agus forbairt in UCD agus sna Seirbhísí Eastáit ar feadh thart ar 30 bliain anuas.

Ag tosú ag obair leis an Ollscoil i 1992, rinne sé athrú ó bhonn, go luath ina thréimhse, ar oibríochtaí an champais trí na foirne Póirtéara agus Slándála a chónascadh agus chuir sé tús le clár nua um bealach iontrála do chéimithe, rud a chuir tús leis na Seirbhísí Campais. Ag léiriú fadbhreathnaitheachta thar barr, bhunaigh sé Painéal Bainisteora Dualgais an Champais agus Seomra um Chéadfhreagairt an Champais ag dréim leis an gcampas 24 uair. Nuair a ghlac sé le post Stiúrthóir na nEastát in 2004, rinne sé maoirseacht ar mhéadú chlú agus tionchar Belfield agus méadú faoi luas an chúraim foirgneamh le hathlonnú áiseanna ó Ardán Phort an Iarla agus Droichead na Dothra chuig Belfield. In 2014 rinne sé maoirseacht ar an gcumasc idir Seirbhísí Tráchtála, Cónaithe agus Fáilteachais agus Foirgnimh agus Seirbhísí UCD chun Seirbhísí Eastát a chruthú. Bhí tuiscint an-mhaith ag Aidan ar an tionchar dearfach a bhain le láthair fearainn páirce Belfield ar a pobal agus bhí sé chun tosaigh ar ghlasú an champais, maidir le cosaint agus forbairt a thírdhreacha agus le húsáid inbhuanaithe a chuid acmhainní.

I ngeall ar chreideamh Aidan deis a chur ar fáil do dhaoine, tá daoine gan áireamh ann ar fud na hOllscoile, in ollscoileanna eile agus thar an domhan corparáideach a bhfuair a dtús féin mar iarchéimithe óga agus gairmithe. Níor bhog sé óna chreideamh seasmhach gur chóir go mbeadh feabhas eispéireas na mac léinn agus forbairt daoine mar threoirphrionsabal againn, luach a mbeidh ag go leor daoine a d'oibrigh leis le tamall fada amach romhainn.

## Acmhainní Daonna UCD

**Michael Flanagan**
Tháinig Michael chuig UCD i 1999 mar Bhainisteoir ar Chaidrimh idir Fostóirí agus Fostaithe tar éis dó bheith ag obair i seirbhísí airgeadais agus leis an bpáipéar nuachta Sunday Tribune.

Bhí ról lárnach aige i bhforbairt réimse na gCaidreamh idir Fostóirí agus Fostaithe, agus níos forleithne, i réimse AD thar na blianta fada a chaith sé ag an Ollscoil. Eisean a d'fhorbair réimse leathan de pholasaithe a bhaineann le fostaíocht agus le comhionannas atá mar chuid lárnach de pholasaithe AD na hOllscoile fós anois. D'oibrigh sé go dlúth le comhghleacaithe ó gach réimse, idir Phríomhoidí Coláiste, Cheannairí Scoile/Ionaid agus fhostaithe aonair agus ionadaithe ceardchumainn i CSTGT, UNITE agus IFUT. Bhí baint ag Michael le réiteach sásúil go leor ceisteanna aonair agus coiteanna agus rinne sé ionadaíocht don Ollscoil ag an gCoimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre (a tugadh an Coimisiúin um Chaidreamh Oibreachais air roimhe seo) agus ag an gCúirt Oibreachais.

Tá an-dúil ag Michael sa léitheoireacht agus is saoithín polaitíochta é (mar a déarfadh sé féin), agus d'fhulaing sé go leor blianta de chrá croí mar dhuine de lucht tacaíochta Learphoill. Le blianta beaga anuas, ta cúrsaí ag gabháil i gceart leo arís dó.

Guíonn a chomhghleacaithe in AD, SIRC agus níos forleithne arís gach rath don am atá le teacht ar Michael, ar a bhean chéile Monica agus ar a mbeirt leanaí fásta.

**Maeve McStay**
Bhí Maeve ina Riarthóir Forbartha Daoine agus Eagraíochta agus chaith sí go leor blianta mar chuid d'fhoireann Acmhainní Daonna UCD sula ndeachaigh sí ar scor i mí Lúnasa 2020.

Thosaigh Maeve ag obair i Scoil na Tíreolaíochta in 2002 ag cabhrú le Tuarascálacha an Aontais Tíreolaíochta a ullmhú agus, ag an am céanna, d'oibrigh sí mar chuid d'fhoireann Iniúchta Comhionannais UCD ag tacú leis an gCoiste Stiúrtha Athbhreithnithe. In 2005, bhog Maeve go dtí an Oifig Chlarúcháin agus d'oibrigh sí le comhghleacaithe in Oifig na Scrúdaithe sular tháinig sí go dtí AD in 2006.

Le breis agus deich mbliana, bhí Maeve freagrach as tacaíocht riaracháin a thabhairt don chatalóg de chúrsaí oiliúna atá ar fáil do gach fostaí UCD agus chabhraigh sí leis na mílte rannphháirtí freastal ar na céadta cúrsaí. Ba bhall foirne an-choinsiasach agus tiomanta ar fad í Maeve, agus bhí a cuid eolais agus taithí ríthábhachtach agus í ag dul i ngleic le hathruithe agus iarratais ag an nóiméad deireanach, athruithe agus iarratais a réitigh sí ar bhealach gairmiúil agus séimh i gcónaí.

Bhíodh ardchaighdeáin ag Maeve ina cuid oibre agus bhí sí díograiseach, freagrúil i ngach gné di. Bhí Maeve an-smaointeach agus tuisceanach lena comhghleacaithe agus thugadh sí tacaíocht do



thionscadail agus imeachtaí nuair a bhí gá léi.

Ba phléisiúr é bheith ag obair le Maeve agus gabhann a comhghleacaithe in AD buíochas léi as na blianta fada oibre den scoth agus guíonn siad gach rath uirthi sna blianta atá le teacht.

**Claire O'Malley**
Ba í Claire an Stiúrthóir um Fhorbairt Daoine agus Éifeachtúlacht Eagraíochta agus chuaigh sí ar scor i mí Dheireadh Fómhair 2020 tar éis di ocht mbliana rathúla a chaitheamh i bhFeidhm AD UCD, áit a raibh roinnt ról sinsearach aici.

Mar stiúrthóir de Pháirtithe AD, d'éirigh go geal le Claire agus samhail Pháirtithe AD, atá daingnithe anois, á cur in áit aici ar fud na heagraíochta, samhail a thug sampla den dóigh a mbeadh na foirne páirtithe curtha i bhfeidhm thar fheidhmeanna tacaíochta eile in UCD. Chothaigh sí caidrimh láidre oibre ar fud na heagraíochta agus bhain sí leas astu siúd go héifeachtach chun torthaí fadtéarmacha a bhaint amach.

Lean sí ar aghaidh chun ról an Stiúrthóra, Forbairt Daoine agus Éifeachtúlacht Eagraíochta a ghlacadh, ról a chuimsigh foghlaim agus forbairt do gach ball inár bpobal, chomh maith le harduithe céime agus grádú. Sa ról seo bhain sí amach roinnt éachtaí ar leith, lena n-áirítear cur i bhfeidhm d'athbhreithniú forbartha agus feidhmíochta ó cheann go ceann, de Chreat na bPost Cosúil agus den Chlár maidir le Méid a shocrú ar Phoist, agus bhí tionchar nach beag ag gach ceann acu in UCD agus ar fud na hearnála ardoideachais.

Ba phléisiúr amach is amach é bheith ag obair le Claire agus mar gheall ar a hionchur agus a cur i bhfeidhm, tá oidhreacht fágtha aici ina diaidh ag UCD. Guíonn comhghleacaithe Claire in AD agus níos forleithne arís gach beannacht uirthi agus ar a teaghlach.

## Taighde, Nuálaíocht agus Tionchar UCD

### NovaUCD

**Jacqueline Boyd Lyons**
Bhí an-bhrón ar chomhghleacaithe Jackie i mí Iúil mar go raibh a gcomhghleacaí iontach ag dul ar scor tar éis di 16 bliana a chaitheamh ag obair ag NovaUCD. Le linn a cuid ama mar Chúntóir Feidhmiúcháin Sinsearach, thug Jackie tacaíocht den scoth do stiúrthóirí NovaUCD (an Dr Pat Frain, an Dr Brendan Cremen agus an Dr Tom Flanagan) agus don Ollamh J Peter Clinch le linn a chuid ama mar Leas-Uachtarán um Nuálaíocht.

Cothaíonn Jackie timpeallacht chairdiúil chroíúil gach áit a dtéann sí. Bhíodh sí i gcónaí réidh le tacaíocht agus cuidiú a thabhairt go díograiseach dá comhghleacaithe agus do na fiontraithe ag NovaUCD agus NexusUCD. Chabhraigh sí le mórimeachtaí a reáchtáil agus a bhainistiú amhail Gradaim Nuálaíochta NovaUCD agus Sárthaispeántas Chlár Luasaire VentureLaunch, rud a chinntigh gur éirigh go geal leis na himeachtaí.

Le linn phaindéim COVID-19, bhí Jackie ina hóstach den scoth ar líne agus d'aistrigh sí gnáthimeachtaí duine le duine go sraith mhéadaithe d'imeachtaí fíorúla ar a raibh an-tóir.

Bhíodh aoibh an gháire ar Jackie i gcónaí agus chuir sí fáilte roimh chliaint agus chuairteoirí ag NovaUCD. Aireofar go mór í agus cuimhneoidh gach duine uirthi a raibh an t-ádh leo bualadh léi nó bheith ag obair léi.

Guímid gach rath agus sonas uirthi agus í ar scor, lena teaghlach agus a cairde.

### Institiúid Uí Ghadhra UCD don Pholasaí Poiblí

**An tOllamh Philip O'Connell**
Thosaigh Philip mar stiúrthóir d'Institiúid Uí Ghadhra UCD don Pholasaí Poiblí in 2013. Roimhe sin bhí ról aige mar Ollamh Taighde agus Ceann an Taighde Sóisialta ag an Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta.

Le linn a chuid ama ag Institiúid Uí Ghadhra, d'éirigh le Philip tionchar na hinstitiúide a mhéadú, maidir le ballraíocht UCD agus maidir le rannpháirtíocht le pobal pholasaí na hÉireann agus na hEorpa, agus go hidirnáisiúnta chomh maith, agus for-rochtain orthu. Léirítear é seo in athrú ainm na hinstitiúide go dtí Institiúid Uí Ghadhra don Pholasaí Poiblí agus an t-ionchorprú go UCD den ardán ar líne Publicpolicy.ie, bonneagar a bhunaigh an Dr Donal de Buitléir agus a chistigh Atlantic Philanthropies roimhe seo. Tá sé mar cuspóir ag Publicpolicy.ie faisnéis neamhspleách a sholáthar chun eolas a dhéanamh do pholasaithe

eacnamaíocha, sóisialta agus comhshaoil agus chun torthaí taighde ábhartha a scaipeadh le déantóirí polasaithe agus le saoránaigh a mbeadh spéis acu ann.

Lena chois seo, faoi stiúir Philip, ceapadh Institiúid Uí Ghadhra mar Chomhordaitheoir Náisiúnta do dhá bhabhta de Shuirbhé Sóisialta na hEorpa in Éirinn in 2018/19 agus 2020/21. Déantar tomhas sa suirbhé ar aigní, creidiúintí agus patrúin iompar i bpobail éagsúla i mbreis agus 30 náisiún agus, mar sin de, tugtar sonraí suirbhé den chaighdeán is airde, atá inchomparáide thar thíortha agus am do thaighdeoirí, do dhéantóirí polasaí agus don phobal.

Chomh maith leis sin, ba é Philip an t-ionadaí Éireannach don Sainghrúpa ECFE ar Imirce, agus leanann a chuid rannpháirtíochta le polasaí poiblí ar aghaidh lena bhallraíocht de Chomhairle Chomhairleach Mhargadh Saothair na hÉireann.

## Coláiste na nEalaíon agus na nDaonnachtaí UCD

### Scoil an Bhéarla, na Drámaíochta agus na Scannánaíochta UCD

**Pat Cooke**

Chuaigh Pat ar scor i mí Mheán Fómhair 2020, i ndiaidh dó bheith ina Stiúrthóir ar an MA sa Pholasaí Cultúrtha agus Bainistíocht Ealaíne ó 2006. Faoina mhaoirseacht tá an clár anois ar cheann de na cláir MA is rathúla agus is mó i gColáiste na nEalaíon agus na nDaonnachtaí. Bhain sé an-úsáid as a chuid saineolais oidhreachta gairmiúil – mar iarstiúrthóir Phríosún Chill Mhaighneann agus Mhúsaem na bPiarsach – ina theagasc agus taighde.

I measc a chuid éachtaí san earnáil músaem, bhí sé ina chathaoirleach ar Chumann Músaem na hÉireann ó 2002-2006, agus ina mheasúnóir don Chlár um Chaighdeáin Músaem in Éirinn de chuid na Comhairle Oidhreachta. Tá sé ar tí stair chuimsitheach ar pholasaí cultúrtha agus stát na hÉireann a fhoilsiú (ag teacht go luath ó Routledge).

**An Dr Finola Cronin**

Tar éis di deireadh a chur lena gairm mar thaibhseoir le Tanztheater Wuppertal de chuid Pina Bausch a bhfuil cáil air go hidirnáisiúnta, thosaigh Finola ar a cuid staidéar iarchéime ag Ionad an Léinn Drámaíochta UCD i 1994. Chuaigh sí ar aghaidh óna bheith ina hEalaíontóir Cónaithe de Chomhairle na nEalaíona go ball foirne lánaimseartha i Léann na Drámaíochta agus í ag teagasc réimse modúl a nasc teoiric agus cleachtas le bua na húrnuachta. I gcomhar leis an Dr Cathy Leeney, bhunaigh Finola MA sa Stiúradh Amharclainne agus d'aistrigh sin go MA sa Chleachtas Amharclainne a cuireadh ar fáil i gcomhar le Gaiety School of Acting. Ba í Finola stiúrthóir an chúrsa le cúig bliana anuas.



Le ceithre bliana anuas, agus díreach sula ndeachaigh sí ar scor, rinne Finola, mar Cheann Ábhair, maoirseacht ar chláir éagsúla an ábhair trí roinnt mhaith athbhreithnithe agus measúnuithe straitéiseacha. Bhí foilseacháin Finola ar Dhamhsa Amharclainne ceannródaíoch tuisceanach agus bhí tionchar mór acu, mar a bhí a hionchuir mar Chomhairleoir Damhsa do Chomhairle na nEalaíona, a cuid oibre a leanann ar aghaidh fós mar chóiréagrafaí agus taibhseoir, agus a cuid rannpháirtíochta ar bhoird, Siamsa Tíre agus Féile Rince Bhaile Átha Cliath ina measc. Luíonn na gníomhaíochtaí seachtracha sin leis na luachanna agus na caighdeáin a leagann Finola amach di féin.

Ba díol suntais é an t-ionchur a bhí ag Finola maidir le folláine, forbairt agus gairmeacha acadúla a cuid mac léinn. Chaith sí méid mór ama ag breathnú ar a cuid mac léinn agus ar aiseolas a thabhairt dóibh, bíodh sin maidir le hobair bheartaithe a bhí idir lámha, gníomhaíochtaí taighde léirithe, nó obair fhochéime nó iarchéime nó obair thráchtais PhD. Mar shampla, reáchtáil Finola Performance Project – léiriú bliantúil a chuir na mic léinn le chéile. Chuir Finola, ó thús an tionscadail, le gearrliostú, le hearcaíocht agus le meantóireacht na mac léinn d'Ad Astra, Performing Arts Academy, agus chuir sí le riarachán, teagasc agus foghlaim na Scoile. Is duine ar leith í Finola agus fágann sí tionchar agus oidhreacht atá uathúil, tábhachtach agus fadtéarmach ina diaidh, agus aireoidh a comhghleacaithe agus a mic léinn araon í agus a cuid ról.

### Scoil na Gaeilge, an Léinn Cheiltigh agus an Bhéaloidis UCD

**An Dr Dewi Evans**

Chuaigh Dewi ar scor i samhradh 2020. Tháinig se chuig UCD mar léachtóir sealadach sa Bhreatnais. Bhí pobal an Léinn Cheiltigh UCD breá sásta nuair a rinneadh tairiscint de phost buan, agus ceapadh é. Ghlac sé leis an bpost le haon choinníoll amháin, ná go dtiocfadh leis bliain shabóideach a ghlacadh láithreach chun post a bhí Comhairle na Breataine ag tairiscint, ag teagasc na Breatnaise i bPatagóin na hAirgintíne, a ghlacadh. Chothaigh sé buanchaidrimh in UCD, go háirithe Liliana, a bhean chéile, a bhain MA sa Spáinnis amach in UCD agus a d'oibrigh sa leabharlann. Tá beirt pháistí ag Dewi agus Liliana, Emrys agus Non.

Bhí a PhD ar scéal béaloidis na hÉireann 'Celfyddyd y chwedl werin wyddeleg: astudiaeth fanwl o'Eochair, Mac Rí in Éirinn' ynghyd â chymariaethau a chwedlau eraill Éamon a Búrc' ó Ollscoil na Breataine Bige, Bangor; rinneadh iniúchadh ar ábhar d'fhonn é a chur i bhfeidhm ar loirg bhéil i litríocht na Breataine Bige Meánaoise. Sa taighde a rinne sé bhí leagan nua de The Welsh Vocabulary of the Bangor District le Fynes-Clinton, chomh maith le saothar faoin scoláire ársaitheora, Edward Lhuyd agus a chuid oibre leis an mBreatnais.

Go luath i ndiaidh dó tosú in UCD fuair sé cistiú le haghaidh an suíomh gréasáin Lexicelt Breatnaise/Gaeilge: www.lexicelt.org/gaeilge.html. Bhí dea-acmhainn ceannaireachta ag Dewi ó thaobh riarachán ollscoile agus bhí a chuid mac léinn an-tugtha dó, go háirithe iad siúd a tháinig ó thíortha eile.

## An Coláiste Gnó UCD

**Déirdre Linehan-O'Brien**
I ndiaidh 39 bliain dhíograiseach in UCD, chuaigh Déirdre, a bhí ina Bhainisteoir ar an gClár Tráchtála Idirnáisiúnta, ar scor i mí na Nollag. I ndiaidh di gairm a bheith aici i Roinn na Gaeilge, Scoil an Leighis agus sa deireadh Scoil an Ghnó ó 1993 ar aghaidh, bhí Deirdre ina hoibrí diongbháilte den Chlár Tráchtála Idirnáisiúnta, ag díriú ar na mic léinn agus na baill foirne bainteach leis i mbealach suaimhneach, cúramach agus smaointeach. Bhíodh Déirdre i gcónaí go mór ar son na mac léinn faoina cúram, agus thugadh sí an-aird go háirithe ar na mic léinn a raibh deacrachtaí acu agus bheadh sí iontach bródúil astu agus céim á baint amach ag na mic léinn seo gach Meán Fómhair.

Le linn a tréimhse ar an gclár, ní raibh teorainn le díograis Déirdre faoi na sochair a bhain le foghlaim teanga agus leis an mbunbhliain staidéir thar lear. Caitheadh go leor uaireanta ag cabhrú le mic léinn fáil réidh don dúshlán a bhaineann leis an mbliain staidéir thar lear agus i bhfad níos mó uaireanta ag cabhrú leo deacrachtaí beaga agus móra a réiteach, idir Shang-hai agus Salamanca!

Lena chois sin, ba chomhghleacaí den chéad scoth í Déirdre agus bhíodh sí i gcónaí réidh lena ciall phraiticiúil, a cineáltas agus a tacaíocht do gach ócáid. Aireoidh gach duine uathu í, go háirithe a comhghleacaithe a d'oibrigh go dlúth léi in Oifig Chláir Quinn.

Guíonn Coláiste an Ghnó gach sonas ar Deirdre agus scor fada, mar aon le go leor ama lena chaitheamh lena teaghlach, agus go leanfaidh sí lena dúil sa cheol agus le Cumann Córúil Mhuire a bhfuil an-ghrá aici dó.

**Helen O'Dowd**
Chuaigh Helen ar scor i mí na Bealtaine 2021 i ndiaidh di bheith ag obair mar fháilteoir ag Scoil Ghnó Iarchéime Michael Smurfit UCD ar feadh breis agus 12 bhliain. Sular tháinig sí go UCD in 2009, chaith Helen an chuid is mó dá gairm ag obair ar son Bhanc na hÉireann. Rinne sí cinnte de i gcónaí gur cuireadh fearadh na fáilte roimh chuairteoirí ar Scoil Smurfit UCD agus go mbíodh sí i gcónaí béasach leo. Is iomaí maidin dhorcha a bheadh aoibh an gháire ar a haghaidh agus í ag cur fáilte roimh na baill foirne agus ba ghnáth léi éisteacht lenár gcuid scéalta agus ár ngearáin! Cuimhneofar go geanúil uirthi as a láíocht, a cairdeas agus a gairmiúlacht.

## Coláiste na hInnealtóireachta agus na hAiltireachta UCD

### Scoil na hInnealtóireachta Leictrí agus Leictreonaí

**Patrick McNally**
Tháinig Pat chuig UCD mar theicneoir i 1984 i ndiaidh dó bheith ag obair do Telectron ó 1976-1983 agus Mostek. Ag an am sin bhí Scoil na hInnealtóireachta Leictrí agus Leictreonaí lonnaithe i Sráid Mhuirfean ach aistríodh go Belfield i 1989 í.

Bhí Pat ar dhuine de na baill foirne a raibh an-mheas orthu agus fuair sé ardú céime mar Oifigeach Sinsearach Teicniúil agus ansin mar Phríomhoifigeach Teicniúil. Is fiú cuimhneamh ar a ionchur leathan. I measc na bpríomhdhualgas a bhí aige bhí: iniúchadh, cothabháil, agus uasghrádú crua-earraí; dearadh agus tógáil trealaimh saotharlainne; cur go gníomhach le seisiúin shaotharlainne na mac léinn (lena n-áirítear suiteáil Saotharlann Meaisín) agus ranganna deartha; tacaíocht do thionscadail na mac léinn ag gach leibhéal; foinsiú agus ceannach; agus bogearraí deartha PCB agus tógáil.

Bhí an-chlú ar fad ar Pat sa scoil as an dóigh ar chaith sé le mic léinn: ag cur fáilte rompu, ag léiriú foighne le mic léinn (agus acadóirí), ag déanamh i bhfad níos mó i gcónaí le cinntiú gur thuig na daoine lena raibh sé ag cuidiú cad é go díreach a bhí ag titim amach.

Mar chuairteoir rialta ar an Spáinn, tá an-dúil ag Pat i ngach rud a bhaineann leis an tír sin. Ar a chuid buanna go léir tá Spáinnis líofa aige agus blas Mhaigh Eo ar a chuid cainte, mar a chuala go leor mac léinn bocht Erasmus. Guímid go leor eachtraí faoin ngrian ar Pat.

### Scoil na hInnealtóireachta Meicniúla agus Ábhar UCD

**An tOllamh Gerry Byrne**
Ceapadh Gerry mar Ollamh agus Cathaoirleach na hInnealtóireachta Meicniúla agus mar Cheann Roinn na hInnealtóireachta Meicniúla i 1993. Ina dhiaidh sin, bhí sé i gceannas ar Choláiste na hInnealtóireachta agus Ailtireachta mar Dhéan na hInnealtóireachta agus Príomhoide an Choláiste. Sular tháinig sé go UCD, bhain sé céim dochtúireachta amach (summa-cum-laude) ó Technical University Berlin agus bhí post sinsearach bainistíochta aige ag an Stiúrthóireacht Chorparáideach um Thaighde agus Forbairt, Daimler-Benz, an Ghearmáin.

Aithnítear ar fud an domhain é mar innealtóir agus taighdeoir céimiúil a bhíonn ar thús cadhnaíochta san innealtóireacht ard-déantúsaíochta. Is Ollamh Oinigh é ag Tianjin University, an tSín, Comhalta Idirnáisiúnta de Royal Academy of Engineering, RA agus Comhalta Idirnáisiúnta de German National Academy of Science and Engineering. Is Comhalta Bunaidh é agus Iar-Uachtarán d'Acadamh Innealtóireachta na hÉireann, Iar-Uachtarán d'Innealtóirí na hÉireann agus Comhalta agus Iar-Uachtarán de International Academy for Production Engineering (CIRP) atá ar thús cadhnaíochta sa domhan. Tá go leor saothar leis foilsithe agus neart gradam aige mar gheall ar a ionchur thar barr agus is faighteoir é den ghradam mór le rá, Taylor Research Medal of the Society of Manufacturing Engineers, USA. Tugadh an Fáinne Órga dó ó German Society of Engineering (VDI) agus tá dochtúireacht oinigh aige mar aitheantas ar a ionchur idirnáisiúnta mar nuálaí san innealtóireacht.

## Coláiste na nEolaíochtaí Talmhaíochta agus Sláinte UCD

### Scoil na Talmhaíochta agus Eolaíocht an Bhia UCD

**An tOllamh Comhlach Mary Forrest**
Tháinig Mary chuig UCD i 1986. Tar éis di oiliúint ghairneoireachta a dhéanamh i nGarraithe Náisiúnta na Lus, bhain sí scoláireacht stáit amach chun staidéar a dhéanamh sa ghairneoireacht in UCD, agus fuair sí céim BAgrSc. Bhí Comhaltacht ceithre bliana aici i nGairdíní Oidhreachta An Taisce agus í ag déanamh 17,500 planda andúchasach i 30 bailiúchán in Éirinn a chatalógú, agus foilsíodh an obair seo faoin teideal *Trees and Shrubs Cultivated in Ireland*. D'oibrigh sí ar feadh trí bliana mar phríomhgharraíodóir i bPáirc Náisiúnta Ghleann Bheatha, Dún na nGall, agus fad agus a bhí sí ann chríochnaigh sí MSc (TCD) sa chaomhnú plandaí andúchasacha in Éirinn. Chaith sí 34 bliain in UCD ina dhiaidh seo.

Ina cuid teagaisc agus taighde, dhírigh Mary ar stair, dearadh agus bainistíocht tírdhreacha, agus táirgeacht duilliúir gearrtha agus bronnadh PhD uirthi mar gheall ar an obair seo. Chuir sí go mór le UCD mar Cheann

Teagaisc agus Foghlama i Scoil na Bitheolaíochta agus na hEolaíochta Comhshaoil, mar Dhéan Comhlach Teagaisc agus Foghlama i Scoil na Talmhaíochta agus Eolaíocht an Bhia, agus mar Cheann Rannóige. Ba í Mary an comhordaitheoir acadúil ar an gclár 2+2 i gColáiste Eolaíochtaí Beatha na Síne Theas in Guangzhou, an tSín, áit a ndeachaigh sí gach bliain le dianmhodúil seachtaine a sholáthar agus ba ambasadóir iontach í do UCD. Bhronn York St John University MA sa Spioradáltacht Chairmilíteach uirthi cúpla bliain ó shin. Tá Mary ag leanúint ar aghaidh lena cuid taighde ar an ngairneoireacht go luath sa 20ú aois agus í ar scor.

**An tOllamh Comhlach Alan Hunter**

Tháinig Alan go UCD i 1973 mar theicneolaí i stáisiún Ghort na Sceiche, tar éis dó staidéar a dhéanamh ar an ngairneoireacht i nGarraithe Náisiúnta na Lus. Bhain sé BSc sa Ghairneoireacht amach ansin agus PhD sa Bhith-theicneolaíocht Plandaí, mar aon le Comhaltacht Iardhochtúireachta ag University of California Davis ina dhiaidh sin. Dá éis sin bhain sé Dioplóma Gairmiúil sa Teagasc agus Foghlaim Ollscoile amach. Dhírigh sé ina chuid teagaisc ar scraith spóirt, táirgeadh stoic plandlainne, gairneoireacht mhiondíola agus bith-theicneolaíocht plandaí. Dhírigh sé go príomha ina chuid taighde ar chothú scraithe don scraith spóirt agus ar ról na mbithspreagthach i mbainistíocht scraithe, agus i stoc plandlainne ar straitéisí uiscithe. Tá maoirseacht déanta aige ar go leor mac léinn MSc agus PhD. Ba scrúdaitheoir seachtrach é in Éirinn agus thar lear, ba bhall de bhord eagarthóireachta trí iris éagsúla é, d'eagraigh sé roinnt siompóisiam de chuid Chumann Idirnáisiúnta na hEolaíochta Gairneoireachta agus ba leaschathaoirleach é ar choimisiún an chumainn ar Oideachas, Taighde, Oiliúint agus Sainchomhairleoireacht.

Chuir Alan go mór le UCD trí na scrúduithe a reáchtáil ag an RDS ar feadh roinnt mhaith blianta. Do mhic léinn, ba é Alan 'Fear na Scrúdaithe san RDS'. I measc na rudaí a dúirt sé leis na mic léinn, más fíor, tá: "Come on now lads, sit down. I know the craic is great but there's an exam to do", agus "If you are in the toilet for more than 5 minutes, we will contact the nurse". Bhí sé in ann na mic léinn a shocrú agus ag an am céanna iontaofacht na scrúduithe a choinneáil. Beidh cuimhní ceanúla ar Alan ag mic léinn a rinne scrúduithe san RDS, mar a bheidh ag a chomhghleacaithe ar fad.

**Eamon Power**

Chuaigh Eamon ar scor óna ról mar Oifigeach Sinsearach Teicniúil i mí Dheireadh Fómhair 2021, tar éis 48 bliain de sheirbhís chéimiúil do thaighde agus teagasc Cheimic na Talmhaíochta, na hIthireolaíochta agus an Bhia in UCD. Chuir sé tús lena ghairm ag UCD ar an 30 Aibreán 1973 mar theicneolaí faoi oiliúint i nDámh na Talmhaíochta ag Coláiste Albert, Glas Naíon. Ag an am d'oibrigh sé leis na dochtúirí nach maireann, an Dr John-Estrange, an Dr John Clarke agus an Dr Denis Cronin agus leis an Ollamh Desmond McAleese a bhí ina Cheann ar Cheimic na Talmhaíochta agus ar Ithireolaíocht an tráth úd. Nuair a bhog Dámh na Talmhaíochta chuig Belfield i 1979, lean Eamon ar aghaidh lena chuid oibre ar Cheimic na Talmhaíochta agus Cothú i gcomhar leis an Dr Desmond Morgan.

Bhí an-éileamh ar scileanna agus taithí leathan Eamon i dteicnící saotharlainne agus in anailís chomhdhéanaimh nuair a bunaíodh Roinn na hEolaíochta Bia faoi stiúir an Ollaimh Brian McKenna i 1993. Go dtí go ndeachaigh sé ar scor, ba é Eamon an duine a ndeachaigh fochéimí, mic léinn iarchéime agus taighdeoirí iardhochtúireachta chuige, a bhí ag brath ar a chuid saineolais agus ar an oiliúint den scoth a chuir sé ar fáil. Bhíodh sé i gcónaí sásta cabhrú, agus roinn sé a chuid saineolais go cairdiúil, cuidiúil, croíúil le go leor daoine i gcaitheamh a ghairme fada, agus beidh cuimhne cheanúil air mar gheall air.

Bhí baint lárnach ag Eamon le roinnt mhaith ranganna praiticiúla fochéime a chur ar fáil thar na blianta, agus i measc na cinn ba dhéanaí bhí Ceimic an Bhia, Bunanailís Bhia, Forbairt Táirge Bia agus Anailís Chéadfach. Ba bhunchlocha de go leor cúrsaí iad na ranganna seo, a bhí mar bhonn faoi oiliúint agus eolas na gcéimithe in Eolaíocht an Bhia, Cothú agus Eolaíocht na Talmhaíochta le blianta fada. Aireoidh a chomhghleacaithe go mór é agus guíonn siad gach rath air agus é ar scor.

## Scoil an Altranais, an Chnáimhseachais agus na gCóras Sláinte UCD

**Peter Donnelly**

Tháinig Peter go UCD in 2015 tar éis gairm iontach a bheith aige i seirbhísí cliniciúla agus forbairt an chleachtais altranais. Agus MSc aige san Fhaisnéisíocht Cúraim Sláinte, chabhraigh Peter le taifead leictreonach cúraim sláinte a bhunú i seirbhísí comhpháirtíochta agus thacaigh sé le haistriú an BSc ón ospidéal go dtí an láithreán ollscoile go luath sna 2000idí. Mar stiúrthóir cláir an BSc in Altranas Meabhairshláinte, léirigh Peter ceannaireacht iontach i rith tréimhse fáis maidir le coibhéis mac léinn lánaimseartha. Bhí ról gníomhach aige ar roinnt coistí Scoile; bhí sé ina chathaoirleach ar an Ghrúpa Oibre um Chláir Chlárúcháin, chomh maith le coistí eile freisin. Bhí Peter nuálach agus bhí foilseacháin aige i dteagasc agus foghlaim fad agus a bhí sé ag tacú le mic léinn agus le comhghleacaithe i rith na paindéime. Chuaigh sé ar scor i mí Feabhra 2021.

**An tOllamh Gerard Fealy**

Chuaigh Gerard ar scor i ndiaidh gairm shuntasach fada ag Scoil an Altranais, an Chnáimhseachais agus na gCóras Sláinte UCD. Tháinig Gerard chuig UCD i 1997, i ndiaidh dó bheith ina Phríomhtheagascóir ag Ospidéal Mhuire Lourdes, Droichead Átha. Agus taithí aige in altranas dianchúraim ag Ospidéal San Séamas, bhain sé amach a bhunchéim san altranas ag UCD i 1989. Bhain sé amach Máistreacht san Oideachas (MEd) (1995) agus PhD san Oideachas (2003) ag UCD freisin. Bhí róil thábhachtacha cheannaireachta aige ag a Scoil, lena n-áirítear Ollamh Altranais UCD agus bhí sé mar Dhéan an Altranais agus Ceann na Scoile ó 2016 go dtí go ndeachaigh sé ar scor.

Le linn gairme 45 bliain, bhí Gerard i gceannas ar fhorbairtí tábhachtacha san oideachas agus taighde altranais, lena n-áirítear na ceithre phríomhábhar fhochéime san altranas agus cnáimhseachas a tugadh isteach ag UCD. Bhí ról suntasach aige freisin maidir le polasaí taighde agus rannpháirtíochta domhanda a fhorbairt ag a Scoil agus bhí sé i gceannas ar chláir thaighde i ngeirinteolaíocht shóisialta, stair altranais agus polasaí altranais. Bhí Gerard ina theagascóir tiomanta, thug sé a raibh aige
do UCD, agus é ar roinnt coistí agus bord Ollscoile. Guíonn mic léinn agus comhghleacaithe Gerard scor fada sona agus torthúil air.

**An Dr Breeda Howley**

Sula ndeachaigh sí ar scor bhí Breeda ar an gcomhalta is faide seirbhíse ar fhoireann teagaisc na Scoile; thosaigh sí ag obair in UCD i 1993 nuair a bhí an Scoil lonnaithe ag Ardán Phort an Iarla. Theagasc sí ar an gclár céime altranais d'fhochéimithe, mar a bhí sé ansin, rud a forbraíodh d'altraí agus do chnáimhseacha ar oileadh iad sa tsamhail phrintíseachta. Theagasc Breda freisin ar an gclár máistreachta sa Scoil, áit ar roinn sí a saineolas suntasach maidir le feabhsú caighdeáin agus sábháilteacht othair le mic léinn ó láithreacha agus cúlraí cliniciúla éagsúla.

B'oideoir spreagúil í Breeda ar feadh a gairme, a raibh am aici i gcónaí dá mic léinn agus a raibh an-tóir uirthi mar mhúinteoir go dtí am a scoir.

**An Dr Sinead O'Toole**
Tháinig Sinead chuig UCD i 1995, tar éis di obair a dhéanamh mar altra in Éirinn agus san Astráil. Rinne sí staidéar ar shíceolaíocht agus, ar feadh a gairme bheatha ag an Scoil, bhí sí tiomanta d'eolas síceolaíochta na n-altraí agus na gcnáimhseach a fhorbairt d'fhonn a gcuid oibre a fheabhsú agus iad ag soláthar cúraim iomlánaíche. Bhí roinnt mhaith dá cuid ama dírithe ar thacaíocht a thabhairt do scileanna cumarsáide na mac léinn altranais agus cnáimhseachais a fhorbairt ag leibhéal fochéime.

Ag leibhéal iarchéime bhain Sinead úsáid as a saineolas chun tuiscint ar an tionchar síceolaíoch a mbíonn ag tinneas ainsealach ar dhaoine agus an dóigh arbh fhéidir dul i ngleic leis a fheabhsú.

Bhíodh sí i gcónaí ag labhairt ar son na mac léinn agus bhí an-tóir uirthi ag na mic léinn uile a mhúin sí.

**An Dr Ann Sheridan**
Tháinig Ann chuig UCD in 2004, i ndiaidh di obair a dhéanamh mar Phríomhoideoir Altraí in Ospidéal Eoin Dé le blianta fada. Le linn a gairme luaithe tugadh ar iasacht í mar Stiúrthóir don Fhoireann um Fhorbairt agus Pleanáil Altranais agus Cnáimhseachais de chuid FSS agus, le linn na tréimhse sin, bhí príomhról aici i dtaca le hoideachas um chleachtadh ardaltranais agus sainaltranais a fhorbairt. I ndiaidh di a BNS a bhaint amach in UCD i 1989, chuaigh Ann i mbun tuilleadh staidéir, agus bhain sí amach MEd in UCD i 1994 agus PhD in University of Birmingham in 2003.

De réir a chéile, bhí cuid mhaith deontas agus cistithe ag Ann agus go sonrach chuaigh sí i mbun sóisialú faoi thacaíocht a iniúchadh: triail chóimheastóra randamaithe i meabhairshláinte, a fuair Duais don dara háit i gComórtas Thionchar Taighde na gCás-Staidéar in 2018. Le breis agus seasca foilseachán a ndearnadh athbhreithniú piaraí orthu, throid Ann ar son na meabhairshláinte i réimsí taighde, lena n-áirítear caighdeán saoil i síocóis chéadtaoma, samhlacha soláthar foirne altranais, an tsamhail téarnaimh agus freisin, tríd a cuid oibre, mar áisitheoir i Hearing Voices Network. Mar Ollamh Comhlach san Altranas Meabhairshláinte, chuaigh Ann ar scor mar Ceann Ábhair i mí Dheireadh Fómhair 2020.



## Scoil an Leighis UCD

**Brian Bruno**
Thosaigh Brian ag obair in Ionad um Eolaíocht Leighis Éigeandála UCD in 2009 mar chleachtóir agus mar oiliúnóir, ag tabhairt leis breis agus 25 bliain de thaithí sa tSeirbhís Otharchairr de chuid NHS sa RA. Ba bhall foirne CEMS UCD ríthábhachtach é Brian, a chuir le forbairt leanúnach agus soláthar GradDipEMS / Chlár Oiliúna na nArd-pharaimhíochaineoirí chomh maith le cúrsaí Cúraim Láithrigh le haghaidh DGanna ar fud na tíre. Bhí ról tábhachtach ag Brian i bhforbairt agus comhordú Dhioplóma sa Chúram Leighis Míleata UCD le hÓglaigh na hÉireann. Chuaigh Brian ar scor i mí Lúnasa 2021. Ba chomhghleacaí den scoth é agus airíonn baill foirne CEMS UCD uathu é mar an gcéanna le comhghleacaithe eile i Scoil an Leighis, a ghuíonn gach sonas air agus é ar scor.

**Mary Headon**
Bhí Mary páirteach i gCleachtadh Ginearálta Acadúil UCD ó bhí 2005 ann nuair a d'oibrigh sí mar Altra Taighde i gCleachtadh Leighis Teaghlaigh UCD Coombe. D'aistrigh sí ansin chuig post riaracháin in Ionad um Eolaíocht Éigeandála Leighis UCD, áit ar chomhordaigh sí BLS agus laethanta Scileanna Éigeandála do mhic léinn Leighis agus Radagrafaíochta, ar thug sí tacaíocht do chláir iarchéime, ar chomhordaigh sí cúrsaí ar Fhorbairt Ghairmiúil Leanúnach um Chúram Láithreach le haghaidh Cleachtóirí Ginearálta, agus ar thug sí tacaíocht do thionscadail taighde thábhachtacha – go háirithe tionscadail 'Freagróirí Éigeandála Leighis: Comhtháthú agus Oiliúint (MERIT), a raibh rath ag baint leo i ngeall cuid mhaith ar dhianobair agus díograis Mary. Ba mhian linn buíochas a ghabháil léi as a cuid oibre, agus guímid gach sonas uirthi agus í ar scor – tá go leor daoine i measc an phobail in UCD agus DGanna ar fud na tíre ag teacht leis na tuairimí sin.

## Scoil an Leighis Tréidliachta UCD

**Sarah Acton**
Bhí Sarah ina radagrafaí tréidliachta sinsearach a d'oibrigh d'Ospidéal Tréidliachta UCD ar feadh breis agus 20 bliain, ag aistriú ón gcóras ospidéil daonna chuig an gcóras ospidéil tréidliachta gan stró. Bhí Sarah díograiseach maidir le teagasc na mac léinn ar socrúchán cliniciúil, agus mhúin sí mic léinn ó na cláir tréidliachta agus altranais tréidliachta chomh maith le mic léinn radagrafaíochta roghnaí. Ba é an spéis seo sa theagasc a spreag í, i dteannta lena comhghleacaithe Catherine D'Helft agus Hester McAllister, chun dhá ríomhleabhar a tháirgeadh ar shuíomh radagrafach maidir le hainmhithe beaga agus móra, leabhair atá go fóill in úsáid ag na mic léinn inniu – agus á lorg ag céimithe go minic. Taobh amuigh den obair tá spéis ag Sarah sa gharraíodóireacht agus sa ghalf, rudaí a mbeidh deis aici anois lánsult a bhaint astu agus í ar scor in éineacht lena teaghlach agus seans aicí bua na garraíodóireachta a thabhairt dá garpháistí.

**Michael Garrett**
Chuaigh Mick ar scor i mí na Nollag 2020 tar éis dó 40 bliain a chaitheamh i Scoil an Leighis Tréidliachta UCD. Rinne se a chuid traenála i Sráid Chaoimhín agus i dtús báire d'oibrigh sé i réimse na séireolaíochta taobh le Patricia Redmond agus faoi stiúir an Ollaimh Brendan Cunningham. Ina dhiaidh sin faoi stiúir an Ollaimh Brian Sheahan d'éirigh sé sáite sa bhithcheimic chliniciúil tréidliachta agus rug sé an barr leis go tapa sa disciplín. Agus é ag obair faoi stiúir an

Dr Hugh Larkin agus níos faide anonn an Dr Peter O'Brien, d'oibrigh Mick i saotharlanna diagnóisice an ospidéil tréidliachta le blianta fada. Tugadh ardú céime dó a bhí tuillte go maith aige ó oifigeach sinsearach teicniúil go príomhoifigeach teicniúil mar aitheantas ar a chuid sainscileanna teicniúla. Bhí sé i gceannas ar an bhfoireann dhlúth theicniúil um paiteolaíocht chliniciúil tréidliachta ina raibh sé féin, Maureen McCullough agus Louise Mooney go dtí go ndeachaigh sé ar scor.

Oibríonn Mick go fíor-mhaith ar fhoireann agus bhítí in ann brath air i gcónaí nuair a bhí samplaí le próiseáil ar bhonn práinne d'ainmhithe a bhí tinn. Tá sé an-bheacht agus críochnúil ina chuid oibre agus is duine an-díreach é freisin. Cé gur duine ciúin agus smaointeach é Mick ó nádúr, nuair a thugann sé a thuairim, bíonn sé i gcónaí géarchúiseach agus tairbheach.

Is fear mór teaghlaigh é Mick agus tá an-dúil aige sna Sceirí; tugann sé 'Fingalain' air féin. Is breá leis a bheith ag siúl agus feictear go minic é thart ar champas UCD agus ar na tránna gar dá bhaile féin. Tá dúil mhór aige sa taisteal agus ba bhuaicphointe ar leith dó a thuras chun na Síne ar na mallaibh. Ba chomhghleacaí iontach é agus dea-dhuine ar gach uile bhealach, agus guíonn gach duine i Scoil na Tréidliachta gach sonas agus rath air agus é ar scor, rud atá tuillte go maith aige.

**An tOllamh Barbara Kirby**
Bhí clú ar Barbara mar mháinlia d'ainmhithe beaga agus bhí sí i gceannas ar ár ndisciplín um máinliacht d'ainmhithe beaga le roinnt blianta. Bhí an-eolas aici agus bhíodh sí in ann cuimhneamh ar chás-tuairiscí neamhghnácha ó bhlianta roimhe agus an tuairisc a aimsiú i bhfaiteadh na súl. Chuir sí oiliúint ar roinnt máinlianna tréidliachta go leibhéal an speisialtóra, agus cuid acu inár Scoil Tréidliachta go fóill.

**Mary-Lou McKeever**
Tá éachta thar na bearta déanta ag Mary-Lou maidir le reáchtáil Ospidéal na Tréidliachta UCD le linn a gairm fhada inar úsáid sí an iliomad scileanna atá aici le chéile. Tar éis di cáilíocht a bhaint amach mar altra tréidliachta, chuir Mary-Lou eolas an leighis a bhí aici óna gairm chliniciúil (taobh istigh agus taobh amuigh de UCD) lena scileanna féin sa riarachán agus ag déileáil le daoine chun gach gné d'atreoraithe cáis agus eagrú fáiltithe a bhainistiú.

Le déanaí bhí an t-ionchur ba mhó ag Mary-Lou mar chomhordaitheoir an Mhoil, áit ar chuir sí tionscnamh nua i bhfeidhm chun comhéadan faisnéiseach agus comhbhách a chur ar fáil idir foireann UCD, tréidlianna a dhéanann atreorú agus a gcliaint a raibh imní orthu. Ba ríluachmhar iad a cuid scileanna maidir le cáis a chur in ord tosaíochta, idir cháis a bhí práinneach agus cháis a bhí níos roghnaí. Mar gheall air sin, bhí sreabhadh othar éifeachtach ann agus cúram d'ardchaighdeán mar thoradh air gan ualach rómhór a chur ar acmhainn an ospidéil. Bhí leibhéal suntasach de fhreagracht i gceist leis an bpost seo do Mary-Lou agus cosnaíodh an fhoireann ar an urlár ar bhrú suntasach sa bhreis de bharr na hoibre seo. Léiríonn an líon de chliaint, agus de thréidlianna a dhéanann atreorú, a chuireann tuairisc fúithi ó d'imigh sí ar scor an meas agus an cion atá ag daoine uirthi.

Chomh maith lena hobair fhoirmiúil, bhí scileanna comhoibrithe den scoth ag Mary-Lou agus chuir sí go mór le spiorad agus folláine na foirne. Tá féith ghrinn agus suáilceas inti a chothaigh timpeallacht oibre chothrom shona. Míle buíochas as gach rud, Mary-Lou!

### An tSeirbhís Tagartha Náisiúnta maidir le Víris

**Philomena Moore**
Chuaigh Phil, a bhí ina hOifigeach Sinsearach Teicniúil, ar scor i mi na Bealtaine 2021. Thosaigh sí ag obair sa tSeirbhís Tagartha Náisiúnta maidir le Víris i mí an Mhárta 1981, go luath i ndiaidh di céim a bhaint amach ó Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath. D'oibrigh sí i ngach rannóg sa tSeirbhís Tagartha Náisiúnta maidir le Víris le linn thréimhse a gairme. Chuaigh sí i mbun a cuid scileanna a fhorbairt ar bhonn leanúnach de réir mar a tháinig teicneolaíochtaí nua chun cinn, agus mar a aimsíodh víris nua, agus chaith sí cuid dheireanach a gairme sa tsaotharlann diagnóisice móilíní, áit ar chuir sí leis na himscrúduithe SARS COV-2.

Ba rannpháirtí fadtéarmach í Phil sa tseirbhís ar glaoch taobh amuigh d'uaireanta gnó, a d'éascaigh tástálacha do sheirbhís Dheonú agus Trasphlandú Orgán Náisiúnta Éireann, ag soláthar scagthástálacha víreasacha práinneacha chun gur féidir leanúint ar aghaidh le deonú orgán. Bhí díograis Phil don tseirbhís le moladh mar bhí uirthi cuid mhaith d'am teaghlaigh a thabhairt suas. Bhí ard-mheas ar Phil mar bhall foirne díograiseach, agus bhí súil ghrinn aici chomh maith lena dúthracht don othar a bhí i gcónaí ar fheabhas. Ba bhall luachmhar í d'fhoireann na Seirbhíse Tagartha Náisiúnta maidir le Víris, go háirithe ag an díolachán cácaí carthanachta bliantúil, áit a raibh an-mheas ar a scileanna bácála. Bhuafadh a meireangaí aon chomórtas bácála! Guímid scor fada sona uirthi.

**Alison Kelly**
Chuaigh Alison, a bhí ina hOifigeach Sinsearach Teicniúil, ar scor i mí na Samhna 2020. Thosaigh sí ag obair le UCD agus leis an tSeirbhís Tagartha Náisiúnta maidir le Víris, i mí Eanáir 1980.

D'oibrigh sí ar dtús sa tsaotharlann séireolaíochta agus bhí sí mar bhall foirne a thug isteach tástáil le haghaidh HIV agus Heipitíteas. Chaith sí na 15 bliana seo caite sna rannóga Saothrán Fíocháin agus Leithlis Víris mar Oifigeach Sinsearach Teicniúil, áit a raibh príomhról aici i gcreidiúnú ón Eagraíocht Dhomhanda Sláinte (EDS) a fháil mar Shaotharlann Náisiúnta don Phóilióvíreas agus don Fhliú.

Bhain Alison sult as a bheith páirteach i bpobal Belfield; chaith sí a cuid ama ag siúl agus ag imirt leadóige agus sacar cúigear an taobh le comhghleacaithe. Bhí sí ina ball freisin ar Chór Foirne UCD, rud a bhain sí an-sult as. Tá féith ghrinn thirim ag Alison agus tá an-spéis aici sa pholaitíocht dhomhanda, rud a spreag go leor díospóireachtaí suimiúla.

Chuaigh Alison ar scor i mí na Samhna 2020 i ndiaidh di 40 bliain seirbhíse a chríochnú. Airíonn a cairde agus a comhghleacaithe uathu í agus tá súil againn go mbeidh scor fada sona agus suaimhneach aici.

## Coláiste na nEolaíochtaí Sóisialta agus an Dlí UCD

### Scoil Dlí Sutherland UCD

**Caroline Fine**
D'fhágamar slán le Caroline go tromchroíoch Dé hAoine an 11 Nollaig 2020. D'fhreastail comhghleacaithe idir sean agus nua ar an gcóisir scoir fhíorúil. Bhí rachtanna gáire ann ach deora freisin agus an mothú ann gur deireadh ré a bhí ag titim amach mar bhí Caroline ina Stiúrthóir ar Oifig Dlí na Scoile ar feadh 21 bliain.

Agus cé go dtáinig agus go ndeachaigh Déin, ba í Caroline an rud nach nár athraigh – an duine a nasc an Scoil le chéile, captaen ár bhfoirne. Stiúir

sí an t-aistriú ó Roebuck chuig foirgneamh nua Scoil Dlí Sutherland UCD in 2013. Agus fad agus a bhí sé sin á dhéanamh aici, lean sí leis an rud ba thábhachtaí, thóg sí a teaghlach féin, a páistí galánta Eoin, Ruth agus Darragh, a bhuail linn ag an gcóisir Zoom.

Chuir comhghleacaí amháin i gcuimhne dúinn go raibh an t-ádh dearg linn gur roghnaigh Caroline post sa réimse riaracháin, mar go raibh céim céad onóracha aici agus thiocfadh léi bheith ina hacadóir, agus caillimis chuig domhan na heolaíochta polaitiúla í! Crann taca ciallmhar agus críonnacht shuaimhneach ar leith ag baint léi, níl a leithéid eile le fáil agus aireoidh gach duine uathu Caroline ar leibhéal pearsanta agus gairmiúil.

## Coláiste na hEolaíochta UCD

### Scoil na hEolaíochta Bithmhóilíní agus Bithleighis UCD

**Anthony Lumsden**

Thosaigh Tony ag obair in UCD in 2003 mar Fhreastalaí Saotharlainne le Roinn na Bithcheimice in Institiúid Mhic Con Mí. Sholáthair sé tacaíocht agus cúnamh do ranganna praiticiúla fochéime agus taighde. Ag teacht ó chúlra gnó, bhí fonn foghlama ar Tony i gcónaí agus ba mhian leis a chuid eolais maidir le heolaíocht a mhéadú, rug a thóg é chun Teastas sna hEolaíochtaí Nádúrtha a bhaint amach le The Open University. Lean sé lena chuid staidéir, ag tabhairt faoi chúrsaí eolaíochta breise agus sainoiliúint saotharlainne.

In 2014 i ngeall ar a chuid dianoibre go léir, ghlac Tony le post nua laistigh den Scoil mar Oifigeach Teicniúil ag obair go príomha le Cógaseolaíocht. Bhí Tony mar dhlúthpháirt na foirne teicniúla le 18 mbliana anuas. Le linn a thréimhse le Cógaseolaíocht, bhain sé saineolas amach i Sainsaotharlann In Vitro na Scoile. Choinnigh Tony an bhail ceart ar an trealamh ar fad sa tsainsaotharlann seo le 7 mbliana anuas agus ba ghnáth le daoine teagmháil a dhéanamh leis ar dtús dá mbeadh rud ar bith ag teastáil uathu i dtaca leis an tsaotharlann. Murach Tony ní bheadh na ranganna praiticiúla leath chomh héifeachtúil agus a bhí siad. Tá an-bhrón ar chomhghleacaithe uile Tony go bhfuil sé ag imeacht ó UCD agus guímid gach rath agus sonas air dá scór. Tá a fhios againn go gcoinneoidh sé na cúrsaí gailf agus a chumann áitiúil rugbaí an-ghnóthach.

**Marie Marshall**

Chuaigh Marie ar scor ó UCD i mí Mheán Fómhair 2020 i ndiaidh 48 bliain de sheirbhís dhochreidte. Thosaigh Marie ag obair do UCD i 1972 mar ghlantóir agus bhí sí lonnaithe i Sráid Mhuirfean le Roinn na hInnealtóireachta. D'fhan sí ansin go dtí 1989 nuair a bhog sí go Belfield agus nuair a thosaigh ról nua mar Fhreastalaí Saotharlainne le Roinn na Micribhitheolaíochta Tionsclaíche i dTeach an Aird Mhóir. Bhí Marie ina dlúthpháirt de Theach an Aird Mhóir agus bhí sí i gcónaí toilteanach daoine eile a thabhairt faoina cúram, go háirithe iad siúd a bhí tar éis teacht chun an tí. Ba bhall ríthábhachtach den Fhoireann Mhicribhitheolaíochta í Marie agus choinnigh sí na baill foirne uile faoi smacht! Bhí brón uirthi Teach an Aird Mhóir a fhágáil in 2014 nuair a bhog Micribhitheolaíocht Thionsclaíoch as a baile chuig Ionad Eolaíochta Uí Bhriain nua.

Tá cairde ag Marie ar fud an champais agus ní féidir dul ar siúlóid léi gan a bheith ag stopadh an iomaí uair agus baill foirne ó gach cearn den champas ag rá heileo léi. Tá Marie ina cónaí díreach síos an bóthar i nDomhnach Broc agus bhain sí sult as a turas chun na hoibre '6 nóiméad' ar rothar gach lá. Tá comrádaíocht agus cairdeas iontach tábhachtach do Marie, agus bhíodh sí ag déanamh cinnte de i gcónaí gach duine a tharraingt isteach ina comhráite agus a cupáin tae. Croí agus anam na hoifige teicniúla in Ionad Uí Bhriain ba ea Marie agus aireoimid uainn í an oiread sin nach féidir focail a chur leis. Guíonn gach duine, laistigh den Scoil agus ar fud an champais, an oiread sin grá ar a scor agus tá súil againn go leanfaidh sí ar aghaidh le cuairteanna a thabhairt orainn go rialta le haghaidh cupán tae.

**An tOllamh Comhlach Kathy O' Boyle**

Chuaigh Kathy ar scor i mí Iúil 2021 i ndiaidh dí 32 bliain a chaitheamh mar bhall den fhoireann acadúil Chógaseolaíochta, ag fágáil oidhreacht feabhais in oideachas agus taighde cógaseolaíochta in Éirinn agus go hidirnáisiúnta.

Bhain sí amach a PhD i gCógaseolaíocht in UCD in 1982. Tar éis di 6 bliana a chaitheamh i gColáiste Ríoga na Máinlia in Éireann mar thaighdeoir iardhochtúireachta, comhalta taighde agus léachtóir oinigh, chuaigh Kathy ar ais chuig UCD agus ceapadh mar Léachtóir sa Chógaseolaíocht í agus fuair sí ardú céime mar Léachtóir Sinsearach ina dhiaidh sin. I 1999 bronnadh duais an Uachtaráin ar Kathy le haghaidh taighde. In 2014 chríochnaigh Kathy an Dioplóma Gairmiúil um Theagasc agus Fhoghlaim Ollscoile.

Ba é an príomhfhócas ag Kathy ná tuiscint a fháil ar an ról a bhí ag dopaimín, agus ag néaramhodhnóirí amhail TRH i rialú iompraíochta agus síocóise/scitsifréine. Chomhcheangail Kathy modheolaíochtaí in vitro, taighde ainmhí agus taighde daonna chun dul i ngleic leis an réimse dúshlánach seo de thaighde meabhairshláinte, ag obair chun cur lenár dtuiscint ar an ngnáthról a bhíonn ag an bpríomhnéaratharchuradóir dopaimín, a ghabhdóirí agus a mhírialáil maidir le neamhoird síocóiseacha.

B'oideoir nuálaíoch sa Chógaseolaíocht í Kathy a raibh tionchar aici. Bhí ról lárnach aici i gcoinneáil éiteas na cogaseolaíochta in UCD agus i bhforbairt agus athbhreithniú a dhéanamh ar an gcuraclam cogaseolaíochta le haghaidh mac léinn eolaíochta, leighis agus altranais trí roinnt athruithe agus aistrithe cláir. Ba cheannaire agus meantóir den scoth í do mhic léinn agus do chomhghleacaithe agus ní raibh a sárú le fáil maidir leis an tacaíocht agus treoir a thug sí do bhaill shóisearacha na foirne acadúla sa Scoil.

Le linn a gairme, chuir Kathy go han-mhór le pobal eolaíochta agus acadúil UCD agus bhí an-tionchar aici air mar Cheann na Cogaseolaíochta (2005-2007), Ceann Teagaisc agus Foghlama, (2007-2011), an Leas-Phríomhoide um Theagasc agus Fhoghlaim, Coláiste na hEolaíochta (2011-2014), Cathaoirleach Choiste na nIarratas Fochéime, Coláiste na hEolaíochta (2015-2018) agus Cathaoirleach AREC UCD (2018-2020).

Guíonn gach duine i Scoil na hEolaíochta Bithmhóilíní agus Bithleighis gach rath ar Kathy le haghaidh a gcuid eachtraíochtaí ina dhiaidh seo agus beimid ag baint tairbhe as a saíocht le tamall fada.

**Elizabeth Tennyson**

Bhí an-bhrón orainn i mí Eanáir 2021 slán a fhágáil lenár gcomhghleacaí Elizabeth Tennyson tar éis 18 mbliana. Thosaigh Elizabeth ag obair le Roinn na Luibheolaíochta UCD mar Oifigeach Sinsearach Teicniúil in 2000. D'oibrigh sí faoi stiúir an Ollaimh Martin Steer agus bhí baint aici le taighde agus le teagasc fochéime araon. De thairbhe go raibh sí ag roinnt poist, bhí sí in ann obair a dhéanamh go páirt-aimseartha freisin i Roinn na Talmhaíochta taobh leis an Ollamh Ted Farrell. Rinne sí

an dá phost le chéile ar feadh 4 bliana agus ansin d'fhág sí UCD. Ar an dea-uair, mheallamar ar ais í agus tháinig sí chuig Roinn na Bithcheimice, mar a bhí ann ag an am sin, in 2007 mar Oifigeach Sinsearach Teicniúil agus lean sí uirthi ag obair i Scoil na hEolaíochta Bithmhóilíní agus Bithleighis go dtí go ndeachaigh sí ar scor in 2021.

Bhí baint ag Elizabeth le teagasc fochéime, le taighde agus le hobair for-rochtana. Bhí Elizabeth gníomhach i ngach gné de ghníomhaíochtaí sa Scoile agus í i gcónaí cuidiúil, agus aireofar go mór í. Tá a fhios againn go mbeidh sí an-ghnóthach lena garpháistí galánta agus lena teaghlach, as a bhfuil sí an-bhródúil. Gabhann a comhghleacaithe sa Scoil buíochas le Elizabeth as na blianta fada oibre agus guíonn siad gach rath uirthi sna blianta atá le teacht.

## Scoil na Ceimice UCD

**John Creevey**

D'oibrigh John mar fhreastalaí saotharlainne sna saotharlanna teagaisc fochéime i Scoil na Ceimice le blianta fada. D'oibrigh sé den chuid is mó i saotharlanna teagaisc mhic léinn na céad bliana agus ba dhuine aitheantais é do ghlúnta mac léinn san Eolaíocht, Talmhaíocht agus Innealtóireacht agus i gcláir eile. Chabhraigh sé leis na saotharlanna a fháil réidh do ranganna agus chuidigh sé le mic léinn agus obair phraiticiúil á déanamh acu. D'oibrigh sé freisin sna Stórtha Ceimice agus ar feadh blianta fada bhí sé freagrach as na pacáistí saotharlainne a chóimeáil agus as iad a dhíol leis na mic léinn. Gealgháireach i gcónaí, foighneach agus cairdiúil, bhí am comhrá ag John i gcónaí agus bhí an-tóir ag an bhfoireann agus ag na mic léinn air.

## Scoil na Matamaitice agus na Staitisticí UCD

**An tOllamh Stephen J Gardiner**

Rinne Stephen staidéar ar an Matamaitic ag Ollscoil na Banríona, Béal Feirste, áit a ndearna sé a chuid oibre dochtúireachta freisin. Thosaigh sé ag UCD i 1984 agus ceapadh é d'Ollúnacht na Matamaitice in 2001. I 1995 dámhadh an chéim Dochtúir le hEolaíocht air ag Ollscoil na Banríona, Béal Feirste i ngeall ar thaighde foilsithe i réimse an Neastacháin, na Fóiriompraíochta agus na Dronnachta i dTeoiric na hAcmhainne. In 2000 toghadh é mar Chomhalta d'Acadamh Ríoga na hÉireann.

Bhí sé ina Dhéan Comhlach i nDámh na nEalaíon (1996-2002), ina Cheann ar Roinn na Matamaitice (2002-2005) agus ina Cheann Scoile um Airgeadas agus Sholáthar Foirne (2007-2020). Chomh maith leis sin, bhí sé ina Chisteoir d'Acadamh Ríoga na hÉireann (2018-2021). Ag leibhéal idirnáisiúnta bhí sé ina Chomhairleoir Eagarthóireachta ar Proceedings, Journal agus Bulletin of the London Mathematical Society agus tá sé ar Bhord Eagarthóireachta Potential Analysis.

Agus Stephen ag dul ar scor beidh deireadh le gairm fhada in UCD mar léachtóir agus taighdeoir díograiseach. Guíonn a chomhghleacaithe i Scoil na Matamaitice agus na Staitisticí scor fada sona air.







**An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath**
Belfield, Baile Átha Cliath 4, Éire
www.ucd.ie